

PLEAN GNÍMH DON AERÁID 2021

Ár dTodhchaí a Dhaingniú



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár Ábhair

Gluais Acrainmneacha	5
Achoimre Feidhmiúcháin	8
1 Nádúr Criticiúil den Dúshlán	12
2 An Áit a bhFuilimid faoi Láthair	17
2.1 Treochtaí in Astaíochtaí na hÉireann go dtí seo	18
2.2 Spriocanna Aeráide Náisiúnta na hÉireann	19
2.3 Tionchar na mBeartas Reatha.....	19
2.4 Gníomhartha	19
3 Beartas go dtí seo agus Tionchar Ionchais a bheidh ag na Beartais atá Beartaithe	20
3.1 Gníomhartha	23
4 Ag Roghnú na mBealaí a Chruthaíonn an tUalach is Lú agus a Chuireann an Deis is Fearr ar fáil d'Éirinn	24
4.1 Réamhrá	25
4.2 Uaillmhian um Laghdú Earnála	26
4.3 Infheistíochtaí a Theastaíonn	29
4.4 Sochair d'Éirinn	31
5 An Dúshlán a Rialáil	32
5.1 Struchtúr Rialachais	33
5.2 Seachadadh an Phlean Gnímh don Aeráid	33
5.3 Beartas an Rialtais a Phromhadh ó thaobh Carbóin de	33
5.4 Buiséid Carbóin agus Uasteorainneacha Astaíochtaí Earnála	33
5.5 Maoirseacht Rialtais	34
5.6 Gníomhartha	35
6 Aistriú ar bhonn Ceartais a chinntiú chuig Éirinn a bheidh Neodrach ó thaobh na hAeráide de	36
6.1 Réamhrá	37
6.2 Sainmhíniú ar Aistriú ar bhonn Ceartais ó thaobh na hAeráide de	37
6.3 Creat um Aistriú ar bhonn Ceartais	37
6.3 Creat díreach Idirthréimhse	38
6.4 Gníomhartha	46
7 Plean Chur Chun Feidhme um Aistriú ar bhonn Ceartais do Réigiún Lár na Tíre	47
7.1 Móin i Réigiún Lár na Tíre	48
7.2 Ag freagairt don Aistriú	49
7.3 Bearta chun Aistriú ar bhonn Ceartais a Sheachadadh do Réigiún Lár na Tíre	49
7.4 Gníomhartha	55
8 Rannpháirtíocht Saoránaigh	56
8.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair	57
8.2 Spriocanna	58
8.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh	60
8.4 Gníomhartha	64
9 An Earnáil Phoiblí Ag Treorú le Dea-Shampla	66
9.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair	67
9.2 Spriocanna	68
9.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh	68
9.4 Gníomhartha	75
10 Praghasáil Carbóin agus Beartais Trasgheartha	76
10.1 Réamhrá	77
10.2 Spriocanna	77
10.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh	77
10.4 Gníomhartha	88
11 Leictreachas	91
11.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair	92
11.2 Spriocanna	94
11.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh	95
11.4 Gníomhartha	99

12	Fiontraíocht	97
	12.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair	102
	12.2 Spriocanna	105
	12.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh	106
	12.4 Gníomhartha	110
13	Timpeallacht Thógtha	113
	13.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair	114
	13.2 Spriocanna	117
	13.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh	117
	13.4 Gníomhartha	122
14	Plean Náisiúnta um Iarfheistiú	124
	14.1 Réamhrá	125
	14.2 Colún 1 – Éileamh a Spreagadh agus Gníomhaíocht	129
	14.3 Colún 2 – Samhlacha Maoinithe agus Cistithe	133
	14.4 Colún 3 – Slabhra Soláthair, Scileanna agus Caighdeáin	135
	14.5 Colún 4 – Struchtúir agus Rialachas	139
	14.6 Gníomhartha	140
15	Iompar	142
	15.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair	143
	15.2 Spriocanna	146
	15.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh	146
	15.4 Gníomhartha	152
16	Talmhaíocht	154
	16.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair	157
	16.2 Spriocanna.....	160
	16.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh	161
	16.4 Gníomhartha	163
17	Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún, Foraoiseacht agus na Mara	166
	17.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair	167
	17.2 Spriocanna	170
	17.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh	170
	17.4 Gníomhartha	175
18	An Geilleagar Ciorclach	178
	18.1 An Dúshlán a bhaineann le hÚsáid Inbhuanaithe Acmhainní	179
	18.2 Cúrsaí mar atá faoi láthair	179
	18.3 Spriocanna	182
	18.4 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh	183
	18.5 Gníomhartha	185
19	Gníomh Idirnáisiúnta na hÉireann maidir le Cliseadh Aeráide	187
	19.1 Réamhrá	188
	19.2 Cúrsaí mar atá faoi láthair	189
	19.3 Gníomhartha	192
20	Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe	193
	20.1 Réamhrá	194
	20.2 SDG 7 – Fuinneamh Inacmhainne agus Glan	194
	20.3 SDG 15 – Saol ar Thalamh, agus SDG 2 – Saor ó Ocras	195
	20.4 SDG 11 - Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe	195
	20.5 SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach	196
	20.6 Soiléire Beartais	196
21	Oiriúnú	197
	21.1 Cad is Oiriúnú Aeráide ann?	198
	21.2 Seasamh AE agus Domhanda	198
	21.3 Bearta Beartais d’Éirinn	200
	21.4 Gníomhartha	204

Gluais Acrainmneacha

AR4	(IPCC) Tuarascáil Mheasúnaithe 4
AR5	(IPCC) Tuarascáil Mheasúnaithe 5
BAU	Gnó Mar is Gnách
RFF	Rátáil Fuinnimh Foirgnimh
ORGA	Oifig Réigiúnach um Ghníomhú Aeráide
CAF	Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide
CAP	Plean Gnímh don Aeráid
CAP	Comhbheartas Talmhaíochta
CSP	Plean Straitéiseach um Chomhbheartas Talmhaíochta
CCAA	An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide
CCAP	Clár Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide
CCS	Gabháil agus Stóráil Carbóin
CCSAP	Plean um Oiriúnú Earnála don Athrú Aeráide
CIRI	Clár Tionscal Foirgníochta Éireann
CIT	Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
CLT	Adhmad Tras-Lannach
CO2	Dé-ocsaíd Charbóin
CEG	Deontas Fuinnimh Pobail
CRU	An Coimisiún um Rialáil Fóntas
DART	Mearlíné Átha Cliath
RTBM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
RLCMLO	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
RCAC	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
RGE	An Roinn Gnóthaí Eachtracha
RI	An Roinn Iompair
DMAP	Plean Ceantar Mara Ainmnithe
EGFSN	Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí
FÉ	Fiontraíocht Éireann
EEOS	Scéim Oibleagáide um Éifeachtúlacht Fuinnimh
GCC	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
EPC	Conradh Feidhmíochta Fuinnimh
BSL	Bord Soláthair Leictreachais
OFI	Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe
ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta, Sóisialta
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
ETS	Córas Trádála Astuithe
AE	An tAontas Eorpach
EU TEN-E	Líonraí Fuinnimh Tras-Eorpacha
EV	Feithicil Leictreach
EXEED	Barr Feabhais i nDearadh Éifeachtúlacht Fuinnimh

CLG	Cumann Lúthchleas Gael
OTI	Olltáirgeacht intíre
GCT	Gás Ceaptha Teasa
GWP	Acmhainn Téamh Domhanda
HGV	Feithicil Earraí Troma
HLI	Táscaire Caillteanas Teasa
ICA	Bantracht na Tuaithe
ICE	Inneall Dócháin Inmheánaigh
GFT	An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail
IFS	Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
IT	Institiúid Teicneolaíochta
IPCC	Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide
KPI	Promhphointe Feidhmíochta
LDCanna	Tíortha is lú Forbairt
LEV	Feithiclí Astaithe Íseal
LARES	Straitéisí Fuinnimh In-athnuaite an Údaráis Áitiúil
PEÁP	Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil
LEEF	Fóram Eacnamaíoch Fostóra Saothair
OFÁ	Oifig Fiontair Áitiúil
GPL	Gás Peitrlíam Leachtaithe
LULUCF	Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht
MAP	An Bille um Pleanáil Limistéir Mhuirí
MDB	Banc Forbartha Iлтаobhach
MPA	Limistéar Muirí faoi Chosaint
M&R	Monatóireacht agus Tuairisciú
MRTT	Foireann Trasdula Réigiúnach Lár na Tíre
MSS	Scéim Tacaíochta Micrighiniúna
Mt CO ₂ eq	Milliún Tona de choibhéis dé-ocsaíd charbóin
MARA	Údarás Rialála Limistéir Mhuirí
NAIDEA	Feidhmchlár Náisiúnta um Fhuinneamh Déiríochta Chliste Saorga
NAF	Creat Náisiúnta Oiriúnaithe
NBP	Plean Náisiúnta Leathanbhanda
NDCA	Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide
NDFA	An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta
PFN	Plean Forbartha Náisiúnta
CNES	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta
NewERA	An tÚdarás Nua um Téarnamh agus Geilleagar
NGO	Eagraíocht Neamhrialtasach
NMP	Plean Bainistíochta Cothaithigh

NMPF	Creat Náisiúnta Pleanála Muirí
NPF	Creat Náisiúnta Pleanála
SPNF	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
NRRP	Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta
NSCSF	Fóram Náisiúnta Páirtithe Leasmhara um Aeráid
GBCN	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
NZEB	Foirgneamh Beagnach Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de
ODA	Cúnamh Forbartha Thar Lear
OOP	Oifig na nOibreacha Poiblí
ORESS	Gaoth Amach ón gCósta faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite
OREDPA II	Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta
OSS	Siopa Ilfhrestail
PHEV	Feithicil Leictreach Hibrideach Breiseán
PV	Fótavoltach
PSO	Oibleagáid Seirbhíse Poiblí
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RESS	Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite
REPS-2	Scéim um Chosaint Chomhshaoil Tuaithe 2
SBLAS	Scéim Dearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe
SFIanna	Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
SDAS	Scéim Dearbhaithe Déiríochta Inbhuanaithe
SEAS	Scéim Dearbhaithe Uibheacha Inbhuanaithe
SEAI	Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann
SEC	Pobail Fuinnimh In-athnuaite
SIDS	Stáit Oileáin Beaga i mBéal Forbartha
SFI	Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann
FBM	Fiontar Beag agus Meánmhéide
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
TCO	Costas iomlán Úinéireachta
TWh	Uair Teireavata
UNCLOS	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige
EOECNA	Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe
UNFCCC	Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide
YCA	Tionól Aeráide Óige

Achoimre Fheidhmiúcháin

Agus an domhan ag bailiú le chéile i nGlaschú chun dul i ngleic leis an téamh domhanda, tá an Plean Gnímh don Aeráid 2021 á fhoilsiú againn. Leagtar amach sa phlean seo treo-chlár chun beart cinntitheach a dhéanamh chun ár n-astaíochtaí a laghdú faoi leath faoi 2030 agus glan-nialas a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar a gheallamar sa Chlár don Rialtas.

Tá an eolaíocht do-athraithe agus tá iarmhairtí an athraithe aeráide soiléir cheana féin. Tá imeachtaí aimsire foircneacha ag éirí níos minice le hiarmhairtí uafásacha. Tá an t-athrú aeráide anseo agus tá sé ag dul i bhfeidhm ar ár ndomhan cheana féin, le rioscaí do shlándáil dhomhanda lena n-áirítear soláthairtí bia. Tá Éire i mbaol freisin ó stoirmeacha agus tuilte níos minice.

Tá a fhios againn nach mór dúinn gníomhú, agus trí ghníomhú anois is féidir linn geilleagar agus sochaí níos glaine agus níos glaise a thógáil, rud a chruthaíonn deiseanna dúinn go léir. Le cur chun feidhme an Phlean Gnímh don Aeráid, cruthófar poist, deiseanna nua eacnamaíocha agus cosnófar daoine agus an phláinéid. Tríd an bplean seo a sheachadadh, cinnteoidimid an todhchaí dár leanáí agus dár ngarpháistí. Tá an seans againn an rogha ceart a dhéanamh.

RANPHÁIRTÍOCHT SAORÁNAIGH

Ní mór dúinn a chinntiú go dtabharfaidh muid daoine linn agus gur aistriú cothrom é. Leis an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide, tabharfar deis do gach duine sa tsochaí a bpáirt féin a ghlacadh. Beimid i dteagmháil le daoine, ag cinntiú go bhfuil sé de chumhacht acu na bearta is gá a dhéanamh chun Éire a thógáil ina mbeidh:

- Ár bpobail sláintiúil agus slán, ag baint taitnimh as aer agus uisce níos glaine, agus áit ina mbeidh tithe níos teo agus níos saoire le téamh
- Na mílte post nua cruthaithe trí infheistiúocht a dhéanamh i réimsí cosúil le gaoth amach ón gcósta, iarfheistiú agus talmhaíocht cheannródaíoch
- Ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe laghdaithe, agus ina dtiocfaidh an chumhacht ónár n-acmhainní in-athnuaite dúchasacha féin lena n-áirítear gaoth agus grian.
- Siúlóid agus rothaíocht sábháilte agus inrochtana, ina mbeidh iompar poiblí níos glaine agus níos minice, agus ina dtacófar le rolladh amach feithiclí leictreacha ar fud na tíre.
- Cinnteacht ag feirmeoirí go bhfuil todhchaí inmharthana ag a dtionscal inar féidir le feirmeoirí leanúint ar aghaidh ag táirgeadh bia den chéad scoth le lorg carbóin a bheidh níos ísle fós.

AISTRÍÚ AR BHONN CEARTAIS

Aithnítear sa phlean go mbeidh tionchar níos mó ar earnálacha áirithe ná ar earnálacha eile, agus beidh orainn cabhrú le daoine le costais an aistrithe chun a chinntiú go dtarlódh sé. Tá na prionsabail um aistriú ar bhonn ceartais leabaithe sa phlean, lena n-áirítear an prionsabal gur gá na scileanna a bheith ag daoine chun leas a bhaint as athruithe agus gur gá costais a roinnt. Bunófar Coimisiún um Aistriú ar bhonn Ceartais chun tacú le forbairt beartais an Rialtais sa réimse seo. Tá gach méadú ar fháltais cánach carbóin arb'ionann agus €9.5 billiún go dtí 2030 curtha in áirithe do bhearta cosanta sóisialta spriocdhírthe, leathnú ar iarfheistiú go háirithe do thithe sóisialta agus ar ioncam íseal, agus do thionscadail agra-chomhshaoil.

Is é an réigiún Lár na Tíre an chéad réigiún in Éirinn a d'fhulaing go díreach ó thionchair dhiúltacha an aistrithe ó bhreoslaí iontaise, nuair ar cuireadh deireadh le baint móna le haghaidh giniúint cumhachta, agus sa phlean seo, leagtar amach plean chur chun feidhme um aistriú ar bhonn ceartais don réigiún seo.

INFHEISTÍOCHT

Ní mór do gach earnáil oiriúnú go tapa. Ligfidh sé seo dár sochaí agus dár ngeilleagar deiseanna ón aistriú a bhaint amach, agus fanacht iomaíoch agus athléimneach. Le hanailís mhionsonraithe, tugadh bonn eolais sa phlean seo de theicneolaíochtaí laghdaithe a chaithefear a chur i bhfeidhm thar

earnálacha príomhearnálacha. Beidh infheistíocht shuntasach ag teastáil chun ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú le 51% faoi 2030, agus ní mór dó sin tionchar a imirt ar roghanna infheistíochta caipitil poiblí agus príobháideacha araon.

Beidh leibhéil infheistíochta gan fasach i ngníomh aeráide thar na deich mbliana atá romhainn.

Sa PFN a foilsíodh le déanaí, leagtar amach infheistíocht phoiblí iomlán de €165 billiún thar an tréimhse 2021 go 2030. Tabharfaidh sé seo infheistíocht phoiblí go 5 faoin gcéad den OIN*, atá i bhfad níos airde ná an meánráta AE le déanaí de 3 faoin gcéad den OTI. Tá iarrachtaí móra déanta lena chinntiú go dtacóidh an PFN le huailmhianta aeráide an Rialtais. Don chéad uair in Éirinn, rinneadh measúnú aeráide agus comhshaoil ar bhearta an NDP, chomh maith le measúnú ar ailíniú an phlean ina iomláine le huailmhianta an phlean téarnaimh ghlas. Déantar gealltanais d'athchóirithe breise ar an gCód Caiteachais Phoiblí agus ar láimhseáil Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh. Níos suntasaí, leithdháileadh €5 billiún den mhéid iomlán de €9.5 billiún i bhfáltais bhreise cánach carbóin thar thréimhse an NDP chun leibhéil infheistíochta caipitiúla in éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Ina theannta sin, inár bPlean Náisiúnta um Athléimneacht agus Téarnamh, gealltar €518 milliún chun tús áite a thabhairt don aistriú glas chun athchóiriú suntasach a dhéanamh agus maoiniú ábhartha a dhíriú ar thionscadail um dhícharbónú, cosúil le hiarfheistiú, athléimneacht agus athghiniúint éiceachórais, maolú agus oiriúnú aeráide, agus córais sonraí glasa.

LEICTREACHAS

I measc na mbeart is tábhachtaí sa phlean tá méadú a chur ar an gcéatadán de leictreachas in-athnuaite a go dtí suas le 80% faoi 2030, lena n-áirítear sprioc méadaithe de suas le 5 Gigeavata d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta.

Ní hamháin go laghdóidh sé seo ár n-astaíochtaí ón leictreachas, ligfidh sé dúinn earnálacha eile cosúil le hiompar agus teas a leictriú agus laghdóidh sé ár n-astaíochtaí sna hearnálacha seo freisin. Chomh maith leis an scéim atá le teacht um thacaíocht micrea-ghiniúna do theaghlaigh, tabharfaidh an rialtas isteach scéim gineadóra ar scála beag d'fheirmeoirí, do ghnó agus do pobail chun a gcuid leictreachais féin a ghiniúint agus a chur isteach san eangach. Chomh maith le stóráil fheabhsaithe a fhorbairt, cuirfidh tús freisin le gás in-athnuaite a imscaradh amhail bithmheatán agus hidrigin ghlas. Déanfaidh an rialtas athbhreithniú ar a straitéis ar lárionaid sonraí lena chinntiú go mbeidh an earnáil ar aon dul le huasteorainneacha um astaíochtaí earnála agus go dtacóidh sí le spriocanna fuinnimh in-athnuaite. [laghdú 62%-81% ar astaíochtaí faoi 2030]

FIONTRAÍOCHT

Cruthóidh an geilleagar glas, lena n-áirítear iarfheistiú, fuinneamh in-athnuaite, soghluaisteacht ghlan, agus talmhaíocht inbhuanaithe fostaíocht ardchaighdeán, agus féachfaidh an GFT freisin le gnóthaí a mhealladh chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí dícharbóiníthe. Oibreoidh an GFT, Fiontraíocht Éireann agus an SEAI chun cabhrú leis an tionscal a dhícharbónú agus deontais agus tacaíochtaí eile a ailíniú le laghduithe astaíochtaí. Cruthóidh an rialtas Foireann Uirlisí Aeráide le haghaidh gnó freisin. I measc na mbeart chun astaíochtaí a laghdú, tá méadú a chur ar an nglacadh le téamh neodrach ó thaobh carbóin de, agus laghdú ar an gcarbón corpraithe in ábhair thógála trí níos mó adhmaid a úsáid i dtógáil. [laghdú 29-41% ar astaíochtaí faoi 2030]

FOIRGNIMH

Tá an Rialtas tiomanta cheana féin do 500,000 teach a aisfheistiú faoi 2030 (lena n-áirítear maoiniú méadaithe tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta go háirithe le haghaidh uasghrádú saor in aisce do theaghlaigh ar ioncam íseal) agus suiteálfadh sé 680,000 foinse teasa fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh chónaithe nua agus reatha araon. Aithnímid go mbeidh orainn bealaí a oibriú amach chun cabhrú leis an tsochaí níos leithne leis na costais a bhaineann le hiarfheistiú. Spreagfar éileamh leis an bPlean Náisiúnta nua um Iarfheistiú, beidh iarfheistiú níos inacmhainne, agus leathnóidh sé cumas an tionscail lena n-áirítear oiliúint na n-oibrithe. Bunófar 3 ionad oiliúna speisialta eile. I measc na mbeart eile tá spriocanna méadaithe do théamh ceantair agus don earnáil phoiblí agus caighdeán tógála a neartú do gach foirgneamh. [laghdú 44-56% ar astaíochtaí faoi 2030]

IOMPAR

Iarrtar sa phlean go ndéanfaí laghdú suntasach ar astaíochtaí iompair faoi 2030 trí bhearta lena n-áirítear:

- 500,000 turas breise siúlóide, rothaíochta agus iompair phoiblí in aghaidh an lae faoi 2030
- Méadú ar an gcion ciliméadar arna thiomáint ag gluasteáin leictreacha paisinéirí go dtí idir 40 agus 45% faoi 2030, chomh maith le laghdú 10% ar na ciliméadar arna dtiomáint ag na gluasteáin innill dócháin inmheánaigh a bheidh fós á n-úsáid.
- Gach athsholáthar d'fheithiclí agus carráistí bus agus comaitéireachta a bheith ísealcharbóin nó saor ó charbón faoi 2030
- Cur i bhfeidhm méadaithe an iompair phoiblí tuaithe trí Nascadh Éireann. [laghdú 42-50% ar astaíochtaí faoi 2030]

TALMHAÍOCHT

Tá aithne níos fearr ar an talamh ag feirmeoirí ná atá ag aon duine. Tabharfaimid cumhacht d'fheirmeoirí le cur chuige eolaíocht-bhunaithe, a mbeidh taighde láidir mar thaca leis. Tá cleachtas feirme a chuireann ar chumas feirmeoirí bia den scoth a tháirgeadh le lorg carbóin níos ísle ríthábhachtach. Gealltar sa phlean go n-úsáidfear níos lú nítrigine ceimiceach agus úsáid níos spriocdhírthe leasacháin, agus ag an am céanna an leibhéal céanna fáis féir a choinneáil trí bháinseach ilspeicis. Áirítear ar bhearta eile feabhas a chur ar ghéineolaíocht ár dtréad chun astaíochtaí a laghdú agus táirgiúlacht a fheabhsú. Spreagfaimid freisin níos mó feirmeoireachta orgánaí agus éagsúlú isteach san fhoraoiseacht, bithmheatán agus táirgeadh fuinnimh. [laghdú 22-30% ar astaíochtaí faoi 2030]

ÚSÁID TALÚN

Is foinse carbóin seachas doirteal carbóin í an earnáil úsáid talún, athrú úsáid talún agus foraoiseachta na hÉireann faoi láthair. Chun astaíochtaí a laghdú agus aistriú chun bheith ina stór iomlán carbóin, beidh gá le tuilleadh athshlánú portaigh, foraoisiú méadaithe, bainistiú feabhsaithe ar thailte féaraigh ar ithreacha mianraí, úsáid barra cumhdaigh a mhéadú sa churaíocht, agus ithreacha orgánacha a athfhliuchadh. Ullmhófar clár nua foraoiseachta le seoladh in 2023. [laghdú 37-58% ar astaíochtaí faoi 2030]

GEILLEAGAR CIORCLACH

Cuireann an Geilleagar Ciorclach agus an Bithgheilleagar roghanna eile ar fáil do shamhail líneach an lae inniu maidir le táirgeadh 'tóg-déanamh caith'. Tacófar leis seo trí Straitéis um Gheilleagar Ciorclach Uile-Rialtais a fhoilsiú, achtú an Bhille um Gheilleagar Ciorclach 2021, agus Plean Gníomhaíochta Bithgheilleagair a fhorbairt. Déanfaimid dramhaíl bia a laghdú le 50% agus cinnteoidimid go mbeidh gach pacáistiú plaisteach in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030. Méadóimid freisin ár gcumas athchúrsála de dhramhaíl pacáistithe le 70%, agus dramhaíl pacáiste plaisteach le 55%.

EARNÁIL PHOIBLÍ

Beidh an Earnáil Phoiblí chun tosaigh san aistriú seo trí astaíochtaí a laghdú le 51% faoi 2030, trí shainordú a thabhairt d'fhostóirí san earnáil phoiblí, do choláistí agus do chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí bogadh go 20% ag obair ón mbaile agus cianobair, trí bheartas soghluaisteachta inbhuanaithe a thabhairt isteach, trí ionadú gach bus le feithiclí leictreacha faoi 2035 agus trí fhad an iarnróid leictirithe a mhéadú faoi thrí faoi 2030.

RIALACHAS

Tacófar lenár ngníomhartha chun an uailmhian a bhaint amach trí struchtúr láidir rialachais. Beidh gach Roinn agus comhlacht poiblí freagrach as seachadadh na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid ag an mBord Seachadta um Ghníomhaíochta Aeráide agus cuirfidh siad tuairisc sheachadta faoi bhráid an Rialtais gach ráithe.

Nuashonróidh an Rialtas ar bhonn bliantúil an Plean nua um Ghníomh don Aeráid agus an treochlár gníomhartha chun forbairtí na bliana roimhe sin, forbairtí teicneolaíochta agus taighde i ndáil le gníomhaíocht aeráide a léiriú agus lena chinntiú go mbainfear amach na laghduithe riachtanacha um astaíochtaí. Léireoidh Plean 2022 na buiséid charbóin atá ceangailteach ó thaobh dlí agus na huasteorainneacha earnála a nglacfaidh an Rialtas leo sna míonna amach romhainn tar éis don Oireachtas iad a bhreithniú.

FORBAIRT INBHUANAITHE AGUS GNÍOMHÚ IDIRNÁISIÚNTA AR SON NA HAERÁIDE

Léiríonn Plean Gnímh don Aeráid 2021 tiomantas na hÉireann do Chlár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe a bhaint amach. Oibreoidh Éire lena comhpháirtithe idirnáisiúnta chun a chinntiú go bhfanann gníomhú ar son na haeráide mar phríomhthosaíocht bheartais, mar aitheantas ar an mbagairt mhór a chuireann athrú aeráide ar bhaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain. Bainfear é seo amach trí dhul i mbun caibidlíochta idirnáisiúnta maidir le gníomhú ar son na haeráide go réamhghníomhach, trí thacaíochtaí airgeadais méadaithe do ghníomhú ar son na haeráide a sholáthar do thíortha i mbéal forbartha, agus trí oibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta atá ar aon intinn leo chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn. Tacófar leis seo ónár líonra taidhleoireachta atá ag méadú faoi thionscnamh Global Ireland de chuid an Rialtais.

OIRIÚNÚ

Chomh maith le bearta a dhéanamh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, leanfaimis ar aghaidh ag oiriúnú d'iarbhairtí áirithe ar athrú aeráide atá faoi ghlas cheana féin agus a leanfaidh agus a thiocfaidh chun cinn go ceann i bhfad.



Nádúr Criticiúil den
Dúshlán

1

1. Nádúr Criticiúil den Dúshlán

Tá tionchar ag athruithe móra ar aeráid an phláinéid faoi láthair ar an domhan. Bhí gach ceann den ceithre deich bliain anuas ní ba teo ná aon deich mbliana roimhe sin ó 1850 agus le scór bliain anuas tharlaigh 18 de na blianta is teo ar taifead. Tá imeachtaí aimsire foircneacha, mar dhóiteáin fhoraoise, tonnta teasa agus tuilte, ag éirí níos minice san Eoraip agus in áiteanna eile.

Níl aon díospóid faoi fhianaise ar théamh ár gcóras aeráide. Tá fianaise aonchiallach ann go bhfuil tionchar an duine tar éis an aeráid a théamh ag ráta nach bhfacthas riamh roimhe sin le 2,000 bliain anuas. Tá sé ag éirí níos soiléire freisin go bhfuil adhaimsir agus foircneacha aeráide atá ag tarlú anois á spreagadh ag an athrú aeráide atá ann de bharr ár ngníomhartha.

Léiríonn tuairimí go bhfuil meánteochtaí domhanda méadaithe níos mó ná 1°C anois ó aimsir réamhthionsclaíoch. Tugann eolaithe rabhadh, gan gníomh práinneach, gur dócha go mbeidh téamh domhanda níos mó ná 2°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha faoi 2060, agus go bhféadfadh sé a bheith chomh hard le 5°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha faoi dheireadh na haoise.

Tá méadú tagtha ar theocht an atmaisféir agus na n-aigéin, tá laghdú tagtha ar an méid sneachta agus oighear, agus tá méadú tagtha ar leibhéal na farraige de réir agus a thagann méadú ar thiúchan gháis cheaptha teasa (GHGanna). Tá tionchair an athraithe aeráide ag dul i bhfeidhm ar gach cearn den domhan anois. Tugann réamh-mheastacháin ar athrú aeráide domhanda agus réigiúnach amach anseo le fios go gcruthóidh astuithe leanúnacha GHGanna tuilleadh téimh agus athruithe breise ar ár n-aeráid. Tugann an fhianaise le fios anois, de réir mar a mhéadaíonn teocht an domhain, go dtiocfaidh méadú freisin ar dhálaí adhaimsire agus aeráide foirceanaí.

Beidh tionchar tubaisteach ag athrú aeráide ar an dúlra, rud a chruthóidh athruithe do-aisiompaithé ar go leor éiceachórais, agus mar thoradh air sin caillfear feidhmeanna agus seirbhísí bithéagsúlachta éiceachórais a mbraitheann leas an duine orthu. Beidh costais ollmhóra ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann agus an AE mar thoradh ar theocht níos airde agus imeachtaí adhaimsire.

Déanfaidh na hathruithe seo dochar fairsing díreach agus indíreach d'Éirinn agus dá muintir, do thíortha eile chomh maith atá níos nochta agus le cumas níos lú na tionchair ghaolmhara a sheasamh, lena n-áirítear:

- Ardú leibhéal na farraige ag bagairt ar thalamh agus go háirithe ar bhonneagar cósta
- Adhaimsir, lena n-áirítear stoirmeacha níos déine agus báisteach a théann i bhfeidhm ar ár dtalamh, ár gcósta agus ár bhfarraigí
- Breis brú ar ár n-acmhainní uisce agus ár gcórais táirgthe bia le tionchair ghaolmhara ar éiceachórais abhann agus cósta
- Dóchúlacht agus méid méadaithe tuilte abhann agus cósta
- Éagobhsaíocht pholaitiúil agus slándála níos mó
- Díláithriú daonra le méadú ar líon de dhídeanaithe aeráide
- Riosca ardaithe go dtiocfaidh lotnaidí agus galair nua isteach
- Cáilíocht uisce níos measa
- Athruithe ar uainiú imeachtaí saolré do phlandaí agus d'ainmhithe ar thalamh agus sna haigéin

Ina theannta sin, déanann truailleáin (amhail meatán, ocsaíd nítríúil agus eile), sa bhreis ar dhé-ocsaíd charbóin atá freagrach as athrú aeráide, dochar do shláinte an duine agus, mar shampla, tá sé léirithe go bhfuil baint acu le galair riospráide.

Mothóidh gach duine aonair, teaghlach agus pobal in Éirinn tionchar an athraithe aeráide agus tá ardleibhéal feasachta agus tuisceana ann anois. Léiríonn obair Thionól na Saoránach ina thuarascáil ar athrú aeráide go bhfuil comhaontú beagnach ann maidir leis an ngá atá le gníomhaíocht láidir agus luath chun astaíochtaí GHG na hÉireann a laghdú agus chun Éire teacht chun bheith athléimneach in aghaidh tionchair aeráide amach anseo. Tá sé de dhualgas orainn, mar sin, méid an athraithe aeráide fadtéarmach a mhaolú trí ghníomh a ghlacadh chun astaíochtaí GHG a laghdú, agus chun cumas doirtil carbóin amhail foraoisí agus bogaigh a mhéadú.

Cruthaíonn an Margadh Glas Eorpach freagairt na hEorpa ar na dúshlán sin. Is í an straitéis fáis nua a stiúrfaidh an bunathrú san Eoraip go sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de, atá cothrom agus rathúil, le geilleagar nua-aimseartha, iomaíoch atá tíosach ar acmhainní. Tá sé mar aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an AE a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Ag an am céanna, ní mór don aistriú seo a bheith cóir agus cuimsitheach: Ní mór dó tús áite a thabhairt do dhaoine, agus aird a thabhairt ar na réigiúin, na tionscail agus na hoibrithe a mbeidh na dúshlán is mó rompu. Geallann an Margadh Glas d'astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha a sheachadadh ar leibhéal an AE faoi 2050. Méadaíonn sé freisin an sprioc laghdaithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an AE go 55% ar a laghad do 2030 chun téamh a theorannú go 1.5 céim Celsius agus a ailíniú le sprioc Chomhaontú Pháras. Tá an AE ag obair ar athbhreithniú a dhéanamh ar a reachtaíocht a bhaineann leis an aeráid, le fuinneamh agus le hiompar faoin 'Pacáiste Oiriúnach do 55' chun na dlíthe reatha a ailíniú le huailmhianta 2030 agus 2050. Ciallaíonn sé sin go n-iarrfar iarracht bhreise ar na Ballstáit go léir, lena n-áirítear Éire. Tacaíonn Éire go hiomlán leis an uailmhian feabhsaithe ar leibhéal an AE.

Ag teacht le huailmhian an AE, geallann an Clár don Rialtas, Ár dTodhchaí Roinnte, do laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí foriomlána GHG na hÉireann ó 2021 go 2030, agus astaíochtaí nialasacha a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Tá na cuspóirí seo atá ceangailteach ó thaobh dlí leagtha amach san Acht um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a raibh a achtú ina phríomhthosaíocht sa Chlár don Rialtas. Tacóidh an tAcht um Aeráid le haistriú na hÉireann go dtí glan-nialas agus le geilleagar a bheadh neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Bunaítear leis freisin creat atá ceangailteach ó thaobh dlí le spriocanna agus gealltanais shoiléire, chun a áirithiú go bhfuil na struchtúir agus na próisis riachtanacha i bhfeidhm chun ár spriocanna agus ár n-oibleagáidí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta maidir leis an aeráid a sheachadadh sa ghearrthearma agus san fhadtearma. Sa chúlra seo, ní mór straitéisí a cheapadh chun rioscaí um athrú aeráide a laghdú agus a bhainistiú trí mheascán d'fhreagraí maolaithe agus oiriúnaithe. Leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráide seo treochlár chun ár n-uailmhian aeráide a bhaint amach. Déanfar é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil, lena n-áirítear in 2022 chun ailíniú leis na buiséid charbóin uile-geilleagair atá ceangailteach ó thaobh dlí agus leis na huasteorainneacha earnála a ghlacfaimid sna míonna amach romhainn. Mar a shamhlaítear sa Chlár don Rialtas, nílimid in ann na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, comhdhearcadh nó beartais eolaíochta atá ag athrú a shainaithint chun ár n-uailmhian iomlán a bhaint amach. Éileoidh sé seo leithdháileadh breise laistigh dár mbuiséad foriomlán carbóin, faoi réir dian-mheastóireachta. Léirítear an cur chuige seo, atá cosúil le samhail na Danmhairge, san Acht um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus beidh sé ina ghné de nádúr atriallach ár bPleananna bliantúla um Gníomhú ar son na hAeráide.

Sa tuarascáil a d'fhoilsigh an Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide le déanaí (Lúnasa 2021) mar chuid dá Séú Measúnú, leagtar amach an bonn eolaíochta fisiceach is cothroime le dáta dár dtuiscint ar athrú aeráide. Leagtar amach freisin i dTuarascáil Stádas Aeráide d'Éirinn 2020 a d'fhoilsigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le déanaí na breathnuithe aeráide is déanaí d'Éirinn. Deimhníonn na tuarascálacha seo, i measc rudaí eile, go bhfuil fuinneog theoranta againn le haghaidh fíorghníomhú chun astaíochtaí a laghdú chun a chinntiú gur féidir leis na glúine reatha agus na glúine atá le teacht maireachtáil go hinbhuanaithe i ndomhan ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.

Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirfidh an comhphobal idirnáisiúnta a chuid iarrachtaí chun cinn chun cuspoirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach:

- An t-ardú den mheánteocht domhanda a choinneáil faoi bhun 2 ° C os cionn leibhéil réamhthionsclaíochta agus iarrachtaí a dhéanamh chun teorainn a chur ar an méadú teochta go 1.5 ° C os cionn leibhéil réamhthionsclaíochta, lena n-aithnítear go laghdódh sé go suntasach na rioscaí agus na hiarmhairtí a bhaineann leis an athrú aeráide;
- Méadú a chur ar an gcumas dul in oiriúint do dhrochthionchair an athraithe aeráide agus athléimneacht aeráide a chothú agus astaíochtaí GHG ísle a fhorbairt, ar bhealach nach gcuireann bagairt ar tháirgeadh bia; agus
- Sreafaí airgeadais a choinneáil comhsheasmhach le forbairt atá athléimneach ó thaobh an aeráide de agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa ísle a fhorbairt.

Aithnítear i gComhaontú Pháras agus i gClár Oibre 2030 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) go mbeidh tionchar an athraithe aeráide ar gach duine, ach go mbeidh na tionchair sin míchothrom. Tá tionchair uafásacha os comhair pobal agus daoine leochaileacha ar fud an domhain – go háirithe mná agus cailíní – ar a slite beatha agus dúshlán níos mó agus iad ag oiriúint d'éifeachtaí fadtéarmacha de bharr cliseadh aeráide. Mar pháirtí de Chomhaontú Pháras, aithníonn Éire an Prionsabal “freagracht chomhchoiteann ach difreáilte agus cumais faoi seach” laistigh den Chomhaontú, a aithníonn raon éagsúil inniúlachtaí agus freagrachtaí na bPáirtithe. Aithníonn Éire freisin an ceart agus an fhreagracht atá ar na tíortha go léir forbairt ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a shaothrú, agus tá sí ag tacú le tionscnaimh - laistigh de chreat Chomhaontú Pháras agus SDGanna na Náisiún Aontaithe - chun tacú le tíortha lagfhorbartha na cuspoirí seo a bhaint amach. Ina fhianaise sin, is í an uaimhian shoiléir atá againn ná leanúint ar aghaidh ag soláthar mórathrú ar ár bhfeidhmíocht astuithe sna deich mbliana atá romhainn, ionas go mbainfidimid ní amháin amach ár spriocanna AE do 2030, ach go mbeimid in ann ár spriocanna um dhícharbónú a bhaint amach freisin do lár na haoise.

I bhfianaise an mhéadaithe ar uaimhian faoin bplean seo, tá bearta suntasacha breise tugtha isteach againn, le tabhairt fúthu ar fud shocháí na hÉireann agus ar fud an gheilleagair, chun an leibhéal athraithe atá ag teastáil a bhaint amach. Glacann an plean seo leis freisin go gcuirfeadh plean 2019 chun feidhme go hiomlán.

Leagtar amach sa Plean Forbartha Náisiúnta 2021 - 2030 (NDP) na tosaíochtaí infheistíochta a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag cur chun feidhme an Chreata Pleanála Náisiúnta, trí infheistíocht iomlán de thart ar €165 billiún. Tá an PFN deartha lena chinntiú go dtacaíonn sé le huaimhianta aeráide an rialtais. Don chéad uair in Éirinn, rinneadh measúnú aeráide agus comhshaoil ar bhearta an PFN, mar aon le measúnú ar ailíniú an PFN ina iomláine le prionsabal an téarnaimh ghlais.

Chuir paindéim COVID-19 ualach ollmhór ar ár sochaí agus ar ár ngeilleagar. Agus muid ag teacht amach as an ngéarchéim reatha agus i mbun atógála, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidimid athléimneacht aeráide i lár ár dtéarnaimh. Ní mór dúinn athruithe struchtúracha a dhéanamh a bhrisfidh an nasc idir breoslaí iontaise agus dul chun cinn eacnamaíoch agus a chinnteoidh go mbeidh ár dtéarnamh iar-COVID-19 ag teacht go hiomlán leis an mbunathrú go geilleagar dícharbónaithe sna blianta amach romhainn. I bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann (NRRP), tugtar tosaíocht do théarnamh inbhuanaithe, cothrom, glas agus digiteach, ar bhealach a chomhlánaíonn agus a thacaíonn le huaimhian aeráide níos leithne an rialtais.

Trí dhíriú ar ghníomhú ar son na haeráide mar chuid de théarnamh 'glas' tá an deis ann ár ngeilleagar a atógáil agus poist nua a ghiniúint, agus freagairt éifeachtach a thabhairt ar athrú aeráide ag an am céanna. Sa phlean seo, agus sa PFN agus an NRRP araon, glactar an cur chuige seo chun nádúr domhain agus scála an dúshláin dícharbónaithe a aithint, agus ag an am céanna béim a chur ar na deiseanna nua do ghnóthaí agus do phoist agus iad ag tabhairt faoin dúshlán atá romhainn.

Ní féidir a thuar conas a tharlóidh an chéad deich mbliana eile. Ní bheidh luas an athraithe aonair, teicneolaíochta, eolaíoch, shochoíoch agus eacnamaíoch ag teacht go beacht leis na toimhdí atá againn sa lá atá inniu ann. Déanfaimid, mar sin, an plean seo a nuashonrú gach 12 mhí, de réir an Achta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus tar éis dul i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara. Beidh na nuashonruithe seo bunaithe ar na hanailísí is déanaí agus ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne spriocanna; agus áireofar ann aon ghníomh nua nó ceartaitheach a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uainn chun fanacht ar an mbóthar ceart i dtreo ár spriocanna foriomlána 2030 agus ár gcuspóir deiridh aistriú go geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir i mbithéagsúlacht agus atá neodrach ó thaobh carbóin de tráth nach déanaí ná 2050.

Cé go ndírítear go leor den phlean seo ar mhaolú aeráide – an riachtanas ár n-astaíochtaí GHGanna a laghdú agus mar sin téamh a laghdú – ní mór dúinn díriú freisin ar oiriúnú aeráide. Tugtar aghaidh air seo i gCaibidil 21 den phlean seo. Tá taithí phearsanta ag daoine ar fud na hÉireann cheana féin ar na tionchair is dócha a bheidh ag athrú aeráide, go háirithe trí thuilte agus stoirmeacha le déanaí, agus an damáiste a tharlaíonn dá bharr. Léiríonn imeachtaí mar seo, agus an méadú a bhfuiltear ag súil lena minicíocht agus a ndéine, an gá atá le bearta oiriúnaithe chun cabhrú leis an tír dul i ngleic le héifeachtaí an athraithe aeráide. Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe, a foilsíodh i mí Eanáir 2018, na bearta atá á ndéanamh againn chun ár leochaileacht a laghdú agus ár n-athléimneacht a mhéadú mar fhreagra ar athrú aeráide. Tá an Creat le nuashonrú in 2022.



An Áit a bhFuilimid
faoi Láthair

2

2. An Áit a bhFuilimid faoi Láthair

2.1 Treochtaí in Astaíochtaí na hÉireann go dtí seo


Tá athrú suntasach tagtha ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa (GHG) na hÉireann sna trí scór bliain ó 1990.¹ De réir sonraí fardail na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), bhí an ráta um laghdú astaíochtaí measartha suas go dtí 2008, agus chuir gníomhaíocht láidir eacnamaíoch srian ar iarrachtaí um dhícharbónú. Ó 2011 i leith, tá treocht in airde ag teacht arís ar astaíochtaí agus tuairiscíodh buaic iomlán sna hastaíochtaí in 2018. Is í an talmhaíocht an fhoinse astaíochtaí is mó, arb ionann é agus 37.1% d'astaíochtaí iomlána náisiúnta in 2020, bunaithe ar mheastacháin shealadacha. Is ionann na hearnálacha tionscail iompair agus fuinnimh (giniúint cumhachta go príomha) agus 17.9% agus 15.0% faoi seach, d'astaíochtaí iomlána GHG in 2020. Is í an earnáil iompair an fhoinse is mó fáis d'astaíochtaí GHG, rud a léirigh méadú 100 faoin gcéad idir 1990 agus 2020. Is ag na trí phríomhearnáil seo - talmhaíocht, tionscail iompair agus fuinnimh - atá an sciar is mó d'astaíochtaí ar bhonn seasta.

In ainneoin tionchar eacnamaíoch COVID-19, níor tháinig laghdú ach 3.6% ar astaíochtaí GHG in Éirinn in 2020, rud a léiríonn scála dhúshlán an dícharbóinthe d'Éirinn sna deich mbliana atá romhainn. Mar atá leagtha amach i bhFíor 2.1, tá an laghdú ar astaíochtaí le feiceáil i bhformhór na n-earnálacha cé is moite d'arduithe ar sheirbhísí cónaithe, talmhaíochta agus poiblí.

I measc na bpríomhchúiseanna le laghdúithe a rinneadh le déanaí ar astaíochtaí tá úsáid laghdaithe móna agus giniúint cumhachta in-athnuaite méadaithe san earnáil leictreachais; astaíochtaí laghdaithe mar gheall ar thionchar srianta COVID-19 ar thurais ghluaiseatáin phaisinéirí agus iompair phoiblí; agus laghdúithe ar astaíochtaí dócháin agus próisis de bharr táirgeadh laghdaithe stroighne agus dúnadh sínte ag formhór na monarchan mar gheall ar COVID.

Ba é ba chúis leis na méaduithe ar astaíochtaí in 2020 san earnáil chónaithe ná méadú ar líon na laethanta téimh in 2020 mar gheall ar gheimhreadh níos fuaire, chomh maith le praghsanna íseal ceirísín agus méadú ar oibriú ón mbaile. Léiríodh gníomhaíocht mhéadaithe san earnáil talmhaíochta trí mhéadú ar úsáid leasacháin nítrigine agus aolú, chomh maith le líon níos airde bó déiríochta agus táirgeadh bainne.

Fíor 2.1 – CO₂eq na hÉireann. Fardail Astaíochtaí 1990-2020 ²



¹ Treochtaí agus fardail astaíochtaí gáis cheaptha teasa arna bhfoilsíú ag an GCC. Féach <https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/climate-change/ghg/>

² Sonraí cairte ar fáil ó <https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/climate-change/ghg/key-messages/>

2.2 Spriocanna Aeráide Náisiúnta na hÉireann

Leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú) 2021, ceanglaítear ar Éirinn sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de ghlan-astaíochtaí a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, agus ciorrú 51% faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéal 2018). Faoi Acht 2021, ceanglaítear le cuspóir aeráide náisiúnta na hÉireann ar an stát an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú agus a bhaint amach, tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050.

Tá ár gcuspóir aeráide náisiúnta reachtúil agus spriocanna 2030 ailínithe le hoibleagáidí na hÉireann faoi Chomhaontú Pháras agus le cuspóir an Aontais Eorpaigh astaíochtaí GHG a laghdú le 55% ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 1990 agus Aontas Eorpach a bheith neodrach ó thaobh na haeráide a bhaint amach faoi 2050.

Bosca 2.1

Spriocanna aeráide AE na hÉireann

Ina chur chuige maidir le dícharbónú, tá astaíochtaí GHG roinnte ag an AE ina dhá chatagóir, is iad sin an Córas Trádála Astaíochtaí (ETS) agus an neamh-ETS.

Tá astaíochtaí ó ghiniúint leictreachais agus ó thionscail mhóra san ETS faoi réir spriocanna uile-AE a éilíonn nach mór astaíochtaí ó na hearnálacha seo a laghdú 43% faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 2005. Laistigh den ETS, ceanglaítear ar rannpháirtithe liúntais a cheannach le haghaidh gach tonna astaíochtaí, agus méid na lamháltas sin ag laghdú le himeacht ama chun a chinntiú go mbaintear amach an laghdú riachtanach de 43% in astaíochtaí GHG ar leibhéal an AE.

Tá astaíochtaí ó gach earnáil eile, lena n-áirítear talmhaíocht, iompar, foirgnimh agus tionscal éadrom clúdaithe ag Rialachán an AE maidir le Comhroinnt Díchill. Bhunaigh sé seo spriocanna ceangailteacha bliantúla astaíochtaí GHG do bhallstáit don tréimhse 2021–2030. Beidh ar Éirinn a cuid astaíochtaí ó na hearnálacha seo a laghdú le 30% faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 2005.

Faoi Mhargadh Glas an AE, déanfar na spriocanna do na hearnálacha ETS agus neamh-ETS a athbhreithniú aníos chun an gealltanais, ar leibhéal an AE, a bhaint amach, arb é laghdú ar fud an gheilleagair a bhaint amach in astaíochtaí de 55% ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 1990. Foilsíodh tograí reachtacha chun na spriocanna sin a chur chun feidhme i mí Iúil 2021 agus tá siad sin á n-idirbheartú faoi láthair ar leibhéal an AE.

2.3 Tionchar na mBeartas Reatha

Léiríonn réamh-mheastacháin is déanaí na hÉireann ar astaíochtaí GHG go dtí 2030, arna bhfoilsíú ag an GCC, gur tháinig laghdú 19% ar astaíochtaí iomlána ón bhfardal is déanaí (2020) le tionchar na mbeartas glactha agus pleanáilte, sula gcuirtear tionchar breise an Phlean Gnímh don Aeráid seo san áireamh. Tá na réamh-mheastacháin seo ag glacadh leis cheana féin go mbeidh laghduithe suntasacha ar na príomhearnálacha amhail giniúint cumhachta, cónaithe, iompar, seirbhísí tráchtála agus poiblí, agus talmhaíocht, agus na gealltanais bheartais atá ann cheana a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go luath. Áirítear orthu sin, faoi 2030, 70% ar a laghad den éileamh ar leictreachas a bhaint amach ó fhoinní in-athnuaite, 500,000 teach a iarfheistiú go caighdeán coibhéiseach B2 BER, agus líon na bhfeithicilí leictreacha ar ár mbóithre a mhéadú go beagnach 1 milliún. Cuirfidh cur i bhfeidhm luath na ngealltanais beartais seo ar chumas na hÉireann a spriocanna sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill an AE do 2021-2030 a bhaint amach (féach Bosca 2.1).

2.4 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh Gníomh

1

Straitéis aeráide fadtéarmach na hÉireann a thabhairt chun críche



Beartas go dtí seo agus
Tionchar lonchais a bheidh ag na
Beartais atá Beartaithe

3

3. Bearias go dtí seo agus Tionchar Ionchais a bheidh ag na Beartais atá Beartaithe

Leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 treochar earnála mionsonraithe atá deartha chun laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) a bhaint amach faoi 2030. Is dúbailt é sin ar uaimhian ár bPlean 2019, agus beidh gá le laghduithe suntasacha ó gach earnáil, ag aithint go n-athróidh an poitéinseal lacáiste de réir earnála.

Tá tús curtha againn leis an aistriú cheana féin agus tá dul chun cinn suntasach déanta le dhá bhliain anuas. Chomh maith leis na cláir infheistíochta caipitil ollmhóra a gealladh le déanaí faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) go deireadh 2025, áirítear ar roinnt príomh-éachtaí de réir earnála:

Leictreachas

- An chéad cheant den Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (STLI)
- Cur i gcrích an Chreata do Chóras Tarchurtha Leictreachais Amach ón gCósta agus foilsíú an Chreata Náisiúnta um Pleanáil Mara
- Cistí leasa pobail agus tionscadail fuinnimh pobail tacaíthe faoin gcéad cheant leictreachais in-athnuaite
- Comhairliúchán ar an gcéad cheant chun leictreachas a sholáthar ó ghaoth amach ón gcósta faoin RESS

Iompar

- Seoladh scéim nua deontais chun cabhrú le trucaí, busanna, veaineanna agus cóistí níos inbhuanaithe a cheannach
- Deonaíodh €360 milliún chun tacú le bonneagar siúlóide agus rothaíochta feabhsaithe a sheachadadh
- Seachadadh an chéad síneadh le tram Luas
- Scéim nua do 200 pointe luchtaithe poiblí ar an tsráid in aghaidh na bliana d'fheithicilí leictreacha
- Foilsíodh Tuarascáil Conair Beartais Feithicilí Leictreacha

Foirgnimh

- Forbairt ar mhodh 'Siopa Ilfhreastail' le haghaidh uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh cónaithe agus tráchtála
- Bunú lárionad oiliúna tiomnaithe chun breisoiliúint a chur ar oibrithe tógála go dtí caighdeán tógála fuinnimh nach mór náid, a réitíonn an bealach le leathnú chuig 5 ionad barr feabhais ar fud na tíre.
- Tá dhá thionscadal téimh ceantair ar mhórsála, arna dtacú ag an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, ar siúl anois

Fiontraíocht

- Reachtaíocht éicidhearthóireachta nuashonraithe, rud a fheabhsóidh éifeachtúlacht fuinnimh na dtáirgí ar an margadh
- Seoladh Ciste Fiontraíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide chun tacú le cliantchuideachtaí trí Fhiontraíocht Éireann

Talmhaíocht

- Seoladh treoirthionscadail chun fócaíochtaí feirmeoirí a nascadh le cleachtais feirmeoireachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol
- Athosclaíodh scéim feirmeoireachta orgánach chun tacú le feirmeoirí dul i mbun feirmeoireachta níos inbhuanaithe
- Forbraíodh Clár Feirme nua Signpost a thaispeánann bearta maolaithe nach mbeidh tionchar acu ar bhrabúsacht feirme

Praghsáil Charbóin

- Reachtaíocht nua curtha i bhfeidhm a thugann soiléireacht agus trédhearcacht níos fearr maidir leis na rátaí cánach carbóin go dtí 2030
- Scáthphraghas nua carbóin a thabhairt isteach chun a chinntiú go gcuireann tionscadail infheistíochta poiblí na tionchair aeráide san áireamh

Earnáil Phoiblí

- Pleananna Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainne foilsithe do gach roinn rialtais
- Rialacháin nua chun deireadh a chur de réir a chéile le feithicilí breosla iontaise i bhflíteanna poiblí

Geilleagar Ciorclach

- Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach foilsithe
- Dréacht-Bhille Geilleagar Ciorclach foilsithe

Le himeacht ama léireofar na héachtaí seo chun astaíochtaí GHG a laghdú. I dtéarmaí an mhéadaithe ó thaobh díchill de, atá ag teastáil anois, léirítear i dTábla 3.1 na laghduithe molta ar astaíochtaí de réir earnála chun uailmhian an Phlean seo a bhaint amach.

Tábla 3.1 Laghduithe Beartaithe ar Astaíochtaí de réir Earnála

Earnáil ³	Astaíochtaí 2018 (MtCO ₂ eq.)	Sprioc-astaíochtaí 2030 (MtCO ₂ eq.)	laghdú % i gcomparáid le 2018 ⁴
Leictreachas	10.5	2-4	62- 81%
Iompar	12	6-7	42- 50%
Foirgnimh	9	4-5	44- 56%
Tionscal	8.5	5-6	29- 41%
Talmhaíocht	23 ⁵	16-18	22- 30%
LULUCF	4.8	2-3	37- 58%
Coigilteas Neamh-leithdháilte	N/B	4 ⁶	N/B

Tá sonraí na mbeartas, na mbeart agus na ngníomhartha atá beartaithe chun na laghduithe astuithe seo a sheachadadh leagtha amach i gcaibidlí earnála an phlean seo.

³Astaíochtaí ón Earnáil Dramhaíola agus Phoiblí nach bhfuil léirithe ar leithligh sa tábla

⁴Tabharfar raonta chun críche sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2022 tar éis glacadh dlíthiúil le buiséid charbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála

⁵An figiúr réamh-mheasta le deimhniú nuair a fhoilseofar fardail atá bunaithe ar an gCúigiú Tuarascáil Mheasúnaithe (AR5) de chuid Painéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide

⁶4MtCO₂eq. neamh-leithdháilte ar bhonn uile-gheilleagair – féach an tagairt do shamhail na Danmhairge (luaite i PFG) thíos

Déileáiltear le hastaíochtaí ó Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF) mar chatagóir earnála ar leith sa phlean seo, scartha ó astaíochtaí na hearnála talmhaíochta. In 2018, b'ionann glanastaíochtaí ó LULUCF agus 4.8 MtCO₂eq. Chiallódh laghdú 51% sprioc 2030 de 2.4 MtCO₂eq., toisc nach bhfuil sé beartaithe faoi láthair go bhféadfaidh na hearnálacha neamh-LULUCF rannchuidiú níos mó ná mar atá leagtha amach sa tábla thuas.

Mar sin féin, tá an glansprioc astaíochtaí seo do LULUCF níos dúshlánaí ná mar is léir. Léiríonn an 4.8 MtCO₂eq. i nglanastaíochtaí in 2018 talamh neamhforaoise mar fhoinsé astaíochtaí agus ár doirteal foraoise glanluacháilte. Tá an doirteal foraoise ag laghdú agus ar bhonn BAU táthar ag súil go mbeidh glanastaíochtaí LULUCF cothrom le 7 MtCO₂eq. ar a laghad in 2030.

Teastaíonn cur chuige struchtúrtha chun na hathruithe seo a aithint a bheidh bunaithe ar an mbonn fianaise is déanaí a sholáthraíonn an t-eolas is gá chun cinntí eolasacha a dhéanamh.

Beidh ról ríthábhachtach ag sonraí maidir le cuidiú leis na húdaráis áitiúla a thuar cá háit a dtarlóidh (nó a bhfuil athruithe ar siúl cheana féin), agus cé na daoine is mó a mbeidh faoina thionchar.

Tá roinnt modheolaíochtaí ar fáil cheana féin, nó á bhforbairt, chun bonnlíne fianaise chainníochtúil a sholáthar, chomh maith le bheith mar bhonn eolais do bhreithnithe cáilíochtúla maidir le ceapadh agus cur chun feidhme beartais. Áirítear orthu seo:

- Tuarascáil na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta, *'Ag Dul i nGleic le Leochaileacht Fostaíochta mar Chuid d'Aistriú ar bhonn Ceartais in Éirinn'*, agus foilseacháin ghaolmhara ón gComhairle
- Páipéar oibre ón gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide 2020, ar *'Bheartas a Dhearadh agus a Chur chun Feidhme don Aistriú ar bhonn Ceartais'*
- Taighde ESRI ar thionchair dáileacháin na méaduithe ar cháin charbóin a bhí mar bhonn eolais do Bhuiséid le déanaí
- Anailís Teagasc, bunaithe ar an Suirbhé Feirme Náisiúnta bliantúil, chun scrúdú a dhéanamh ar tháscairí micrea-eacnamaíochta, comhshaoil agus socheacnamaíochta agus soch-dhéimeagrafacha eile a bhaineann leis na príomhchineálacha feirmeacha eacnamaíochta in Éirinn.
- Obair leanúnach chun bonn fianaise na dtionchar a fhorbairt chun eolas a thabhairt do *Phlean Críche na hÉireann um Aistriú ar Bhonn Ceartais* le haghaidh Ciste an AE um Aistriú ar Bhonn Ceartais
- An tuarascáil atá le teacht ón nGrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) ar Scileanna chun an Geilleagar Ísealcharbóin a Chumasú

Sa Mheasúnú Taighde Aeráide Cúig Bliana de chuid an GCC atá le teacht, lena n-áireofar imleabhar ar thairbhí an aistrithe agus an chlaochlaithe a bhaint amach.

Beidh sé ríthábhachtach bonn láidir fianaise a fhorbairt chun bunlíne riosca a shainiú, chun gníomhartha a dhearadh agus a spriocdhírú, agus chun an tionchar a bheidh ag gníomhaíochtaí áirithe a thomhas go hoibiachtúil chun aistriú ar bhonn ceartais a bhainistiú thar am. Soláthróidh sé seo bonn láidir d'Airí agus don Rialtas ónar féidir prionsabail um aistriú ar bhonn ceartais a leabú de réir a chéile i seachadadh gníomhaíochta aeráide trí gach Plean Gnímh bliantúil don Aeráid.

Bunóimid grúpa oibre taighde agus beartais chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar comhairle agus taighde straitéiseach don Choimisiún um Aistriú ar bhonn Ceartais atá beartaithe lena n-áirítear an NESG, an GCC agus páirtithe leasmhara eile. Beidh ceithre chroífheidhm ag an ngrúpa seo:

- Obair a choimisiúnú, a athbhreithniú agus a mheasúnú chun tacú le táscairí a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil sonraí spriocdhírthe tráthúla ar fáil chun an measúnú uileghabhálach ar an aistriú ar bhonn ceartais a threorú.

Aistriú ar bhonn Ceartais a chinntiú chuig Éirinn a bheidh Neodrach ó thaobh na hAeráide de

- Taighde réamh-mheasta agus obair idirphlé a choimisiúnú, tríd an NESC nó eile, ar aistrithe a bhfuiltear ag súil leo faoi láthair agus sa todhchaí chun a áirithiú go gcuirfear gníomhaíochtaí chun feidhme chun foráil a dhéanamh d'aistriú ar bhonn ceartais
- Tacaíocht a thabhairt do chomhaltacht taighde chun scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir measúnú agus athbhreithniú ar an aistriú ar bhonn ceartais a neadú ar bhealach níos córasaí i dtimthriall bliantúil an bheartais aeráide. Áireofar leis seo breithniú ar na modheolaíochtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta atá ann cheana féin, próisis chomhphlé agus rannpháirtíochta, lena n-áirítear leis na comhpháirtithe sóisialta, agus socrúithe éifeachtacha institiúideacha
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ionchur ó athbhreithniú bliantúil CCAC agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún um Aistriú ar bhonn Ceartais.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thionchair na dtionscnamh beartais um aistriú díreach atá ann cheana féin, agus moltaí a dhéanamh chun iad a fheabhsú

Forbróimid sraith táscairí oiriúnacha le glacadh ag an Rialtas, arna threorú ag uirlisí tomhais atá ann faoi láthair, agus ag na próisis atá curtha i bhfeidhm chun ár ndul chun cinn i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a fhorbairt agus a thuairisciú, chomh maith leis an bhforbairt de chreat náisiúnta folláine. Beidh táscairí den sórt sin tábhachtach freisin chun ár bpróisis rannpháirtíochta poiblí a threorú faoin gComhphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus chun comhlánú a dhéanamh ar na sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a bhaileofar go díreach ó na próisis rannpháirtíochta phoiblí seo.

Comhlánófar forbairt táscairí freisin le taighde leanúnach, ábhartha agus tuarascálacha ar aistriú aeráide ar bhonn ceartais ón gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, ó chomhlachtaí poiblí eile, agus ó chóras taighde níos leithne na hÉireann.

6.3.2 Prionsabal 2: Tá na scileanna cearta ag daoine chun a bheith rannpháirteach ann agus leas a bhaint asgeilleagar amach anseo saor ó astaíochtaí

Deis Dícharbónaithe na hÉireann

Cruthóidh Éire atá neodrach ó thaobh na haeráide de deiseanna fostaíochta nua glasa. Leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid roinnt príomhbhearta a spreagfaidh cruthú post nua le riachtanais scileanna nua i roinnt earnálacha, go háirithe iarfheistiú foirgneamh, giniúint fuinnimh in-athnuaite, ár n-aistriú chuig soghluaisteacht inbhuanaithe, agus cleachtais nua feirmeoireachta.

Méadóidh comhlíonadh spriocanna fuinnimh in-athnuaite na hÉireann an t-éileamh ar raon ról innealtóireachta agus teicneoirí, lena n-áirítear: sibhialta; leictreach/leictreonach; meicniúil; mara; táirgeadh agus próiseas; rialú cáilíochta agus pleanáil; teileachumarsáid; TF; agus fuinneamh.

Beidh éileamh freisin ar raon post timpeallachta tógtha, lena n-áirítear: ceirdeanna tógála agus tógála; maoir; gairmeacha tógála; oifigigh sláinte agus sábháilteachta; suirbhéirí cairte; chomh maith le ról eile mar: gairmithe comhshaoil; anailísithe airgeadais agus infheistiúchta; comhairleoirí; eolaithe fisiceacha; aturnaetha; cuntasóirí; agus saineolaithe cánach.

De réir mheastacháin an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, d'fhéadfadh sé seo éileamh ar ról sna gníomhaíochtaí seo a ardú ó mheastachán 2020 de thart ar 5,000 go dtí bhféidir 22,000 – 27,000 faoi 2030.

Tá scóip ann freisin do chruthú post breise agus muid ag iarraidh cleachtais inbhuanaitheachta a dhícharbónú agus a leabú ar fud gach earnála den gheilleagar.

Cruthaíonn gníomhú ar son na haeráide deiseanna do shlabhraí soláthair atá ann cheana féin agus do bhunú gnóthaí nua. Beidh sé ríthábhachtach an chothromaíocht cheart a aimsiú idir rialáil agus dreasachtaí chun dícharbónú a chur chun cinn chun ár n-iomaíochas náisiúnta agus ár gcumas poist a chruthú a chothabháil. De réir mar a dhéantar dul chun cinn maidir leis an

Aistriú ar bhonn Ceartais a chinntiú chuig Éirinn a bheidh Neodrach ó thaobh na hAeráide de

aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de, tagann athruithe ar cheanglais rialála (ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta), le praghas carbóin níos airde, patrúin slabhra soláthair, agus roghanna athraitheacha tomhaltóirí, cuirfear chun cinn fás agus nuálaíocht inár mbonn fiontair. De réir mar a ghlacann gnóthaí céimeanna i dtreo dícharbónú agus laghdú a dhéanamh ar a dtionchar aeráide, is gá a chinntiú go mbaintear leas as na deiseanna fostaíochta nua a chuireann siad ar fáil. Beidh gníomhú ar son na haeráide agus na riachtanais scileanna réigiúnacha, mar sin, ina bpríomhthéamaí in athnuachan na naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnaí don tréimhse suas go dtí 2024.

Córas na hÉireann um Fhorbairt Scileanna

Ní bheidh aon chuimsiú sóisialta ag baint le forbairt geilleagair níos glaise de réir réamhshocraithe agus tá gá le beartais chomhleanúnacha chun deiseanna a uasmhéadú agus chun costas sóisialta an aistrithe a mhaolú. Ní mór na scileanna a bheith ag daoine ionas go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh inár ngeilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide amach anseo agus leas a bhaint as. Chun na deiseanna seo a uasmhéadú, tá gá le forbairt leanúnach réamhghabhálach ar fhórsa saothair. Do dhaoine aonair, ciallaíonn sé seo athoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ionas go mbeidh an cumas acu rochtain a fháil ar dheiseanna amach anseo agus iad a chruthú.

Tá córais ardoideachais agus breisoideachais na hÉireann ag freagairt go maith d'oiliúint in-éileamh a sholáthar chun freagairt do dhícharbónú an gheilleagair trí sholáthar a oiriúnú agus spásanna oiliúna breise a chur i bhfeidhm nuair is gá. Tá samhail breisoideachais na hÉireann dírithe ar phrintíseachtaí, scileanna inaistrithe agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun coinneáil suas le hathruithe amach anseo. Déanfaidh ailtireacht scileanna na hÉireann íoslaghdú ar neamhréireanna scileanna agus cinnteoidh sé go mbeidh ár gcur chuige maidir le forbairt scileanna dírithe ar an aistriú glas agus ar réimsí níos leithne deise agus fáis.

Mar atá leagtha amach sa *Phlean Téarnaimh Eacnamaíoch Náisiúnta*, tá athoiliúint agus breisoiliúint lárnach chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú fostaíochta agus cuirfear 50,000 áit bhreise oideachais agus oiliúna i bhfeidhm. Tá sé seo á fheabhsú tuilleadh trí *Chlár Freagra Scileanna Aisghabhála* de chuid SOLAS agus tuilleadh tacaíochta do *Ciste Claochlaithe na hOllscoile Teicneolaíochta*. Cuirfidh conairí ar feadh an tsaoil idir, agus laistigh de, breisoideachas agus oiliúint, agus ardoideachas rátaí leantóra ar feadh an tsaoil chun cinn agus méadóidh an Plean Gníomhaíochta nua do Phrintíseacht 2021 – 2025 clárúchán printíseach nua go 10,000 in aghaidh na bliana faoi 2025.

Tá an Clár don Rialtas tiomanta d'fhorbairt a *Plean Forbartha Breisoideachais agus Scileanna Glas*, ag cinntiú go bhfuil foghlaimfeoirí feistithe leis an bhfeasacht imshaoil agus leis na scileanna glasa ar féidir leo athrú sa todhchaí a spreagadh. Beidh tógáil acmhainneacht le haghaidh printíseachtaí glasa ina ghné thábhachtach den phlean seo.

Réamhaisnéis a thabhairt ar riachtanas scileanna na todhchaí

Cuirfidh an EGFSN, a thugann comhairle do Rialtas na hÉireann ar riachtanais scileanna gheilleagar na hÉireann faoi láthair agus amach anseo, a staidéar ar *'Scileanna chun an Geilleagar Ísealcharbóin a Chumasú go dtí 2030'*. Cinnfidh an taighde seo an t-éileamh ar, agus nádúr na scileanna a theastaíonn chun príomhghnéithe Phlean na hÉireann um Gníomhú ar son na hAeráide a sheachadadh tar éis na tréimhse go dtí 2030. Sainithneoidh sé nádúr agus cainníocht riachtanas scileanna na bhfiontar a thacaíonn leis an aistriú go geilleagar ísealcharbóin, agus forbróidh sé sraith moltaí ar féidir leas a bhaint astu lena chinntiú go dtabharfar aghaidh go hiomlán ar na riachtanais scileanna seo amach anseo.

Beidh ról tábhachtach ag na Fóraim Réigiúnacha Scileanna freisin maidir le riachtanais scileanna sa todhchaí a éireoidh as an ngeilleagar níos glaise a aithint agus iad ag cur go díreach leis na píblínte forbartha scileanna réigiúnacha trí na Boird Oideachais agus Oiliúna ar an leibhéal réigiúnach. Teastaíonn rannpháirtíocht réigiúnach leanúnach ó na hearnálacha fostaíochta, fiontraíochta, oideachais agus scileanna freisin, mar shampla ó Oifigí Fiontair Áitiúla, Fiontraíocht Éireann, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Skillnet, Boird Oideachais agus Oiliúna, Teagasc, agus an Sainghrúpa de Riachtanais Scileanna sa Todhchaí.

Tacaíocht d'Fhostaithe i mBaol agus Gníomhachtú an Mhargaidh Saothair

Dúshlán atá le teacht do sholáthróirí oiliúna a bheidh ann a aithint cé na poist atá i mbaol agus a bhfuil éileamh orthu, agus beidh gá le monatóireacht a dhéanamh ar na cineálacha post nua a thiocfaidh chun cinn. Ceangailte leis seo tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar riachtanais scileanna na ndeiseanna fostaíochta nua seo. Beidh sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar na cineálacha deiseanna a thagann chun cinn agus a leibhéil scileanna, agus oibriú le fostóirí chun deiseanna a fhorbairt thar raon de leibhéil scileanna agus cineálacha post. Tá gá le scanadh léaslíne leanúnach chun deiseanna fostaíochta a aithint ón aistriú glas, agus iad seo a mhapáil go dtí an soláthar oiliúna reatha, ag leagan amach cá bhfuil gá le cúrsaí oiliúna agus oideachais nua.

Léiríonn taighde atá ann faoi láthair ar an tionchar ar fhostaithe in earnálacha atá ag meath go bhfuil sé rithábhachtach feabhas a chur ar scileanna agus ar chomhairle oiliúna agus tacaíochtaí d'oibrithe sula bhféadfaidh siad teacht chun bheith dífhostaithe, ag seachadadh cóitseála duine le duine, comhairleoireachta agus meantóireachta. Is féidir tacú leis seo trí úsáid níos mó a bhaint as iniúchtaí scileanna le hoibrithe atá i mbaol chun scileanna agus inniúlachtaí inaistrithe a aithint níos fearr, lena n-áirítear scileanna gairme neamhfhoirmiúla, a d'fhéadfadh oibrithe a nascadh le deiseanna nua nár mheas siad nó nár shíl siad go raibh an cháilíocht acu ina leith. Cuirfear é seo ar an eolas freisin trí ailíniú níos dlúithe idir obair na bPleananna Fiontraíochta Réigiúnaí agus Fóraim Scileanna Réigiúnacha.

Ar deireadh, gníomhachtú fostaíochta dóibh siúd ar an *gClár Beo*, agus ag cruthú socrúcháin poist tacaíthe freisin, beidh ról lárnach ag daoine maidir le deiseanna a sholáthar do dhaoine ar an imeall a bheith mar chuid d'aistriú na hÉireann chuig geilleagar níos glaise. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine a bhfuil fonn orthu filleadh ar an ionad oibre tar éis am a ghlacadh le haghaidh dualgais chúraim, iad siúd atá ag teacht chucu féin tar éis tinnis, agus daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais thromchúiseacha acu. Soláthrófar deiseanna do dhaoine aonair scileanna agus taithí nua a fhorbairt trí thionscadail bhreise phobalbhunaithe agus áiteanna fostaíochta tacaíthe in earnálacha glasa a fhorbairt.

6.3.3 Prionsabal 3: Roinntear na costais ionas go mbeidh an tionchar cothrom agus nach ndéantar an éagothroim atá ann cheana féin níos measa

Chun aistriú cóir go hÉirinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de a chinntiú, ní mór na costais a roinnt ionas go mbeidh an tionchar cothrom agus nach ach ndéantar an éagothroim atá ann cheana féin níos measa.

Mura nglactar bearta cúitimh, is féidir le méaduithe ar an gcáin charbóin éifeacht chúlaitheach a bheith acu ar theaghlaigh ar ioncam íseal toisc go gcaitheann siad sciar níos mó dá n-ioncam ar earraí atá dian ar charbón, cosúil le breosla téimh. Mar sin féin, tá an Rialtas tar éis a chinntiú go bhfuil méaduithe ar an gcáin charbóin ag dul chun cinn trí thionscnaimh leasa shóisialaigh spriocdhírthe agus tionscnaimh eile chun bochtaineacht bhreosla a chosc agus aistriú cóir a chinntiú.

Tá iarracht déanta ag an Rialtas a chinntiú go ndéanfar ioncam ó arduithe ar an gcáin charbóin a imfhálú chun iad siúd is mó atá i mbaol costais bhreosla agus fuinnimh níos airde a chosaint, chun tacaíocht a sholáthar d'oibrithe easáitithe, agus chun infheistíocht a dhéanamh i ngníomhartha aeráide nua. Áirítear leis sin caiteachas ar chlár iarfheistithe náisiúnta atá forásach go sóisialta agus ar chlár agra-chomhshaoil chun feirmeoirí a spreagadh agus a dhreasú chun feirmeoireacht a dhéanamh ar bhealach níos glaise agus níos inbhuanaithe. Táimid tiomanta freisin tuairim is aon trian de na hioncaim bhreise ó cháin charbóin a úsáid thar na deich mbliana atá romhainn ar bhearta spriocdhírthe chun a chinntiú go mbeidh na méaduithe cánach carbóin forásach.

Chuir anailís a rinne an ESRI ar thionchair dáileacháin an mhéadaithe ar cháin charbóin ár gcinntí i mBuiséid 2021 agus 2022 chun pacáiste spriocdhírthe de thacaí cosanta sóisialta a sholáthar a dhéanann fritháireamh ar thionchair ar theaghlaigh ar ioncam íseal. Mar thoradh ar Bhuiséad 2022, mar shampla, tá sé léirithe ag anailís go bhfritháireofar costas iomlán an mhéadaithe ar an gcáin

charbóin do theaghlaigh sna ceithre dheicíl ioncaim is ísle, agus go mbeidh na trí dheicíl is ísle níos fearr as mar thoradh ar na bearta cúitimh.

Níl cúrsaí maidir le costais agus cothromas teoranta don cháin charbóin agus beidh feidhm acu freisin maidir le bearta fíoscacha eile, chomh maith le soláthar deontas nó tacaíochtaí eile chun cabhrú le cur chun feidhme an bheartais aeráide.

Is éard atá i gceist le haistriú cóir ná a chinntiú go mbainfidh daoine leas as na buntáistí a bhaineann le todhchaí níos glaise agus nach mbeidh costais díréireacha arda rompu más mian leo a bheith rannpháirteach. Sampla is ea an costas a bhaineann le hiarfheistiú tí chun a leibhéal éifeachtúlachta fuinnimh a nuashonrú. Tá maoiniú breise infheistithe ag an Rialtas chun tacú le teaghlaigh ar ioncam níos ísle a bheith rannpháirteach sna scéimeanna seo bunaithe ar a gcumas íoc, agus leanfaidh an *Scéim Náisiúnta um Aisfheistiú Tí* ag tabhairt tacaíochta breise d'úinéirí tí i gcatagóirí ioncaim níos ísle ar mian leo éifeachtacht fuinnimh a dtithe a uasghrádú go leibhéal ard (BER B2).

Tugann an infheistíocht bhreise seo in éifeachtúlacht fuinnimh raon buntáistí don gheilleagar agus don duine aonair freisin. Beidh tithe níos saoire freisin le réachtáil, rud a fhágann coigilteas ar bhille fuinnimh agus laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh, agus féadann siad sláinte agus folláine a fheabhsú, go háirithe do dhaoine óga agus scothaosta, trí theocht inmheánach áitribh níos fearr agus cáilíocht an aeir.

6.3.4 Prionsabal 4: Idirphlé sóisialta chun a chinntiú go bhfuil an chumhacht ag na saoránaigh agus na pobail bhualte agus go bhfuil siad lárnach sa phróiseas aistrithe.

Tá an t-idirphlé sóisialta lárnach d'fhís a fhorbairt maidir le conas an creat um aistriú ar bhonn ceartais a chur chun feidhme, agus ní mór do shaoránaigh agus gnóthaí atá buailte (lena n-áirítear daoine féinfhostaithe) a bheith mar chuid de na comhráite ar bheartais aeráide agus tionchair aeráide, agus ar na próisis chun iad sin a bhainistiú.

Fuarthas amach i dtaighde an NESC ar an aistriú ar bhonn ceartais go bhfuil sé ríthábhachtach próiseas cuimsitheach, dírithe agus rannpháirteach a chomhdhearadh leis na daoine atá is mó faoina thionchar ag céim luath chun a chinntiú go bhfuil an t-aistriú cóir. Tá go leor bealaí ann chun rannpháirtíocht a chinntiú leo siúd atá faoina thionchar, lena n-áirítear idirphlé bríoch, rannpháirtíocht ó ghníomhaireachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, ceannairí pobail a thabhairt isteach, agus líonraí tacaíochta a bhraisliú.

Beidh an Comhphlé Náisiúnta ar Gníomhú ar son na hAeráide (NDCA) mar phríomhshásra chun an próiseas idirphlé sóisialta a éascú mar chuid den aistriú ar bhonn ceartais. Áireofar leis an NDCA próisis múscailte feasachta, cumarsáide agus gníomhachtúcháin, agus áiritheoidh sé rannpháirtíocht an phobail, ag baint úsáide as samhail atá comh-dheartha le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus a bheidh bunaithe ar rannpháirtíocht leathan an phobail agus taighde sóisialta agus iompraíochta. Réachtálfar seisiúin rannpháirtíochta saoránach i rith na bliana agus tacóidh taighde leanúnach leo. Go háirithe, príomhimeacht a bheidh san *Fhóram Náisiúnta Páirtithe Leasmhara Aeráide* atá beartaithe maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir in aistriú ar bhonn ceartais.

Cabhróidh cur chuige láidir rannpháirtíochta an NDCA le gach páirtí leasmhar chun dúshláin an aistrithe a aithint agus a chur in ord tosaíochta, agus conas freagairt dóibh.

Comhlánóidh an NDCA gníomhaíochtaí rannpháirtíochta a dhéanann ranna agus gníomhaireachtaí ar leibhéal earnála, áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, lena n-áirítear trí údaráis áitiúla, Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí, Pobail Fuinnimh Inmharthana an SEAI, Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, Oifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide, Fóram Eacnamaíoch na bhFostóirí Saothair (LEEF), NESC, agus príomh-idirphléite náisiúnta agus earnála eile.

Ag tógáil ar shamhail na Foirne Idirthréimhse Réigiúnach Lár Tíre, a bhunaigh údaráis áitiúla Lár na

Tíre chun na gníomhaithe áitiúla go léir a chomhordú ina bhfreagairt ar dheireadh a chur le giniúint cumhachta móna, d'fhéadfadh go mbeadh struchtúir ar leith ag teastáil ó na réigiúin agus na hearnálacha lena mbaineann chun cabhrú leo bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar an aistriú, lena n-áirítear freagairtí faoi stiúir áitiúil, ón mbun aníos a dhearadh agus a chur chun feidhme.

Féadfar cineálacha cur chuige idirghabhála a úsáid freisin mar uirlis chun idirphlé a éascú idir na grúpaí lena mbaineann, agus d'fhéadfadh pobail, fostaithe, fiontair agus comhlachtaí poiblí atá buailte a bheith i gceist, ag brath ar an gcás ar leith. Tabharfar aird ar an ról féideartha do phróisis idirghabhála, inar féidir saincheisteanna a ardú agus a phlé, mar chuid dár gcur i bhfeidhm leanúnach ar an NDCA.

6.4 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh		Gníomh
10		Coimisiún um Aistriú ar bhonn Ceartais a bhunú
11		Breithnithe um aistriú ar bhonn ceartais a chomhtháthú i bhforbairt polasaí earnála tríd an bPlean Gnímh don Aeráid
12		Tacú le comhairle straitéiseach agus taighde a sholáthar ar aistriú ar bhonn ceartais in Éirinn, lena n-áirítear tosaíochtaí sa todhchaí agus tionchair spásúlachta agus earnála.
13		Gealltanas an Chláir don Rialtas maidir le forbairt de Phlean Glas Forbartha Breisoideachais agus Scileanna a sheachadadh
14		Cur chun feidhme an staidéir "Scileanna chun bheith Saor ó Charbón - An tÉileamh ar Fhuinneamh In-athnuaite, Aisfheistiú Cónaithe agus Scileanna Imlonnaithe Feithicle Leictreach go dtí 2030" a chur chun cinn.
15		Gníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú díreach a chur san áireamh mar théamaí do chomhairliúchán na bpáirtithe leasmhara mar chuid den athnuachan ar na naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnaí
16		Freagairtí gníomhachtúcháin agus oiliúna atá tráthúil agus sainoiriúnaithe a chur chun cinn d'oibrithe a bhfuil a bpoist i mbaol mar gheall ar an bpróiseas dícharbóinithe
17		Ionaid oibre pobail breise agus ionaid oibre tacaithe a chruthú in earnálacha glasa do dhaoine atá neamhghníomhach go heacnamaíoch, atá dífhostaithe go fadtéarmach, agus/nó a bhfuil riachtanais thromchúiseacha acu.
18		Ag teacht leis an gClár don Rialtas, a chinntiú go gcuirtear bearta leasa shóisialaigh spriocdhírithé i bhfeidhm chun bochtaineacht bhreosla a chosc agus chun tacú le haistriú ar bhonn ceartais



Plean Chur Chun Feidhme um
Aistriú ar bhonn Ceartais do
Réigiún Lár na Tíre

7

7. Plean Chur Chun Feidhme um Aistriú ar bhonn Ceartais do Réigiún Lár na Tíre

7.1 Móin i Réigiún Lár na Tíre

Is é an réigiún Lár na Tíre an chéad réigiún in Éirinn a d'fhulaing go díreach ó thionchair dhiúltacha an aistrithe ó bhreoslaí iontaise, nuair ar cuireadh deireadh le baint móna le haghaidh giniúint cumhachta. Tá baint mhóna in Éirinn comhchruinnithe go mór i Lár na Tíre (contaetha Laoise, Longfoirt, Uíbh Fhailí, na hIarmhí), agus síneann sé isteach sna contaetha in aice láimhe, lena n-áirítear Cill Dara, Ros Comáin, Oirthear na Gaillimhe, agus Tiobraid Árann Thuaidh.

Tá acmhainní fairsinge móna ag Éirinn, agus tá cuid mhór díobh á mbainistiú le haghaidh bainte móna ar scála tráchtála thar roinnt blianta ag an gcuideachta leathstáit Bord na Móna.

Síneann an talamh atá á bhainistiú ag Bord na Móna go timpeall 80,000 heicteár, agus tá breis agus 130 portach aonair eagraithe agus á mbainistiú ag an gcomhlacht mar ghrúpaí portaigh. Baineadh úsáid as móin tráchtála mar bhunábhar chun cumhacht a ghiniúint, chun brící móna a tháirgeadh do théamh baile, agus mar ionchur don tionscal gairneoireachta.

Bhí an tionscal móna agus giniúint cumhachta gaolmhar thar a bheith tábhachtach do réigiún Lár na Tíre ó thaobh eacnamaíochta, cultúir agus sóisialta de. Ba phríomhfhoinsí fostaíochta iad Bord na Móna agus an BSL agus iad ag cur le pobail a bhí ag brath go traidisiúnta ar thalmhaíocht, ar bhaint móna agus ar an tionscal fuinnimh a chothabháil. Tá ról láidir eacnamaíoch agus sóisialta ag an dá chuideachta le blianta fada anuas trí fhostaíocht ar phá mhaith a sholáthar, tithíocht d'fhostaithe, agus tacaíocht do phobail áitiúla.

Ag deireadh 2020, roinnt blianta níos luaithe ná mar a bhí beartaithe, cuireadh deireadh le hoibríochtaí dhá cheann de na trí stáisiún cumhachta móna a bhí ag feidhmiú i réigiún Lár na Tíre, Stáisiún Cumhachta Uíbh Fhailí Thiar i gContae Uíbh Fhailí agus Stáisiún Cumhachta Loch Rí i gContae an Longfoirt. Tá an t-aon stáisiún cumhachta móna atá fágtha, Stáisiún Cumhachta Éadan Doire de chuid Bhord na Móna, sceidealta le leanúint ar aghaidh ag oibriú ag baint úsáide as bithmhais agus móin faoina gcumraíocht reatha agus faoi cheadanna pleanála go dtí 2023.

Beidh buntáistí aeráide, bithéagsúlachta agus eacnamaíochta ag baint le deireadh móin a úsáid i nginiúint chumhachta. Sábhálfar ar a laghad 1.25 milliún tonna de charbóin gach bliain, agus laghdófar astaíochtaí suas le 9 milliún tonna suas go dtí 2027 toisc nach bhfuil móin á dhó i stáisiúin chumhachta a thuilleadh.

D'ainneoin na mbuntáistí seo, bhí tionchar suntasach ar an ngeilleagar réigiúnach ag dúnadh luathaithe an dá stáisiún cumhachta BSL agus ag cinneadh Bhord na Móna deireadh a chur le gach baint móna, chomh maith leis na fostaíochtaí agus na pobail atá buailte dá bharr, agus d'éiligh sé ar an réigiún freagairt thapa a thabhairt d'acmhainní agus acmhainní a chur i bhfeidhm chun aistriú a bhainistiú a bhí beartaithe roinnt blianta a thógáil.

7.2 Ag Freagairt don Aistriú

Tá acmhainní suntasacha geallta cheana féin ag an rialtas, le tacaíocht ó ioncam cánach carbóin, chun tacú leis an réigiún tríd an aistriú seo agus leanfaidh sé lena chlár infheistíochta sa réigiún sna blianta atá le teacht. Áirítear leis seo an clár is mó d'athshlánú portaigh i stair an Stáit ar luach suas le €108 milliún, arna mheaitseáil le ranníocaíocht de €18m ó Bhord na Móna, Ciste Idirthréimhse Díreach chun cabhrú le pobail agus gnólachtaí áitiúla dul i dtaithí ar an aistriú chuig leibhéal ísealcharbóin, agus €20 milliún de mhaoiniú chun uasghráduithe tithíochta sóisialta spriocdhírthe a sheachadadh sa réigiún.

Is é ár bpríomhfhócas ná tacú le haistriú na bhfórsa saothair atá ann faoi láthair agus cruthú deiseanna nua fiontraíochta agus fostaíochta ionas go bhfanfaidh an réigiún bríomhar agus nuálaíoch, agus go mbainfidh sé an leas is fearr as na deiseanna a thiocfaidh as an dícharbónú.

Le ceapachán an rialtais de Choimisinéir um Aistriú ar bhonn Ceartais go déanach in 2019, agus a rannpháirtíochtaí fairsinge laistigh den réigiún, tugadh bhonn eolais do chur chuige an rialtais go dtí seo agus freagraíonn an plean forfheidhmithe seo agus tógann sé ar na moltaí atá déanta ag an gCoimisinéir. Tá ár gcur chuige ag teacht freisin leis na prionsabail um aistriú ar bhonn ceartais atá leagtha amach i gCaibidil 6.

Is dócha go mbeidh tionchar ag dúshlán aistrithe amach anseo ar réigiúin nó ar earnálacha eile a eascraíonn as an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de, agus cabhróidh ár gcur chuige i Lár na Tíre freisin le heolas a thabhairt d'fhreagraí amach anseo maidir le haistriú ar bhonn ceartais.

7.3 Bearta chun Aistriú ar bhonn Ceartais a Sheachadadh i Lár na Tíre

7.3.1 An Coimisinéir um Aistriú ar bhonn Ceartais agus Struchtúir

Chomhordaithe Réigiúnacha Agus an príomhról atá ag rannpháirtíocht leathan na bpáirtithe leasmhara agus idirphlé sóisialta i ndearadh an phróisis aistrithe á aithint, cheap an rialtas Coimisinéir um Aistriú ar bhonn Ceartais i mí na Samhna.

2019. Ba é an sainordú a bhí aige ná dul i dteagmháil leo siúd a bhfuil tionchar ag an imeacht luathaithe ón móin do

giniúint leictreachais i réigiún Lár na Tíre agus na gnéithe riachtanacha a bhaineann le haistriú ar bhonn ceartais do na hoibrithe agus do na pobail sin a mholadh don rialtas. Leanfaidh an rialtas le tacaíocht a thabhairt d'obair an choimisinéara chun a chinntiú go gcuirfear bearta um aistriú ar bhonn ceartais i bhfeidhm go rathúil ar feadh na tréimhse atá fágtha de shainordú reatha an choimisinéara go dtí deireadh 2021.

Bhunaigh údaráis áitiúla Lár na Tíre Foireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre go déanach in 2018 agus d'oibrigh sí go dlúth leis an gCoimisinéir um Aistriú ar bhonn Ceartais chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha réigiúnacha agus áitiúla a fhorbairt agus a chomhordú. Is é an sainordú atá aige ná deiseanna maoinithe a shaothrú chun tionchar na gcaillteanas post ar dhaoine aonair agus ar an ngeilleagar réigiúnach a mhaolú, cineálacha eile fostaíochta a fhorbairt, infheistíocht a mhealladh, agus deiseanna fostaíochta agus acmhainní reatha a uasmhéadú. Tá ceithre mheitheal bunaithe ag an MRTT chun díriú ar shnáitheanna sonracha gníomhaíochtaí a chruthaíonn deiseanna inmharthana fiontraíochta agus fostaíochta agus a chothaíonn pobail a bhfuil tionchar acu sa réigiún.

7.3.2 Beartha um Athchóiriú Tailte Móna

Má chuirtear tailte móna ar ais chuig coinníollacha níos nádúrtha, cuirfear raon buntáistí aeráide ar fáil trí astaíochtaí carbóin laghdaithe, stóráil charbóin san fhadtéarma, méadú ar cheapadh carbóin, agus athléimneacht fheabhsaithe i leith tionchair dhaingnithe an athraithe aeráide. Saibhroidh na feabhsuithe ar thailte móna caipiteal nádúrtha na hÉireann, méadóidh siad seirbhísí éiceachórais, neartóidh siad bithéagsúlacht, agus feabhsóidh siad cáilíocht uisce agus caolú stórála, chomh maith le hacmhainn taitneamhachta a fhorbairt.

Scéim um Gníomhú ar son na hAeráide do Thailte Móna de chuid Bord na Móna

Tá maoiniú suas le €108 milliún ceadaithe ag an rialtas do thionscadal athchóirithe ar mhórsála tailte móna Bhord na Móna. Beidh raon leathan oibreacha innealtóireachta agus éiceolaíochta i gceist leis seo a bheidh deartha chun próisis nádúrtha a spreagadh agus a luathú agus, a luaithe a dhéanfar iad a athshlánú, áireoidh na tailte móna portaigh fhoirmithe móna agus mósáic de bhogaigh, tailte féaraigh agus coillearnacha dúchasacha. Cosnóidh na bearta seo stóráil 100 milliún tonna carbóin, feabhsóidh siad bithéagsúlacht agus cuirfidh siad le sprioc na hÉireann a bheith neodrach ó thaobh carbóin de, tráth nach déanaí ná 2050, agus tacaíocht á tabhairt do phobail áitiúla trína gcumas a fhorbairt chun freagairt do na dúshláin atá le sárú ag aistriú go geilleagar ísealcharbóin. Trí chur chun feidhm na scéime, meastar freisin go seachnófar 3.3 milliún tonna d'astaíochtaí CO₂ thar an tréimhse go dtí 2050 i gcomparáid le próisis chaighdeánacha athshlánúcháin.

Clár um Athchóiriú Tailte Móna de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Leithdháileadh €19 milliún in 2020 agus 2021 chun tús a chur le bearta athchóirithe ar bheagnach 4,400 heicteár de phortaigh ardaithe faoi chosaint sa réigiún Lár na Tíre, mar aon le bearta eile bainistithe agus caomhnaithe tailte móna. Fostaíodh Bord na Móna chun tionscadail a bhainistiú agus chun tabhairt faoi oibreacha athchóirithe laistigh den ghréasán portach ardaithe faoi chosaint, agus tá conraitheoirí áitiúla ceaptha freisin do thionscadail athchóirithe ar scála níos lú.

Tionscadal EU LIFE Tailte Móna agus Daoine

Tá maoiniú de bheagnach €10 milliún á sholáthar faoin gClár LIFE de chuid an AE do Thionscadal Comhtháite Tailte Móna agus Daoine¹⁰, a leagfaidh béim ar chumhacht na dtailte móna chun leas suntasach aeráide a bhaint amach. Is mórtionscnamh é an tionscadal seacht mbliana seo, atá á chomhordú ag Bord na Móna, a rachaidh i ngleic le daoine maidir leis na buntáistí a bhaineann le hathchóiriú tailte móna. Oibreoidh an tionscadal le tailte móna i Lár Tíre na hÉireann, agus leis na pobail sa réigiún, chun acmhainn agus tacaíocht a bhaineann le geilleagar dícharbónaithe a sheachadadh. Bunóidh sé Lárionad Sármhaitheasa um Eolas ar Thailte Móna a dhéanfaidh iniúchadh ar na cleachtais is fearr maidir le hathchóiriú agus athshlánú tailte móna, agus modheolaíochtaí dearaidh chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar fhloscanna carbóin. Bunóidh sé freisin Clár Luasaire um Aistriú ar bhonn Ceartais a dhéanfaidh ar dheiseanna geilleagair ísealcharbóin agus ciorclach, chomh maith le pleananna a fhorbairt le haghaidh Taitneamhacht Fhionnachtana Dhaoine thumoideachais chun an tábhacht a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus tailte móna a thabhairt isteach do shaoránaigh.

¹⁰ (LIFE19 IPC/IE/000007) Tá tuilleadh sonraí faoin tionscadal le fáil anseo: <https://peatlandsandpeople.ie/>

7.3.3 Tionscadail Thaighde agus Forbartha Talmhaíochta agus Geolaíochta

Tionscadail Chomhpháirtíochta Nuálaíochta na hEorpa

Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag maoiniú tionscadail Chomhpháirtíocht Nuálaíochta na hEorpa (EIP) i Lár na Tíre, lena n-áirítear do Shuirbhéanna Bogaigh Éireann, Green Restoration Ireland, agus an Danú Farming Group.

- Is iad cuspóirí tionscadal Suirbhéanna Bogaigh Éireann Lár na Tíre ná clár píolótach agra-comhshaoil bunaithe ar thorthaí a dhearadh agus a fhorbairt, leis an aidhm feabhas a chur ar cháilíocht chomhshaoil na dtailte talmhaíochta timpeall ar rogha de phortach ardaithe i Ros Comáin, Uíbh Fhailí agus san Iarmhí. Áirítear leis an tionscadal seo príomhchlár oideachais agus for-rochtana pobail chun tuiscint a fheabhsú ar an aistriú atá riachtanach i dtreo úsáid inbhuanaithe na hacmhainne tailte móna ar mhaithe le pobail áitiúla agus leis an gcomhshaoil.
- Tá sé mar aidhm ag comhthionscadal Green Restoration Ireland treoirlínte soiléire inoibrithe a fhorbairt le haghaidh clár um aistriú ar bhonn ceartais go feirmeoireacht charbóin. Bainfidh gné forfheidhmithe phraiticiúil an tionscadail grúpa píolótach 'feirmeacha tithe solais' i Laois, in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí mar 'shaotharlanna beo' ag úsáid straitéis eolaíochta saoránach/feirmeora, arna thacú ag an saineolas ábhartha.
- Is éard atá i gceist le tionscadal Ghrúpa Feirmeoireachta Danú ceapacha rialaithe agus trialacha a bhunú i Lár na Tíre agus é mar aidhm treoirlínte soiléire inoibrithe a fhorbairt le haghaidh clár aistrithe go feirmeoireacht bhitheolaíoch bunaithe ar thuiscint fhóna ar struchtúr ithreach, ar cheimic, ar bhitheolaíocht agus ar chothú plandaí.

Imscrúdú agus Measúnú ar Acmhainní Geolaíochta Féideartha i Lár na Tíre

Déanfaidh Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann raon imscrúduithe agus measúnóidh sí acmhainneacht gheolaíoch Lár na Tíre, lena n-áirítear léarscáil agus tuarascáil a chur le chéile a leagfaidh amach na hacmhainní atá ar fáil agus breithnithe féideartha bainistíochta a bhaineann leo. Déanfaidh sé meastóireacht freisin ar an bhféidearthacht atá ag pobail agus geilleagair áitiúla acmhainní a úsáid, amhail screamhuisce nó fuinneamh geoiteirmeach, mar chuid den aistriú ar bhonn ceartais, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar indéantacht na húsáide sin.

7.3.4 Clár Iarfheistithe Lár na Tíre do Thithe de chuid an Údaráis Áitiúil

Is clár maoinithe ag an rialtas é an Clár Iarfheistithe Lár na Tíre chun oibreacha iarfhéistithe a chur i gcrích ar thithe ar le húdaráis áitiúla iad. Tá maoiniú don chlár seo curtha ar fáil trí ioncam ó cháin charbóin agus soláthróidh sé d'athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh, chun na tithe seo a dhéanamh níos teo, níos compordaí agus níos éifeachtaí le haghaidh téimh. Déanfar tithe a iarfhéistiú go Rátáil Fuinnimh Foirgnimh de B2, nó an leibhéal is oiriúnaí ó thaobh costais agus optamaithe de, agus tá sé beartaithe ag an gclár dul chun sochair 750 teach ar a laghad i Lár na Tíre. Cuimsítear in oibreacha iarfhéistithe go hiondúil insliú áiléir agus ballaí; fuinneoga agus doirse a uasghrádú; córais téimh a athsholáthar; agus soilsiú LED a shuiteáil. Tá iarfhéistiú tairbheach go háirithe dóibh siúd i dteaghlaigh ar ioncam íseal a chaitheann go minic céatadán níos airde d'ioncam ar bhreosla ná an gnáth-theaghlach agus, ar an gcúis sin, díriodh é ar na teaghlaigh sin. Chuidigh Clár Iarfheistithe Lár na Tíre freisin le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt ár gcreat seachadta iarfhéistithe nua atá leagtha amach i gCaibidil 14.

7.3.5 Beartha Sainoiriúnaithe don Chiste um Aistriú ar Bhonn Ceartais

Ciste Náisiúnta um Aistriú ar Bhonn Ceartais

Bhunaigh an rialtas an Ciste Náisiúnta um Aistriú ar Bhonn Ceartais in 2020 chun maoiniú iomaíoch a chur ar fáil do thograí ó réigiún Lár na Tíre chun tacú leis an aistriú ó fhostaíocht i mbaint móna sna pobail lena mbaineann, go dtí réimsí nua deiseanna. Tacóidh an ciste le tionscadail a chuireann le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil an réigiúin, agus a bhfuil acmhainneacht fostaíochta agus fiontraíochta acu. Tá tionscadail ceadaite faoi na catagóirí seo a leanas:

- Forbairt ghnó
- Oideachas, oiliúint agus breisoiliúint
- Forbairt moil chomhoibrithe agus fiontair
- Fuinneamh in-athnuaite agus iarfheistiú
- Turasóireacht, oidhreacht agus athchóiriú
- Forbairt pobail agus tógáil acmhainne
- Glasbhealaí agus siúlóid

Cás-Staidé Tionscadail an Chiste Náisiúnta um Aistriú ar Bhonn Ceartais

Ceanncheathrú Glas a fhorbairt in Uíbh Fhailí

Tá deontas de €960,349 bronnta ar Chomhlacht Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí chun Ionad um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Fiontair Ghlas a bhunú i gContae Uíbh Fhailí. Is éard atá i gceist leis ná sean-halla damhsa – Halla Fiesta, Cill Chormaic – a iompú ina cheanncheathrú láraithe do thaighde gníomhaíochta aeráide, fiontair ghnó ghlasa agus cláir oiliúna inbhuanaitheachta do Chontae Uíbh Fhailí.

Páirc Fuinnimh Glas a leathnú in Uíbh Fhailí

Déanfaidh Comhairle Contae Uíbh Fhailí oibreacha bonneagair chun an Pháirc Fuinnimh Ghlas Róid a chríochnú ar shuíomh iar-Stáisiún Cumhachta Róid, agus déanfaidh sí coimisiúnú freisin ar staidéar féidearthachta chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus hidrigin ghlais sa réigiún le hionaid sonraí, arna thacú trí dheontas de luach €738,820.

Siopa Ilfhreastail Iarfheistithe i Lár na Tíre

Beidh Superhomes Ireland, neamhbhrabúis, i gceannas ar an tionscadal seo ar fud na n-ocht gcontae ar fad sa réigiún Lár Tíre níos leithne chun seirbhís ionad ilfhreastail a sholáthar le haghaidh iarfheistithe dhomhain. Oibreoidh an tionscadal le 30 conraitheoir chun seirbhís iarfheistithe a sholáthar d'úinéirí tí sa réigiún, agus seachadfaidh sé 175 aisfheistiú domhain ar a laghad faoi 2023, ag fostú foireann innealtóireachta, seirbhíse custaiméara agus díolacháin d'oifig réigiúnach nua i Lár na Tíre. Fuair siad maoiniú deontais de €407,576.

Mol Foghlama Digiteach Nua i mBaile Longfoirt

Tá deontas de €1 milliún bronnta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt na hIarmhí chun mol foghlama digiteach breisoideachais agus oiliúna a fhorbairt a rachaidh chun sochair daoine aonair agus do phobail sa Longfort, san Iarmhí agus i Ros Comáin. Déanfar seanbheairic mhíleata ar champas BOO a athchóiriú chun ionad tástála ar líne a óstáil, agus áiseanna closamhairc le haghaidh cláir um uas-sciliú agus ath-sciliú; agus ceardlanna praiticiúla a sheachadadh ar, mar shampla, caomhnú fuinnimh, tógáil agus gairneoireacht.

Ciste an AE um Aistriú ar Bhonn Ceartais

Tá Ciste an AE um Aistriú ar Bhonn Ceartais bunaithe mar chuid de Chomhar Glas an AE, chun tacú leis na réigiúin is mó atá buailte i mballstáit an AE freastal ar na dúshlán a bhaineann le spriocanna aeráide an AE do 2030 a bhaint amach agus le neodracht aeráide faoi 2050. Déanfaidh sé infheistíocht i réimsí a chuideoidh le tionchar an aistrithe a mhaolú, trí éagsúlú agus nuachóiriú an gheilleagair áitiúil a mhaoiniú, agus trí na hiarmhairtí diúltacha ar fhostaíocht sna críocha is mó a mbíonn tionchar ag an aistriú ó úsáid breosla iontaise orthu a mhaolú. Tá €84.5 milliún (i bpraghsanna reatha) faighte ag Éirinn faoi Chiste an AE um Aistriú ar Bhonn Ceartais le haghaidh infheistíochtaí thar an tréimhse 2021 go 2027. Tabharfaidh an rialtas Plean Críche um Aistriú ar bhonn Ceartais chun críche go luath ina leagfar amach na hinfeistíochtaí atá beartaithe agus na hearnálacha agus na réigiúin spriocdhírthe faoin gCiste seo.

7.3.6 Tacaíochtaí Oiliúna, Oideachais agus Fiontair*Plean Fiontraíochta Réigiúnaí 2021- 2024*

Tá ullmhú na bPleananna Fiontraíochta Réigiúnaí don tréimhse 2021-2024 ar siúl faoi láthair, faoi stiúir na n-ocht gcoiste fiontraíochta réigiúnaí, i gcur chuige comhoibríoch ón mbun aníos a bhfuil baint ag gníomhaireachtaí forbartha, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, oifigí fiontair áitiúla, údaráis áitiúla, comhlachtaí ardoideachais agus breisoideachais, agus gnóthaí. Beidh príomhfhócas ag Plean Fiontraíochta Réigiúnaí Lár na Tíre ar thacú le haistriú ar bhonn ceartais i réigiún Lár na Tíre.

Deiseanna Athoiliúna agus Oiliúna

Tá infheistíocht shuntasach déanta sa réigiún chun a chinntiú gur féidir le hoibrithe buailte agus leo siúd atá ina gcónaí sa réigiún rochtain a fháil ar chúrsaí oiliúna a osclaíonn deiseanna fostaíochta amach anseo, go háirithe sna hearnálacha glasa. Tá na Boird Oideachais agus Oiliúna ag comhordú imeachtaí ar fud na gcontaetha a bhfuil tionchar orthu chun ceangal a dhéanamh le fostaithe a bhfuil tionchar orthu trí phrintíseachtaí, oiliúnachtaí, agus trí fhaisnéis a sholáthar ar dheiseanna maoinithe. Soláthraíonn ionaid sármhaitheasa iarfheistithe, mar Shaoráid Oiliúna SOLAS NZEB ag Mount Lucas, ardchaighdeán oiliúna agus cáilíochtaí do dhaoine a fhreastalaíonn orthu.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna (ETB) Laoise Uíbh Fhailí i gcomhpháirtíocht le Bord na Móna chun cúrsaí oiliúna fostaithe a chur ar fáil a dhíríonn ar athshlánú tailte móna feabhsaithe. Tá infheistíocht déanta ag Skillsnet Ireland le roinnt cúrsaí a sheachadadh chun breisoiliúint a chur ar oibrithe Bhord na Móna, lena n-áirítear clár mar: oibreoirí lóistíochta agus iompair; córais fhótavoltacha micrea-ghréine - Leibhéal 6 QQI; agus suiteálacha leictreacha micrea-ghineadóra - Leibhéal 6 QQI. Tá an BOO ag rolladh amach freisin soláthar oiliúna d'iarfhostaithe Bhord na Móna le linn 2021, agus tá sé ag obair le pobail áitiúla chun tionscnaimh phobalbhunaithe a fhorbairt chun tacú le hiarfhostaithe cur lena bpobail, tacaíochtaí sóisialta a choinneáil, agus a scileanna a aistriú chuig glúnta na todhcháí.

Tá stádas ollscoile teicneolaíochta tugtha ag an rialtas d'institiúidí teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Luimnigh, agus d'Ollscoil Theicneolaíoch nua na Sionainne a d'éascair as: Bunaíodh an Lár-Iarthar Láir na Tíre go foirmiúil an 1 Deireadh Fómhair 2021. Méadóidh sé seo rochtain ar ardoideachas, spreagfaidh sé forbairt réigiúnach feabhsaithe, agus méadóidh sé deiseanna do mhic léinn, don fhoireann, do ghnó agus d'fhiontar, agus do phobail áitiúla. Freastalóidh an institiúid ardoideachais aontaithe, il-champais nua seo ar roinnt contaetha i Lár na Tíre agus na réigiúin thadhlaigh, agus feidhmeoidh sé mar chatalaíoch tábhachtach d'fhorbairt réigiúnach chothromaithe.

Moil Fiontraíochta agus Spásanna Comhoibrithe

Tá an t-aistriú chuig leibhéal níos airde d'obair chianoibrithe ag luasghéarú, agus tá féidearthacht ann do réigiún Lár na Tíre ina raibh leibhéal arda comaitéireachta amach go mórcheantar Bhaile Átha Cliath roimh COVID-19. Má mhéadaítear an soláthar do dhaoine le bheith ag obair ar bhonn páirtaimseartha/lánaimseartha, ó mhol comhoibrithe/cianoibrithe atá bunaithe go háitiúil, agus taisteal chuig an oifig más gá agus nuair is gá, coimeádfar beogacht agus gníomhaíocht eacnamaíoch laistigh den réigiún agus é a dhéanamh níos tarraingtí d'fhiontair agus d'fhostóirí.

Maidir leis an gcreat don chianoibriú a leagtar amach i *Rath do Chianobair: Straitéis Náisiúnta um Chianobair*, is príomhghníomh de *Ár dTodhchaí Tuaithe: Beartas Forbartha Tuaithe 2021 – 2025*, agus tá sé á éascú, inter alia, trí phointí nasctha leathanbhanda a sholáthar faoin *bPlean Náisiúnta Leathanbhanda*.

Tairiscintí Turasóireachta agus Áineasa

Aithníodh turasóireacht agus 'turasóireacht mhall' mar phríomhréimsí deiseanna do Lár na Tíre. Tá údaráis áitiúla, Fáilte Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Coillte, BSL agus Bord na Móna ag obair le chéile chun forbairt roinnt deiseanna tábhachtacha bonneagair turasóireachta a chur chun cinn lena n-áirítear: Rotharbhealach na Gaillimhe-Bhaile Átha Cliath; Ceann Scríbe Rothaíochta Lár na Tíre; Conair Rothaíochta Sléibhe Shliabh Bladhma; agus Máistirphlean na Sionainne. Déanfar obair scoipe freisin chun iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht éiceathurasóireachta do na tailte móna, lena n-áirítear do ghréasán de chonairí tailte móna agus scéal oidhreachta tionsclaíoch ailínithe.

Bonneagar Fuinnimh In-athnuaite agus Rannpháirtíocht Phobail

D'fhéadfaí acmhainn fuinnimh in-athnuaite Lár na Tíre a fhorbairt tuilleadh trí leas a bhaint as an mbonneagar atá nasctha leis an eangach atá ann cheana féin, chomh maith le deiseanna infheistíochta úrnua. D'fhógair Bord na Móna agus BSL araon mórfhleananna infheistíochta don réigiún le linn 2021, a thacóidh le fás fostaíochta leanúnach sna blianta amach romhainn. Tá infheistíochtaí á bpleanáil ag roinnt cuideachtaí príobháideacha fuinnimh freisin.

Tabharfar tacaíocht freisin d'fhorbairt máistirphleanála fuinnimh pobalbhunaithe, faoi stiúir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Soláthróidh sé seo ardán láidir do rannpháirtíocht an phobail i nglaonna amach anseo faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite.

Soláthróidh Clár Pobail Fuinnimh Inmharthana an SEAI tacaíocht do phobail Lár na Tíre, trí mheantóirí agus comhordaitheoirí áitiúla, chun cabhrú lena n-aistear dícharbónaithe. Cuireann na meantóirí treoir ar fáil saor in aisce ar conas pobal fuinnimh inbhuanaithe a bhunú agus máistirphlean fuinnimh a fhorbairt, lena n-áirítear bunlíne a bhunú don fhuinneamh a úsáidtear sa phobal agus clár deiseanna do thionscadail. Faoi dheireadh 2024, meastar go mbeidh infheistíocht de €450,000 tar éis tacú le forbairt 30 máistirphlean fuinnimh i réigiún Lár na Tíre.

7.4 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
19	Tacú le hobair an Choimisinéara um Aistriú ar bhonn Ceartais i réigiún Lár na Tíre chun bearta um aistriú ar bhonn ceartais a chur chun feidhme go rathúil
20	Comhpháirtíochtaí straitéiseacha réigiúnacha agus áitiúla a fhorbairt agus a chomhordú i réigiún Lár na Tíre chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha a bhaineann leis an aistriú go geilleagar ísealcharbóin
21	Clár um Athchóiriú Tailte Móna an NPWS a sheachadadh don ghnáthóg portaigh ardaíthe laistigh de ghréasáin na gCeantar faoi Chaomhnú Speisialta agus na Limistéar Oidhreachta Nádúrtha
22	Tionscadal Tailte Móna agus Daoine LIFE de chuid an AE a sheachadadh
23	Tionscadail Chomhpháirtíocht Nuálaíochta na hEorpa a sheachadadh i Lár na Tíre
24	Tacú le staidéir féidearthachta ar bhithmhais agus díleá anaeróbach i Lár na Tíre tríd an gCiste um Aistriú ar Bhonn Ceartais
25	Iniúchadh agus measúnú a dhéanamh ar acmhainní féideartha geolaíochta i Lár na Tíre chun faisnéis tacaíochta a sholáthar le haghaidh pleanála don aistriú ar bhonn ceartais agus maolú aeráide
26	Tacú le seachadadh na dtionscadal faoin gCiste um Aistriú ar Bhonn Ceartais
27	Ciste um Aistriú ar Bhonn Ceartais de chuid an AE a fhorbairt le fócas ar na críocha is mó tionchar i réigiún Lár na Tíre
28	Tacú le forbairt fiontraíochta i réigiún Lár na Tíre, dírithe ar ról na bPleananna Fiontraíochta Réigiúnaí nua go dtí 2024
29	Feabhas a chur ar sheachadadh breisoideachais agus ardoideachais i réigiún Lár na Tíre chun daoine a chumasú le haghaidh deiseanna fostaíochta amach anseo in earnálacha an fháis ghlais
30	Mol fiontair agus bonneagar cianoibre a fhorbairt agus a leathnú sa réigiún
31	Deiseanna a scrúdú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thaitneamhachtaí/áiseanna turasóireachta, lasmuigh agus áineasa do réigiún Lár na Tíre
32	An fhéidearthacht do mhoil fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt i Lár na Tíre trí infheistíochtaí reatha agus pleanáilte ag Eintitis faoi úinéireacht an Stáit agus trí thacaíocht ón gCiste um Aistriú ar Bhonn Ceartais
33	An Scéim Feabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú do thailte móna Bhord na Móna a sheachadadh



8. Rannpháirtíocht Saoránaigh

8.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair

Tá taighde eolaíoch aonchiallach ina thuairim go bhfuil athrú aeráide mar thoradh ar ghníomhaíocht dhaonna; go mbeidh tionchar domhain ag athrú aeráide; ach ní bhraithfidh gach duine sa tsochaí na tionchair seo go cothrom. Chun tionchair an athraithe aeráide a íoslaghdú ní mór dúinn téamh domhanda a theorannú go 1.5° go 2°C os cionn leibhéal réamhthionsclaíocha mar a léirítear sa Chomhaontú Pháras. Chun é seo a bhaint amach teastaíonn laghdú suntasach láithreach ar ár n-astaíochtaí carbóin.

I mí na Nollag 2019, foilsíodh an Margadh Glas Eorpach¹¹ a bhfuil sé mar aidhm leis an AE a chlaohlú ina gheilleagar nua-aimseartha, a bheidh tíosach ar acmhainní agus iomaíoch, a bheidh saor ó astaíochtaí de gháis cheaptha teasa faoi 2050. I mí Aibreáin 2021, leis an Dlí Eorpach Aeráide¹² iompaíodh an gealltanais polaitiúil seo ina oibleagáid dhlíthiúil. Tacófar leis seo, i bpáirt, tríd an gComhshocrú Eorpach um Aeráid¹³, ar tionscnamh uile-AE é a thugann cuireadh do dhaoine, do phobail agus d'eagraíochtaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ar son na haeráide trí eolas a roinnt agus réitigh a chur chun feidhme.

Tá an Clár don Rialtas tiomanta do laghdú de 51% ar astaíochtaí carbóin faoi 2030 a bhaint amach agus é mar chuspóir aige geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050. Léirítear na gealltanais sin anois san Acht um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

Teastóidh athruithe ar fud ár sochaí agus ár ngeilleagar chun an t-aistriú go neodracht aeráide, lena n-áirítear an timpeallacht thógtha, fuinneamh, iompar, dramhaíl agus talmhaíocht. Teastóidh comhiarracht ón rialtas, ó lucht gnó, ó phobail agus ó dhaoine aonair chun beartais nua agus uailmhianacha, nuálaíochtaí teicneolaíochta, córais agus bonneagair a chur chun feidhme. Éileoidh sé seo freisin athruithe ar iompraíochtaí aonair, lena n-áirítear an chaoi a n-oibrímid, a théimid ár dtithe, a bhímid ag taisteal, ag úsáid earraí agus seirbhísí, agus ag bainistiú ár gcuid dramhaíola. Tá an fhreagracht ar gach duine sa tsochaí an uailmhian seo a bhaint amach.

In 2021, mar chuid den Idirphlé Náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide (NDCA), reáchtáladh sraith comhráite doimhne ar son na haeráide a ghlac tuairimí breis is 3,800 duine, lena n-áirítear ionchur ó bhreis is 200 duine, 16 líonra rannpháirtíochta poiblí (PPNanna), 100 duine óg ó 12 ghrúpa Chomhairle na nÓg, agus 70 duine ó 12 bhliain d'aois agus os a chionn. Thug na comhráite seo glór don phobal a fhreagraíonn don ghéarchéim seo agus a bhraitheann braistint phráinne maidir le gníomhú ar son na haeráide. Léirigh sé díograis oibriú leis an rialtas, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ar fud na sochaí chun spriocanna níos uailmhianaí a bhaint amach. D'aithin sé réimsí ina bhfuil daoine ag déanamh athruithe cheana féin agus ina mbraitheann daoine aonair agus pobail go bhfuil easpa faisnéise, eolais agus acmhainní acu, nó nach bhfuil an cumas acu na hathruithe seo a leanúint. Go háirithe, chuir go leor daoine in iúl go bhfuil gá le nuálaíocht san airgeadas (m.sh. deireadh a chur leis an maorlathas, roghanna airgeadais ar chostas íseal a sholáthar), agus go bhfuil gá le cumas na n-údarás áitiúil agus na hearnála pobail a fheabhsú, chun ár n-uailmhianta a chomhlíonadh.

Léiríonn an taithí atá againn go dtí seo, agus muid ag dul ar aghaidh, go dteastaíonn rannpháirtíocht chórasach agus ghníomhach le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal ar fud na hÉireann uainn ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Is é an NDCA an phríomhfheithicil trína seachadfar é seo.

¹¹ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en

¹² https://ec.europa.eu/clima/policies/eu-climate-action/law_en

¹³ https://ec.europa.eu/clima/policies/eu-climate-action/pact_en

8.2 Spriocanna

Ag leanúint ar aghaidh ó thriail rathúil an NDCA idir 2017 agus 2019, agus bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí don bPlean Gnímh don Aeráid, tá struchtúr nua ceaptha don NDCA.

Is í an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) a bheidh i gceannas ar an NDCA agus cuirfidh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) rúnaíocht ar fáil. Déanfar an NDCA a chomhordú trí Mheitheal Idir-Rannach ar Rannpháirtíocht agus Idirphlé leis na Saoránaigh a chuireadh ranna rialtais agus gníomhaireachtaí a bhfuil baint ghníomhach acu le spriocanna gníomhaíochta aeráide a bhaint amach ar fud na bpríomhearnálacha.

Is í fíis an NDCA ná cumhacht a thabhairt do gach duine sa tsochaí cabhrú lenár sprioc a bhaint amach maidir le hastaíochtaí carbóin na hÉireann a laghdú agus páirt ghníomhach a ghlacadh san aistriú i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.


Is é cuspóir an NDCA struchtúr cuimsitheach a chruthú chun tacú le rannpháirtíocht fhorleathan an phobail agus na bpáirtithe leasmhara ar athrú aeráide, daoine a chumasú ar fud na sochaí go léir iompraíochtaí níos inbhuanaithe a ghlacadh, agus a bheith mar fheithicil chun rannpháirtíocht an phobail sa bPlean Gnímh don Aeráid a éascú.

Bainfear fíis agus cuspóir an NDCA amach trí thrí phríomhchuspóir:

1. Litearthacht aeráide a fheabhsú trí fheasacht a chruthú faoi athrú aeráide agus trí thuiscint a chothú air.
2. Rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíocht aeráide ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta a mhaoiniú, a thacú agus a chumasú, comhairliúcháin phoiblí a sheoladh, agus féinéifeachtúlacht a chur chun cinn trí chumhacht a thabhairt don phobal iompraíochtaí níos inbhuanaithe a ghlacadh.
3. Léargais a ghlacadh ó ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus taighde sóisialta agus iompraíochta a dhéanamh chun athrú iompraíochta a thomhas agus bonn fianaise a sholáthar chun bonn eolais a chur faoin bPlean Gnímh don Aeráid agus faoi bheartais earnála aeráide.

Déanfar an fhís, an cuspóir agus na cuspóirí thuas a sheachadadh trí phróiseas córasach agus timthriallach a reáchtálfar, ar bhonn bliantúil, i gcomhthráth leis an athbhreithniú bliantúil ar an bPlean Gnímh don Aeráid mar a léirítear thíos (Figiúr 8.1). Cinnteoidh an cur chuige seo go mbeidh gníomhaíochtaí ó ionchuir go haschuir nasctha, agus go ndéanfar tionchair na ngníomhaíochtaí sin a thomhas mar thorthaí.

Figiúr 8.1: Timthriall Bliantúil Chlár Oibre an NDCA



Agus an cur chuige seo á ghlacadh, beidh fócas láidir ag an NDCA ar bhearta as a dtiocfaidh rannpháirtíocht phoiblí, earnála agus réigiúnach i seachadadh gníomhartha a chumasáonn athrú iompraíochta fadtéarmach. Tacóidh sé sin leo siúd atá gníomhach cheana féin, tabharfaidh sé cumhacht dóibh siúd nach bhfuil ag gabháil dóibh a bheith rannpháirteach, agus tacóidh sé leo siúd ar dócha go mbeidh tionchar ag athrú aeráide orthu.

Mar chuid de chur chun feidhme bliantúil a clár oibre, déanfaidh an NDCA monatóireacht freisin ar dhul chun cinn ar sheachadadh na n-aschur agus déanfaidh sé meastóireacht bhliantúil ar an gclár chun a chinntiú go bhfuil dea-chleachtas á chur i bhfeidhm agus go bhfuil cuspóirí á mbaint amach.

8.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh

8.3.1 Litearthacht Aeráide

Is éard atá i gceist le litearthacht aeráide daoine a chumasú chun faisnéis aeráide a bhíonn casta uaireanta a thuiscint. Is fearr is féidir feabhas a chur ar litearthacht aeráide trí chumarsáid atá bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn agus tríd an gcóras náisiúnta oideachais. Trí fheabhas a chur ar litearthacht aeráide, feabhsófar ár gcumas athruithe beaga a dhéanamh inár saol laethúil, dul i ngleic le gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil, agus páirt a ghlacadh ar leibhéal náisiúnta i gcomhdhearadh beartais.

Cumarsáid bunaithe ar Fhianaise

Tacóidh an NDCA le soláthar bonn fianaise a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag cumarsáid ar ghníomhú ar son na haeráide, ag tógáil ar léargais a fuarthas ónár rannpháirtíocht le daoine agus ó thaighde sóisialta agus iompraíochta. Beidh sé mar aidhm againn gníomhaíochtaí a chur in iúl agus dul i mbun gníomhaíochtaí ar bhealach soiléir, comhsheasmhach agus inrochtana.

Oideachas

Oibreoidh an NDCA chun tacú le forbairt agus le seachadadh modúl oideachais a chuireann le litearthacht aeráide sa chóras náisiúnta oideachais i mbunscoileanna agus i meánscoileanna, agus i gclár oideachais aosaigh lenár gcomhpháirtithe sa Roinn Oideachais agus Scileanna, sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta, Taighde agus Eolaíochta agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY).

8.3.2 Rannpháirtíocht agus Cumhachtú

Is éard a bheidh i gceist leis an gcuid is mó de chlár oibre an NDCA ná gníomhaíochtaí a dhearadh agus a sheachadadh chun cabhrú le daoine agus le páirtithe leasmhara ról gníomhach a ghlacadh i seachadadh gníomhartha ar son na haeráide. Áirítear leis sin maoiniú a chur ar fáil do thionscadail agus smaointe nuálacha, imeachtaí a eagrú agus a óstáil, líonrú agus tógáil acmhainne a chur chun cinn, agus daoine a chumasú chun athruithe a dhéanamh ina saol laethúil. Reáchtálfar na gníomhaíochtaí seo go comhthreomhar ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Ar an leibhéal náisiúnta éascóidh, tacóidh agus comhordóidh an NDCA sraith comhráite aeráide, fóram náisiúnta páirtithe leasmhara, tionól aeráide na hóige, comhairliúchán poiblí oscailte, agus beidh sé mar óstach ar shraith comhdhálacha agus léachtaí. Is é cuspóir na gcomhphlé ar an leibhéal náisiúnta seo ceadú do raon leathan páirtithe leasmhara agus an pobal cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus le lucht déanta beartais. Rithfidh gach ceann de na gníomhartha seo uair sa bhliain ar a laghad mar chuid dár gclár chun ionchur a sholáthar sa Phlean bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide.

- **Fóram Náisiúnta Páirtithe Leasmhara um Aeráid**

Bunóidh DECC Fóram Náisiúnta Páirtithe Leasmhara um Aeráid (FNCF) chun feidhmiú mar fhóram comhairliúcháin ar shaincheisteanna aeráide, agus cuirfidh an GCC tacaíocht riaracháin ar fáil. Áireofar ar na rannpháirtithe raon leathan páirtithe leasmhara ó gach cearn den sochaí lena n-áirítear polaiteoirí tofa; ranna rialtais agus údaráis áitiúla; gníomhaireachtaí stáit agus eagraíochtaí náisiúnta; acadóirí; comhlachtaí ionadaíochta; grúpaí pobail, áitiúla agus deonacha; agus ionadaithe na bpáirtithe leasmhara agus na bpobal is mó atá i mbaol ó thionchair an athraithe aeráide nó an aistrithe chuig sochaí a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de. Bunófar agus reáchtálfar an NCSF ar bhealach cosúil leis an Idirphlé Eacnamaíoch Náisiúnta agus tiocfaidh sé le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad. Cuirfidh sé páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na forbairtí eolaíochta agus beartais is déanaí agus feidhmeoidh sé mar shásra lárnach chun ionchur sa Phlean Gnímh don Aeráid agus i mbeartais eanála a bhaineann le hathrú aeráide a éascú.

- **Tionól Aeráide Óige**

Bunóidh DCEDIY Tionól Aeráide Óige (YCA) chun feidhmiú mar fhóram comhairliúcháin ar shaincheisteanna aeráide. Áireofar leis an tionól leanaí agus daoine óga idir 12 agus 24 bliana d’aois agus éascóidh sé ionchuir ó dhaoine óga sa Phlean Gnímh don Aeráid. Is í an DECC a bheidh mar cheannaire beartais maidir le hábhair a thugtar os comhair an YCA. Áireofar leis seo tosaíochtaí beartais a chinneadh a thagann chun cinn ón bPlean Gnímh don Aeráid, ó thaighde, ó dhaoine óga, agus saincheisteanna tábhachtacha do ranna agus gníomhaireachtaí eile ar mian leo dul i gcomhairle leis an Tionól. Beidh ionadaíocht déanta don YCA freisin ar an NCSF.

- **Comhráite Aeráide: Comhairliúchán Poiblí ar Ghníomhú ar son na hAeráide**

Comhdhearfaidh agus reáchtálfaidh an NDCA comhairliúchán poiblí bliantúil ar an bPlean Gnímh don Aeráid. Tógfaidh sé seo ar rath na gComhráite Aeráide a reáchtáladh in 2021 agus beidh sé i gcomhréir le forálacha an Achta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Ceadóidh sé iniúchadh a dhéanamh ar thosaíochtaí beartais nua, dúshláin earnála atá ag teacht chun cinn, agus scrúdóidh sé léargas ó ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta, ó thionscadail mhaoinithe, agus ó thaighde.

- **Idirphlé Náisiúnta an GCC – Comhdháil Aeráide, Sraith Léachtaí Aeráide agus Ceardlanna Tacaíochta**

Déanfaidh an GCC óstáil ar shraith imeachtaí rannpháirtíochta bliantúla, lena n-áirítear comhdháil bhliantúil ar aeráid, sraith léachtaí aeráide agus ceardlanna ar rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht le cleachtóirí, lucht acadúil agus na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO). Tabharfaidh sé seo deis don phobal taighde agus acadúil, agus d’eagraíochtaí áitiúla torthaí ó nuálaíochtaí agus taighde a roinnt, díospóireacht a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige a ghlactar, agus a hinscálaitheacht a scrúdú. Éascóidh sé freisin cumarsáid agus díospóireacht ar thorthaí chlár taighde iompraíochta an GCC.

Gníomhaíochtaí Áitiúla agus Pobail

Is cuid lárnach de sheachadadh an Phlean Gnímh don Aeráid é pobail áitiúla a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá rompu agus iad ag aistriú go neodracht carbóin. Soláthróidh an NDCA tacaíocht airgeadais do nuálaíochtaí áitiúla, beidh sé ina óstach ar chomhráite aeráide a ligfidh do ghníomhaithe áitiúla smaointe a roinnt, tacú le líonrú agus tógáil acmhainne, agus déanfaidh sé comhdháil bhliantúil um ghníomhaíocht aeráide áitiúil a óstáil.

- **Tacaíochtaí Airgeadais**

Bainfidh an Clár Pobail um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide faoin gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAF) úsáid as aschuir ó chomhairliúcháin phoiblí, ó thaighde, agus ó ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta eile chun a chinntiú go bhfuil ailíniú idir bearta gníomhachtúcháin áitiúla agus an maoiniú atá ar fáil. Is é an aidhm atá leis an nglao pobail faoin CAF ná páirt agus cumhacht a thabhairt do phobail, pobail inbhuanaithe ísealcharbóin a mhúnlú agus a thógáil.

Moltar dhá shnáithe chun é seo a chur chun cinn:

- Snáithe 1 – Pobail Ísealcharbóin a Thógáil
- Snáithe 2 – Oideachas, Tógáil Acmhainne agus Foghlaim trí Dhéanamh

Faoi Shnáithe 2, tá Clár Éire Ildánach, i gcomhar le DECC, ag cur Ciste Chruthaithigh ar fáil a sheachadfaidh, trí thionscadail chultúrtha agus chruthaitheacha, feasacht aonair agus pobail ar an ngá atá le hathrú iompraíochta a bhaineann leis an aeráid.

Soláthróidh na tionscadail a mhaoinítear faoin CAF léargas, smaointe nuálacha, agus réitigh inscálaithe ar dhúshláin an athraithe aeráide. Cinnteoidh an NDCA go ndéanfar nuálaíochtaí a thagann chun cinn sna tionscadail seo a thaifeadadh agus go scrúdófar a hinscálaitheacht i réimsí eile.

- **Comhráite Aeráide: Comhráite Aeráide Áitiúla**

Eagróidh an NDCA sraith Comhráite Aeráide ar bhonn bliantúil a bheidh ceaptha chun daoine a chur ar an eolas faoi na gníomhartha atá á ndéanamh ag an rialtas agus ag gníomhaithe áitiúla maidir le hathrú aeráide, agus na gníomhartha agus na réitigh ar féidir leo tabhairt fúthu chun dúshlán a bhaineann leis an aeráid a shárú. Beidh na comhráite seo i bhfoirm plé agus ceardlann faoi stiúir an NDCA ar an leibhéal náisiúnta, le tacaíocht ó na húdaráis áitiúla, ORGAnna, DCEDIY agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Rachaidh siad i ngleic freisin le struchtúir agus líonraí atá ann cheana cosúil leis na PPNanna agus Comhairle na nÓg.

- **Tógáil Líonra agus Cumais idir Eagraíochtaí**

Tacóidh an NDCA le líonraí agus eagraíochtaí atá ann cheana féin chun cabhrú le pobail a chumasú chun tionscnaimh nua a iniúchadh, gníomhaíochtaí atá ann cheana féin a leathnú, agus rannpháirtíocht níos leithne i ngníomhartha atá ann cheana a spreagadh. Áirítear orthu seo:

- ORGAnna agus údaráis áitiúla a bhfuil cumarsáid agus for-rochtain maidir le feasacht agus rannpháirtíocht aeráide san áireamh ina gcuid clár oibre aeráide cheana féin
- An Taisce trína Scoileanna Glasa, feachtais na mBratach Glasa, Tuairisceoir Óg don Chomhshaol, agus Clár na nAmbasadóirí Aeráide
- Bailte Slachtmhara
- Líonraí pobail lena n-áirítear grúpaí áitiúla ar nós Cumann Lúthchleas Gael, Bantracht na Tuaithe, grúpaí reiligiúnacha, chomh maith le tionscnaimh a bhaineann go sonrach le tionscal ar nós Feirmeoireacht Chliste agus tacaíochtaí d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide
- Eagraíochtaí deonacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí áitiúla eile, agus daoine aonair.

Beidh athbhreithniú ar shócmhainní digiteacha a thacaíonn le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus poiblí mar chuid dár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta freisin.

- **Comhrá Náisiúnta Aeráide ar Gníomhartha Áitiúla**

Déanfar anailís ar aschuir na ngníomhaíochtaí áitiúla rannpháirtíochta agus na comhráite aeráide agus beidh siad mar bhonn eolais don chlár don Chomhrá Náisiúnta Aeráide ar Gníomhartha Áitiúla (NCCLA). Beidh an NCCLA ina fhóram chun deis a thabhairt do phobail agus d'eagraíochtaí tionscadail a thaispeáint, dul i mbun plé praiticiúil, dea-chleachtas a roinnt, agus iniúchadh a dhéanamh ar inscálaitheacht gníomhaíochta áitiúla nó nuálaíochtaí aonair. Reáchtálfar an t-imeacht seo go bliantúil agus beidh sé i bhfoirm ceardlanna a thionólfar in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Feidhmeoidh sé seo le machnamh criticiúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí, le hacmhainn a thógáil, le scrúdú a dhéanamh ar dhea-chleachtas agus ar a inscálaitheacht, le heolas a thabhairt do bheartas, agus le léargais a chur ar fáil a chuideoidh leis an bPlean Gnímh don Aeráid bliantúil agus le timthriall cláir oibre an NDCA.

8.3.3 Taighde agus Fianaise

Déanfar seachadadh chuspóirí an NDCA a thomhas trí thaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil. Cuirfear timthriall bliantúil chlár oibre an NDCA i bhfeidhm ar bhealach a éascóidh anailís ar léargais a fuarthas ó thaighde agus ó ghníomhaíocht rannpháirtíochta. Beidh na léargais seo mar bhonn fianaise chun eolas a thabhairt don NDCA, do phleananna earnála, agus don Phlean Gnímh don Aeráid. D'fhonn é seo a éascú, déanfar staidéar iompraíochta gach dhá bhliain, mar aon le taighde cáilíochtúil ad hoc. Bunófar aonad náisiúnta léargais agus cur chun feidhme um athrú aeráide sa GCC, agus bunófar grúpa comhairleach náisiúnta sóisialta agus iompraíochta maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide freisin.

Suirbhé Iompraíochta

Soláthróidh an staidéar seo, atá le déanamh ag an Aonad Náisiúnta Léargas agus Forfheidhmithe Iompraíochta um Athrú Aeráide, sonraí ionadaíochta náisiúnta agus ceadóidh sé scrúdú a dhéanamh ar dhúshláin chun athrú iompraíochta a bhaint amach thar dhéimeagrafaic éagsúla sa tsochaí agus i réimsí earnála éagsúla. Beidh sé bunaithe ar staidéar Six Americas Ollscoil Yale, curtha in oiriúint do chomhthéacs Éireannach. Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh an staidéar mar thagamharc agus go rithfear é gach dhá bhliain chun athrú iompraíochta a cheadú thar am.

Staidéar Cáilíochtúil agus Iompraíochta Ad-hoc

Scrúdóidh sraith staidéar taighde ad-hoc, a rinne DECC agus an GCC saincheisteanna sonracha agus cuirfear le torthaí an tsuirbhé iompraíochta. Áireofar leis seo sraith staidéar cáilíochtúil, lena n-áirítear agallaimh dhomhain nó grúpaí fócais le raon leathan páirtithe leasmhara agus leis an bpobal. Cabhróidh na staidéir seo tuilleadh le dúshláin a bhaineann go sonracha le páirtithe leasmhara na n-earnálacha aonair a aithint agus réitigh phraiticiúla a mholadh ar bhealach a thacaíonn le haistriú ar bhonn ceartais.

Aschuir a Shintéisiú, Torthaí a Thomhas, Bonn Eolais a chur ar Bheartas, agus Tacaíocht Earnála a Sholáthar. Oibreoidh an NDCA leis an Aonad Náisiúnta um Léargas agus Forfheidhmiú Iompraíochta um Athrú Aeráide chun an grúpa comhairleach náisiúnta sóisialta agus iompraíochta ar ghníomhú ar son na haeráide a bhunú, ar a mbeidh príomheolaithe sóisialta agus iompraíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta atá gníomhach i dtaighde aeráide, chun maoirseacht a dhéanamh ar an sintéis de na haschuir ó na staidéir taighde seo agus taighde níos leithne sa réimse. Cuirfear aschuir na staidéar agus na dtuarascálacha sintéise seo faoi bhráid ranna, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha rialtais, agus foilseofar iad i dtuarascáil bhliantúil.


8.4 Gníomhartha

Beidh an NDCA ar an bpríomhshásra trína seachadfar gníomhartha aeráide a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí, rannpháirtíocht, gníomh pobail, líonrú agus tógáil acmhainne in Éirinn. Feidhmeoidh sé mar struchtúr comhordaithe a éascóidh idirphlé leathan leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara ar fud na sochaí. Tabharfaidh sé an deis do gach duine sa tsochaí páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhú ar son na haeráide a sheachadadh ar bhealach cothrom agus cóir. Gníomhóidh an NDCA freisin mar mheán náisiúnta chun taighde sóisialta agus iompraíochta ar ghníomhú aeráide a chomhordú. Déanfar léargais a gheofar ó rannpháirtíocht, comhairliúcháin agus an clár taighde a chomhdhlúthú agus a roinnt leis an rialtas, comhlachtaí stáit agus an pobal.

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
34	Cumarsáid chomhordaithe ó lár an Rialtais maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn.
35	Tacaíocht a sholáthar le haghaidh inneachar ábhartha meán a fhorbairt, lena n-áirítear san earnáil léirithe neamhspleách
36	Litearthacht Aeráide a thógáil trí churaclam bunscoile, meánscoile agus oideachas aosaigh
37	Tacú, tríd an gcóras oideachais, leis na tionscnaimh riachtanacha chun tacú le geilleagar aeráide neodrach a fhorbairt.
38	Dul i mbun rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara ar Straitéis Náisiúnta leantach ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (ESD) go dtí 2030
39	An Clár Náisiúnta Gníomhaíochta agus Feasachta ar Athrú Aeráide a sheachadadh chun tacú leis an bhFondúireacht idirnáisiúnta um Oideachas Comhshaoil trí mheán na Scoileanna Glasa, an Champais Ghlais agus Tuairisceoirí Óga don Chomhshaoil
40	Tacú le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a sheachadann réitigh phraiticiúla agus nuálaíochta chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide ar an leibhéal áitiúil
41	Samhail nua áitiúil de rannpháirtíocht saoránach a thógáil tríd an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide.
42	Comhráite Aeráide agus Comhairliúchán Poiblí bliantúil ar an bPlean Gnímh don Aeráid a dheardh agus a sheoladh
43	Leanúint ar aghaidh ag tacú le seachadadh tionscadal atá faofa le haghaidh maoinithe mar chuid den chéad bhabhta tacaíochta ón gCiste um Gníomh don Aeráid.
44	Tacú le hoiliúint agus forbairt acmhainne a sholáthar maidir le hathrú aeráide d'fhorbairt pobail agus d'eagraíochtaí forbartha áitiúla.
45	Cur chuige feabhsaithe a fheidhmiú i leith feidhmíocht fuinnimh agus acmhainn fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh scoile

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
46	An taighde is déanaí a úsáid chun bonn fianaise a sholáthar chun tacú le hobair an NDCA, cumarsáide agus na Meithle Idir-Rannach, chun athruithe éileamh earnála agus athrú iompraíochta a thiomáint, agus ionchur a sholáthar i mbeartas
47	Treochlár bunaithe ar fhianaise a bhunú chun samhlacha nuálacha, éifeachtacha agus inbhuanaithe de rannpháirtíocht áitiúil a leabú le próisis náisiúnta déanta beartas ar fud na seirbhíse poiblí chun comhchruthú réitigh inbhuanaithe a éascú.
48	Córas láidir bainistíochta tionscadail a dhearadh agus a chur chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an NDCA
49	Maoiniú a chur ar fáil d'Údarás Craolacháin na hÉireann do bhabhta den Scéim Fuaime agus Físe i R2 2022 leis an téama lárnach Athrú Aeráide agus Gníomhú ar son na hAeráide
50	Bainistiú inbhuanaithe ceann scríbe a chur chun cinn
51	Creat cuimsitheach folláine d'Éirinn a fhorbairt agus a leabú tuilleadh, le béim láidir ar inbhuanaitheacht
52	Bunú Tionóil Shaoránaigh ar Bithéagsúlacht a chur chun cinn.
53	Tacú le dul chun cinn Aeráide agus Bithéagsúlachta trí chomhairle straitéiseach ábhartha chun cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise a fheabhsú.



Ceannaireacht agus Dea-Shampla
na hEarnála Poiblí

9. Ceannaireacht agus Dea-shampla na hEarnála Poiblí

9.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair

Beidh an eanáil phoiblí ina heiseamláir, ag spreagadh na gníomhaíochta aeráide is gá sa tsochaí níos leithne chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) na hÉireann a laghdú le 51% faoi 2030, agus a bheith neodrach ó thaobh aeráide de tráth nach déanaí ná 2050. Is féidir léi é seo a dhéanamh ar go leor bealaí. Mar shampla, mar cheannaitheoir mór earraí agus seirbhísí, is féidir leis an eanáil phoiblí tionchar a imirt ar sholáthraithe chun táirgí níos glaise a thairiscint trína cleachtais soláthair.


B'íonann foirgnimh na hearnála poiblí agus 1.4% d'astaíochtaí GHG na hÉireann in 2018. Ag cur isteach úsáid leictreachais agus iompair na hearnála, chomh maith le hastaíochtaí ó chomhlachtaí leathstáit tráchtála, b'íonann astaíochtaí in 2018 agus 3.3% de GHGanna na hÉireann. Cé go bhfuil sciar astaíochtaí na hearnála sách beag, beidh ról ceannaireachta níos leithne aici mar chatalaíoch do ghníomhaíocht uaimhianach aeráide.

Tábla 9.1 – Astaíochtaí GHG Fhoirgnimh na hEarnála Poiblí, 2018¹⁴

Astaíochtaí Co ₂ eq. Fhoirgnimh na hEarnála Poiblí	Sciar na nAstaíochtaí GHG Iomlána	Astaíochtaí CO ₂ eq. Seirbhísí Poiblí in aghaidhan duine
0.9 Mt	1.4%	0.2 t

Thacaigh Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí arna mhaoiniú ag an rialtas, arna riar ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), le comhlachtaí poiblí feabhsú de 29% a bhaint amach i bhfeidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh faoi dheireadh 2019 (i gcomparáid le sprioc 2020 de 33%). Faoin gclár seo, ceanglaítear ar gach comhlacht san eanáil phoiblí a gcuid sonraí bliantúla ar ídiú fuinnimh a chur isteach chun dul chun cinn na hearnála a rianú.

Figiúr 9.1.



Leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú) 2021, tugtar bonn dlíthiúil anois do ghníomhú ar son na haeráide san eanáil phoiblí. Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach lenár n-uaimhianach aeráide.

Tá ról lárnach ag údaráis áitiúla, go háirithe, san aistriú dícharbónaithe, lena n-áirítear trí phleanáil spásúlachta, soláthar tithíochta poiblí agus bonneagar iompair, agus cothabháil na bithéagsúlachta. Faoin Acht, ní mór do gach ceann acu a bPlean féin um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú anois. Tá na pleananna seo chun maolú agus oiriúnú ar aon a chlúdach, agus ní mór iad a nuashonrú uair amháin gach cúig bliana ar a laghad.

¹⁴ Tuarascáil Bhliantúil an SEAI ar an Eanáil Phoiblí – 2017, 2018, 2019

Tábla 9.2 – Treochtaí in Astaíochtaí GHG Fhoirgnimh na hEarnála Poiblí

Tréimhse	Athrú Céatadáin	Athrú Iomlán, CO ₂ eq.
2005-11	-12.4%	-0.1 Mt
2011-18	12.9%	0.1 Mt

Cé gur tháinig feabhas beag ar astaíochtaí ó fhoirgnimh na hearnála poiblí sa tréimhse go dtí 2011, níor leanadh leis an bpatrún sin agus tá méadú tagtha ar astaíochtaí sa tréimhse go dtí 2018.

9.2 Spriocanna

Chun an leibhéal riachtanach laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, faoi 2030 déanfaimid an méid seo a leanas:

- CO₂eq. a laghdú de 51% ón earnáil
- Feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil poiblí a mhéadú ón sprioc de 33% in 2020 go 50% faoi 2030
- Sainordú a thabhairt d'fhostóirí san earnáil poiblí, do choláistí, agus do chomhlachtaí eile san earnáil poiblí aistriú go 20% d'obair bhaile agus do chianobair
- Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe a thabhairt isteach san earnáil poiblí
- Feithiclí leictreacha a chur in ionad gach bus ar fud na tíre faoi 2035
- Fad an iarnróid leictirithe ar an ngréasán a mhéadú faoi thrí faoi 2030

9.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh

9.3.1 Socrú Spriocanna san Earnáil Phoiblí

Chun laghdú 51% a bhaint amach ar GHGanna ón earnáil poiblí faoi 2030:

- Beidh sprioc earnála foriomlán de 51% i bhfeidhm do scoileanna
- Sannfar sprioc aonair do gach comhlacht earnála poiblí eile le comhlíonadh de réir na modheolaíochta le haghaidh tomhais, cuntasáochta, tuairiscithe agus taifeadta atá leagtha amach thíos.

Bosca 9.1 – Spriocanna um Dhíchcarbónú na hEarnála Poiblí a Shocrú

Nádúr na Sprice


Beidh spriocanna um laghdú astaíochtaí bunaithe ar thonnáiste absalóideach d’astaíochtaí GHG. Is é a bheidh sa sprioc iomlán tonnáiste ná laghdú de 51% ar astaíochtaí díreacha a bhaineann le fuinneamh (tomhaltas teirmeach agus iompair), chomh maith le laghduithe réamh-mheasta ar thaobh an tsoláthair ar astaíochtaí indéreacha a bhaineann le fuinneamh (i.e. leictreachas – mar thoradh ar suas le sprioc leictreachais in-athnuaite de 80% a bhaint amach). Is í an bhunlíne don mhodheolaíocht ná an tréimhse 2016-18, agus cuirtear fachtóir scálaithe i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na spriocanna aonair cothrom leis an uaimhian iomlán.

Iarratas

Tá an sainmhíniú ar chomhlacht earnála poiblí chun críche astaíochtaí a rianú bunaithe ar an méid a úsáidtear I.R. Uimh. 426/2014 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014. Ciallaíonn sé seo go sannfar sprioc laghdaithe astaíochtaí do gach comhlacht poiblí a thuariscíonn faoin gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe ar Éifeachtúlacht Fuinnimh (M&T).

Raon feidhme na nAstaíochtaí

Leagtar amach sa tábla thíos na hastaíochtaí laistigh de raon feidhme na sprice, agus ní mór iad seo a thuarisciú ar bhonn bliantúil tríd an gcóras M&T.



Coigiltis Cheadaithe

Bainfean an sprioc amach trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, leictriú, agus trí úsáid a bhaint as fuinneamh in-athnuaite ar an láthair (m.sh. painéil ghréine ar an díon, agus foinsí teasa geoiteirmeacha). Ní féidir laghduithe astaíochtaí ó fhuinneamh a cheannach ó sholáthraí fuinnimh “glas”, nó trí úsáid fhritháireamh, a úsáid chun sprioc chomhlacht earnála poiblí a bhaint amach.

Fás

Más féidir a thaispeáint go bhfuil laghdú foriomlán ar astaíochtaí ón gcomhlacht san earnáil poiblí mar thoradh ar ghlanlaghdú foriomlán ar astaíochtaí ar fud an gheilleagair, agus gur ‘breiseachán’ é (m.sh. trí leathnú ar an bhflít iompair poiblí baintear feithiclí príobháideacha), féadfaidh ‘creidmheas astaíochtaí’ a bheith i bhfeidhm. Chun an creidmheas seo a áireamh i dtreo laghduithe ar astaíochtaí, ba cheart formheas a lorg don tionchar astaíochta gaolmhar agus é a dheonú, sula gcuirfean tús leis na hoibreacha nó sula ndéanfar infheistiú.

Rialachas

Tacóidh an SEAI le sonraí a ghabháil trí úsáid a bhaint as a chóras M&T, agus soláthróidh sé treoir agus tacaíocht do chomhlachtaí san earnáil poiblí maidir lena n-astaíochtaí ó úsáid fuinnimh a laghdú. Ceanglófar ar gach comhlacht san earnáil poiblí:

- Tuairisciú ina n-aonar ar a ndul chun cinn i dtreo sprice tonnáiste iomláine
- A bheith mar chuid de ghrúpa earnála, a chuimsíonn roinn rialtais ar leith agus gach comhlacht poiblí atá faoina gcoimirce. Sannfar gach comhlacht earnála poiblí chuig an ngrúpa earnála céanna agus mar atá siad don sprioc éifeachtúlachta fuinnimh a thomhas. Is iad na grúpaí earnála an príomhtháscaire dul chun cinn don earnáil poiblí chun a sprioc a bhaint amach

Tuairisciú

Leathnófar an Tuarascáil Bhliantúil reatha ar Fheidhmíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí chun sprioc dícharbónaithe na hearnála poiblí a chuimsiú. Comhoibreoidh an SEAI agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ar ghnéithe na tuarascála seo a bhaineann le sprioc dícharbónaithe na hearnála poiblí, a dhéanfar a chomhcheangal le feidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh i 'dTuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí agus ar Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa'.

- Comhoibreoidh an SEAI agus an GCC chun tacú le comhlachtaí san earnáil poiblí maidir le spriocanna, lena n-áirítear treoirlínte a fhoilsiú agus Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe Earnála Poiblí nua a bhunú.
- Tabharfar faoi athbhreithniú chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht raon feidhme na n-astaíochtaí arna ngabháil i sprioc na hearnála poiblí a leathnú, chun astaíochtaí Raon 3 a áireamh¹⁵

9.3.2 Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide

Chun tacú le comhlachtaí san earnáil poiblí atá chun tosaigh le dea-shampla, beidh feidhm ag Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide maidir le gach comhlacht a chumhdaítear leis na spriocanna dícharbónaithe, cé is moite d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí leathstáit tráchtála (i gcás ina bhfuil sainorduithe earnáilsonracha forbartha cheana féin), agus earnáil na scoile (dá bhfoilseofar sainordú gnímh ar son na haeráide a bhaineann go sonrach leis na cúinsí ar leith i scoileanna in 2022). Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide d'Earnáil na Scoile.

¹⁵ Clúdaíonn Raon feidhme 1 astaíochtaí díreacha ó fhoinsí faoi úinéireacht nó faoi rialú. Clúdaíonn raon feidhme 2 astaíochtaí indíreacha ó ghiniúint leictreachais ceannaithe, gaile, teasa agus fuaraithe arna gcaitheamh ag an gcomhlacht tuairiscithe. Áirítear le raon feidhme 3 na hastaíochtaí indíreacha eile go léir a tharlaíonn i slabhra luacha comhlachta

Bosca 9.2 – Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide*Ár Spriocanna*

- Astaíochtaí GHG a laghdú le 51% in 2030
- Feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón sprioc de 33% in 2020 go 50% faoi 2030
- Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2022

Ár nDaoinne

- Foirne Glasa a bhunú agus acmhainní a chur ar fáil dóibh, ag tuairisciú don bhainistíocht shinsearach, le bheith ina dtiománaithe comhtháite inbhuanaitheachta i ngach comhlacht san earnáil phoiblí
- Ball den Bhord Bainistíochta a ainmniú mar an Curaidh Aeráide agus Inbhuanaitheachta le freagracht as an sainordú a chur i bhfeidhm agus tuairisciú air.
- Gníomhú aeráide cuí agus oiliúint inbhuanaitheachta (teicniúil agus iompraíochta) a ionchorprú i straitéisí foghlama agus forbartha don fhoireann
- Ceardlanna foirne a eagrú (ar bhonn bliantúil ar a laghad) chun dul i ngleic le saincheisteanna aeráide, lena n-áirítear béim ar lorg carbóin na heagraíochta a laghdú

Ár mBealach Oibre

- Astaíochtaí GHG agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta a thuairisciú sa tuarascáil bhliantúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aon phróisis atá bunaithe ar pháipéar, agus measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le digitíú ionas go mbeidh sé mar an cur chuige réamhshocraithe
- Creidiúnú foirmiúil comhshaoil a bhaint amach do chomhlachtaí móra san earnáil phoiblí, amhail ISO 50001 (Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh) nó ISO 14001 (Córas Bainistíochta Comhshaoil), d'fhonn EMAS ISO 14001 (Scéim Éiceabhainistíochta agus Iniúchta) a bhaint amach.

Ár bhFoirgnimh agus Feithiclí

- Foirgnimh atá oiriúnach do rothair a chruthú d'fhostaithe agus do chuirteoirí, trí pháirceáil rothair a chur i bhfeidhm faoi 2022 – atá slán, inrochtana agus simplí do rothaithe le haithint agus le húsáid.
- Deimhniú Taispeána Fuinnimh cothrom le dáta a thaispeáint i ngach foirgneamh poiblí atá oscailte don phobal chun úsáid fuinnimh a thaispeáint go soiléir
- Ní shuiteálfaidh an earnáil phoiblí córais téimh a úsáideann breoslaí iontaise tar éis 2023, mura bhfuil feidhm ag ceann amháin ar a laghad de na heisceachtaí seo a leanas:
 - ní bhaintear úsáid as breosla iontaise ach trí leictreachas a bhaint as an eangach
 - níl aon rogha malartach neamh-iontaise ann atá inmharthana go teicniúil (de ghnáth ní bhaineann sé ach le feidhmchláir chun críche seachas téamh spáis)
 - le suiteáil córais téimh spáis in-athnuaite, mhéadófaí astaíochtaí CO2 deiridh
 - soláthraítear úsáid an bhreosla iontaise chun críocha cúlta, buaicphointe nó oibríochta (agus is lú ná 10% den fhuinneamh téimh bhliantúil é)
 - i gcás ina bhfuil gá le hathsholáthar díreach ar théamh breosla iontaise chun críche cothabhála éigeandála
- Ná ceannaigh ach feithiclí astaíochtaí nialasacha nuair atá siad ar fáil agus indéanta go hoibríochtúil ó dheireadh 2022, rud a chuirfidh ar chumas na hÉireann dul thar cheanglais na Treorach um Fheithiclí Glana agus gníomhú mar cheannaire idirnáisiúnta sa réimse seo.

- Cuirfidh an roinn ceannais i ngach grúpa earnála comhairle ar na comhlachtaí ábhartha san earnáil poiblí maidir le ceanglais an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Déanfar forbairt freisin ar Chóras nua Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí, le haghaidh spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe, chun cur chun feidhme an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide a rianú.

9.3.3 Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí

Athraíonn comhlachtaí na hearnála poiblí de réir méid, ról, láthair gníomhaíochta, agus go leor factóirí eile. Forbróidh gach comhlacht Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide a leagfaidh amach conas a sheachadfaidh sé a spriocanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú astaíochtaí GHG. Cé go mbeidh pleananna saincheaptha ag teastáil ó chomhlachtaí poiblí móra, is féidir le comhlachtaí poiblí níos lú úsáid a bhaint as teimpléad níos cineálach. Áirítear ar chomhlachtaí poiblí móra: ranna rialtais (is féidir ranna níos lú a chomhiomlánú de réir mar is cuí ó thaobh straitéise de); eagraíochtaí a úsáideann os cionn 50 GWh fuinnimh in aghaidh na bliana; agus earnálacha aonchineálacha amhail oideachas agus sláinte. Clúdaíonn na comhlachtaí poiblí móra seo, mar aon leis na 31 údarás áitiúil, thart ar 90% d'astaíochtaí na hearnála poiblí.

- Ullmhóimid Straitéis nua um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú na hEarnála Poiblí
- Críochnóidh comhlachtaí earnála poiblí Treochláir Ghníomhú ar son na hAeráide faoi dheireadh 2022, agus déanfar faireachán orthu sin ar leibhéal an ghrúpa earnála. Beidh comhlacht ceannais an ghrúpa earnála freagrach as a chinntiú go bhfuil na léarscáileanna i gcomhréir leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Comhoibreoidh an SEAI agus an GCC chun treoir a fhoilsiú maidir le Pleananna Oibre um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú, lena n-áirítear soláthar a dhéanamh do phleananna oibre saincheaptha do chomhlachtaí poiblí móra, agus pleananna caighdeánaithe do na comhlachtaí poiblí níos lú. Trí úsáid a bhaint as uirlis an SEAI 'Gap to Target' ligfear d'eagraíochtaí tuiscint a fháil ar na céimeanna agus na hinfheistíochtaí a theastaíonn chun a gcuid spriocanna a bhaint amach

9.3.4 Údaráis Áitiúla

Leanfaidh na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide de ról lárnach a bheith acu maidir le tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gníomhú ar son na haeráide agus é a chomhordú lena n-áirítear: acmhainn a fhorbairt trí oiliúint; tacú le tionscnaimh um athrú iompraíochta; deiseanna maoinithe a aithint agus a aimsiú; agus feidhmíocht a thomhas agus a thaifeadadh.

- Ullmhóidh gach údarás áitiúil Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide uair amháin gach cúig bliana ar a laghad, ina mbeidh bearta maolaithe agus oiriúnaithe araon
- Forbróidh gach údarás áitiúil crios dícharbónaithe laistigh dá limistéar riaracháin a bheidh mar fhócas do raon beart maolaithe aeráide, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta. Áireofar sa phróiseas seo tionscadail a shainaithe agus na torthaí a bhaineann leo a chabhróidh lenár spriocanna náisiúnta aeráide a bhaint amach

9.3.5 Comhlachtaí Leathstáit Tráchtála

Tá Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide deartha ag an Údarás um Gheilleagar agus Téarnamh Nua (NewERA) do chomhlachtaí leathstáit tráchtála, rud a léiríonn an ról eiseamláireach atá le himirt acu sa dícharbónú, agus ag an am céanna a aithníonn an gá atá le neamhspleáchas tráchtála ina dtimpeallachtaí oibriúcháin faoi seach. Cuirfidh na hAirí a n-ionchais maidir le gníomhú ar son na haeráide in iúl do na comhlachtaí sin trí litir ionchais na scairshealbhóirí.

Bosca 9.3 - Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide do Chomhlachtaí Leathstáit Tráchtála

Tá sraith de chúig ghealltanais ó chuideachtaí sa chreat seo maidir lena gcuispóirí um ghníomhú ar son na haeráide. Tríd an gcreat a ghlacadh, beidh gach cuideachta ag dul isteach i ngach ceann de na gealltanais seo mar a leanas:

Rialachas Chuspóirí um Ghníomhú ar son na hAeráide

- Déanfar cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide na cuideachta a chomhtháthú i bpleanáil straitéiseach gnó agus beidh maoirseacht ar leibhéal an Bhoird, lena n-áirítear tuairisciú don aire ábhartha

Spríoc um Laghdú agus Tomhas Astaíochtaí

- Glacfaidh an cuideachta go foirmiúil le spríoc um laghdú astaíochtaí an rialtais don earnáil poiblí agus le modheolaíocht tomhais an SEAI

Astaíochtaí Measúnuithe Infheistíochta a Thomhas agus a Luacháil

- Déanfaidh an cuideachta luach na n-astaíochtaí a mheas mar chuid dá próiseas cinnteoireachta infheistíochta

Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas

- Cuirfidh an cuideachta bearta geilleagair chiorclaigh agus soláthar glas chun cinn

Nochtuithe a Bhaineann leis an Aeráid in Airgeadas

- Sainaitheoidh an cuideachta creat um nochtadh airgeadais a bhaineann leis an aeráid atá ábhartha agus oiriúnach do ghníomhaíochtaí agus d'earnáil/earnálacha na cuideachta.

Beidh an creat seo faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúil.

9.3.6 Iarfheistiú agus Feabhsú Éifeachtúlacht Fuinnimh Fhoirgnimh na hEarnála Poiblí

Tá thart ar 12,500 foirgneamh (a bhfuil 20% díobh ar léas) na hearnála poiblí, arb ionann iad agus thart ar leath d'astaíochtaí foriomlána GHG na hearnála. Chun an laghdú de 51% ar astaíochtaí agus 50% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, beidh gá le hiarfheistiú domhain a dhéanamh ar fhoirgnimh. Díreoidh Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na gcomhlachtaí poiblí ar ranníocaíocht iomlán 50% ar a laghad ó théamh spáis in-athnuaite (teaschaidéil, bithmhais agus téamh ceantair) faoi 2030. Deimhneofar an rannchuidiú sprice don earnáil scoile mar chuid den Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Scoile.

- Tabharfaidh Clár nua um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú na hEarnála Poiblí aghaidh ar gach mórphunann tógála san earnáil
- Soláthrófar maoiniú tacaíochta scálaithe tosaigh d'éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú na hearnála poiblí faoi Chlár Pathfinder na hEarnála Poiblí, agus déanfar infheistíochtaí móra a mhaoiniú ó leithdháiltí caipitil na gcomhlachtaí féin faoin bPlean Forbartha Náisiúnta in éineacht le sásraí nuálacha seachadta tionscadal, amhail Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh (EPCanna), a fhorbrófar le cur chuige níos solúbtha maidir lena n-úsáid
- Foilseoimid treoir nuashonraithe do chomhlachtaí maidir le húsáid EPCanna do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe, lena n-áirítear maidir le measúnú luach ar airgead agus cóireáil lasmuigh den chlár comhardaithe.
- Forbróimid feithicil seachadta EPC do suas le €1 billiún de EPCanna arna maoiniú go príobháideach i bhfoirgnimh poiblí

- Tabharfar faoi athbhreithniú spriocdhírthe ar Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (PPPanna). Cuirfear an obair seo chun cinn leis an ngrúpa stiúrtha PPP atá ann faoi láthair agus tá sraith moltaí le tabhairt chun críche go luath
- Cuirfimid dlús le fáil réidh le bacainní ar ghlacadh níos leithne le téamh spáis in-athnuaite, agus téamh ceantair, i bhfoirgnimh poiblí nua agus iarfheistithe, ag tabhairt aghaidh go réamhghníomhach ar bhacainní teicniúla agus rialála. Áireoidh sé seo breithniú ar thoradh staidéar Oifig na nOibreacha Poiblí ina scrúdaítear cathain agus conas a d'fhéadfaí córais téimh breosla iontaise a chéimniú amach as foirgnimh poiblí, agus cumasóirí na hearnála leictreachais chun tacú le himscaradh ar scála níos leithne
- Cabhróidh an SEAI le tacaíocht a thabhairt d'iarfheistiú san earnáil poiblí trí threoir/ceachtanna dea-chleachtais a scaipeadh, agus trí dhul chun cinn a rianú.

9.3.7 Dícharbónú Iompar na hEarnála Poiblí

Is ionann astaíochtaí ó iompar agus thart ar 30% d'astaíochtaí foriomlána GHG na hearnála poiblí, an dara cuid is mó tar éis foirgneamh. Cabhróidh úsáid mhéadaithe feithiclí leictreacha (EVanna) ag an earnáil poiblí lena luach don tsochaí níos leithne a léiriú, le cáilíocht an aeir uirbigh a fheabhsú, agus le truailliú torainn a laghdú, ag tacú le pobail uirbeacha inbhuanaithe i gcomhréir leis an gCreat Pleanála Náisiúnta.

- Cinnteoidimid go n-úsáideann flít na hearnála poiblí an Creat Soláthair Phoiblí le haghaidh EVanna, nuair is cuí
- Aistreoimid flít de bhusanna poiblí chuig samhla d'astaíochtaí nialasacha trí athnuachan agus leathnú an fhlíit, ag ligean do leictriú iomlán busanna dhá stór i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Port Láirge, Luimneach agus Gaillimh faoi 2035.
- Déanfaimid an flít iarnróid a aistriú i dtreo samhail leictreach, ag méadú fad an ghréasáin iarnróid leictirthe ó 50 ciliméadar go 150 ciliméadar faoi 2030, lena n-áirítear an tionscadal DART trína leathnófar seirbhísí DART go Droichead Átha sa tuaisceart; Maigh Nuad san iarthar; Collchoill san iardheisceart; agus na Clocha Liatha san oirdheisceart
- Cuirfimid dlús le fáil réidh le constaicí ar dhícharbónú ár bhflít iompair, ag tabhairt aghaidh go forghníomhach ar bhacainní teicniúla agus rialála

9.3.8 Cumas na hEarnála Poiblí Gníomhú ar son na hAeráide a Sheachadadh

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an cumas ag an tseirbhís poiblí gníomh uailmhianach ó thaobh na haeráide de a sheachadadh. Tá Bord Seachadta um Ghníomhú ar son na hAeráide bunaithe againn cheana féin ar leibhéal an ard-rúnaí, chomh maith le hAonaid um Ghníomhú ar son na hAeráide laistigh de gach roinn rialtais.

- Déanfaimid athbhreithniú ar an acmhainn, na scileanna agus na struchtúir laistigh den earnáil poiblí chun dul i ngleic leis na dúshláin a thagann chun cinn mar gheall ar athrú aeráide
- Comhoibreoimid an SEAI agus an GCC chun clár aonair a cheapadh chun tacú le dícharbónú, agus le héifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní, laistigh den earnáil poiblí.
- Déanfaimid athbhreithniú ar na riachtanais scileanna do státseirbhísigh agus cuirfimid deiseanna oiliúna nua ar fáil chun aon bhearnaí scileanna a thagann chun cinn a dhúnadh
- Cuirfimid creat cumarsáide i bhfeidhm maidir le gníomhú ar son na haeráide ar fud na ranna rialtais go léir

9.3.9 Soláthar Poiblí níos Glaise


Tá an Clár don Rialtas tiomanta do bheartas soláthair poiblí inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena chinntiú go bhfuil an méid atá á cheannach againn agus á thógáil ag teacht lenár n-uailmhian aeráide.

- Déanfaidh an Oifig um Sholáthar Rialtais na creataí soláthair go léir a nuashonrú faoi 2023, i gcomhréir le cleachtas an tsoláthair ghlais
- Déanfaimid athbhreithniú ar bheartais soláthair bia don earnáil phoiblí, agus é mar aidhm againn soláthar bia cothaitheach, áitiúil a thabhairt isteach.
- Déanfaimid sainordú feithiclí leictreacha atá saor ó astaíochtaí a cheannach nuair atá siad ar fáil agus indéanta go hoibríochtúil faoi dheireadh 2022.

9.4 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh		Gníomh
54		Straitéis a fhorbairt chun laghdú de 51% ar a laghad a bhaint amach in astaíochtaí GHG agus feabhsúchán de 50% in éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí faoi 2030
55		Clár rathúil monatóireachta agus tuairiscithe éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí a leathnú chun laghdú astaíochtaí GHG a ionchorprú
56		Sainordú Gníomhaíochta Aeráide a thabhairt isteach do gach comhlacht poiblí
57		Tacaíochtaí a neartú chun cur ar chumas na Seaimpíní Aeráide agus Inbhuanaitheachta spriocanna na hearnála poiblí a bhaint amach
58		Tacú le hiarfheistiú foirgneamh san earnáil phoiblí
59		Sainordú a dhéanamh go n-áireofar critéir ghlasa i ngach soláthar ag baint úsáide as cistí poiblí, riachtanais a thabhairt isteach ar bhonn céimithe agus tacaíocht chuí a sholáthar do sholáthraithe
60		Struchtúr rátaí míléáiste athbhreithnithe a cheapadh a léiríonn patrúin tiomána athraitheacha lena n-áirítear úsáid mhéadaithe EVanna agus hibridí
61		Feabhas a chur ar chumarsáid ar an gClár Oibre Aeráide in earnáil na scoileanna le béim ar leith ar thionscadail phiólótacha iarfheistiú dianfhuinnimh a sheachadtar faoin gClár Pathfinder i gcomhpháirtíocht leis an ÚFIÉ
62		Conair a shocrú chun clár iarfheistithe dianfhuinnimh a thosú agus a chur i bhfeidhm do na hearnálacha oideachais



Praghsáil Carbóin
agus Beartais
Trasghearrtha

10

10. Praghsáil Carbóin agus Beartais Trasghearrtha

10.1 Réamhrá

77	Modúl ar Athrú Aeráide a fhorbairt agus a áireamh sna Treoirínte chun Pleananna Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúla (LECPanna) nua a fhorbairt.
78	Tacaíocht, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar Gníomhaíocht Aeráide Údaráis Áitiúil
79	Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh an bhonneagair phobail sa Ghaeltacht
Taighde, Forbairt, agus Nuálaíocht agus Claochlú Digiteach	
80	Seachadadh maoinithe poiblí a neartú le haghaidh taighde bhunúsáigh agus fheidhmigh chun cuspóirí gníomhaíochta aeráide a bhaint amach
81	Tacú le dul chun cinn aeráide agus bithéagsúlachta trí chomhairle straitéiseach ábhartha chun cinnteoireacht bhunaithe ar fhianaise a fheabhsú.
82	Leanúint ar aghaidh le sásraí maoinithe taighde solúbtha agus éifeachtacha a sholáthar chun cumas agus acmhainn thuarthach náisiúnta a sheachadadh agus a fheabhsú go leanúnach i réimsí na haimsire, na haeráide agus na hidreolaíochta.
83	An Straitéis Náisiúnta um Chianobair a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh uirthi chun ailíniú optamach le cuspóirí gníomhaíochta aeráide a chinntiú
An Ghaeilge, na Meáin, Spóirt agus Turasóireacht	
84	Modheolaíocht mheasúnaithe aeráide a bhaineann go sonrach le hearnáil a chur i bhfeidhm ar chláir, scéimeanna agus tionscadail arna maoiniú ag DTCAGSM
85	Beartas Turasóireachta Inbhuanaithe náisiúnta a chruthú
86	Feabhas a chur ar an mbonn fianaise don turasóireacht inbhuanaithe
87	Tionchar comhshaoil diúltach na turasóireachta a íoslaghdú
88	Feasacht agus tuiscint ar inbhuanaitheacht sa turasóireacht a mhéadú
89	Beartas agus Straitéis um Mórimeachtaí Spóirt a fhorbairt a chuimsíonn inbhuanaitheacht mar phríomhchuid den mheasúnú ar imeachtaí féideartha
90	Tacú le modhnú na n-áiseanna spóirt chun tomhaltas fuinnimh a laghdú
91	Tacú le tionscnaimh atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil tríd an bPlean Gníomhaíochta don Ghaeilge

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
92	Feabhas a chur ar inbhuanaitheacht Screen Ireland
93	Éascú a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe in earnáil na meán níos leithne agus táirgeadh méadaithe clár a bhaineann leis an aeráid agus inbhuanaitheacht
94	Feidhmíocht chomhshaoil earnáil chruthaitheach agus chultúrtha na hÉireann a fheabhsú
95	Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ár dtairiscint turasóireachta allamuigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lasmuigh, a fheabhsaíonn cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar cheann scríbe glas, glan agus inbhuanaithe.
96	Nascacht an dúlra a mhéadú agus iompraíochtaí ar son an chomhshaoil a chur chun cinn trí chaitheamh aimsire lasmuigh a fhorbairt



Leictreachas

11

11. Leictreachas

11.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair

B'ionann an leictreachas agus 16.2% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) na hÉireann in 2018. Leanfaimid orainn ag dícharbónú na hearnála leictreachais trí leas a bhaint as ár n-acmhainní suntasacha fuinnimh in-athnuaite, ar bhealach iomaíoch cost-éifeachtach, agus ag an am céanna ag cinntiú go bhfuil ár soláthar leictreachais slán. Trí é seo a dhéanamh, laghdóimid freisin ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe.

Tábla 11.1 – Astaíochtaí GHG Leictreachais, 2018

Astaíochtaí Leictreachais CO ₂ eq.	Sciar na nAstaíochtaí GHG Iomlána	Astaíochtaí Leictreachais CO ₂ eq. in aghaidh an duine
10.6 Mt	17.0%	2.2 t

Tríd is tríd, tháinig laghdú aon trian ar astaíochtaí leictreachais idir 2005 agus 2018, rud a chuir fás ar ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite agus giniúint thraidisiúnta éifeachtúlachta níos airde mar thaca leis. Tháinig laghdú ar astaíochtaí ón earnáil idir 2005 agus 2011, agus lean an treocht seo ar aghaidh idir 2011 agus 2018, nuair a tháinig laghdú 11.8% ar astaíochtaí GHG. Is ionann é seo agus athrú iomlán de 1.4 MtCO₂eq.

Tábla 11.2 – Treochtaí in Astaíochtaí GHG Leictreachais

Tréimhse	Athrú Céatadán	Athrú Iomlán, CO ₂ eq.
2005-11	-24.2%	-3.7 Mt
2011-18	11.8%	-1.4 Mt

Mhéadaigh sciar an leictreachais ó fhuinneamh in-athnuaite beagnach faoi chúig idir 2005 agus 2018 – ó 7.2% go 33.7% – méadú de bhreis is 26 pointe céatadán i 13 bliana. Tháinig an méadú seo ar an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite in ainneoin ardú ar an éileamh iomlán ar leictreachas. I dtéarmaí iomlána, tá méadú níos mó ná sé huaire ar an méid leictreachais in-athnuaite a gineadh, ó 1,873 GWh in 2005 go 11,780 GWh in 2019.

Tábla 11.3 – Comparáidí Idirnáisiúnta Astaíochtaí GHG Leictreachais, 2018

	Éire	An Danmhairg	An Ostair	An Fhionlainn	EU 27
Sciar den GHG Iomlán	17.0%	19.3%	8.9%	29.7%	23.4%
Astaíochtaí, CO₂eq. an duine	2.2	1.6	0.8	3.0	2.0
Athrú ó 2005	-33.1%	-54.8%	-45.3%	-12.5%	-26.5%

Tá sciar na hÉireann d'astaíochtaí ó leictreachas mar chéatadán dár n-astaíochtaí foriomlána GHG níos lú ná an AE27 san iomlán. Chomh déanach le 2016, bhí astaíochtaí leictreachais na hÉireann in aghaidh an duine 13% os cionn mheán an AE, mar gheall ar an úsáid a bhaineamar as breoslaí ardcharbóin, amhail gual agus móin. Faoi 2018, bhí ár n-astaíochtaí leictreachais in aghaidh an duine laghdaithe gar do leibhéal an AE27.

Beidh giniúint leictreachais breise agus bonneagar tarchurtha ina chumasóir ríthábhachtach chun ár spriocanna fuinnimh in-athnuaite agus astaíochtaí a bhaint amach. Beidh glacadh an phobail leis an mbonneagar giniúna agus tarchurtha breise sin ríthábhachtach don aistriú seo, a mbeidh tionchar aige ar fud an stáit. Cabhróidh infheistíocht agus rannpháirtíocht an phobail i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le scéimeanna leasa pobail, le cothroime a áirithiú san aistriú chuig córas cumhachta saor ó charbóin. Ní bheidh sé indéanta an earnáil leictreachais a dhícharbónú gan an ceadúnas sóisialta a thugann pobail áitiúla, rud a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach go dtabharfaimid linn iad ar an aistriú fuinnimh. Ní mór monatóireacht agus maolú a dhéanamh ar thionchar praghsanna leictreachais ar thomhaltóirí, go háirithe iad siúd atá thíos le bochtaineacht fuinnimh, chomh maith le tionchar ar iomaíochas gnó idirnáisiúnta na hÉireann. Beidh costais a bhaineann le freastal ar éileamh níos airde ar leictreachas. Déanfar cuid de na costais sin a fhritháireamh trí laghduithe ar chaiteachas ar bhreoslaí iontaise, go háirithe san earnáil teasa agus iompair.

Tábla 11.4 – Leibhéal Riachtanach Dícharbónaithe sa Leictreachas

Astaíochtaí 2018 ar CAP 2021	2030 Astaíochtaí Riachtanacha Bunaithe
10.6 Mt	~2-4 Mt

In 2018, b'ionann astaíochtaí ó leictreachas agus 10.1 MtCO₂eq. Laghdódh cur chun feidhme na mbeartas agus na mbeart atá ann cheana astaíochtaí leictreachais go 4-5 MtCO₂eq. faoi 2030. Tá gá anois le céim chun cinn suntasach san uailmhian, ní amháin chun ár sprioc níos uailmhianaí 2030 a bhaint amach, ach freisin chun muid a chur ar an mbealach chun dícharbónú substainteach a bhaint amach ar ár ngeilleagar agus ar ár sochaí tráth nach déanaí ná 2050. Cumasóidh an earnáil leictreachais freisin laghduithe breise astaíochta thart ar 6 MtCO₂eq sna hearnálacha gnó, cónaithe agus iompair, trí aschur leictreachais a mhéadú go suntasach chun freastal ar éileamh breise ó leictreú teasa i ngnó agus i bhfoirgnimh, agus i bhfeithicilí iompair.

In Éirinn, meastar go dtiocfaidh fás idir 19% agus 50% ar an éileamh iomlán ar leictreachas sna deich mbliana atá romhainn, á thiomáint go príomha ag úsáideoirí móra fuinnimh nua, ar ionaid sonraí go leor acu, bunaithe ar bheartais agus straitéisí atá ann cheana féin. Sa chás ardéilimh atá leagtha amach sa Chlár don Rialtas, beidh an t-éileamh ar leictreachas faoi dhó beagnach faoi 2030, agus beidh laghdú 60-80% ar astaíochtaí leictreachais ag an am céanna. I measc na dtiománaithe bunúsacha d'athruithe ar éileamh leictreachais tá:

- Táthar ag tuar go leanfaidh ionaid sonraí ar aghaidh ag fás suas le ~9 TWh in 2030 (~23.6% den éileamh iomlán)
- Táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar leictreachas iompair (~23% in aghaidh na bliana) mar thoradh ar an nglacadh tapa de luchtú EV
- Méadóidh téamh leictreach sa tionscal faoi níos mó ná 2.5 uair in 2030 ó leibhéal 2017
- Déanfaidh feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgnimh ó chlár iarfheistithe fairsing an fás ar éileamh leictreachais ó chaidéil teasa nua i bhfoirgnimh a mhaolú

Athróidh na hathruithe seo ar éileamh ar leictreachas próifíl an éilimh freisin. Mar shampla, beidh dúshlán soláthair ag baint le húsáid mhéadaithe leictreachais le h téimh, go háirithe sa gheimhreadh.

Is léir go léiríonn an fás réamh-mheasta ar lárionaid sonraí dúshlán do spriocanna astaíochtaí na hÉireann. Chun déileáil leis seo, déanfaidh an rialtas athbhreithniú ar a straitéis ar ionaid sonraí chun a chinntiú nach féidir le fás na n-úsáideoirí sin tarlú ach amháin i gcomhréir lenár n-uasteorainn astaíochtaí earnála agus spriocanna fuinnimh in-athnuaite. Breathnófar freisin ar an tionchar atá ag fás lárionad sonraí ar shlándáil an tsoláthair. Breithneofar bearta rialála breise chun éileamh ó úsáideoirí móra a bhainistiú, amhail ionaid sonraí, i gcomhthéacs spriocanna aeráide agus riachtanais líonra amach anseo.

Tábla 11.5 – Méadrachtaí Féideartha chun Laghdú Breise a Sheachadadh sa Leictreachas

Príomh-Mhéadrachtaí	KPI 2030		Tionchar Laghdaithe Breise, MtCO ₂ eq.
Croíbhearta			
Sciar den Leictreachas In-athnuaite, %	Suas le 80		6-8
Acmhainn Gaoithe Tháscach ar an gCladach, GW	Suas le ~8*		
Acmhainn Gaoithe Tháscach Amach ón gCósta, GW	~5* ar a laghad		
Cumas Táscach PV Gréine, GW	~1.5-2.5 *		
Bearta Breise			
Giniúint Gáis saor ó Astaíochtaí, TWh	1-3		0.2-0.4

* Beidh teicneolaíochtaí leictreachais in iomaíocht lena chéile ar chostas trí cheantanna iomaíocha

11.2 Spriocanna

Chun an leibhéal riachtanach laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, faoi 2030 déanfaimid an méid seo a leanas:

- Astaíochtaí CO₂eq. ón earnáil a laghdú chuig raon de 2 go 4 MtCO₂eq. faoi 2030
- Clár oibre a dhéanamh chun bealach a shainiú chun 1-3 TWh de ghás saor ó astaíochtaí (lena n-áirítear hidrigin ghlas) a sheachadadh faoi 2030, a d'fhéadfadh a bheith comhionann le laghdú de 0.2-0.4 MtCO₂eq.

Déanfar ár spriocanna aeráide a sheachadadh trí thacar spriocanna cumasúcháin faoi 2030:

- An sciar den éileamh ar leictreachas a ghintear ó fhoinní in-athnuaite a mhéadú go dtí suas le 80% nuair is indéanta agus costéifeachtach, gan cur isteach ar shlándáil an tsoláthair leictreachais¹⁷
- Déanfar ar a laghad 500 MW de na foinsí in-athnuaite seo a sheachadadh trí thionscadail phobalbhunaithe áitiúla, faoi réir iomaíochta de réir mar is cuí
- Timpeall 2 GW de stáisiúin chumhachta ghásbhreoslaithe nua a sheachadadh chun tacú le ardchóras leictreachais in-athnuaite athraitheach
- Trí nasc nó idirnascaire eangaí tarchuir nua a sheachadadh chuig Tuaisceart Éireann, an Bhreatain Mhór, agus an AE
- Tuilleadh idirnascairí hibrideacha (lónra tarchurtha trasteorann comhcheangailte le giniúint in-athnuaite amach ón gcósta), le tíortha eile
- An eangach a leathnú agus a neartú – trí línte, fostáisiúin agus teicneolaíochtaí nua a chur leis
- Deireadh a chur de réir a chéile le giniúint leictreachais guail agus móin
- A chinntiú go mbeidh 20-30% d'éileamh an chórais solúbtha faoi 2030

¹⁷ Beidh teicneolaíochtaí leictreachais in iomaíocht lena chéile ar chostas trí cheantanna iomaíocha chun an sprioc thuas a bhaint amach.

Tá na tionscadail bhonneagair eangaí atá ag teastáil ar an leibhéal tarchurtha agus dáileacháin, lena n-áirítear an tIdirnascaire Thuaidh-Theas 1,500 MW agus atreisiú líonra eile arna sainaithint ag EirGrid agus Líonraí BSL. Beidh sé riachtanach ar a laghad 2 GW d'acmhainn giniúna gáis breise a sheachadadh faoi 2030 chun cinnteacht an tsoláthair a áirithiú, chun tacú lenár spriocanna in-athnuaite méadaithe, agus chun cinnteacht infheistíochta a thabhairt. Go ginearálta, beidh gá le feabhsuithe leanúnacha i réimsí mar chobhsaíocht an chórais chumhachta, lódáil líonra agus srianta a úsáid níos mó a bhaint as giniúint in-athnuaite leictreachais inathraithe.

Ionchorpróidh na tionscadail seo ardteicneolaíochtaí a sholáthraíonn solúbthacht oibríochta méadaithe, agus cuirfidh siad socruithe i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí feabhsaithe córais ó ghineadóirí, idirnascairí, agus éileamh ar leictreachas, arna n-éascú ag líonraí solúbtha leictreacha.

Ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo go léir agus ár slándáil soláthair leictreachais a chinntiú, agus seachadadh cost-éifeachtach de ghiniúint nua leictreachais ar an gcóras.

Beidh sé ina phríomhdhúshlán solúbthacht na n-úsáideoirí móréilimh leictreachais a dhíghlasáil agus an córas leictreachais a dhíchárbónú. Beifear ag súil go n-oibreoidh an t-éileamh ar fhuinneamh, lena n-áirítear ionaid sonraí, laistigh de na huasteorainneacha astaíochtaí earnála agus beidh gá le comharthaí breise chun éileamh a aimsiú áit a bhfuil eangach leictreachais reatha nó sa todhchaí ar fáil agus gar do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite. Beidh gá le taighde agus forbairt (dúshlán eolaíochta den sórt sin don tionscal), chun Éire a chur ar an gconair de lárionaid sonraí saor ó charbóin.

Faoin gClár Náisiúnta um Méadrú Cliste¹⁸, tá méadair, córais agus próisis nua leictreachais á gcur i bhfeidhm ag Líonraí BSL chun faisnéis fheabhsaithe agus níos inrochtana a sholáthar d'úsáideoirí fuinnimh a chabhróidh leo a n-ídiú fuinnimh a thuiscint agus a bhainistiú níos fearr, agus chun leictreachas in-athnuaite níos airde a chumasú trí éileamh solúbtha a spreagadh. Tabharfaidh méadair chliste rochtain ar tharaí agus ar sheirbhísí nua, agus tacóidh siad le rannpháirtíocht san aistriú chuig geilleagar agus sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Beidh ár gcumas fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus a stóráil nuair atá sé ar fáil ríthábhachtach maidir le cé chomh tapa, chomh slán agus chomh héifeachtach is féidir linn na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid seo a bhaint amach. Bhunaigh Líonraí BSL an Líonra Náisiúnta, Clár Naisc Áitiúla atá ag tabhairt aghaidh ar an raon saincheistanna a theastaíonn chun é seo a dhéanamh.

11.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh

11.3.1 Bainistiú Éileamh Leictreachais

Beidh bainistiú éileamh leictreachais mar chuid lárnach dár gcur chuige maidir le laghduithe astuithe a bhaint amach. Mar gheall ar an méadú suntasach san éileamh ar leictreachas a bhfuiltear ag súil leis ó lárionaid sonraí, chomh maith le leictriú an tionscail, teasa agus iompair, tá gá le cur chuige nua ag teastáil ó Éirinn maidir le bainistiú éileamh leictreachais:

- Déanfar athbhreithniú ar 'Ráiteas an Rialtais ar Ról Lárionad Sonraí i Straitéis Fiontraíochta na hÉireann 2018' chun ailíniú a chinntiú leis na nithe seo a leanas: uasteorainneacha astaíochtaí earnála agus ár spriocanna fuinnimh in-athnuaite; imní leanúnach faoi shlándáil an tsoláthair; agus na bearta solúbthachta éilimh atá de dhíth anois. Breithneofar freisin luamháin rialála breise chun éileamh ó úsáideoirí móra fuinnimh a bhainistiú i gcomhthéacs astuithe agus riachtanais líonra amach anseo
- Soláthróidh an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) Straitéis Éilimh nua, a mbeidh sé mar aidhm aici éileamh tionsclaíoch, tráchtála agus cónaithe a bheith rannpháirteach go hiomlán i dtacú le

¹⁸ Is plean é an NSMP chun athrú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn margaí miondíola leictreachais agus gáis agus chun tacú leis an aistriú go líonra fuinnimh ísealcharbóin

riachtanais an chórais le leibhéal arda giniúna in-athnuaite, agus féachann siad le rannpháirtíocht ghníomhach tomhaltóirí agus pobail sa mhargadh fuinnimh a éascú

- Oibreoidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), an CRU agus na hoibreoírí córais, le húsáideoirí móra fuinnimh agus le gníomhaireachtaí forbartha fiontair, chun cineálacha cur chuige a fhorbairt chun tuairisciú agus úsáid foinsí fuinnimh carbóin níos ísle a fheabhsú, lena n-áirítear trédhearcacht mhéadaithe de shonraí astuithe leictreachais go cur ar chumas úsáideoirí móra fuinnimh aghaidh a thabhairt ar a gcuid astaíochtaí leictreachais thar am (in aghaidh na huaire) agus láithreacha geografacha
- Déanfaidh EirGrid agus Líonraí BSL anailís dhomhain ar riachtanais solúbthachta ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus ar leibhéal an chórais, agus modhnóidh siad a gcur chuige agus a nósanna imeachta féin chun solúbthacht éilimh a éascú, chun costais a laghdú don tomhaltóir agus chun an tsolúbthacht is gá a sholáthar chun freastal ar riachtanais den aistriú fuinnimh go dtí 2030

11.3.2 Giniúint In-athnuaite ar Mhórsála

- Chun an sprioc leictreachais in-athnuaite de suas le 80% a bhaint amach, beidh infheistíocht de na deich billiúin euro i gceist, lena n-áirítear i suiteáil agus cothabháil sócmhainní giniúna, agus infrastruchtúr agus seirbhísí gaolmhara, chomh maith le forbairt slabhraí soláthair agus bonneagar calafoirt.
- Déanfar athbhreithniú ar Mhodheolaíocht an SEAI do Straitéisí Fuinnimh In-athnuaite na nÚdarás Áitiúil (LARES), le hionchur ó chomhlachtaí ábhartha, chun cur chuige dea-chleachtais a sholáthar maidir le hacmhainní fuinnimh in-athnuaite a aithint agus a mheasúnú i bpleanáil spásúlachta ar leibhéal údarás áitiúil. Bunaithe ar na spriocanna táscacha maidir le fuinneamh gaoithe ar an gcladach agus imscaradh gréine ar scála eangaí, leagfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) amach sprioc don acmhainn iomlán ar tír mór ar cheart pleanáil a dhéanamh dó ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Beidh ar na tionóil réigiúnacha straitéisí réigiúnacha leictreachais in-athnuaite a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar na spriocanna náisiúnta foriomlána, cuspóirí fuinnimh in-athnuaite atá i ngach ceann de na Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta, agus tacaíocht do threoir ábhartha, lena n-áirítear LARES an SEAI. Ba cheart cuspóirí náisiúnta fuinnimh in-athnuaite, agus iad siúd atá leagtha amach sna straitéisí réigiúnacha, a léiriú i bPleananna Forbartha Contae, a ndéanann Oifig an Rialtóra Pleanála measúnú orthu
- I gcomhréir le ceanglais na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite, ainmneofar pointe teagmhála aonair chun iarratasóirí a threorú tríd an bpróiseas iarratais riaracháin agus deonaithe le haghaidh suiteálacha leictreachais in-athnuaite
- Críochnófar Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (OREDP II) chun acmhainn fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a limistéar muirí na hÉireann a chainníochtú. Soláthróidh an OREDP II bonn fianaise freisin chun measúnú a dhéanamh ar limistéir atá oiriúnach chun fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a úsáid. Uirlis phleanála thábhachtach a bheidh san OREDP II de réir mar a aistríonn Éire chuig réimeas rialaitheach a bheidh bunaithe ar phlean d'fhorbairt amach anseo ar fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a mbeidh an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mara mar thaca aige.
- Nuair a achtófar é, cuirfidh an Bille um Pleanáil Limistéir Mhuirí (MAP) i bhfeidhm córas pleanála mara cuimsitheach agus comhleanúnach chun fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a fhorbairt sa limistéar muirí.
- Bunaithe ar an mBille MAP, tiocfaidh córas toilithe nua in ionad na gcóras toilithe stáit agus forbartha atá ann cheana féin. Tá an córas toilithe nua deartha chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a sholáthar d'iarratasóirí, an próiseas toilithe a chuíchóiriú, agus a chinntiú go bhfuil tionscadail fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta i gcomhréir le beartas pleanála spásúlachta comhshaoil agus mara an Stáit.
- Leanfaimid le ceantanna iomaíochta rialta a rolladh amach faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS) chun ár spriocanna a bhaint amach agus chun píblíne soláthair seasta

tionscadal agus úsáid éifeachtach an líonra a chinntiú. Foilseoidimid amchlár tascach ceantála RESS gach trí bliana chun soiléireacht a sholáthar d'infheisteoirí

- Déanfaidh EirGrid tuilleadh staidéir eangaí, oibríochtúla agus margaidh chun tuiscint a fháil ar aon bhearta breise, thar na pleananna reatha, chun uasteorainneacha laghdaithe astaíochtaí eanála a éascú agus, dá bhrí sin, tacóidh siad le sciar bliantúil leictreachais in-athnuaite suas le 80 %

11.3.3 Micreaghiniúint agus Tionscadail Phobalbhunaithe

Tá ról tábhachtach ag micrea-ghiniúint agus giniúint ar scála beag maidir le rannpháirtíocht a chumasú agus a thiomáint. Cruthaíonn sé deiseanna do chustaiméirí baile, pobail, feirmeoireachta agus tráchtála beaga na chéad chéimeanna a ghlacadh i dtreo infheistíochta i dteicneolaíochtaí in-athnuaite, ar féidir leo ról a imirt i múnú éileamh leictreachais agus i dtithe agus gnólachtaí a dhíchárbónú:

- Beidh ról tábhachtach ag pobail maidir le tionscadail nua leictreachais in-athnuaite a phleanáil. Déanfaimid an creat fuinnimh pobail a neartú tuilleadh, lena n-áirítear breithniú ar chistí leasa pobail agus ar fhorálacha úinéireachta pobail sa RESS
- Tabharfaimid isteach Scéim Tacaíochta Micrighiniúna (MSS) a thacaíonn le himscaradh 260 MW ionchais de mhicrighiniúint nua in-athnuaite (<50 kW) faoi 2030, lena n-áirítear íocaíocht easpórtála do gach micrighiniúint agus gineadóirí ar scála beag a léiríonn luach margaidh a gcuid leictreachais don eangach, don tsochaí agus don chomhshaol
- Leasóimid na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 chun díolúintí a leathnú le haghaidh suiteálacha gréine, ag laghdú bacainní ar ghiniúint ar an díon agus ar an talamh agus ar mhionscála.
- Forbróimid Scéim Ghiniúint Mhionscála (>50 kW) chun tacú le himscaradh PV gréine ar an díon agus ar an talamh i gcothóir nach bhfuil chomh feiliúnach do bhearta tacaíochta eile, mar an MSS agus an RESS; agus na rialacha a fhorbairt freisin do Bheartas Marthanach Nasctha 2.0, chun próiseas nasctha eangaí níos sruthlínithe agus níos éifeachtaí a sholáthar do mhéideanna suiteála suas le 200 kW. Cuirfidh sé sin ar chumas na bhfeirmeoirí, na ngineadóirí uathoibríocha agus na bpobal a rannpháirtíocht san aistriú fuinnimh a uasmhéadú. Aithneoidimid spriocanna cuí do ghiniúint ar mhionscála in 2022

11.3.4 Bearta Tacaíochta

Beidh gá le raon beart tacaíochta freisin chun an t-athrú seo ar an earnáil giniúna leictreachais a chumasú. Áireofar orthu sin an acmhainn thraidisiúnta a bheidh riachtanach chun slándáil an chórais a áirithiú, infheistíochtaí eangaí, idirnascairí agus saoráidí stórála a sholáthar. Feabhsófar gach gné de bhainistiú an ghréasáin:

- Cuirfimid an t-athbhreithniú ar Shlándáil an tSoláthair ar Chórais Leictreachais agus Gháis Nádurtha na hÉireann i gcrích
- Beidh gá le méideanna suntasacha acmhainne nua sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma chun a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainne againn chun freastal ar an éileamh. I gcomhthéacs an éilimh atá ag dul i méid le linn an aistrithe go córas leictreachais glan-charbóin, déanfar gach gné de bheartas agus rialáil a scrúdú. Beidh gá le timpeall 5,000 MW de ghnáth-acmhainn giniúna in 2030, agus is dócha go mbeidh 2,000 MW de ina acmhainn nua tógtha sna blianta atá le teacht.
- Cinnteoidh an CRU agus EirGrid leibhéal imleor de thuilleadh giniúna inseolta traidisiúnta, chun cinnteacht an tsoláthair leictreachais a ráthú, trí leibhéil na hacmhainne giniúna inseolta traidisiúnta a bheidh ag teastáil i ngach ceann de na 10 mbliana ina dhiaidh sin a fhoilsiú go bliantúil. Cinnteoidh an CRU trí shásraí margaidh, nó trí mhodhanna eile, go mbeidh dóthain acmhainne giniúna inseolta traidisiúnta reatha agus nua ar fáil chun na leibhéil a shocraíonn siad a chomhlíonadh.
- Neartófar an córas leictreachais trí ard-thógáil/uasghrádú na heangaí agus trí bhonneagar tacaíochta ag príomhshuíomhanna straitéiseacha, ag tabhairt aghaidh ar réigiúin ar dócha go mbeidh riachtanas méadaithe ann bunaithe ar mhéaduithe réamh-mheasta ar ghiniúint in-athnuaite a nascann leis an gcóras. Ionchorprófar tógáil fostáisiún nua, bonneagar gaolmhar agus

teicneolaíochtaí nua freisin, mar aon le huasghrádú straitéiseach na bhfostáisiún atá ann cheana féin, chun forbairt éifeachtach fadtéarmach agus tráthúil an chórais a chinntiú.

- Tá Foireann Tras-Rannach um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta, faoi chathaoirleacht DECC, á bunú chun deiseanna eacnamaíocha agus gnó níos leithne a bhaineann le forbairt fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta in Éirinn a thapú. Áireofar leis seo sainaitheint ar thacú le forbairt bonneagair agus deiseanna slabhra soláthair de réir mar a fhorbraítear tionscal gaoithe amach ón gcósta na hÉireann
- Déanfaimid an Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le hIdirnas Leictreachais a nuashonrú chun an leasú ar Rialachán TEN-E an AE, dúshláin Brexit, agus an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le hidirnascairí hibrideacha a léiriú.
- Déanfaidh an CRU athbhreithniú ar láimhseáil rialála stórála, lena n-áirítear ceadúnú, muirearú agus dreasachtaí margaidh. I dteannta a chéile, forbróidh DECC beartas stórála a thacaíonn le spriocanna 2030 agus a ailíníonn lenár n-uailmhian maidir le gás in-athnuaite, slándáil an tsoláthair, agus tiomántóirí beartais solúbthachta.¹⁹
- Forbróidh EirGrid Treochlár um Athrú ar Bheartas Oibriúcháin an Chórais Chumhachta, ag leagan amach conas a chaithfidh beartas oibriúcháin an chórais chumhachta teacht chun cinn chun comhtháthú ardleibhéil de ghiniúint in-athnuaite uaineach, neamhshioncrónach a éascú, lena n-áirítear srianta íosta giniúna a laghdú nó a bhaint agus Treá Neamhshioncronach an Chórais (SNSP) a mhéadú.
- Forbróidh EirGrid na huirlisí agus na beartais oibríochtúla chun comhtháthú idirnáisc nua a éascú, idirnascairí forbartha agus idirnascairí nua atá fós le haithint.
- Déanfaidh EirGrid agus Líonraí BSL anailís agus cuirfidh siad na bearta riachtanacha i bhfeidhm chun comhtháthú teicneolaíochtaí nua giniúna cumhachta a éascú, lena n-áirítear stáisiúin chumhachta hibrideacha. Cuirfear creat nua i bhfeidhm chun seirbhísí córais saor ó charbóin a éascú a luaithe is féidir chun spriocanna 2030 a bhaint amach.
- Cuirfidh EirGrid tús le cur chun feidhme an Lárionaid Rialaithe maidir le Treochlár na Todhchaí
- Déanfar athbhreithniú ar nascadh na gcód eangaí agus ar shocruithe margaidh chun imscaradh níos fearr de stáisiúin chumhachta hibrideacha a éascú. Cumasóidh sé seo, mar shampla, comhshuíomh, toilleadh gréine nua taobh le feirmeacha gaoithe atá ann cheana féin
- Déanfaidh an CRU monatóireacht ar phraghsanna leictreachais, agus áiritheoidh sé go ndéanfar costais rialála ar thomhaltóirí a íoslaghdú trí mhargaí agus líonraí dea-rialaithe chun an cosán is lú costais a sheachadadh (san fhadtéarma) chun spriocanna na hearnála leictreachais a leagtar amach i Roinn 11.2 thuas a bhaint amach.

11.3.5 Bearta Breise

Beidh gá le coigilteas astaíochtaí breise a shainaitheint chun an ceann is ísle de raon sprice 2030 maidir le hastaíochtaí leictreachais a bhaint amach:

- Is dúshlánach é Gabháil agus Stóráil Carbóin (CCS) a fhorbairt faoi 2030 ach d'fhéadfaí astaíochtaí breise a bhaint as an gcóras. Forbróimid creat beartais agus treochlár chun CCS a sholáthar
- Chomh luath agus a mhéadaíonn sciar an leictreachais in-athnuaite den ghiniúint os cionn 80%, éiríonn costas lacáiste an chórais an-chostasach le teicneolaíochtaí reatha. D'fhonn astaíochtaí a laghdú thar 2-4 Mt, beidh gá le héagsúlacht teicneolaíochtaí stórála fadtréimhseacha agus gáis in-athnuaite a fhorbairt. Laghdófaí an costas carbóin go mór dá gcuirfí méid measartha ard de chumhacht inseolta glan (~€100-200/MWh) leis. Déanfaimid imscrúdú ar an méid seo a leanas:
- Modhanna chun táirgeadh leictreilíseora a dhreasú agus hidrigin a nascadh leis an eangach ó fhuinneamh in-athnuaite le giniúint inseolta bhreosla saor ó astaíochtaí
- Acmhainn stórála a fhorbairt chun stóráil fhadtréimhseach agus shéasúrach fuinnimh in-athnuaite a léiriú
- Comhshuíomh leictrealú le bonneagar táirgthe fuinnimh in-athnuaite

¹⁹ Leanfaidh tionscadail stórála leictreachais agus idirnáisc arna n-ainmniú mar bhonneagar tosaíochta leictreachais an AE, lena n-áirítear leictreachas Tionscadail Leasa Choitinn an AE (PCI), de chóireáil fhabhrach a fháil mar a fhoráiltear i Rialachán TEN-E an AE, faoi réir anailísí costais is tairbhe. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh easpa stádas tosaíochta bonneagair an AE bac ar fhorbairt tionscadail

11.4 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
97	Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhthéacs beartais d'Úsáideoirí Móra Fuinnimh (lena n-áirítear Lárionaid Sonraí), ag cinntiú go bhfuil beartas fiontraíochta agus timpeallacht rialála níos leithne ag ailíniú le spriocanna astaíochta leictreachais agus le cinnteacht an tsoláthair.
98	Straitéis Éilimh nua a fhoilsiú agus a chur chun feidhme
99	Solúbthacht thaobh éilimh a chumasú agus a dhreasú
100	Creat pleanála spáis tacaíochta a chinntiú d'fhorbairt giniúna leictreachais in-athnuaite ar an gcladach
101	Trasú an Mhargaidh Inmheánaigh don Treoir Leictreachais (AE) 2019/944.
102	Ceantanna rialta faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite ar an gCósta a sheachadadh a ailíníonn le beartas spásúlachta agus pleanála agus úsáid éifeachtach an ghréasáin
103	Creat Beartais Micrighiniúna a sheachadadh
104	A chinntiú go mbaineann pobail leas as tionscadail fuinnimh in-athnuaite in RESS – leas a bhaint as cistí agus úinéireacht
105	An t-athbhreithniú ar na díolúintí pleanála reatha a bhaineann le painéil ghréine a chur i gcrích, lena chinntiú gur féidir le teaghlaigh, scoileanna agus pobail a bheith ina gcosantóirí láidre ar ghníomhú aeráide.
106	Creat Beartais Ghiniúint Gréine agus ar Mhionscála a sheachadadh
107	Slándáil an tsoláthair leictreachais a chinntiú
108	An Beartas Idirnaisc a thabhairt cothrom le dáta chun an leasú ar an Rialachán TEN-E AE a léiriú, chomh maith le dúshlán a bhaineann leis an mBreatimeacht agus tábhacht mhéadaithe na n-idirnascairí hibrideacha
109	Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir tharaife an líonra tarchuir agus dáilte leictreachais atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh ar na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun muirir chothroma, machnamhach ó thaobh costais agus trédhearcach a sheachadadh a éascaíonn infheistíocht inár n-aistriú ísealcharbóin agus na bealaí nua ina n-úsáidfear an líonra sa todhchaí.
110	Measúnú a dhéanamh ar an bhforbairt eangaí is gá le leibhéil níos airde RES-E a imeascadh agus plean forbartha ardleibhéil eangaí a fhorbairt a fhad le 2030 (agus ar aghaidh)
111	Dul i bhfeidhm an-ard ar leictreachas in-athnuaite inathraithe a éascú trí sheirbhísí córais agus socruithe margaidh
112	An eangach leictreachais ar an gcladach a fhorbairt chun tacú le spriocanna fuinnimh in-athnuaite
113	Athbhreithniú a dhéanamh ar sheasamh an bheartais ar fhorbairt líonraí príobháideacha/línte díreacha
114	Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (OREDP II) nua a fhorbairt.
115	Forbairt gaoithe amach ón gcósta a éascú, lena n-áirítear nasc 5GW ar a laghad de ghaoth amach ón gcósta, bunaithe ar cheantanna iomaíocha, leis an eangach faoi 2030.
116	Beartas soiléir maidir le Ceangal Eangach Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta a fhorbairt

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
117	Críoch a chur le mapáil uiscí amach ón gcósta na hÉireann trí Chlár INFOMAR chun tacú le gach gníomhaíocht mhuirí lena n-áirítear monatóireacht ar éifeacht aeráide agus roghnú suímh le haghaidh fuinnimh amach ón gcósta.
118	A chinntiú go seachadtar riachtanais fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta sa Bhille um Pleanáil Limistéir Mhuirí
119	Córas toilithe nua a fhorbairt le haghaidh fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta tar éis achtú an Bhille um Pleanáil Limistéir Mhuirí
120	Dearadh agus rolladh amach ceant tiomnaithe RESS amach ón gcósta.
121	Tacú leis an gconair taighde, forbartha agus taispeántais fuinnimh amach ón gcósta agus aigéin le haghaidh teicneolaíochtaí agus an bonneagar tástála gaolmhar
122	Creat beartais stórála a fhorbairt a thacaíonn le baint amach spriocanna astaíochtaí leictreachais
123	Éascú a dhéanamh ar nascadh teicneolaíochtaí hibrídeacha a íoslaghdaíonn atreisiú na heangáí
124	Maoirseacht agus scrúdú a dhéanamh ar indéantacht úsáid Gabhála agus Stórála Carbóin in Éirinn.
125	Samhaltú córais chumhachta a theastaíonn chun spriocanna um astaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus leictreachais a bhaint amach agus anailís a dhéanamh mar thaca le Treochlár saor ó Astaíochtaí



Fiontraíocht

12

12. Fiontraíocht

12.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair

Agus Éire agus an domhan ag díriú ar gheilleagar neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050, tá an t-aistriú chuig ísealcharbón ina fhórsa sainiúil do ghnó. Tá tógáil gnóthaí inbhuanaithe ísealcharbóin ag éirí níos riachtanaí, ní amháin ó thaobh cúrsaí sóisialta agus comhshaoil de, ach freisin ó thaobh iomaíochais margaidh agus airgeadais. Tá samhlacha gnó atá inbhuanaithe agus dírithe ar dhícharbónú ríthábhachtach don athléimneacht fhadtéarmach. Mar an gcéanna, éireoidh cuideachtaí agus earnálacha a dteipeann orthu dícharbónú níos neamhiomaíoch. D'fhéadfadh sé seo tionchair dhiúltacha fhorleathana a bheith aige ar an ngeilleagar, lena n-áirítear muid a ghlasáil isteach i samhail eacnamaíoch atá bunaithe ar bhreosla iontaise atá iomarcach. Mar gheilleagar beag oscailte, ní mór dúinn an earnáil fiontair a bheith athléimneach agus iomaíoch i margáí idirnáisiúnta.

Beidh ról lárnach ag an bhfiontraíocht chun ár n-astaíochtaí a laghdú le 51% faoi 2030, agus chun geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, a dhéanamh de gheilleagar na hÉireann tráth nach déanaí ná 2050. Bíonn tionchar aige ar an mbealach a bhainistítear acmhainní ganna feadh slabhraí soláthair, idir amhábhair agus tomhaltas táirgí deiridh agus diúscairt dramhaíola. Tógann agus úsáideann sé sciar mór dár stoc foirgneamh agus bainistíonn sé cuid mhór sreafaí iompair. Mar sin féin, ní áirítear leis na hastaíochtaí ó fhiontair san fhardal gás ceaptha teasa ach na hastaíochtaí a bhaineann le próisis táirgthe, i.e. dóchán déantúsaíochta, próisis thionsclaíocha agus gáis F. In 2018, b'ionann iad sin agus 7.9 MtCO₂eq., nó 12.7% d'astaíochtaí iomlána na hÉireann, atá níos lú ná meán an AE de 21.1%. As an iomlán seo, tagann 5.6 MtCO₂eq., nó 71% laistigh de Chóras Trádála Astaíochtaí an AE (ETS) (níl astaíochtaí ó fhoirgnimh, ó iompar ná ó dhramhaíl san áireamh).

Tagann an sciar is mó d'astaíochtaí fiontair ó líon beag cuideachtaí móra san earnáil déantúsaíochta, den chuid is mó in alúmana, próiseáil bia, deochanna agus stroighin. Tá na monaróirí sin (ina bhfuil 64 suiteáil ar leith) clúdaithe ag EU ETS. Tá astaíochtaí ó fhiontar a thagann lasmuigh den EU ETS an-íghnéitheach, le cuid mhór ag eascairt ó Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear iad siúd a oibríonn le gáis thionsclaíocha (ar a dtugtar Gáis fluairínithe nó gáis F freisin). Is gáis iad seo a bhfuil ardacmhainneacht téimh dhomhanda acu, a úsáidtear i ndéantúsaíocht cuisniúcháin, aerchóirithe agus leathsheoltóra. De réir na Príomh-Oifige Staidrimh, bhí daonra na bhfiontar in Éirinn os cionn 270,000 in 2018, agus is ionann FBManna agus 99.8% den iomlán.

Tábla 12.1 – Astaíochtaí GHG Fiontraíochta, 2018

ETS / Neamh-ETS	Astaíochtaí Fiontraíochta CO ₂ eq.	Sciar na nAstaíochtaí GHG Iomlána	Astaíochtaí Fiontraíochta CO ₂ eq. in aghaidh an duine
ETS	5.6 Mt	9.0%	1.1 t
Neamh-ETS	2.3 Mt	3.7%	0.5 t
Iomlán	7.9 Mt	12.7%	1.6 t

Tháinig laghdú suntasach (aon trian) ar astaíochtaí san earnáil fiontraíochta idir 2005 agus 2011 mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíoch, ach tá níos mó ná an ceathrú cuid acu ó shin i leith, rud a léiríonn a chomhghaolú láidir go fóill atá idir astaíochtaí tionscail agus gníomhaíocht eacnamaíoch.

Tábla 12.2 – Treochtaí in Astaíochtaí GHG Fiontair

Tréimhse	ETS / Neamh-ETS	Athrú Céatadán	Athrú Iomlán, CO ₂ eq.
2005-11	ETS	-41.1%	-2.7 Mt
	Neamh-ETS	-19%	0.6 Mt
	Iomlán	-34.6%	-3.3 Mt
2011-18	ETS	44.7%	1.7 Mt
	Neamh-ETS	-0.4%	-0.01 Mt
	Iomlán	28.4%	1.8 Mt


I gcomparáid le Ballstáit eile an AE, tá déine carbóin na hÉireann san eanáil, ag 1.6 MtCO₂eq. in aghaidh an duine, ach beagán faoi bhun mheán an AE, in ainneoin go bhfuil sciar níos lú d'astaíochtaí iomlána san eanáil i gcomparáid le tíortha eile an AE.

Tábla 12.3 – Comparáidí Idirnáisiúnta Astaíochtaí GHG Fiontair, 2018

	Éire	An Danmhairg	An Ostair	An Fhionlainn	AE27
Sciar den GHG Iomlán	12.7%	12.5%	33.4%	22.5%	21.2%
Astaíochtaí, CO ₂ eq./duine	1.6 t	1.0 t	3.0 t	2.3 t	1.8 t
Athrú ó 2005	-16.0%	-26.7%	-2.7%	-30.2%	-20.0%

Léirítear miondealú eárnála ar astaíochtaí tionscail i bhFíor 12.1, rud a thugann le fios gurb iad dócháin déantúsaíochta agus astaíochtaí próisis ón tionscal mianraí (déantúsaíocht stroighne go príomha) is cúis leis an sciar is suntasaí d'astaíochtaí san eanáil seo.

Fíor 12.1 – Dí-chomhbhailiú Eárnalach ar Astaíochtaí Fiontraíochta



Cé gur tháinig athrú éigin ar riachtanais fuinnimh na hearnála ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh in-athnuaite mar gheall ar an téarnamh ar ghníomhaíocht fiontair ó 2011 i leith, níl an nasc idir fás eacnamaíoch agus astaíochtaí fós briste.

Tá sé beartaithe i bpacáiste “Oiriúnach do 55” an AE go laghdófar astaíochtaí ó earnálacha reatha an AE ETS (lena n-áirítear síneadh le hiompar muirí) le 61% faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 2005. Is ionann é sin agus méadú de 18 bpointe céatadán i gcomparáid leis an rannchuidiú reatha -43% ón ETS le sprioc aeráide an AE. Má tá fiontraíocht chun cur lenár gcuspóirí aeráide, agus go háirithe d’earnáil ETS na hÉireann chun an sprioc nua EU ETS atá beartaithe a bhaint amach, tá athrú suntasach ag teastáil ó threocht na hearnála le déanaí de mhéadú 44.7% ar astaíochtaí idir 2011 agus 2018.

Ina theannta sin, beidh ceannaireacht ar leibhéal na fiontraíochta ag baint le laghdú a dhéanamh ar fhoirgnimh na hearnála agus ar astaíochtaí iompair. Tá droch-Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) ag cuid mhór de na foirgnimh laistigh den earnáil, le leibhéal íseal dul i bhfeidhm ar fhuinneamh in-athnuaite, agus tá iompar faoi láthair ag brath ag ráta de 97% ar bhreoslaí iontaise.²⁰ Áirítear gníomhaíochtaí sonracha chun díriú ar astaíochtaí ó théamh spáis agus uisce i bhfoirgnimh tráchtála, agus ó iompar, sna caibidlí ar an timpeallacht thógtha agus ar iompar faoi seach. Beidh an leictriú de phróisis déantúsaíochta agus tionsclaíochta, agus beartas fiontair a bhaineann le hearnálacha ard-éilimh, amhail lárionaid sonraí, ailínithe agus comhsheasmhach leis na spriocanna um fhuinneamh in-athnuaite agus laghdaithe carbóin san earnáil leictreachais.

Cé gur ábhar misnigh é cuideachtaí móra a fheiceáil ag tabhairt gealltanais do laghdú suntasach astuithe²¹ faoi 2030 agus ina dhiaidh sin, ní mór don leibhéal uailmhéine seo teacht chun bheith mar ghnáthchleachtas ar fud na hearnála fiontair. Éireoidh cuideachtaí agus earnálacha a dteipeann orthu a ngníomhaíocht a dhícharbónú ar fud a samhail gnó ar fad níos neamhiomaíoch, le tionchair dhiúltacha fhairsinge a d’fhéadfadh a bheith ann don gheilleagar – lena n-áirítear an bonn a bhaint dár n-iomaíochas fadtéarmach inbhuanaithe agus muid a ghlásáil isteach i samhail eacnamaíoch atá bunaithe ar bhreosla iontaise atá iomarcach. Mar sin féin, trí ghlacadh leis an aistriú, tacófar le cruthú post breise tríd na n-earnálacha nua agus éiritheacha a fhorbairt. Leis an ngeilleagar glas, lena n-áirítear an earnáil iarfheistithe agus fuinnimh in-athnuaite, an geilleagar ciorclach, an tsoghluaisteacht ghlan, an bonneagar glas agus gorm, an talmhaíocht inbhuanaithe agus an bithgheilleagar, cruthófar deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán a bheidh ina bhfoinse d’fhás suntasach fostaíochta sna blianta amach romhainn. Óna thaobh féin, féachfaidh an IDA le corparáidí ilnáisiúnta atá bunaithe thar lear a mhealladh chun infheistíocht a dhéanamh sa gheilleagar glas in Éirinn, ag díriú orthu siúd atá gníomhach i bhforbairt bonneagair agus teicneolaíochtaí dícharbónaithe. Tacóidh FÉ agus an IDA araon freisin le cliant a gcumas inbhuanaitheachta a leathnú agus ról nua a chruthú i mbainistíocht slabhra soláthair inbhuanaithe, soláthar, bainistíocht comhshaoil agus fuinnimh, anailísíocht, airgeadas glas, agus cumasú geilleagair chiorclaigh.

Is léir nach mbainfidh bearta beartais go dtí seo an leibhéal dícharbóinithe atá ag teastáil anois san earnáil tionscail amach, ar laghdú é ó 7.9 MtCO₂eq. in 2018 go dtí thart ar 5 MtCO₂eq. in 2030.

Tábla 12.4 – An Leibhéal Dícharbónaithe Riachtanach san Fhiontraíocht

Astaíochtaí 2018 ar CAP 2021	2030 Astaíochtaí Riachtanacha Bunaithe
7.9 Mt	~5 Mt

In anailís ar chonair ionchasach laghdaithe astuithe a chuirfeadh ar chumas na hÉireann astaíocht iomlána ó fhiontar a laghdú go 5 MtCO₂eq. tugtar le fios go bhfuil sé bheart breise ann a d’fhéadfadh astaíochtaí a laghdú tuilleadh san earnáil.

²⁰ Leathanach 22 - <https://www.seai.ie/publications/Energy-in-Ireland-2019-.pdf>

²¹ <https://sciencebasedtargets.org/companies-taking-action>

Tábla 12.5 – Méadrachtaí Féideartha chun Laghdú Breise a Sheachadadh san Fhiontraíocht

Príomhmhéadracht KPI 2030 Laghdú Breise		Tionchar, MtCO ₂ eq.
Croíbhearta		
Dlús a chur le glacadh teasa atá neodrach ó thaobh carbóin de sa tionscal	~Sciar 50-60% de théamh neodrach ó thaobh carbóin san éileamh iomlán ar bhreosla ²²	~0.4
Céimniú amach ardgháis GWP-F	-80% astaíochtaí i gcomparáid le 2014	~0.5
Laghdú ar charbón corpraithe in ábhair thógála	Laghdú 10% ar charbón corpraithe in ábhair thógála	~0.3
Leictriú giniúna teasa ardteochta a chumasú	100% den táirgeadh gailé ó théamh hibrideach gás-leictreach	~0.5
Bearta Breise		
Laghdú breise ar charbón corpraithe in ábhair thógála	~ Laghdú 10-60% ar charbón corpraithe in ábhair thógála	0.5 -1.9
Gabháil agus stóráil carbóin (CCS) a imscaradh	2 as 4 ghléasra stroighne/aoil iarfheistithe CCS	~1.5

12.2 Spriocanna

Chun an leibhéal riachtanach laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, faoi 2030 déanfaimid an méid seo a leanas:

- Astaíochtaí fiontar na hÉireann a laghdú le thart ar 40%, ó 7.9 MtCO₂eq. in 2018 go dtí ~5 MtCO₂eq. in 2030
- Tiomantas do phríomhbhearta a sheachadfaidh laghduithe astuithe de ~1.7 MtCO₂eq. in 2030
- Tabhairt faoi chlár oibre chun an poitéinseal a bheachtú agus spriocanna/cosáin a leagan síos le haghaidh tuilleadh beart chun ~2-3.4 MtCO₂eq. a sheachadadh in 2030

Beidh ar fhiontar Éireannach clár oibre mionsonraithe aistrithe agus athraithe a chur chun feidhme má tá sé chun a chinntiú go bhfuil ár n-earnálacha athléimneach ó thaobh na haeráide de agus gur féidir leo fanacht iomaíoch i ndomhan dícharbónaithe. Cuimseofar sa chlár oibre seo:

- Éifeachtúlacht fuinnimh na bpróiseas, na bhfoirgneamh agus an iompair a fheabhsú
- Athsholáthar breoslaí iontaise le foinsí in-athnuaite ina bpróisis, ina bhfoirgnimh agus ina n-iompar
- Feabhas a chur ar an mbealach a n-úsáidtear acmhainní ina slabhra soláthair chun astaíochtaí a laghdú agus chun cloí le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh
- A bheith nuálach i dtáirgeadh, dáileadh agus margáiocht chun na deiseanna a thagann chun cinn a bhaint amach
- Scileanna agus teicnící nua a fhorbairt de réir mar is gá
- Méadracht a fhorbairt ar an aeráid agus tionchar comhshaoil na ngníomhaíochtaí, a mbeifear ag súil go forleathan sa mhargadh

²² Gan bearta chun carbón corpraithe in ábhair thógála a laghdú; agus leictriú de ghiniúint teasa ardteochta a chumasú

Cé go bhfuil cásanna gnó measctha nó diúltacha ag cuid de na bearta riachtanacha faoi láthair, tá sé ríthábhachtach a mheabhrú gurb ní dosheachanta é an t-athrú. Mar gheall ar an tiomantas láidir domhanda do glan-nialas a bhaint amach agus an “rás go dtí an barr”, is oibleagáid é an status quo a choinneáil. Tá baol dáiríre ann go bhfágfar ar gcúl é mura ndéantar gníomhú, go dtáirgfear táirgí atá as dáta do mhargaí atá ag athrú agus d'éilimh na dtomhaltóirí.

Ní mór tacaíocht a thabhairt do cheannaireacht ón taobh istigh den fhiontar trí ghníomhú náisiúnta ar son na haeráide chun athrú a chur chun cinn go tapa sna príomhearnálacha, chun ár n-iomaíochas agus ár rathúnas tionsclaíoch a chosaint agus a leathnú. Áirítear leis sin tacaíocht beartais iomchuí, lena n-áirítear cothrom na féinne a áirithiú agus bearnaí costais a líonadh; na hathruithe riachtanacha ar leibhéal an chórais a dhreasú, amhail a chinntiú go bhfuil cumhacht ghlas ar fáil don déantúsaíocht; agus tacú le cur chuige comhoibríoch le páirtithe leasmhara iomadúla, mar shampla éileamh a chomhthiomsú chun mais chriticiúil a fháil do Ghabháil agus Stóráil Carbóin (CCS).

Ní mór don tseirbhís phoiblí níos leithne gníomhaíocht an rialtais láir a threisiú. Ní mór do na gníomhaireachtaí fiontair, ag féachaint dá sainorduithe reachtúla, tosaíocht a thabhairt do dhícharbónú mar chuid dá straitéisí. Tá sé tábhachtach freisin go n-aithníonn agus go dtacódh gach cumann áitiúil agus comhlachas earnáil fiontair dá gcuid ball ionas go gcruthófar líonraí go tapa chun aithris a dhéanamh ar chuideachtaí agus ar earnálacha atá ar thús cadhnaíochta sa dícharbónú. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí comhpháirtíochtaí a dhéanamh le páirtithe leasmhara den sórt sin ionas gur féidir comhiarracht a sheachadadh níos tapúla. Ní mór dúinn braislí a fheiceáil ag teacht chun cinn, ar bhraislí iad inar féidir iarrachtaí earnálacha a chomhiomlánú agus a scálú.

12.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh

Tá an timpeallacht trádála domhanda an-iomaíoch. Ionas go n-éireoidh leo, ní mór do chuideachtaí smaoineamh ar conas a fhorbróidh a n-earnáil sna cúig nó deich mbliana amach romhainn. Beidh inbhuanaitheacht chomhshaoil agus táirgeadh freagrach ina bpríomhthiománaithe do rathúlacht gnó amach anseo. Anois é an t-am do gach gnó Éireannach ullmhú don todhchaí sin. Féadfaidh gnólachtaí a dhéanann beart chun rioscaí an athraithe aeráide a mhaolú agus iad siúd a bhfuil ceanglais dhúthracht chomhshaoil acu leas a bhaint as rochtain mhéadaithe ar chustaiméirí, ar mhargaí agus ar oibrithe atá feasach ar an gcomhshaoil, as cothromas glas agus as maoiniú iasachta, agus as tacaíocht ó phobail áitiúla. Cruthaíonn gníomhú ar son na haeráide deiseanna do shlabhraí soláthair atá ann cheana féin agus do bhunú gnóthaí nua. Ach cruthaíonn sé freisin an gá atá le rialacháin fheabhsaithe a chomhlíonadh, chomh maith le héilimh infheisteoirí agus custaiméirí ar thionchar inbhuanaitheachta inchreidte agus ar thuirisciú.

Seolfaimid ar líne *Foireann Uirlisí Aeráide do Gnó* chun cúnamh a thabhairt do gach gnó, agus do ghnóthais bheaga agus do mhicrifhiontair, go háirithe, chun tús maith a dhéanamh maidir lena ngníomhaíochtaí a thuiscint agus a oiriúnú chun cabhrú le maolú na haeráide. Áireofar sa trealamh áireamhán carbóin simplí agus ginfean plean gníomhaíochta aeráide oiriúnaithe do gach gnó.

Leanfaidh iniúchtaí fuinnimh de bheith de dhíth ar ghnóthaí níos mó agus ar astaíróid arda, agus faoin Treoir um Thuirisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí atá beartaithe ón AE tabharfar sainordú dóibh tuairisciú poiblí a sholáthar ar a dtionchar ar an gcomhshaoil.

12.3.1 Córas Trádála Astuithe

- Is é EU ETS an príomhbheart tionscail a thugann aghaidh ar gháis cheaptha teasa, a chumhdaíonn 71% d'astaíochtaí ón earnáil seo, lena n-áirítear astaíochtaí dócháin agus próisis araon. Táthar ag súil go spreagfaidh comhartha láidir praghais, mar chuid de EU ETS leasaithe, lena n-áirítear rialacha níos srianta de réir a chéile maidir le cé mhéad lamháltas a bheidh ar fáil laistigh de EU ETS, dícharbónú thar na deich mbliana atá romhainn tríd an gcostas ar ghnólachtaí san EU ETS a

mhéadú mura ndéanann siad aon rud chun a gcuid astaíochtaí a laghdú. Táimid tiomanta do leanúint ar aghaidh ag obair go réamhghníomhach lenár gcomhpháirtithe san AE, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar na leasuithe breise atá molta faoin bpacáiste "Oiriúnach do 55" nó bearta forlíontacha, chun a chinntiú gur féidir le EU ETS laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a sheachadadh go héifeachtach, agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin. aghaidh a thabhairt ar na hearnálacha is mó atá faoi lé iomaíochta idirnáisiúnta.

12.3.2 Praghsáil Charbóin

- Dreasófar eárnálacha fiontair lasmuigh de EU ETS ag an gconair ghinearálta praghais charbóin a shocróidh an Rialtas i mbuiséid leantacha atá socraithe anois ag €41 in aghaidh an tCO₂ agus tá ceanglas dlíthiúil air €100 a bhaint amach in aghaidh an tCO₂ faoi 2030, ach beidh sé neamhchosanta freisin ar ghluaiseachtaí praghsanna carbóin laistigh de EU ETS i gcúinsí inar féidir le hearnálacha ETS praghsanna den sórt sin a chur ar aghaidh. De réir mar a dhéanaimid ár ngeilleagar a dhícharbónú de réir a chéile, ní mór don bheartas cosc a chur ar bhearna mhór teacht chun cinn idir praghsáil charbóin in eárnálacha EU ETS agus neamh-ETS chun éifeacht láidir comharthaíochta leanúnach don dícharbónú a chinntiú.

12.3.3 Tionscnaimh ÚFIÉ

- I dteannta a chéile ídíonn Líonra Fuinnimh an Tionscail Mhóir (LIEN), líonra de 199 de na húsáideoirí fuinnimh is mó in Éirinn (cuid acu san EU ETS), 21% den éileamh iomlán ar fhuinneamh in Éirinn. Is cuideachtaí iad baill LIEN a bhfuil caiteachas fuinnimh bliantúil de €1 milliún nó níos mó acu. Tacaíonn an SEAI leo seo trí mheantóireacht, córais bhainistíochta fuinnimh, oiliúint agus líonrú, agus comhlíonadh le ceanglais dlí. Tríd an ÚFIÉ, leanfaimid ag tacú le agus ag cur chun cinn dícharbónú ag baill an líonra seo.
- Méadaíonn infheistíochtaí ag fiontair san éifeachtúlacht fuinnimh a n-iomaíochas, cosnaíonn siad an comhshaol, méadaítear a gcáil agus ardaítear a mbrandáil. Tríd an SEAI, leanfaimid ag tacú le hiniúchtaí fuinnimh, cuirfimid oiliúint saor in aisce ar fáil do ghnóthaí agus cuirfimid tacaíochtaí airgeadais ar fáil dóibh siúd ar mian leo infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe FBManna.
- Leanfaidh an ÚFIÉ ar aghaidh ag cur leis an gClár Sármhaitheasa i nDearadh Tíosach ar Fhuinneamh (EXEED) chun dea-chleachtais nua a sheachadadh i ndearadh, i dtógáil agus i bpróisis choimisiúnaithe le haghaidh infheistíochtaí nua agus uasghráduithe ar shócmhainní atá ann cheana, agus díritear anois ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.
- Tríd an Scéim Tacaíochta um Teas In-athnuaithe atá maoinithe ag an Rialtas, leanfaidh an SEAI ag tacú le glacadh le córais téimh in-athnuaithe ag úsáideoirí teasa tráchtála agus tionsclaíochta nach bhfuil clúdaithe ag EU ETS.

12.3.4 Rialachán

- Tá astaíochtaí ó gháis thionsclaíocha agus ó chuisneáin á rialú ag Rialachán AE (Uimh. 51/2014) maidir le *Gáis Cheaptha Teasa Fluairínithe*, a dhíríonn ar laghdú 67% ar astaíochtaí ó na foinsí seo faoi 2030 i gcomparáid le leibhéal 2014. Ag leanúint sampla Bhallstáit eile an AE, táimid tiomanta do bhearta breise a thabhairt ar aghaidh chun astaíochtaí gás-F a laghdú le 80% faoi 2030 i gcomparáid le 2014.

12.3.5 Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann

- Tugann ár bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta tosaíocht don aistriú glas a chur chun cinn. Déanfaimid an méid seo a leanas:
 - Dlús a chur le dícharbónú na hearnála fiontair, trí thacaíochtaí a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann agus d'onnmháireoirí chun aghaidh a thabhairt ar a n-astaíochtaí, agus trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí tomhais agus laghdaithe carbóin do chuideachtaí déantúsaíochta.
 - Rolladh amach, trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Clár Náisiúnta Mórdhúshláin de mhaoiniú misean-dhírthe

12.3.6 Ceannaireacht Ghníomhaireachta Fiontair

- Cláir gníomhaireachtaí fiontair atá ann cheana féin, amhail *Tairiscint Glas* de chuid an FÉ agus *Tairiscint um Dul Glas*, de chuid an GFT, cuideachtaí cliaint a spreagadh cheana féin chun cleachtas inbhuanaithe a ionchorprú isteach i reáchtáil a ngnó, as a dtiocfaidh feidhmíocht chomhshaoil níos fearr; éifeachtúlacht acmhainní feabhsaithe; coigilteas costais dhíreach; agus rochtain fheabhsaithe do chustaiméirí a bhfuil éileamh níos mó orthu ar tháirgí agus ar sheirbhísí atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil.
- Bainfidh FÉ agus an GFT úsáid as tacaí bunathraithe eile amhail oiliúint, agus cláir dheontais Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (RDI) chun cur ar chumas cliantchuideachta a gcumas inbhuanaitheachta a fheabhsú. Beidh ról níos mó fós ag an nuálaíocht in éabhlóid na táirgiúlachta ar leibhéal gnólachta le himeacht ama. Trí gníomhaíochtaí sonracha agus spriocdhírithé, déanfar infheistíocht in RDI, mar ionaid teicneolaíochta agus cláir thaighde feidhmeacha, chun cabhrú leis an aistriú ísealcharbóin.
- Baineann i bhfad níos mó le dícharbónú fiontar ná tacú le bearta éifeachtúlachta fuinnimh a thabhairt isteach. Baineann sé go bunúsach le dícharbónú próisis a ghlacann an tionscal chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh. Oibreoidh FÉ agus an IDA chun cúrsaí athraithe aeráide a chomhtháthú tuilleadh ina gcuid straitéisí foriomlána agus sna tacaíochtaí sonracha a chuirtear ar fáil do ghnólachtaí cliaint thar an tréimhse trasdula radacach atá le teacht trí:
 - Cistiú deontais agus tacaíochtaí a ailíniú leis an dul chun cinn i dtreo ár spriocanna laghduithe astuithe d'fhiontar a bhaint amach, lena n-áirítear modhanna measúnaithe tionscadail a leasú
 - Ullmhúchán mionstraitéisí cur chun feidhme dícharbónaithe a chumasú ag cuideachtaí cliaint sna hearnálacha fiontair a astaíonn an méid is mó d'astaíochtaí
 - Oibriú go dlúth leis an SEAI agus le soláthraithe fuinnimh tríú páirtí chun cuideachtaí cliaint a spreagadh chun pleanáil chun dícharbónú a dhéanamh, ní hamháin ar a Raon Feidhme 1 (dó breosla; feithicilí cuideachta; agus astaíochtaí teifeach) agus Raon feidhme 2 (leictreachas, teas agus gal ceannaithe), ach freisin gach astaíocht indíreach eile a bhaineann le Raon feidhme 3 a tharlaíonn i slabhra luacha cuideachta (earraí agus seirbhísí ceannaithe; taisteal gnó; comaitéireacht fostaithe; diúscairt dramhaíola; úsáid táirgí díolta; iompar agus dáileadh - réamhtheachtacha agus iartheachacha; infheistíochtaí; agus sócmhainní agus saincheadúnais léasaithe)
 - FÉ ag riar an Chiste Gníomhaíochta um Fhiontraíocht Aeráide chun cabhrú le cuideachtaí astaíochtaí a laghdú agus inbhuanaitheacht a leabú sa chaoi ina n-oibríonn siad
 - FÉ ag cur an Chiste Infheistíochta Caipitil €100 milliún chun feidhme don Earnáil Agraibhia chun Táirgí Talmhaíochta a Phróiseáil agus a Mhargú
 - FÉ ag cur chun cinn fócais ar laghdú astaíochtaí agus inbhuanaitheacht faoin Scéim Síolchaipitil agus Fiontair
 - Gach gníomhaireacht Stáit ábhartha (amhail FÉ, an IDA, OFÁanna, Bord Bia, Teagasc, agus Bord Fáilte), i gcomhpháirtíocht leis an SEAI, ag forbairt cláir dícharbónaithe agus líonraí earnála chun an clár oibre seo a bhrú chun cinn i bpríomhearnálacha.

12.3.7 Téamh a Dhícharbónú sa Tionscal

- Eascaíonn cuid mhór de na hastaíochtaí ón earnáil fiontair as an éileamh ar theas a shásamh. Chun na hastaíochtaí seo a laghdú, ní mór dúinn an t-éileamh seo a laghdú agus foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in ionad breoslaí iontaise. Tabharfaimid bearta chun cinn chun tacú leis an earnáil iomlán, agus díreoidimid go sonracha ar thionscail ard-astaíochtaí. Déanfaimid an méid seo a leanas:
 - Oibleagáid teasa in-athnuaite a thabhairt isteach chun a chinntiú go dtagann cion áirithe d'fhuinneamh teasa ó fhoinsí in-athnuaite
 - Measúnú ar an bhféidearthacht an eangach gáis a úsáid le haghaidh gáis in-athnuaite

- Dlús a chur le glacadh teasa ísealteochta atá neodrach ó thaobh carbóin de san earnáil bia agus deochanna
- Leictriú giniúna teasa ardteochta a chumasú trí théamh gás-leictreach hibrideach a úsáid in alúmana
- Tabhairt faoi chlár oibre chun an poitéinseal a bheachtú maidir le carbón corpraithe in ábhair thógála a laghdú, trí idir 10% agus 60% dá charbón corpraithe a dhíláithriú, d'fhonn spriocanna agus conairí a leagan síos – m.sh. úsáid a bhaint as meascáin ísealcharbóin stroighne, nó adhmad tras- lannaithe mar ábhar tógála eile

12.3.8 Gabháil agus Stóráil Carbóin

- Ní féidir le roinnt earnálacha, mar stroighin agus aol, ach dícharbónú iomlán a dhéanamh le CCS. Mar sin féin, is réiteach dúshlánach agus ardchostais é glacadh le CCS roimh 2030 mar go bhfuil gá le himscaradh forleathan de bhonneagar i níos lú ná deich mbliana. Tabharfaimid faoi chlár oibre chun measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le dhá shuíomh a roghnú leis na deiseanna CCS is fearr d'fhonn cosán a shocrú chun é a imscaradh.

12.3.9 Ceannaireacht Fiontraíochta sa Phobal Níos Leithne

- Is féidir le fiontair ról suntasach a bheith acu mar cheannairí lasmuigh dá ngníomhaíochtaí gnó láithreacha, lena n-áirítear:
 - Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh phobail níos leithne ar nós Pobail Fuinnimh Inmharthana agus Pobail Fuinnimh Níos Fearr
 - Tacú le líonraí gnó FBManna ina bhféadfaí taithí a roinnt, mar shampla trí sheomraí áitiúla tráchtála
 - Tacú le fostaithe rannchuidiú go gníomhach le dícharbónú san obair agus ina saolta níos leithne
 - Oibriú le tionscnaimh atá faoi stiúir an tionscail, amhail Business in the Community Ireland, chun tacú le cláir dhícharbóiníthe, amhail gealltanais ísealcharbóin

Bosca 12.1 Éabhlóid na hEarnála Stroighne agus Foirgníochta

Bíonn tionchar suntasach comhshaoil ag tógáil tithe nua, oifigí agus bonneagair, agus go háirithe tá táirgeadh clincear chun stroighin a dhéanamh – a úsáidtear i gcoincreit – thar a bheith dian ar charbón. Mar sin féin, tá an ghníomhaíocht seo ag teastáil ónár sochaí chun ár riachtanais tithíochta, sláinte, oideachais, iompair agus eacnamaíochta a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, tá gá le héabhlóid sna hearnálacha stroighne agus tógála araon agus ár ngeilleagar agus ár sochaí a dhícharbónú. Tá go leor de na bearta atá leagtha amach sa phlean seo deartha chun an

- Úsáid breoslaí malartacha agus dramhaíl neamh-athchúrsáilte in áitheanna stroighne a éascú
- Tosaíocht a thabhairt do chumaisc stroighne a mhaireann ar feadh tréimhse níos faide agus atá níos ísle-charbóin i gconarthaí poiblí (Soláthar Poiblí Glas) agus a n-úsáid san earnáil phríobháideach a chur chun cinn trí ardú feasachta, caighdeáin agus ceanglais maidir le hanailís saolré carbóin tionscadail tógála.
- Forbairt agus úsáid ábhar tógála malartach a éascú agus a chur chun cinn, amhail adhmad, agus teicnící amhail réamhdhéanta, ag baint úsáide as carbón leabaithe agus cur chuige bunaithe ar fheidhmíocht

12.4 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
126	Tairseach gníomhaíochta aeráide ar líne a fhorbairt d'fhiontair a bhfuil uirlisí agus ábhar ábhartha acu chun áireamhán carbóin, plean gníomhaíochta teimpléid agus comharthaíocht chuig tacaíochtaí gníomhaireachta ábhartha a chur san áireamh.
127	Líonraí a fhorbairt in earnálacha tábhachtacha tionscail agus treochlár gníomhaíochtaí chun tacú le dícharbónú tionscal mór
128	Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag tacú le braisle thionscal na gaoithe amach ón gcósta, ina gcuimsítear níos mó ná 50 cuideachta Éireannacha sa slabhra soláthair.
129	Cabhrú le SEAI trí shuiteálaithe inslithe a chlárú le haghaidh iarfheistiú foirgneamh
130	Cóid náisiúnta um dhearadh struchtúrach a oiriúnú don bhonneagar fisiceach chun athruithe ar an aeráid a chur san áireamh
131	Moladh Caighdeánach a fhoilsiú maidir le dearadh, suiteáil agus coimisiúnú painéil ghréine PV i dtithe nua agus láithreacha
132	Glacadh leis an gcaighdeán teicniúil idirnáisiúnta - "ISO TS 14092:2020" - chun treoir a sholáthar do rialtais áitiúla agus do phobail maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a phleanáil.
133	Modheolaíocht agus rialacháin iniúchta a shainiú agus a fhorbairt chun méadair luchtaithe leictreacha a chomhlíonadh chun feithicilí leictreacha a luchtú
134	An scéim deimhnithe a thairiscint chun ligean d'fhiontair a gcuid Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa a chainníochtú agus a thuairisciú – "ISO 14064:2019"
135	Scéim deimhniúcháin a fhorbairt le haghaidh SR54 Aisfheistiú Tíosach ar Thithe Cónaithe
136	Na Rialacháin Éicidhearthóireachta do tháirgí tíosach ar fhuinneamh a nuashonrú
137	Caibidlíocht a dhéanamh ar an Treoir athbhreithnithe um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí de chuid an AE a chuimsíonn faisnéis chomhshaoil agus í a chur i bhfeidhm
138	Fócas ar laghdú CO2 / dintiúir inbhuanaitheachta a chur chun cinn thar chistí caipitil fiontair a sheachadtar faoi chlár Shíolchaipiteal & Fiontair EI.
139	Na cláir chun fiontair a dhícharbónú a leagtar amach sa PFN agus Aighneachtaí ón gCiste Athléimneachta agus Téarnaimh a sheachadadh
140	Poitéinseal nuálaíochta agus taighde feidhmeach a chur chun cinn san Intleacht Shaorga, san Fhoghlaim Meaisín agus san Anailísíocht Sonraí chun dúshláin chasta a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus leis an aistriú ísealcharbóin a réiteach.
141	Tairseach Teicneolaíochta Píolótach a thógáil i Réigiún an Oirthuaiscirt chun leas a bhaint as saineolas IoT Dhún Dealgan i dtéarmaí Tíosach ar Fhuinneamh agus Barrfheabhsú Fuinnimh táirgí
142	Taighde a dhéanamh agus taighdeoirí Éireannacha a spreagadh chun rannchuidiú le clár taighde Margadh Glas an AE maidir le cúnamh méadreolaíoch chun teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a fhorbairt

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
143	Na buntáistí a bhaineann le hoiriúnú do theicneolaíochtaí agus próisis ísealcharbóin a chur chun cinn do FBManna trí Dhámhachtain Gnó Ísealcharbóin nua laistigh den Chomórtas Ullmhachta d'Infheisteoirí Síol Arbhar
144	Tomhas ar thionchair a bhaineann leis an aeráid a ionchorprú i gcinntí deontais chaipitil a dhéanann na gníomhaireachtaí fiontair
145	Fiontar Éireann chun a straitéis chorparáideach nua 2022-2025 a fhorbairt agus a fhoilsiú, lena n-áirítear fócas ar ghníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht.
146	Cistiú deontais agus tacaíochtaí de chuid Fiontraíocht Éireann agus an IDA a ailíniú leis an dul chun cinn i dtreo na spriocanna laghdaithe carbóin d'fhiontar a bhaint amach, ag cinntiú athléimneacht san aistriú go geilleagar ísealcharbóin
147	Cláir oiliúna agus oideachais a chur i bhfeidhm d'fheidhmeannaigh an IDA ar inbhuanaitheacht agus ar ghníomhú ar son na haeráide
148	Turgnamh le tionscnaimh chun ábhar nó modúil nua a bhaineann leis an aeráid agus inbhuanaitheacht a ionchorprú i gcláir Forbartha Bainistíochta Cliant.
149	Straitéis a fhorbairt ag sonrú na réitigh inbhuanaithe is fearr agus deiseanna breise laghdaithe carbóin i bpunann réadmhaoine an IDA
150	Bearta pólótacha bithéagsúlachta a thabhairt isteach i gceann de Pháirceanna Gnó an IDA
151	Taighde a dhéanamh chun bonn eolais a thabhairt d'fhorbairt roghanna, beartas agus beart chun na hearnálacha téimh agus fuaraithe a dhícharbónú don tréimhse suas go dtí 2050
152	Ullmhú straitéisí mionsonraithe um dhícharbónú a chur chun feidhme ar leibhéal gnólachta ag gnólachtaí móra bia agus dí a chumasú
153	An Ciste Infheistíochta Caipitil €100m don Earnáil Agraibhia do Phróiseáil agus Margáíocht na dTáirgí Talmhaíochta a chur chun feidhme
154	Deimhniú a fhorbairt ar scéim táirgí foirgníochta athchúrsáilte
155	Caighdeán Éireannach a fhoilsiú chun cur ar chumas eagraíochtaí cur chuige córasach a chur i bhfeidhm maidir le Dearadh atá Tíosach ar Fhuinneamh ar fud na gcéimeanna éagsúla de dhearadh, tógáil agus coimisiúnú tionscadal infheistíochta.
156	Plean Gnó 2022 IntertradeIreland a fhorbairt agus a fhoilsiú, lena n-áireofar tosaíocht um 'Oiriúnú don Gheilleagar ísealcharbóin'
157	Leanúint le forbairt an dara céim den Ionad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta chun teicneolaíochtaí agus cineálacha cur chuige a fhorbairt a sholáthróidh lorg carbóin agus gáis cheaptha teasa laghdaithe sa tionscal déiríochta.
158	Ullmhú mionstraitéisí cur chun feidhme dícharbónaithe a chumasú ag cuideachtaí cliant in earnálacha ardtionchair amhail Cógaisíocht, Stroighin, Tógáil, Innealtóireacht agus earnálacha déantúsaíochta eile
159	Pleananna Corparáideacha um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt le príomhchliant dá suíomhanna Éireannacha
160	Cuideachtaí cliant a bhaineann úsáid as na breoslaí is déine ó thaobh astaíochtaí de a shainiú agus gabháil leo (m.sh., gual, cóc peitriail agus olaí breosla) agus tacú leo pleananna dícharbónaithe comhréireacha a fhorbairt chun fanacht iomaíoch.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
161	Dul i dteagmháil leis an earnáil déantúsaíochta alúmana agus le príomhpháirtithe leasmhara chun bearta a chur chun cinn chun tacú le baint amach an laghdaithe fhéideartha a shainaithnítear.
162	Tacú le gnóthaí dícharbónú trí chlár thacaíochta caipitil a sholáthar chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú
163	Gás in-athnuaite a fhorbairt san eangach gáis
164	Píblíne na ngnólachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta a fhorbairt le réitigh ísealcharbóin agus inbhuanaithe
165	Leanúint ar aghaidh leis an dara céim d’Tonad Teicneolaíochta Taighde Déantúsaíochta na hÉireann a fhorbairt mar chroílár saineolais déantúsaíochta inbhuanaithe
166	Smaoinigh ar oibleagáid fuinnimh in-athnuaite a thabhairt isteach san earnáil teasa
167	Taighde a dhéanamh ar rannpháirtíocht ghnó leis an gclár oibre ísealcharbóin, lena n-áirítear riachtanais tacaíochta chun infheistíocht a dhéanamh agus tiomantas d’oiriúnuithe ísealcharbóin
168	Dul i ngleic go réamhghníomhach le deiseanna chun tacú le forbairt braisle gnó agus líonra a thacóidh leis an ngeilleagar ciorclach uile-oileáin
169	Deich n-infheistíocht inbhuanaitheachta comhshaoil a bhaint amach in 2021
170	Éascú a dhéanamh ar aistriú breosla i bpróisis thionsclaíocha a cheadúnú
171	Reachtaíocht nua a thabhairt isteach chun an próiseas athbhreithnithe bhreithiúnaigh a athchóiriú, i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla an AE, ionas go dtiocfaidh leasuithe i bhfeidhm ar bhunú Rannán nua den Ard-Chúirt a dhéileálann le saincheisteanna pleanála agus comhshaoil.
172	Inbhuanaitheacht a chur chun cinn trí phleanáil ghnó
173	An turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus a mhargú
174	Gaeltacht Ghlas de chuid Údarás na Gaeltachta’s a chur chun feidhme
175	Cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn sa tionscal Táirgeadh Scáileáin



Timpeallacht Thógtha

13

13. Timpeallacht Thógtha

13.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair

Baineann ceann de na dúshláin dícharbónaithe is mó atá os comhair na hÉireann leis an gcaoi ar féidir linn ár stoc reatha d'fhoirgnimh chónaithe agus thráchtála a dhícharbónú (go príomha iad siúd a tógadh roimh 2006), ionas go mbeidh níos lú fuinnimh ag teastáil uathu, agus go dtarraingeoidís níos lú ar bhreoslaí iontaise a mhéid is féidir.

Soláthróidh an t-aistriú go timpeallacht thógtha atá tíosach ar fhuinneamh agus saor ó bhreosla iontaise buntáistí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil forleathana sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Cruthóidh an próiseas seo costais fuinnimh laghdaithe agus tithe a bheidh níos compordaí, níos sláintiúla, níos sábháilte agus níos saoire maidir le téamh agus fuarú, ag cur lenár gcaighdeáin mhaireachtála, ag feabhsú ár gcáilíocht aeir agus ag cabhrú le dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh. Feabhsóidh sé freisin slándáil fuinnimh agus laghdófar spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise chomh maith le comhshochair shuntasacha eile don chomhshaol agus d'fhorbairt shocheacnamaíoch.

Tábla 13.1 – Astaíochtaí GHG Timpeallachta Tógtha, 2018²³

Fo-earnáil	Astaíochtaí Timpeallachta Tógtha CO ₂ eq.	Sciar na nAstaíochtaí GHG Iomlána	Astaíochtaí Timpeallachta Tógtha CO ₂ eq. an duine
Cónaithe	7.0 Mt	11.2%	1.4 t
Tráchtáil	0.9 Mt	1.4%	0.2 t
Iomlán	7.9 Mt	12.7%	1.6 t

Bhí rath éigin againn cheana féin ar ár bhfoirgnimh a dhícharbónú agus thit astaíochtaí 8.6% idir 2005 agus 2011, agus thit siad arís 6% idir 2011 agus 2018. Tharla an laghdú seo in ainneoin méadú foriomlán ar thógáil foirgneamh sa tréimhse sin, agus na teochtaí fíor-íle a tharla go luath in 2018.

Léiríonn an laghdú seo feabhas leanúnach ar rialacháin agus caighdeáin foirgníochta, a chuir feidhmíocht astaíochtaí fuinnimh agus carbóin ár bhfoirgnimh chun cinn trí: riachtanais feidhmíochta NZEB a thabhairt isteach; úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá níos tíosaí ar fhuinneamh agus in-athnuaite agus foinsí teasa dícharbónaithe inár bhfoirgnimh; athsholáthar guail agus móna mar fhoinsí teasa le hola agus gás; chomh maith le héifeachtúlacht fheabhsaithe an stoic thógála a bhí againn cheana féin arna thacú ag scéimeanna Rialtais trí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus Údaráis Áitiúla; agus íoscheanglais feidhmíochta d'fhoirgnimh atá á n-athchóiriú go mór.

Is léiriú é an laghdú ar astaíochtaí ón earnáil tráchtála sa tréimhse 2005-2011, agus an méadú ina dhiaidh sin sa tréimhse 2011-2018, ar na dálaí eacnamaíocha sna tréimhsí sin.

B'íonann astaíochtaí ón timpeallacht thógtha agus 12.7% de gháis cheaptha teasa na hÉireann in 2018, méadú ó 11.7% in 2017. Tá an méadú seo mar gheall go príomha ar na teochtaí níos íle a tharla san earrach 2018, rud a d'fhág gur úsáideadh níos mó fuinnimh chun foirgnimh a théamh.

²³ <https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/greenhouse-gas-emissions-final-2019.php>

Léiríonn sonraí a d'fhoilsigh an EPA gur mhéadaigh astaíochtaí ón earnáil chónaithe in 2020 9% ó leibhéal 2019, mar gheall ar an méadú ar obair bhaile agus srianta ar ghluaiseacht a chuir iallach ar níos mó daoine níos mó ama a chaitheamh sa bhaile.²⁴ Tá fócas curtha freisin ag Covid-19 ar an ngá atá le deiseanna aerála inár dtithe agus i bhfoirgnimh eile a uasmhéadú. Mar sin, tá sé tábhachtach, nuair a fheabhsaímid éifeachtúlacht fuinnimh ár bhfoirgnimh, go ndéanaimid é a mheas ar bhealach iomlánaíoch, agus go gcuirfí san áireamh freisin rioscaí ar nós sábháilteacht dóiteáin, aeráil agus marthanacht. Feabhsóidh sé seo ár gcaighdeán mhaireachtála trínár bhfoirgnimh a dhéanamh níos compordaí, níos sláintiúla, níos sábháilte agus níos saoire le haghaidh teasa.

Táimid tiomanta cheana féin do 500,000 teach a iarfheistiú go caighdeán BER B2 faoi 2030, agus 600,000 foinse téimh fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil i bhfoirgnimh chónaithe nua agus reatha araon.

Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin ar shuiteáil teaschaidéal. Bunaithe ar anailís ar bhunachar sonraí BER, meastar go n-úsáideann 85% de na teaghaisí nua in 2020, a tógadh de réir Doiciméad Treorach Teicniúil L 2019, caidéal teasa agus, ó 2015, go n-úsáideann 51% de na teaghaisí nua go léir caidéal teasa mar phríomhchóras téimh. Thit suiteáil coire ola in áitribh nua ó 35% sa tréimhse 2000-2004 go 4% sa tréimhse 2015-2020.²⁵

Tábla 13.2 – Treochtaí in Astaíochtaí GHG ón Timpeallacht Thógtha

	Athrú Céatadán	Athrú Iomlán, CO ₂ eq.
2005-11		
Tráchtála Cónaithe	- 7.5%	-0.6 Mt
Iomlán	- 8.6%	-0.8 Mt
2011-18		
Tráchtála Cónaithe	- 7.2%	-0.55 Mt
Iomlán	- 6%	- 0.5 Mt

D'ainneoin an dul chun cinn go dtí seo, go háirithe san earnáil chónaithe, tá laghdú astaíochtaí na hÉireann ó fhoirgnimh ó 2005 i bhfad níos ísle ná mar atá i dtíortha ar nós na Danmhairge, na hOstaire agus na Fionlainne, agus tá méid CO₂eq. in aghaidh an duine is mó. Is ionann teaghligh agus thart ar an ceathrú cuid den fhuinneamh a úsáidtear in Éirinn agus tá siad freagrach freisin as an gceathrú cuid d'astaíochtaí CO₂ a bhaineann le fuinneamh.

Ina theannta sin, úsáideann tithe na hÉireann 7% níos mó fuinnimh ná meán an AE, agus astaíonn siad beagnach 60% níos mó CO₂ ná gnáthbhaile an AE.²⁶ Faoi láthair, tá ár bhfoirgnimh ag brath 70% ar bhreoslaí iontaise, agus tá rátáil C nó níos measa ag breis is 80% dár dtithe agus foirgnimh eile a ndearnadh measúnú orthu dá BER.

Tábla 13.3 – Comparáidí Idirnáisiúnta Astaíochtaí GHG Timpeallachta Tógtha, 2018²⁷

	Éire	An Danmhairg	An Ostair	An Fhionlainn	EU 27
Sciar den GHG Iomlán	12.7%	5.6%	10%	4.5%	12.1%
Astaíochtaí, CO₂eq. an duine	1.6 t	0.5 t	0.9 t	0.5 t	1.0 t
Athrú ó 2005	-14.1%	-45.2%	-37.9%	-37.3%	-21.4%

²⁴ https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/EPA-Irelands-Greenhouse-Gas-Emissions-Projections-report_2020-2040.pdf

²⁵ <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/dber/domesticbuildingenergyratingsquarter12021/>

²⁶ SEAI (2018), Energy in the Residential Sector 2018 Report

²⁷ Fardal gáis cheaptha teasa bhliantúil an Aontais Eorpaigh 1990-2018 agus tuarascáil fardail 2020

D'fhonn an bealach is éifeachtúla a sheachadadh chun ár spriocanna náisiúnta foriomlána um laghdú astaíochtaí do 2030 a bhaint amach, ní mór dúinn ár n-astaíochtaí ó earnáil na timpeallachta tógála a laghdú go 4-5 Mt CO₂eq. faoi 2030.

Éileoidh sé sin raon beart breise a thabhairt isteach, sa bhreis orthu sin atá geallta cheana féin i bPlean Gnímh don Aeráid 2019, lena n-áirítear:

- Feabhas a chur ar chreatlach agus ar éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh atá againn faoi láthair
- Réitigh téimh saor ó charbón a rolladh amach, go príomha caidéal teasa agus líonraí téimh ceantair
- Pleanáil le haghaidh deireadh iomlán a chur le breoslaí iontaise i bhfoirgnimh faoi 2050
- Neartú forásach ar chaighdeán tógála do gach cineál foirgneamh
- Úsáid roghanna eile carbóin níos ísle a chur chun cinn i dtógáil
- Athrú iompraíochta a chur chun cinn maidir le conas a úsáideann teaghlaigh fuinneamh

Tábla 13.4 – Leibhéal Dícharbónaithe Riachtanach sa Timpeallacht Thógtha

Fo-earnáil	Astaíochtaí 2018	Astaíochtaí 2030 Riachtanacha Bunaithe ar CAP 2021
Cónaithe	7 Mt	3.5-4.5 Mt
Tráchtáil	0.9 Mt	0.5 Mt
Iomlán	7.9 Mt	4-5 Mt

Tábla 13.5 - Méadrachtaí Féideartha chun Laghdú Breise a Sheachadadh sa Timpeallacht Thógtha

Príomh-Mhéadrachtaí	KPI 2030	Tionchar Laghdaithe Breise, MtCO ₂ eq.
Croíbhearta		
Riachtanais NZEB a neartú maidir le teaghaisí nua chun cosc éifeachtach a chur ar bhreoslaí iontaise i dtithe nua	280,000 teach nua gan teas iontaise ₁	~0.2
Dlús chur le teas saor ó astaíochtaí i bhfoirgnimh thráchtála	50,000 foirgneamh	~ 0.3 – 0.4
Spriocanna a mhéadú maidir le téamh ceantair a rolladh amach	Suas le 2.7 TWh de théamh ceantair soláthraithe	~0.3

13.2 Spriocanna

Chun an leibhéal riachtanach laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, faoi 2030 déanfaimid an méid seo a leanas:

- Deireadh a chur le húsáid breoslaí iontaise do théamh spáis agus uisce i ngach foirgneamh nua
- Pleanáil le haghaidh deireadh a chur le breoslaí iontaise i bhfoirgnimh atá ann cheana féin
- 500,000 aisfheistiú cónaithe a chríochnú chun BER B2/coibhéis an chostais is fearr nó a choibhéis charbóin a bhaint amach.
- Suiteáil 600,000 caidéal teasa i bhfoirgnimh chónaithe (agus 400,000 díobh le suiteáil i bhfoirgnimh atá ann cheana féin)
- Téamh nialascharbóin a imscaradh chun freastal ar riachtanais 50,000 foirgneamh tráchtála tipiciúil
- Seachadadh suas le 2.7 TWh de théamh ceantair, agus úsáidfear toradh an Staidéir Náisiúnta Teasa mar threoir don leibhéal cruinn.
- An creat ríofa agus bunachair shonraí a fhorbairt chun caighdeáin feidhmíochta a shocrú chun tógáil teicneolaíochtaí ísealcharbóin a chur chun cinn ar bhonn céimnithe

13.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh

13.3.1 Creat Seachadta Iarfheistithe Nua

An gealltanas coibhéis 500,000 teach a sheachadadh arna iarfheistiú ar BER de B2/costas optamach nó coibhéis charbóin, agus 400,000 caidéal teasa a shuiteáil in áitribh atá ann faoi láthair, faoi dheireadh

2030 ina príomhghné dár straitéis chun an earnáil chónaithe a dhícharbónú. Faoi láthair, tá BER de D1 nó níos measa ag beagnach leath de stoc tithíochta na hÉireann, agus níl ach 10% ag B2 nó níos airde. Chun na spriocanna a leagadh síos a bhaint amach, beidh sé riachtanach 40% de na tithe a thabhairt suas go dtí caighdeán BER B2 nó níos fearr, agus feabhas a chur ar rátáil fuinnimh cuid shuntasach den chuid eile den stoc foirgneamh cónaithe.

Tá cur chuige an Rialtais maidir leis na spriocanna seo a bhaint amach bunaithe ar na ceithre cholún seo a leanas:

- Éileamh agus gníomhaíocht a thiomáint
- Samhlacha maoinithe agus cistithe
- Slabhra soláthair, scileanna agus caighdeáin
- Struchtúir agus rialachas

Tá sonraí ar thionscnaimh faoi gach colún leagtha amach i gCaibidil 14.

13.3.2 Deireadh a chur le Breoslaí Iontaise de réir a chéile faoi 2050 i bhFoirgnimh

Chun glan-nialas a bhaint amach, beidh gá le céimniú amach beagnach iomlán ar bhreoslaí iontaise san earnáil tógála. Tá sé ríthábhachtach na comharthaí seo a thabhairt le fógra leordhóthanach ionas gur féidir leis an tionscal, le tomhaltóirí agus le rialtóirí ullmhú le haghaidh deireadh a chur le húsáid breoslaí iontaise de réir a chéile, agus seachnaimid tomhaltóirí ag infheistiú i dteicneolaíocht nach mór a chéimniú amach sula mbeidh a saol eacnamaíoch sroichte. Soláthróidh Staidéar Náisiúnta Teasa an SEAI an conair mhionsonraithe, sainaitheint foinsí teasa malartacha de réir cineáil úsáide, agus na laghduithe astuithe a theastaíonn. Ní mór don phróiseas maidir le deireadh a chur le breoslaí iontaise le haghaidh téimh riachtanais na dteaghlach atá i mbochtaineacht fuinnimh a chur san áireamh.

Tá raon uirlisí rialála, tacaíochtaí agus dídhreasachtaí i bhfeidhm ar fud thíortha Eorpacha éagsúla a d'fhéadfaí a shamhaltú in Éirinn, lena n-áirítear cláir iarfheistithe cosúil leis na cláir iarfheistithe náisiúnta sa Ghearmáin, líonraí gáis a chéimniú amach ar leibhéal comharsanachta san Ísiltír, téamh ceantair forleathan ó theas dramhaíola sa Danmhairg, agus deireadh le díol ceirisín le haghaidh téimh san Ostair Uachtarach in 2035.

Aithneoidimid na gníomhartha riachtanacha chun an cuspóir seo a chur chun cinn in 2022 agus léireofar iad seo sa Phlean Gnímh don Aeráid 2022.

13.3.3 Ár bhFoirgneamh Tráchtála a Dhíchárbónú

Áirítear le foirgnimh thráchtála oifigí, asraonta miondíola, trádstórais, agus foirgnimh a úsáideann an earnáil fáilteachais. Measann an SEAI go bhfuil thart ar 136,000 foirgneamh tráchtála in Éirinn, a bhfuil 50% díobh ina n-úinéirí áitithe. Is iad foirgnimh fáilteachais is mó a úsáideann breoslaí iontaise san earnáil seo. Soláthróidh Staidéar Náisiúnta Teasa an SEAI faisnéis a ligfidh dúinn beartais agus tacaíochtaí fadtéarmacha a fhorbairt don earnáil tráchtála. Réitigh inmharthana atá ann faoi láthair ná iarfheistiú foirgneamh, leictiríú foinsí teasa, agus tabhairt isteach téamh ceantair. Tá na scileanna in iarfheistiú tógála, agus i suiteáil teicneolaíochtaí ísealcharbóin, atá de dhíth ar an earnáil chónaithe, chomh infheidhme céanna maidir leis an earnáil tráchtála.

I measc na mbeart chun tacú le héifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe agus dícharbónú foirgneamh tráchtála agus chun iad a dhreasú tá:

- Tacú le gnóthaí in iarfheistiú a dhéanamh ar a n-áitreabh agus bogadh ar shiúl ó fhoinsí téimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise
- Leanúint le sraith seirbhísí a fhorbairt agus a chur chun feidhme mar iniúchtaí fuinnimh, tacaíochtaí teicniúla, oiliúint agus comhairle
- Gníomhú ar thoradh Staidéar Náisiúnta Teasa an SEAI, a bheidh mar bhonn eolais d'fhorbairt beartais agus tacaíochtaí spriocdhírithé amach anseo don earnáil tógála tráchtála
- Córas Liúntais Chaipitiúla Luathaithe a chothabháil do threalamh atá tíosach ar fhuinneamh, a thacaíonn le laghdú ar úsáid fuinnimh san ionad oibre, agus feasacht ar chaighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh i bhfearais agus i dtáirgí.
- Maoiniú caipitil a sholáthar a thacóidh le dícharbónú earnáil na bhfoirgneamh tráchtála, faoi réir infhaighteacht acmhainní Státchiste
- Scéim leasaithe Oibleagáide um Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur chun feidhme ó 2022, chun tacú le húsáideoirí fuinnimh (airgeadais nó eile) cleachtas choigilt fuinnimh a chur i bhfeidhm nó chun uasghrádú fuinnimh a dhéanamh ar a gcuid maoiné.
- Ag tógáil ar thionscadal píolótach Oifig na nOibreacha Poiblí/SEAI chun foirgnimh thraidisiúnta/stairiúla a iarfheistiú chun clár marthanach iarfheistithe a leathadh amach do stoc tógála na hearnála poiblí in Éirinn.

13.3.4 Téamh Ceantair

Le téamh ceantair, cuirtear an poitéinseal ar fáil teas ísealcharbóin agus saor ó charbón a sholáthar do thithe, do ghnólachtaí agus d'fhoirgnimh phoiblí ó fhoirse lárnach. Tá obair ar bun chun eolas a thabhairt d'fhorbairt bheartas téimh ceantair, lena n-áirítear an measúnú cuimsitheach a thabhairt chun críche chun tacú le rolladh amach an téimh ceantair in Éirinn, agus an Staidéar Náisiúnta Teasa a thabhairt chun críche. Ina theannta sin, tá dhá thionscadal téimh ceantair á bhforbairt i dTamhlacht agus i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Córas rialachais a bhunú chun beartas téimh ceantair a fhorbairt
- Taighde cuí a dhéanamh chun eolas agus tacaíocht a thabhairt do rolladh amach téamh ceantair in Éirinn
- Creat rialála a fhorbairt chun tomhaltóirí agus soláthraithe a chosaint, agus chun a chinntiú go ndéantar forbairt ar théamh ceantair ar bhealach struchtúrtha
- A chinntiú go spreagann agus go n-éascaíonn creataí pleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla forbairt téamh ceantair, agus go n-éascófar criosú limistéar oiriúnach do théamh ceantair bunaithe ar Staidéar Náisiúnta Teasa an SEAI.
- Sásraí maoinithe iomchuí a shainaithint chun tacú le tionscadail téimh ceantair a sheachadadh, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais iomchuí cosúil leis na cláir dheontais iarfheistithe
- Uirlisí ábhartha rialála agus reachtaíochta a thabhairt cothrom le dáta chun rolladh amach an bhonneagair téimh ceantair a chumasú

13.3.5 Téamh Geoiteirmeach

In 2020, d'fhoilsíomar *'Fuinneamh Geoiteirmeach in Éirinn – Treochlár do Chreat Beartais agus Rialála'*, agus *'Measúnú ar Fhuinneamh Geoiteirmeach le haghaidh Téamh Ceantair in Éirinn'*.²⁸ I gcomhar leis an Staidéar Náisiúnta Teasa, beidh an anailís seo mar bhonn eolais freisin d'fhorbairt fuinneamh geoiteirmeach in Éirinn, go háirithe ag aithint na láithreacha is oiriúnaí chun téamh ceantair a úsáid.

Forbróimid creat rialála láidir chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna amhail úinéireacht, ceadúnú le haghaidh taiscéalaíochta, forbairt agus táirgeadh, agus tuairisciú. Forbrófar beartas maidir le taiscéalaíocht fuinnimh gheoiteirmigh le linn 2021 agus cuirfear i bhfeidhm é ó 2022 ar aghaidh.

²⁸ gov.ie - Fuinneamh Geoiteirmeach in Éirinn - Treochlár do Chreat Beartais agus Rialála (www.gov.ie)

13.3.6 Caighdeáin le haghaidh Foirgnimh Nua agus Athchóirithe

Mar gheall ar thabhairt isteach NZEB le haghaidh teaghaisí nua, cuireadh deireadh go héifeachtach le breoslaí iontaise mar fhoinsé teasa. Leanfaimid ag féachaint d'éifeachtaí ardchaighdeáin rialála de réir mar a thagann móiminteam tógála nua chun cinn i dtreo na spriocanna atá leagtha amach i *Tithíocht do Chách* a sheachadadh. De bharr go bhfuil an teicneolaíocht agus an tógáil ag forbairt i gcónaí, ní mór do bheartas agus do rialáil teacht chun cinn freisin, agus leanúint ar aghaidh ag leagan síos caighdeáin agus spriocanna arda maidir le tógáil agus ábhair chun a chinntiú gur féidir linn timpeallacht thógtha atá neodrach ó thaobh na haeráide a bhaint amach faoi 2050.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar NZEB agus ríomhanna barrmhaithe a chostais laistigh dár gcaighdeáin tógála
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh mór-athchóirithe ar fhoirgnimh tí agus tráchtála, faoi réir thorthaí an athbhreithnithe ar bharrchostas. Gníomhóidh sé seo chun suiteáil fhorleathan córas téimh saor ó charbón a chur chun cinn chun téamh breosla iontaise a athsholáthar le linn mór-athchóirithe
- Tógáil ar an anailís earnála mionsonraithe ar an Staidéar Náisiúnta Teasa, ag forbairt tograí le haghaidh roghanna rialála chun deireadh iomlán a chur le téamh breosla iontaise ar fud ár stoc foirgneamh de réir ár gcuspóir aeráide saor ó astaíochtaí.
- Méadú ar líon na dtithe, na ngnóthas agus na réadmhaoine ar cíos a bhfuil BERanna acu agus Teastas Fuinnimh Taispeána mar réamhtheachtaí chun rialáil a dhéanamh ar íosleibhéal d'uasghrádú BER
- Sásraí a fhorbairt a chuireann san áireamh truícear cuí, amhail scéimeanna arna maoiniú ag an Rialtas, agus tionchair dhiúltacha ionchasacha ar sholáthar réadmhaoine ar cíos don mhargadh
- Taighde agus forbairt a dhéanamh ar roghanna eile seachas ábhair thógála thraidisiúnta, agus úsáid mhéadaithe ábhair ísealcharbóin i dtógáil
- Ceanglais measúnaithe saolré a thabhairt isteach le haghaidh foirgneamh agus táirgí agus próisis foirgníochta
- Moladh caighdeánach a fhoilsiú maidir le dearadh, suiteáil, coimisiúnú agus cothabháil painéil ghréine PV in áitribh nua agus láithreacha
- Scéim deimhniúcháin a fhorbairt le haghaidh Moladh Caighdeánach 54 – Aisfheistiú Tithe Tíosach ar Fhuinneamh, lena chinntiú go ndéantar uasghrádú fuinnimh ar fhoirgnimh de réir dea-chleachtais.
- Tacú leis an SEAI trí shuiteálaithe inslithe a chlárú le haghaidh iarfhéistiú foirgneamh, ag laghdú astaíochtaí carbóin foirgneamh

Tá dearadh áiteanna do neodracht aeráide, athléimneacht aeráide, ciorclaíocht agus inbhuanaitheacht mar cheann dá chuspóirí ag an mBeartas Náisiúnta atá le teacht. Tabharfaidh an beartas tosaíocht agus tacóidh sé le comhtháthú cleachtas inbhuanaithe san ailtireacht maidir le tógáil nua, agus le hathúsáid, athchóiriú agus caomhnú struchtúr atá ann cheana féin, toisc go bhfuil solúbthacht agus inoiriúnaitheacht riachtanach d'inhuanaitheacht chomhshaoil.

Tá foirgnimh thraidisiúnta le fáil sna hearnálacha cónaithe, tráchtála agus poiblí, agus meastar go dtagann thart ar 18% isteach sa chatagóir a tógadh go traidisiúnta. Toisc nach bhfuil roinnt cur chuige maidir le hiarfhéistiú inslithe fuinnimh oiriúnach do na foirgnimh seo, tá treoir dhoiciméad iarfhéistithe do na cineálacha seo foirgneamh á fhorbairt faoi láthair.

San earnáil cíosa chónaithe, tá na dreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh in uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh mí-ailínithe idir tiarnaí talún agus tionóntaí, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar fheidhmíocht fuinnimh na hearnála. Tá an fhadhb chasta seo, dá dtagraítear mar cheist na dreasachta scoilte, le feiceáil i go leor tíortha. Beidh gá le beartais agus bearta nua chun aghaidh a thabhairt ar an scoilt-dhreasacht, agus chun líon na réadmhaoine ar cíos atá faoi uasghrádú fuinnimh a mhéadú. Beidh torthaí an chomhairliúcháin phoiblí a reáchtáladh anuraidh mar bhonn eolais do na tionscnaimh seo. Beidh sé tábhachtach an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir soláthar dóthanach de chóiríocht ar cíos a chinntiú, agus beart a dhéanamh lena chinntiú gur féidir leo siúd a chónaíonn i réadmhaoin ar cíos a bheith rannpháirteach sa chlár iarfheistithe. I *dTithíocht do Chách* geallann an Rialtas beart a dhéanamh sa réimse seo.

Tá gá le beartais agus le bearta freisin chun aghaidh a thabhairt ar cheist na dreasachta scoilte san earnáil tráchtála, áit nach úinéirí foirgneamh iad 50% d'úsáideoirí foirgneamh sa mhargadh sin.

13.3.7 Tógáil Ísealcharbóin a Chur Chun Cinn

Táimid tiomanta do bheith ag obair le páirtithe leasmhara tionscail chun úsáid na n-ábhar agus na dteicneolaíochtaí ísealcharbóin a mhéadú i dtógáil agus athchóiriú foirgneamh in Éirinn, bunaithe ar chaighdeán an AE atá ag teacht chun cinn agus ar an dea-chleachtas i ndlínsí eile.

Léiríonn taithí le déanaí maidir le hábhair lochtacha i dtógáil tithe nua an gá atá le cur chuige láidir bunaithe ar fheidhmíocht a ghlacadh maidir le glacadh le hábhair ísealcharbóin. Ní mór d'ábhair mhalartacha riachtanais de gach cuid de na rialacháin foirgníochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le marthanacht, sábháilteacht dóiteáin, struchtúr agus friotáíocht taise.

Bunóimid ár gcur chuige ar dheimhniú comhshaoil, agus creat chun carbón corpraithe foirgnimh a ríomh, ag cur san áireamh toradh an athbhreithnithe ar Rialachán an AE maidir le Táirgí Foirgníochta, d'fhonn Ceanglas Oibreacha Bunúsacha 7 'Úsáid Inbhuanaithe d'Acmhainní Nádúrtha' a chur chun feidhme (BWR7) agus deimhniú comhshaoil táirgí foirgníochta.

Tá staidéar anailíse saolré coimisiúnaithe ag an SEAI chun comparáid a dhéanamh idir an méid a chuireann ábhar tógála éagsúla le carbón corpraithe i bhfoirgnimh. Ag tógáil ar an obair seo, agus ar ionchuir eile, forbróimid creat-mhodheolaíocht mar chéim riachtanach i dtreo chur chun feidhme céimnithe ar chur chuige bunaithe ar fheidhmíocht maidir leis an méid carbóin chorpraithe a chuirtear i dtionscadal tógála.

Áireofar lenár gcur chuige céimeanna ar leith chun táirgí foirgníochta a thaispeáint, a dheimhniú, a chaighdeánú agus a thráchtáil. Áireofar leis seo taighde agus forbairt ar roghanna eile seachas ábhair thógála traidisiúnta agus úsáid mhéadaithe ábhair ísealcharbóin i dtógáil. Ceadóidh sé freisin do dhícharbónú agus athdheimhniú táirgí foirgníochta atá ann cheana, nuair a chuirtear próisis déantúsaíochta ísealcharbóin i bhfeidhm.

Ag teacht lena ról ceannaireachta don earnáil phoiblí, tá treochlár á forbairt ag Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair chun úsáid roghanna eile tógála ísealcharbóin a chur chun cinn, agus aithneoidimid deiseanna chun foirgneamh poiblí eiseamláireach a aimsiú agus a thógáil ag baint úsáide as na hábhair inbhuanaithe is fearr atá ar fáil agus, go háirithe, foirgnimh a úsáideann adhmaid.

13.4 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh		Gníomh
Céimniú amach de Théamh Breosla Iontaise		
176		Taighde a dhéanamh chun bonn eolais a thabhairt d'fhorbairt roghanna, beartas agus beart chun na hearnálacha téimh agus fuaraithe a dhícharbónú don tréimhse suas go dtí 2050
177		Tograí a fhorbairt chun deireadh iomlán a chur le téamh breosla iontaise ar fud ár stoc foirgneamh de réir ár gcuspóir neodrachta aeráide
Foirgnimh Tráchtála a Dhícharbónú		
178		Tionscnaimh a fhorbairt agus a fheabhsú chun oideachas a chur ar eagraíochtaí agus cur ar a gcumas cur lenár spriocanna náisiúnta fuinnimh agus astuithe
179		Cur chuige a fhorbairt maidir le foirgnimh thráchtála a iarfheistiú
Téamh Ceantair		
180		Tacú le tionscadail téimh ceantair a sheachadadh faoin gCiste Gníomhaithe Aeráide.
181		Córas rialachais a bhunú chun beartas téimh ceantair a fhorbairt
182		Taighde cuí a dhéanamh chun eolas agus tacaíocht a thabhairt d'fhás agus d'fhorbairt téamh ceantair in Éirinn
183		Creat rialála a fhorbairt chun tomhaltóirí a chosaint, agus chun a chinntiú go ndéantar forbairt ar théamh ceantair ar bhealach struchtúrtha
184		A chinntiú go spreagtar forbairt téamh ceantair le creataí pleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla nuair is cuí chun dlúthfhorbairt uirbeach a éascú
185		Sásra oiriúnach maoinithe a aithint chun tacú le seachadadh tionscadal téimh ceantair
186		Inmharthanacht na gcóras téimh ceantair a mheas laistigh d'fhorbairtí uirbeacha/peri-uirbeacha ard-dlúis trí thionscadal taispeána
Téamh Geoiteirmeach		
187		Creat beartais agus rialála a fhorbairt d'fhuinneamh geoiteirmeach chun tacú lena úsáid mar fhoinsé fuinnimh in-athnuaite atá slán, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus costéifeachtach de.
Caighdeáin le haghaidh Foirgnimh Nua agus Athchóirithe		
188		Tabhairt faoi athbhreithniú rialála ar cheanglais um fheidhmíocht agus costas is fearr do Chuid L (Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú) de na Rialacháin Foirgníochta

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
Glacadh le Tógáil Ísealcharbóin a Chur Chun Cinn	
189	Tacú leis an athbhreithniú atá á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach ar an Rialachán um Tháirgí Foirgníochta agus cur chun feidhme atá beartaithe do Bhuncheanglais Oibreacha 7+ maidir le hinbhuanaitheacht táirgí foirgníochta
190	Creat-mhodheolaíocht agus scéim deimhniúcháin a fhorbairt le haghaidh táirgí, mar chéim riachtanach i dtreo cur chuige bunaithe ar fheidhmíocht a chur chun feidhme ar bhonn céimnithe chun astaíochtaí carbóin corpraithe ó thionscadail tógála agus ó tháirgí foirgníochta a thomhas agus a theorannú
191	Comhoibriú le páirtithe leasmhara tionsclaíochta chun úsáid ábhair ar bheagán carbóin a mhéadú, ag cur dea-chleachtas idirnáisiúnta san áireamh
192	Modheolaíocht ríomh Rátála Tógála Carbóin chorpraithe a fhorbairt
193	Tacú le huirlis a fhorbairt le haghaidh anailíse comparáidí arna dearadh ag luathchéim maidir le carbón corpraithe i ngnáth-thipeolaíochtaí tógála na hÉireann
194	Dhá fhoirgneamh eiseamláireacha de chuid na hearnála poiblí a dhearadh agus a thógáil ag úsáid teicnící agus ábhair eile tógála, agus monatóireacht a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht
195	Tionscadal píolótach chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht athúsáide oiriúnaitheach struchtúir atá tógtha go traidisiúnta mar chóiríocht chónaithe
Laghdú ar Éileamh Tiomána	
196	Meastóireacht a dhéanamh ar an bhféidearthacht le haghaidh tuilleadh sábhála astuithe trí iompar tomhaltóirí a athrú chun éileamh ar theas tí a íslíú
Oiriúnú	
197	Léarscáileanna aeráide agus sonraí sonracha a fhorbairt le húsáid i ndearadh foirgneamh chun athléimneacht a fheabhsú chun tacú le hoiriúnú don athrú aeráide
198	Measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchair aeráide ar láithreáin oidhreachta agus láithreáin oidhreachta atá faoi bhagairt a aithint
199	Comhoibriú go gníomhach agus eolas a roinnt le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus nósanna imeachta pleanála um díonadh ar athrú aeráid le haghaidh réadmhaoine oidhreachta
200	Feasacht an phobail a fhorbairt ar na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide (go ginearálta agus don oidhreachta) agus ar iarrachtaí chun é a mhaolú agus oiriúnú dó
201	Oiriúnú don athrú aeráide a chomhtháthú isteach i ngach plean agus beartas bainistíochta oidhreachta de réir mar a nuashonraítear iad



14. Plean Náisiúnta um Iarfheistiú

14.1 Réamhrá


Mar a léirítear i gCaibidil 13, ní mór astaíochtaí ón Earnáil Chónaithe a laghdú ó 7 Mt CO₂ eq. in 2018 go dtí idir 3.5-4.5 Mt CO₂eq. sa bhliain 2030. Beidh clár cuimsitheach iarfheistithe ina príomhbheart chun tacú le baint amach na sprice seo in éineacht le tionscnaimh eile ar nós an rolladh amach

de chórais téimh ceantair. Tá sé mar aidhm ag an bPlean Náisiúnta Iarfheistithe Cónaithe seo an choibhéis de 500,000 teach a iarfheistiú ar Rátáil Fuinnimh Foirgnimh de B2/ barrchostas nó coibhéis charbóin agus 400,000 caidéal teasa a shuiteáil in áitribh atá ann cheana chun córais téimh níos sine nach bhfuil chomh héifeachtach sin a athsholáthar faoi dheireadh 2030.

Críochnaíodh 18,400 aiseistiú tí in 2020. Mar sin féin, níor shroich ach 4,000 caighdeán B2 agus níor suiteáladh ach 1,600 caidéal teasa. Ní mór dúinn doimhneacht agus méid na n-iarfheistiú a mhéadú go mór chomh maith le líon na gcaidéal teasa a cuireadh isteach chun na laghduithe astuithe is gá a bhaint amach.

Figiúr 14.1.

Líon carnach réamh-mheasta na n-uasghráduithe tí 2019-25



Mar a léirítear i bhFíor 14.1, meastar gur idir 2019 agus 2025 go ndéanfar beagnach 185,000 uasghrádú fuinnimh tí a sheachadadh agus os cionn 83,000 go leibhéal B2/barrchostais. Nuair a chuirtear an coigilteas carbóin ó na huasghráduithe neamh-B2 san áireamh, is ionann é sin agus 120,000 uasghrádú B2 thar an tréimhse. Ciallaíonn sé seo go mbeidh orainn, ar an meán, thart ar 75,000 uasghrádú tí ar choibhéis B2 a sheachadadh in aghaidh na bliana ó 2026 go 2030 chun an sprioc iomlán de 500,000 a bhaint amach faoi 2030³¹.

Dá bharr, beidh ar na céadta mílte úinéirí tí cinneadh a dhéanamh infheistiú i ndícharbónú agus a gcuid maoinne a dhéanamh níos éifeachtaí agus beidh ról lárnach ag an Stát maidir le tithe sóisialta a iarfheistiú. Beidh gá le hearnáil iarfheistithe níos mó a mbeidh an cumas ann líon i bhfad níos airde aiseistithe a sheachadadh chuig an gcaighdeán riachtanach chomh maith le cuir chuige i leith maoiniú a fhéadfaidh an obair riachtanach a mhaoiniú.

Tá ról lárnach i gcónaí ag rialacháin foirgníochta maidir le dícharbónú ár stoc tithíochta faoin bplean seo. Cinnteoidh Rialacháin NZEB go gcomhlíonfaidh gach teach a thógfar amach anseo ár n-ionchais maidir le compord agus feidhmiúlacht, agus laghdófar go suntasach úsáid fuinnimh agus astaíochtaí CO₂. Ó 2015, chuir níos lú ná 4% de na teaghaisí nua coirí ola isteach agus chuir thart ar 85% de na teaghaisí nua a tógadh de réir Rialacháin Foirgníochta NZEB 2019 caidéal teasa isteach. Táthar ag súil go gcuirfear cosc éifeachtach ar shuiteáil coirí breosla iontaise i dtithe nua faoi 2023.

Cabhróidh na rialacháin freisin le dul i ngleic le hoidhreacht na tithíochta níos sine le drochfheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh agus leibhéil arda astuithe, tríd an gceanglas go gcaithfidh teaghaisí a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu (nuair a dhéantar níos mó ná 25% den achar dromchla a athchóiriú) BER B2 nó cóibhéis bharrchostais. Cuirfear íoschaighdeáin BER i bhfeidhm freisin, nuair is féidir, le haghaidh réadmhaoine ar cíós príobháideach a thosaíonn in 2025 i gcomhréir leis an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh.

Bunófar cláir de thógálaithe inniúla freisin trí Chlár Thionscal Foirgníochta Éireann (CIRI) a chur ar bhonn reachtúil.

Cabhróidh forbairt cúrsaí oiliúna NZEB, caighdeáin NSAI agus faisnéis thuarascáil chomhairleach BER freisin le comhlíonadh, i gcomhthráth leis na ceanglais reatha um rialú foirgníochta.

14.5 Colún 4 – Struchtúir agus Rialachas

Cuimsítear sa Phlean Náisiúnta um Aisfheistiú Cónaithe gníomhartha atá le seachadadh thar roinnt Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais. Mar sin, beidh gá le comhoibriú ar fud an Rialtais le cur chun feidhme, agus le struchtúir chuí agus socruithe rialachais riachtanach.

14.5.1 Bunófar Grúpa Stiúrtha Maoirseachta Náisiúnta um Iarfheistiú Cónaithe tras-Rannach

Ionchorprófar tuairisciú ar na gníomhartha sa Phlean Náisiúnta um Iarfheistiú Cónaithe laistigh de na struchtúir tuairiscithe don Phlean Gnímh don Aeráid.

Ina theannta sin, bunófar grúpa stiúrtha tras-rannach, faoi chathaoirleacht na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Déanfaidh an grúpa seo maoirsiú agus monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne ár spriocanna náisiúnta agus forbróidh sé tionscnaimh nua de réir mar is gá.

14.5.2 An SEAI a fhorbairt agus a mhaoiniú tuilleadh mar Chomhlacht Seachadta Náisiúnta um Iarfheistiú

Tá an SEAI ainmnithe mar Chomhlacht Seachadta Náisiúnta um Iarfheistiú. Sa ról seo, gníomhóidh an SEAI mar an phríomhghníomhaireacht maidir le seachadadh ár spriocanna iarfeistithe a thiomáint.

Áirítear ar fhreagrachtaí an SEAI sa cháil seo: seachadadh ár spriocanna iarfeistithe a thiomáint; úsáid iarfeistithe a chur chun cinn trí fheachtais mhargaíochta; feabhas a chur ar tharraingteacht na dtacaíochtaí iarfeistithe agus turas an chustaiméara a fheabhsú; caighdeáin a leagan síos do OSSanna agus iad a fhorbairt agus a chlárú; líon na measúnóirí BER a mhéadú; monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar chandam agus cáilíocht an tsoláthair seirbhíse iarfeistithe; agus tacú leis an slabhra soláthair sa réimse iarfeistithe.

Tá maoiniú breise suntasach á chur ar fáil ag an Rialtas chun leanúint ar aghaidh ag cur le cumas na gníomhaireachta. Cuireadh tús in 2021 leis an bpróiseas chun an saineolas riachtanach a fhorbairt, a athstruchtúru agus a earcú agus leanfar ar aghaidh ag an am céanna le seachadadh an Phlean Náisiúnta um Iarfheistiú.

14.5.3 Feabhas a chur ar bhailiú agus ar fhaireachán sonraí gníomhaíochta iarfeistithe arna seachadadh le tacaíocht ón Rialtas

Cabhróidh an SEAI athstruchtúraithe agus a bhfuil acmhainní aige freisin le tacú le beartas fuinnimh agus le cinntí buiséadaithe an Rialtais. Áireofar leis seo bailiú feabhaithe agus monatóireacht sonraí ar ghníomhaíocht iarfeistithe ar fud iarfeistithe arna thacú ag an Rialtas. Leanfaidh sé freisin ag soláthar léargais ó staidrimh fuinnimh, meastóireacht cláir/beartais agus measúnú tionchair, samháltú fuinnimh, eolaíocht iompraíochta, saineolas teicneolaíochta, agus taighde. Meastar go bhfuil an bonn anailíse seo riachtanach chun spriocanna uailmhianacha na hÉireann um laghdú astaíochtaí a thiomáint in earnáil na timpeallachta foirgnithe don tréimhse suas go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin.

14.5.4 Cuirfear le cumas na nÚdarás Áitiúil a gclár iarfeistithe a sheachadadh

Leanfaidh Údarás Áitiúla ar aghaidh le ról lárnach a bheith acu maidir le tacú le baint amach ár

Plean Náisiúnta um Iarfheistiú

spriocanna náisiúnta iarfhéistithe, go háirithe trí Chlár Iarfheistithe na nÚdarás Áitiúil a leathnú.


Tabharfar tacaíocht d'údarás áitiúla le tacaíocht mhéadaithe do bhainistiú tionscadail trí mhaoiniú díreach ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus le comhairle, treoir, comhroinnt eolais agus samplaí dea-chleachtas ón oifig Comhordaithe Seachadta Tithíochta atá lonnaithe sa Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

14.6 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
Éileamh agus Gníomhaíocht a Thiomáint	
202	Feachtas náisiúnta feasachta agus ginte éilimh a chur chun feidhme le haghaidh iarfhéistithe cónaithe
203	Treochlár pearsantaithe a chur ar fáil d'úinéirí tí maidir le conas a dteach a uasghrádú go BER B2 sa tuarascáil chomhairleach nua BER
204	Líonra de Shiopaí Ilfhreastail iarfhéistithe a fhorbairt chun turas an chustaiméara a shimpliú agus chun muinín an tomhaltóra a fheabhsú
205	Seoladh Scéim Náisiúnta Iarfheistithe nua an SEAI (Seirbhís Siopa Ilfhreastail) chun seachadadh iarfhéistithe B2 le caidéal teasa a thiomáint agus chun oibriú ar feadh na bliana a éascú.
206	Pobail Fuinnimh Inmharthana a úsáid chun gníomhachtú pobail a thiomáint
207	Tacú leo siúd is lú nach bhfuil i ndóthain acmhainní acu iarfhéistiú a dhéanamh
208	An Clár Náisiúnta um Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta a rolladh amach in 2021 agus maoin iarfhéistithe le BER B2 nó a chomhionann a bhaint amach
209	Scéim nua um Oibleagáid um Éifeachtúlacht Fuinnimh a sheoladh
Samhlacha Maoinithe agus Cistithe	
210	Maoiniú a leithdháileadh ar iarfhéistiú cónaithe/pobail ó chlúdach caipitil na Roinne ar aon dul le conair mhaoinithe an NDP
211	Taighde a dhéanamh chun tuiscint bhreise a fháil ar riachtanais úinéirí tí maidir le hiarfhéistiú a mhaoiniú
212	Scéim ráthaíochta iasachta iarfhéistithe a thabhairt isteach
213	Maoiniú a shaothrú trí thionscnaimh an Aontais Eorpaigh de réir mar is cuí
214	Iníúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal do bhearta cánach nua chun tacú le hiarfhéistiú
Slabhra Soláthair, Scileanna agus Caighdeáin	
215	Réamhaisnéis a fhoilsiú ar na scileanna a theastaíonn chun ár sprioc iarfhéistithe a bhaint amach mar chuid de thuarascáil an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháin ar "Scileanna chun bheith Saor ó Charbón - An tÉileamh ar Fhuinneamh In-athnuaite, Iarfheistiú Cónaithe agus Scileanna Imlonnaithe Feithicle Leictre go dtí 2030"
216	An méadú riachtanach ar uasoiliúint, athoiliúint agus tacaíochtaí printiseachta a sheachadadh le haghaidh iarfhéistithe cónaithe
217	Tionscnaimh a thabhairt isteach chun an líon measúnóirí BER riachtanach a chinntiú
218	Staidéar a sheoladh ar chritéir an Táscaire Cailteanais Teasa chun caidéal teasa a shuiteáil
219	Caighdeáin agus Treoidhoiciméid nua a fhoilsiú le haghaidh iarfhéistithe
220	Cabhrú le dul i ngleic leis an gceist um dreasacht scoilte maidir le réadmhaoin ar cíos

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
Struchtúir agus Rialachas	
221	Grúpa tras-Rannach a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta um Iarfheistiú
222	An SEAI a fhorbairt agus a mhaoiniú tuilleadh mar Chomhlacht Seachadta Náisiúnta um Iarfheistiú
223	Feabhas a chur ar bhailiú agus ar fhaireachán sonraí gníomhaíochta iarfheistithe arna seachadadh le tacaíocht ón Rialtas
224	Feabhas a chur ar chumas na n-údarás áitiúil a gclár iarfheistithe a sheachadadh de réir na mbuiséad a leithdháiltear



lompar

15

15. Iompar

15.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair

Táthar ag súil go sroichfidh daonra na hÉireann 5.7 milliún faoi 2040 ó mheastachán reatha de 4.9 milliún in 2021. Ag an am céanna, thar an dá scór bliain atá romhainn tá réamh-mheastacháin ar fhostaíocht agus ar fhás geilleagrach a d'fhéadfadh gníomhaíocht agus éileamh iompair níos mó a spreagadh. Gan athruithe suntasacha i bpatrúin taistil, sciar módúil, agus teicneolaíocht, laghdóidh fás ar ghníomhaíocht agus éileamh reatha iompair ar n-iomaíochas náisiúnta, ar gcáilíocht beatha agus ar spriocanna dícharbónaithe.

Is ionann iompar agus thart ar 20% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) na hÉireann. Tá iompar de bhóthar freagrach as 96% de na hastaíochtaí GHG sin agus tá sé freagrach go díreach freisin as raon truaileán aeir a mbíonn tionchar diúltach acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. De bharr na leibhéal torainn, na dtionóiscí, agus brú tráchta a bhaineann le hiompar de bhóthar laghdaítear cáilíocht na beatha, díspregtar taisteal gníomhach, agus cosnaítear don tsochaí na céadta milliún euro in aghaidh na bliana³⁶ in am amú. Tá sé ríthábhachtach soghluaisteacht níos glaine, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn do bheartas aeráide, agus is deis é freisin chun ár sláinte a fheabhsú, cáilíocht ár saol a threisiú, freastal ar riachtanais ár n-ionad uirbeach atá ag fás, agus ár bpobail tuaithe, uirbeacha agus fo-uirbeacha a nascadh.

Tábla 15.1 Astaíochtaí GHG Iompair, 2018³⁷

Astaíochtaí Iompair CO ₂ eq.	Sciar na nAstaíochtaí GHG Iomlána	Astaíochtaí Iompair CO ₂ eq. an duine
12.2 Mt	19.6%	2.5 t

Bhí buaic-astaíochtaí iompair ag 14.4 MtCO₂eq. in 2007, ag titim le linn an chúlaithe eacnamaíochta go 10.9 MtCO₂eq. sa bhliain 2012. De réir mar a tháinig an téarnamh eacnamaíoch i bhfeidhm, thosaigh astaíochtaí na hearnála ag ardú arís, rud a léiríonn caidreamh leanúnach idir astaíochtaí iompair agus gníomhaíocht eacnamaíoch in Éirinn nach mór aghaidh a thabhairt air. Thuairiscigh an fardal astaíochtaí méadú beag ar astaíochtaí iompair ó 12 MtCO₂eq. in 2017 go 12.2 MtCO₂eq. in 2018. Bhí sé seo in ainneoin gur tugadh isteach úsáid mhéadaithe bithbhreosla, feabhas ar éifeachtúlachtaí feithiclí agus líon méadaitheach EVanna san fhílít. Leis na bearta seo, in éineacht le forbairt leanúnach na n-uailmhianta taistil inbhuanaithe níos leithne den chéad Phlean Gnímh don Aeráid, cuirtear cosán ar fáil fós i dtreo earnáil iompair íseal-astaíochtaí agus inbhuanaithe. Mar sin féin, tá sé soiléir chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí GHG 51% faoi 2030, nach mór an leibhéal uailmhéine agus gníomhaíochtaí tacaíochta a ardú agus ní mór an ráta athraithe a luathú go suntasach.

Meastar gur tháinig laghdú thart ar 16% ar astaíochtaí iompair (gan eitlíocht san áireamh) in 2020 mar thoradh ar thionchar na paindéime COVID-19, le tabhairt isteach srianta móra taistil agus cleachtais cianoibre níos mó, i gcomparáid le leibhéal 2019.³⁸ Léiríonn sé seo tuiscint éigin ar scála an dúshláin atá romhainn maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí iompair a bhaint amach faoi 2030. Is é an sprioc astaíochtaí ón earnáil iompair a laghdú go rathúil agus buntáistí an aistrithe a uasmhéadú, gan dochar a dhéanamh don fholláine eacnamaíoch, agus gan drochthionchar a bheith aige ar ghrúpaí sóisialta éagsúla. Tá sé léirithe ag an bpaindéim freisin gur féidir athrú iompair ar scála mór a bhaint amach agus gur féidir le patrúin nua soghluaisteachta agus oibre páirt a ghlacadh san aistriú chuig córas iompair níos glaine, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe do chách. Tá gá le pleanáil

³⁵ Ní áirítear leis an iomlán seo eitlíocht idirnáisiúnta

³⁶ Léirigh anailís a rinne an Roinn Iompair in 2017 go bhféadfadh méadú breis agus 75% a bheith ar chostais ama an phlódaithe tráchta suas go dtí 2025 agus níos mó ná faoi thrí idir sin agus 2033 – ag baint amach buaicchostas chomh hard le 2.08bn i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amháin - Costais Phlódaithe: Anailís ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

³⁷ <https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/greenhouse-gas-emissions-final-2019.php> ³⁸ <https://www.seai.ie/publications/Energy-CO2-emissions-2020-Short-Note-FINAL.pdf>

fheabhsaithe agus athdhearadh radacach chun ár dtimpeallacht thógtha a aistriú ó bheith “dírithe ar fheithiclí” go “dírithe ar dhaoine”. Léiríonn coincheap na “comharsanachta 15 nóiméad”, a tháinig chun suntais le linn na paindéime COVID-19, an uailmhian leathan seo. Go sonrach, cur chun cinn agus tacú le pobail inar féidir le daoine maireachtáil agus rochtain a fháil ar an gcuid is mó dá riachtanais laethúla laistigh de thuras 15 nóiméad, go príomha trí mhodhanna inbhuanaithe (iompar poiblí, rothaíocht agus siúlóid).

Tábla 15.2 Treochtaí in Astaíochtaí GHG Iompair

Tréimhse	Athrú Céatadán	Athrú Iomlán, CO ₂ eq.
2005-11	-14.5%	-1.9 Mt
2011-18	8.9%	1 Mt

Tá na dúshlán láithreacha atá roimh Éirinn don earnáil iompair coitianta i go leor tíortha san AE. Áirítear ar na príomhghníomhartha aistriú láidir chuig modhanna taistil inbhuanaithe agus leictirí na bhfíteanna feithiclí. Ní hé an dúshlán chomh mór sin mar sin an cosán chuig dícharbónú iompair a shocrú, ach na tacaíochtaí beartais riachtanacha, infheistíocht, bonneagar agus faisnéis a sholáthar, ionas go mbeidh na hathruithe iompraíochta agus teicneolaíochta éasca, sochreidte agus tarraingteach do shaoránaigh, agus ionas go bhféadtar a rátaí riachtanacha athraithe ann a sheachadadh. Tá rialachas láidir ag teastáil.

Tábla 15.3 – Comparáidí Idirnáisiúnta Astaíochtaí GHG Iompair, 2018 ³⁹

	Éire	An Danmhairg	An Ostair	An Fhionlainn	EU 27
Sciar den GHG Iomlán	19.6%	27.9%	31.1%	20.7%	22.0%
Astaíochtaí Iompair, CO₂eq. in aghaidh an duine	2.5 t	2.3 t	2.8 t	2.1 t	1.9 t
Athrú ó 2005	-6.9%	-1.0%	-2.0%	-9.8%	-2.3%

Tacú le Pleananna Náisiúnta

Tacóidh agus tógfaidh an Plean Gnímh don Aeráid le haghaidh iompair ó roinnt príomhphleananna beartais náisiúnta atá ag tiomáint na n-athruithe riachtanacha, lena n-áirítear Tionscadal Éireann 2040, an Creat Pleanála Náisiúnta, an Straitéis Náisiúnta um Chianobair, an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe, Beartas maidir lenár dTodhchaí Tuaithe - Forbairt Tuaithe 2021-2025, agus an Beartas um Shoghluasteacht Inbhuanaithe atá le teacht. Tá na pleananna seo ag teacht leis na spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide trí thacú le hathruithe ábhartha amhail forbairtí níos dlúithe, nasctha a thairgeann iompar poiblí níos fearr, chomh maith le líonraí siúlóide gus rothaíochta níos sábháilte, níos faide agus atá nasctha níos fearr chun tacú le roghanna agus athruithe taistil ghníomhaigh. Leagfar amach sa chreat infheistíochta in iompar talún atá le teacht ordlathas chun infheistíochtaí a dhéanamh san earnáil iompair, le taisteal inbhuanaithe, ag tosú le taisteal gníomhach agus ansin le hiompar poiblí in ionad an chairr phríobháidigh a spreagadh.

Tábla 15.4 – An Leibhéal Dícharbónaithe san Iompar a Theastaíonn

Astaíochtaí 2018 ⁴⁰ ar CAP 2021	2030 Astaíochtaí Riachtanacha bunaithe
12.2 Mt	6-7 Mt

³⁹ Fardal gáis cheaptha teasa bhliantúil an Aontais Eorpaigh 1990-2018 agus tuarascáil fardail 2020

⁴⁰ Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Réamh-Mheasta na hÉireann 1990 2019

Tábla 15.5 Méadrachtaí Fédeartha chun Laghdú Breise a Sheachadadh san Iompar

Príomh-Mhéadrachtaí	2018	2025	2030 (Bunaithe ar CAP 2021)	Tionchar Laghdaithe Breise, MtCO ₂ eq.
Croíbhearta				
Turais Iompair Inbhuanaithe agus Bearta Bainistíochta Éilimh⁴¹	N/B	125,000 turas breise iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh, agus bearta bainistíochta inbhuanaithe éileamh a rolladh amach	500,000 (14%) iompar poiblí breise agus turais taistil ghníomhaigh in aghaidh an lae Cciliméadar gluaisteáin ICE a laghdú le thart ar 10%	c. 1.4
Gluaisteáin Paisinéirí a Leictriú	c. 2000	175,000	845,000 le béim ar BEVanna	c. 2.7
Aistriú go Veaineanna Astaíochtaí Íseal	c. 85	20,000	95,000 le béim níos láidre ar BEVanna	c. 0.2
Teicneolaíocht fheabhsaithe HGV	c. 20	700	3,500 HGV astaíochtaí ísle	c. 0.3
Ráta Cumaisc Bithbhreosla Méadaithe	E5 B4.5	E10 B12	E10 B20	c. 1.1
Olliompar a Leictriú	N/B	300 bus EV agus seirbhísí iarnróid leictrithe a leathnú	1,500 bus EV agus seirbhísí iarnróid leictrithe a leathnú	c. 0.3 c. 0.1
Bearta Breise				
Tabhairt faoi chlár oibre a dhéanfaidh athbhreithniú ar an dul chun cinn agus a dhéanfaidh tuilleadh feabhais ar na bearta a fhéachfaidh leis an soláthar breise a laghdú le c. 0.9 MtCO ₂ faoi 2030 ar bhealach cothrom agus cóir				c. 0.9

⁴¹ Áirítear leis seo tionchar cleachtais turasoíreachta laghdaithe breosla

15.2 Spriocanna

Chun an leibhéal riachtanach laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, faoi 2030 déanfaimid an méid seo a leanas:

- Soláthar a dhéanamh do 500,000 turas breise iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh
- Na tacaíochtaí bonneagair, rialála, rannpháirtíochta, pleanála, nuálaíochta agus airgeadais a theastaíonn le haghaidh éifeachtúlachtaí feabhsaithe córais, taistil, feithicle agus éilimh a fhorbairt
- Flít na EVanna agus na bhfeithiclí astaíochtaí ísle (LEVanna) ar an mbóthar a mhéadú go 945,000, comhdhéanta de:
 - 845,000 gluaisteán paisinéara leictreacha
 - 95,000 veain leictreacha
 - 3,500 trucail astaithe íseal
 - 1,500 bus leictreach
 - gréasán iarnróid leictirthe méadaithe
- Comhréir chumasc na mbithbhreoslaí a ardú go B20 i ndíosal agus E10 i bpeitрил
- Ciliméadar ICE a laghdú de thart ar 10% i gcomparáid le leibhéal an lae inniu
- Tabhairt faoi chlár oibre a dhéanfaidh athbhreithniú ar an dul chun cinn agus a dhéanfaidh tuilleadh

15.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh

15.3.1 Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Tá gá le roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe a leathnú chun roghanna bríomhara a chur ar fáil do thurais laethúla i gcarranna príobháideacha chun astaíochtaí iompair a laghdú. Tá gá le hinfheistíocht leanúnach agus feabhsaithe inár mbonneagar agus seirbhísí siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí ar fud na tíre ar scála nach bhfacthas riamh cheana. Táimid tiomanta do 500,000 turas inbhuanaithe laethúil breise a sheachadadh faoi 2030 (thart ar mhéadú de 14% ar na leibhéil reatha) trí mhórtionscadail iompair a chur i bhfeidhm amhail:

- BusConnects
- Connecting Ireland
- Seirbhísí agus bonneagar iarnróid a leathnú sna láir mhóra uirbeacha agus timpeall orthu
- Méadú suntasach ar ár n-infheistíochtaí siúlóide agus rothaíochta

Beidh ról níos tábhachtaí ag an teicneolaíocht nua freisin maidir lenár spriocanna um ghníomhaíocht aeráide a bhaint amach, le rothair leictreacha, rothair lastais leictreacha, agus (nuair a dhéanfar dleathach) ríomh-scútar, ag leathnú líon agus fad na dturas inbhuanaithe ar fud na hÉireann.

Is príomh-uailmhian, dá bhrí sin, roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe atá iontaofa agus réalaiócha a sholáthar do shaoránaigh chun roghanna soghluaisteachta níos fearr a chumasú. Chuige sin, úsáidfeadh sraith leathan tacaíochtaí, lena n-áirítear: pleanáil bainistíochta soghluaisteachta limistéir bhreise; tuilleadh teorannaithe do choisithe ar lár na cathrach agus ar shráideanna scoile; infheistíochtaí i mbonneagar taistil ghníomhaigh; feabhsuithe ar acmhainn, ar mhinicíocht, ar iontaofacht agus ar aga turais na seirbhísí iompair phoiblí; agus feasacht níos fearr a chur chun cinn ar na roghanna feabhsaithe siúlóide, rothaíochta agus iompair phoiblí seo. Tacófar freisin le haistriú modha iompair ón gcarr príobháideach go hiompar inbhuanaithe leis an *mBeartas nua um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe* 10 mbliana a fhoilseofar níos déanaí i mbliana. In éineacht le hinfeistíocht shuntasach agus leathnú leanúnach ar bhonneagar agus seirbhísí taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí, áireofar sa bheartas nua gníomhartha i réimsí an athraithe iompair; bainistíocht éilimh; agus forbairt atá treoraithe ag iompar – lena n-áirítear moil iompair ilmhódaigh, ag athrú an chaoi a ndéanaimid taisteal trí úsáid níos mó a bhaint as iompar inbhuanaithe.

Beidh an cur chuige nua maidir le hiompar poiblí bunaithe ar fhís de ghréasán comhtháite iompair phoiblí, a chumasóidh turais ghearra, mheánacha agus fhada do dhaoine i ngach cearn d'Éirinn. Ciallóidh sé seo minicíocht na seirbhísí iarnróid agus bus atá ann cheana a mhéadú, agus an gréasán bus a leathnú tríd an gcur chuige Connecting Ireland, agus ag an am céanna a n-amchlár a chinntiú chun turais nasctha a éascú. Is é an méadú seo ar acmhainn iompair phoiblí a spreagfaidh agus a fhreastalóidh ar aistriú pleanáilte modhanna.

In éineacht le mórinfheistíocht infrastruchtúir mheántéarmach agus fhadtéarmach, is iad seo a leanas roinnt de na príomhghníomhaíochtaí eile atá ceaptha chun soghluaisteacht inbhuanaithe níos fearr a chur chun cinn a chuirfeadh chun feidhme:

- Reachtaíocht do scútair leictreacha
- Tacú le hÚdarás Áitiúla maidir le scéimeanna um shoghluaisteacht chomhroinnte (nó soghluaisteacht mar sheirbhís) a leathnú
- Úsáid rothair lasta a spreagadh
- Feasacht níos fearr ar shábháilteacht ar bhóithre a chruthú i measc gach úsáideoir bóithre

Bosca 15.1 *Athrú Iompraíochta: Pleananna Taistil don Ionad Oibre/Ceantar agus Bealaí Sábháilte chun na Scoile*

Féadfaidh tionchar suntasach a bheith ag tacú le hathrú iompraíochta ar éileamh taistil beag beann ar leibhéal na hinfeistíochta bonneagair. Bhí tionchar suntasach ag Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta in ionaid oibre, forais oideachais agus forbairtí cónaithe ar roghanna taistil na bhfostaithe, na mac léinn agus na gcónaitheoirí. Chabhraigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair le breis agus 150 fostóir mór agus 23 campas ar fud na tíre, ag clúdach breis agus 250,000 fostaí, chun Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta a fhorbairt. Sna cásanna ina raibh baint ghníomhach ag ionaid oibre lena bPlean Taistil don Ionad Oibre, tá laghdú 18% ar an meán ar chomaitéireacht gluaisteáin tar éis bheith taifeadta.

Seoladh an clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile in 2021 chun tacú le siúl, scútáil agus rothaíocht chuig bunscoileanna agus meánscoileanna. Déanfaidh an clár infheistíocht chun bealaí sábháilte siúlóide agus rothaíochta a chruthú laistigh de phobail, chun brú tráchtá ag geataí na scoile a mhaolú agus chun líon na ndaltaí a shiúlann, a théann ar scútar nó a théann ar rothar chun na scoile a mhéadú.

15.3.2 Éifeachtúlacht an Chórais agus Bainistíocht Éileamh

Tá sé ríthábhachtach laghdú a dhéanamh ar thurais charranna ó innill dócháin inmheánaigh (ICE) má táimid chun ár spriocanna astaíochtaí iompair a bhaint amach. Má bhaintear amach an cuspóir seo is féidir go leor comhleasa a chur ar fáil ó thaobh sláinte an phobail, brú tráchta laghdaithe, agus pobail níos insroichte agus níos beoga a éascú. Meastar, faoi 2030, go mbeadh gá le laghdú suas le 10% ó leibhéal 2019 ar chiliméadar feithiclí paisinéirí bhreoslaithe iontaise chun laghdú iomlán de 51% ar astaíochtaí a bhaint amach go hiomlán. Ní bhaineann laghdú ciliméadar iomlán paisinéirí le turais a chur ar ceal, ach baineann sé leis an ngá atá le turais áirithe agus fad na dturas áirithe sin a laghdú. É sin ráite, is dúshlán suntasach é an leibhéal laghdaithe seo a bhaint amach ar an bhfráma ama atá beartaithe ós rud é nach féidir le dul chun cinn teicneolaíochta ach an méid sin a bhaint amach agus an spleáchas mór ar an gcarr i measc cohóirt áirithe den daonra agus i gcodanna áirithe den tír ina bhfuil teorainn le roghanna eile inbhuanaithe. Ar an ábhar sin, beidh gá leis an tsraith de bhainistiú ionchasach éilimh a sheachadadh ar bhealach a bhainfidh aistriú ar bhonn ceartais amach agus a thacaíonn le folláine eacnamaíoch.

Aithneofar leis an Staidéar Bainistíochta Éileamh Cúig Chathair atá ar feitheamh na príomhthiománaithe agus na gníomhartha oiriúnacha chun éileamh iompair a laghdú sna cúig ionad uirbeacha is mó in Éirinn — Baile Átha Cliath, Corcaigh, Port Láirge, Luimneach agus Gaillimh. Beidh torthaí agus moltaí an staidéir ríthábhachtach maidir le forbairt na mbeartas agus na ngníomhartha chun an sprioc foriomlán maidir le leibhéal laghdaithe turas ICE a bhaint amach faoi 2030. Déanfar tuilleadh anailíse freisin chun a shainaithint conas is féidir bearta a shainaithnítear sa staidéar seo a chur i bhfeidhm i réigiúin agus in áiteanna éagsúla ar fud na tíre.

Leanfaidh beartas pleanála an Rialtais freisin ag obair chun aghaidh a thabhairt ar shraoilleáil íseal-dlúis/fo-uirbeach (a mhéadaíonn an t-achar a chaithfidh daoine a thaisteal, agus patrúin forbartha agus iompair a bhraitheann ar charranna á ndaingniú) trí fhás uirbeach dlúth a chur chun cinn mar phríomhshásra chun forbairt inbhuanaithe a éascú chomh maith le gníomhaíocht ar athrú aeráide agus brú tráchta. Ní hamháin go mbeidh dearadh forbairtí nua i gceist leis seo, ach tabharfar aghaidh freisin ar shaincheisteanna laistigh d'fhorbairtí atá ann cheana féin. Oibreoidh beartas pleanála chun:

- Éileamh ar thaisteal i gcarr, achair taistil agus amanna turais a laghdú
- Roghanna taistil a mhéadú, spleáchas ar charranna a laghdú, agus brú tráchta a mhaolú
- Truailliú aeir a laghdú agus modhanna iompair atá níos glaine agus níos gníomhaí a chur chun cinn
- Gníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta a chothú ar an leibhéal sráide ag cruthú pobal bríomhar
- Rochtain ar shiopaí, fostaíocht, seirbhísí iompair agus taitneamhachtaí áitiúla a mhéadú trí mhodhanna inbhuanaithe

Cé go bhfuil gá le tuilleadh oibre chun na bealaí chun an laghdú ciliméadar ICE is gá a bhaint amach a shainiú go hiomlán, breithneofar na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le roinnt beart féideartha lena n-áirítear:

- Ath-leithdháileadh spáis bóthair ón gcarr príobháideach chun tús áite a thabhairt do shiúlóid, do rothaíocht agus d'iompar poiblí
- Tréscailteacht le haghaidh taistil ghníomhaigh a fheabhsú
- Bealaí siúlóide agus rothaíochta níos sábháilte a sheachadadh chun níos mó glactha le hiompar gníomhach a spreagadh
- Bainistíocht tráchta a fheabhsú agus bealaí cúrsaíochta níos mó a thabhairt isteach
- Luasanna níos ísle a spreagadh, forfheidhmiú luasteorainneacha níos láidre a úsáid nó in am, athbhreithniú a dhéanamh ar theorainneacha luais réamhshocraithe
- An soláthar páirceála a laghdú agus/nó táillí páirceála a mhéadú

- Criosanna astaíochtaí ísle a chur chun feidhme
- Córais phraghsála bóithre a úsáid
- Na feithiclí ICE is tíosaí ar bhreosla a chur chun cinn laistigh den fhlít feithicle leagáide

Díreofar sna míonna amach romhainn ar shamhaltú agus taighde a dhéanamh ar na roghanna éagsúla atá ar fáil chun turais ICE a laghdú ar bhealach cóir, in éineacht le:

- Ag breithniú torthaí an Staidéir ar Bhainistiú Éileamh na gCúig Chathair
- Modhanna a aithint trínar féidir ar gcórais rialála agus pleanála a úsáid chun soghluaisteacht ghníomhach agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn
- Reachtaíocht a athbhreithniú d'fhonn a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí riachtanacha ag Údarás Áitiúla chun criosanna tráchta astaíochtaí ísle agus nialasacha a thabhairt isteach

15.3.3 Leictriú Flít

Trí leictriú an flít feithiclé cuirtear an chonair ar fáil chuig ré gan astaíochtaí teacht as sceithphíopaí, le roinnt comhbhuntaistí amhail cáilíocht an aeir feabhsaithe, truailliú torainn laghdaithe, agus níos lú spleáchais ar bhreosla iontaise. Tá breis agus 45,000 EV cláraithe ar bhóithre na hÉireann faoi láthair, mar sin cé go bhfuil feabhas tagtha ar an líon sin, ní mór an ráta glactha a mhéadú sna blianta atá le teacht chun ár spriocanna um leictriú an fhlít a bhaint amach.

Faoi réir dul chun cinn teicneolaíochta, táthar ag súil go mbainfidh EVanna (gluaisteáin agus veaineanna) costas iomlán úinéireachta (TCO) le feithiclí ICE faoi lár na 2020í. Ciallaíonn sé seo, nuair a bhíonn meánfhachtóirí tomhaltóirí sna costais tosaigh agus reatha araon, go mbeidh EV chomh heacnamaíoch le húnéir ar choibhéis peitрил nó díosail. Mar sin féin, go dtí go mbainfear paireacht TCO amach, beidh costas níos airde EV fós ina bhac suntasach ar ghlacadh. Is bac eile é imní raoin, cé go bhfuil an teicneolaíocht ag dul chun cinn go tapa le samhla nua EV ag dul isteach sa mhargadh atá in ann taisteal níos mó ná 500 ciliméadar ar luchtú amháin. Ag an am céanna, beidh gá le forbairt leanúnach líonra muirearaithe poiblí iontaofa chun tacú leis an aistriú EV. Maidir leis seo, beidh sé riachtanach freisin go mbeidh acmhainn bhreise eangaí leictreach ar fáil chun freastal ar an bhflít EV seo atá ag dul i méid. Toisc go mbeidh Éire san iomaíocht in aghaidh éilimh láidir ar fud an AE ar EVanna, ní mór dúinn pacáiste láidir de bhearta rialála, cánachais, rannpháirtíochta agus fóirdheontais a thairiscint chun soláthar slán samhla dár margadh a choinneáil. Leagann an Tuarascáil Conair Beartais EV a foilsíodh le déanaí béim ar roinnt bealaí chun é seo a bhaint amach.

Bunófar Oifig um Fheithiclí Ísle-Astaíochta tiomnaithe chun feidhmiú mar ionad ilfhreastail do bhaill an phobail ar spéis leo EV a cheannach nó a úsáid. Soláthróidh an oifig comhairle agus faisnéis neamhspleách neamh-díolacháin ar EVanna, agus tacóidh sí le heispéiris tiomána tástála chomh maith le taighde a choimisiúnú agus cuidiú le forbairt beartais. I measc na mbeart breise a chuirfear i bhfeidhm chun dlús a chur leis an aistriú mór chuig EVanna agus chun tacú leis tá:

- Tacaíocht leanúnach do mhéadú an líonra luchtaithe EV, mar aon le hinfheistíocht phoiblí chun muinín na dtomhaltóirí a spreagadh in infhaighteacht agus iontaofacht an bhonneagair luchtaithe poiblí
- An straitéis do stáisiúin luchtaithe feithiclé leictreacha a shocrú le sprioc chun fanacht chun tosaigh ar an éileamh, in éineacht le rialacha soiléire pleanála a éascaíonn an tsuiteáil, agus a mhéadaíonn an oibleagáid, le himeacht ama.
- Ullmhacht an eangach leictreachais a chinntiú, ionas go mbeidh toilleadh leictreach imleor ar fáil chun tacú le luas tapa an aistrithe chuig feithiclí leictreacha
- VRT agus dreasachtaí fíoscacha agus rialála eile san earnáil EV a athbhreithniú agus a nuashonrú, chomh maith le dídhreasachtaí fíoscacha agus rialála d'fheithiclí ICE a bhreithniú
- Athbhreithniú agus leasú ar rialacháin foirgníochta maidir le suiteáil agus líon riachtanach pointí luchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe araon
- Bearta a aithint chun tacú leis an aistriú chuig veaineanna leictreacha
- Tiomantas don fhlít iompair phoiblí a aistriú go roghanna astaíochtaí ísle
- Cuid lárnach den sainordú do gach comhlacht poiblí é flíteanna a thiontú ina EVanna

15.3.4 Bearta Idirthréimhseacha: Breoslaí Iompair In-athnuaite agus Malartacha

Is beart idirthréimhseach tábhachtach iad breoslaí iompair in-athnuaite ar an mbealach chuig flít atá dícharbónaithe go hiomlán, agus féadfaidh siad tacú le príomhfho-earnálacha áirithe iompair, amhail feithiclí earraí troma (HGVanna), fad a fhorbraítear roghanna teicneolaíochta feabhsaithe. Ba é imscaradh bithbhreoslaí inbhuanaithe an phríomhshásra a úsáideadh go dtí seo chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil iompair a mhéadú. Chuir sé go mór le laghdú astaíochtaí GHG freisin. In 2020, cuireadh thart ar 209 milliún lítear in ionad 239 milliún lítear de bhithbhreoslaí⁴² breoslaí iontaise, ag seachaint thart ar 520 KtCO₂eq. astaíochtaí GHG.

Tá an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí i bhfeidhm ó 2010 i leith. Faoin scéim, ceanglaítear ar sholáthróirí breoslaí áirithe chuig an margadh iompair de bhóthar cuid áirithe de bhithbhreoslaí, a chaithfidh critéir dochta inbhuanaitheachta a chomhlíonadh, a áireamh mar chuid dá meascán breosla. Is iad na bithbhreoslaí atá in úsáid faoi láthair san earnáil iompair in Éirinn, agus atá san áireamh sa scéim, ná bithdhíosail (cumasc le díosal), bitheatánól (cumasctha le gásailín i bpeitрил), agus bithLPG.⁴³ agus bithmheatán.

Tá sé ríthábhachtach spleáchas ar bhreosla iontaise a laghdú chun an earnáil iompair a dhícharbónú. Táthar ag súil go ndéanfaidh conair na gcostas breosla, ag cur san áireamh na cánacha carbóin méadaithe agus rátaí cumaisc bithbhreosla an cleachtas de thurasóireacht bhreosla⁴⁴ a laghdú in Éirinn. Bhí turasóireacht breosla freagrach as breis agus 2% d'astaíochtaí iompair in 2020.

Lastais

Tá an chonair teicneolaíochta maidir le HGVanna a dhícharbónú fós i mbun forbartha. Léiríonn tacaíochtaí beartais chun an earnáil a dhícharbónú é seo agus ní bhaineann siad le teicneolaíocht ar leith, le deontas ceannaigh agus dolaí laghdaithe ar fáil d'fheithiclí faoi thiomáint hidrigine, leictreacha agus gáis araon. Ós rud é gurb é díosal a bhreoslaítear go príomha don earnáil, mar bheart idirthréimhseach, soláthrófar leibhéal coigiltis astaíochtaí ón bhflít seo trí chumasc bithdhíosail sa mheascán náisiúnta breosla a mhéadú. Féadfaidh bithmheatán coigilteas astaíochtaí a thairiscint freisin. Mhol an Coimisiún Eorpach le déanaí leasú a dhéanamh ar an Treoir um Bonneagar Breosla Malartach chun sainordú a dhéanamh do bhonneagar tiomnaithe athluchtaithe EV HGV. Beidh pleananna na hÉireann don bhonneagar sin ar aon dul leis an rialachán nuair a ghlacfar é.

Tá an dúshlán inbhuanaitheachta agus dícharbóinithe atá roimh an earnáil lasta ar cheann de na saincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu sa Straitéis 10 mBliana atá le teacht don Earnáil Tarlaithe Bóthair. Tá cleachtas inbhuanaithe, amhail éicithiomáint, tábhachtach freisin i gcomhthéacs an dícharbóinithe, agus cuideoidh siad le hastaíochtaí agus costais bhreosla a laghdú, mar aon le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus deiseanna breisoiliúna a sholáthar do thiománaithe HGV. Ina theannta sin, tá Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid ar siúl a scrúdóidh gach gné de nascacht iarnróid idir-uirbeach agus idir-réigiúnach ar oileán na hÉireann, lena n-áirítear anailís ar naisc iarnróid chuig na calafoirt agus na haerfoirt mhóra le haghaidh gluaiseachtaí lasta.

I gcás HGVanna, nuair nach dócha go ndéanfar leictriú sa ghearrthearma, bainfear amach laghduithe astuithe idir an dá linn trí:

- An ráta cumaisc do bithdhíosail a mhéadú go 20% agus bitheatánól go 10% faoi 2030
- Slabhraí soláthair láidre a fhorbairt, lena n-áirítear foinsí inbhuanaithe cumasc bithbhreosla

⁴² Is gnách go mbíonn níos lú déine fuinnimh i mbithbhreoslaí ná i mbreoslaí iontaise

⁴³ Is foirm in-athnuaite de Ghás Peitрилiam Leachtaithe é bithLPG

⁴⁴ Sainmhínítear turasóireacht breosla mar bhreosla a cheannaíonn tiománaithe agus tarlóirí laistigh den Stát ach a chaitear lasmuigh den Stát

- Tacú le dul chun cinn teicneolaíochta de réir mar a thagann roghanna inmharthana feithicle/breosla chuig an margadh
- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann moil lóistíochta a fhorbairt in aice le lárionaid uirbeacha chun iompar lasta a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú, agus buntáistí sábháilteachta agus cháilíocht an aeir á gcur san áireamh
- Tacú le rialacháin AE a chuireann caighdeáin astaíochtaí feithicilí HGV níos déine chun cinn
- Spriocanna éigeantacha AE maidir le himscaradh bonneagair bhreosla mhalartach a sholáthar

Bosca 15.2 *Gníomh ar Ghníomhaíochtaí Iompar Neamhbhóthair*

Mar gheilleagar beag oscailte ar imeall na hEorpa, tá na hearnálacha eitlíochta agus muirí ríthábhachtach do ghluaiseacht ár n-earraí agus ár ndaoine. Tá beart á dhéanamh ar leibhéal an AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ó na hearnálacha seo, lena n-áirítear trí bhearta atá bunaithe ar an margadh amhail an ETS agus tionscnaimh um shainordú breosla inbhuanaithe (trí Eitlíocht ReFuel EU, Breosla AE Muirí agus an Rialachán um Bonneagar Breosla Malartach a chuireadh go léir spriocanna ceangailteacha nuair a ghlactar iad).

Beidh comhoibriú idirnáisiúnta leanúnach tríd an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, ríthábhachtach chun inbhuanaitheacht níos fearr a bhaint amach agus cothrom na féinne a chaomhnú sna hearnálacha domhanda seo. Tacóidh Éire le gníomhartha cuí arna nglacadh ar leibhéal an AE agus domhanda chun astaíochtaí ó na hearnálacha eitlíochta agus muirí a laghdú.

Meastar go dtabharfaidh comhthionchar na sraithe bearta maolaithe thuas laghdú de 5.2MT ar astaíochtaí CO₂ faoi 2030. Fágfaidh sé seo easnamh de 0.9MT maidir lenár sprioc laghdaithe de 51% a bhaint amach. Tá gá le tuilleadh anailíse anois chun tionchair choibhneasta na sraithe iomlán beart a mheas sula gcinntear conas an bhearna seo a líonadh. Ar an ábhar sin, tá sé beartaithe tabhairt faoi chlár oibre thar an gcéad bhliain eile chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun bearta a bheachtú a thuilleadh ar bhealach cothrom agus cóir.

15.3.5 Gníomhartha Amach Anseo

Beidh tionchar ag nuálaíocht agus teicneolaíocht ar aistriú na hearnála iompair. Beidh cur chuige dinimiciúil agus atriallach riachtanach chun na hathruithe riachtanacha a sheachadadh. I *bPleananna Gníomhaíochta Aeráide* déanfar oiriúnú do theicneolaíochtaí agus d'iompraíochtaí nua chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú éifeachtach, éifeachtúil agus cothrom do chách. Is iad seo a leanas forbairtí don todhchaí.

Hidrigin Ghlas

Hidrigin Ghlas⁴⁵ is breosla in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch é, a sainnithníodh mar acmhainneacht chun tacú le táirgeadh fuinnimh dícharbónaithe, trasna téamh baile, tionscail agus iompair. Is iompróir fuinnimh ildánach é hidrigin a fhéadfaidh fuinneamh in-athnuaite breise a stóráil ón eangach. Ó thaobh an iompair de sa tréimhse i ndiaidh 2025, samhlaítear go bhféadfaidh hidrigin ghlas rannchuidiú le dícharbónú na n-earnálacha atá deacair a mhaolú, amhail HGVanna, loingseoireacht agus eitlíocht bhféidir (mar bhreosla sintéiseach). D'fhéadfaí hidrigin ghlas a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a mhonarú le haghaidh iompair. Táthar ag smaoineamh ar raon feidhme na Scéime Oibleagáide um Bithbhreoslaí a leathnú chun hidrigin ghlas agus breoslaí in-athnuaite eile de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chuimsiú.

Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn

Tá réitigh chliste tiomána d'fheithicilí amhail áiseanna loingseoireachta, rialú cúrsála, áiseanna páirceála agus córais cúnamh scoitheadh feistithe anois mar chaighdeán don chuid is mó d'fheithicilí. Is féidir lena leitheadúlacht san fhliú, in éineacht le nuálaíochtaí eile, tacú le héifeachtúlacht taistil trí threoir bealaigh optamaithe agus trí aiseolas tiománaithe maidir le héifeachtúlacht breosla. Le himeacht ama d'fhéadfadh feithicilí uathrialacha ar leibhéal éagsúla athruithe suntasacha a sholáthar maidir leis an gcaoi a ndéanaimid taisteal, ar úinéireacht feithicilí agus go leor eile.

⁴⁵ Tagraíonn Hidrigin Ghlas de ghnáth do hidrigin a tháirgtear trí leictrealú uisce ag baint úsáide as leictreachas in-athnuaite. Is é an t-aon fhotháirge ná ocsaigin. Dá bhrí sin, meastar gur gás saor ó astaíochtaí é seo

15.4 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
225	Leanúint ar aghaidh ag feabhsú agus ag leathnú an Líonra Taistil Ghníomhaigh agus Glasbhealaí
226	Straitéis Líonra Náisiúnta Rothaíochta atá comhleanúnach agus nasctha a fhorbairt
227	1,000km breise de bhonneagar rothaíochta agus siúlóide a thógáil
228	Leibhéal méadaithe um aistriú córa iompair a spreagadh i dtreo Taistil Ghníomhaigh (siúlóid agus rothaíocht) agus amach ó úsáid carranna príobháideacha
229	Pleananna soghluaisteachta inbhuanaithe do scoileanna a luathú
230	Reachtaíocht a dhéanamh chun timpeallacht an Taistil Ghníomhaigh in ionaid uirbeacha a fheabhsú
231	Úsáid scútair agus rothair leictreacha
232	An Beartas nua um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe a fhoilsiú.
233	Tús a chur le seachadadh Athdhearadh Líonra BusConnects i mBaile Átha Cliath
234	Tús a chur le seachadadh Athdhearadh Líonra BusConnects i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach & i bPort Láirge
235	Tús a chur le seachadadh Oibreacha Bonneagair Chroí-Chonair Bhus BusConnects
236	Tús a chur le seachadadh BusConnects i gCorcaigh (Oibreacha Bonneagair Chroí-Chonair Bhus)
237	Tús a chur le seachadadh BusConnects i Luimneach (Oibreacha Bonneagair Chroí-Chonair Bhus)
238	Tús a chur le seachadadh BusConnects i nGaillimh (Oibreacha Bonneagair Chroí-Chonair Bhus)
239	Córas feabhsaithe iompair tuaithe a chur i bhfeidhm trí Phlean Soghluaisteachta Tuaithe de chuid Connecting Ireland a sheachadadh.
240	Tús a chur le seachadadh an Chláir DART agus leanúint ar aghaidh le hinfheistíocht i bhflít iarnróid throm
241	Tús a chur le seachadadh MetroLink
242	Tabhairt isteach céimnithe de Chárta Taistil Náisiúnta na nÓg
243	An Clár um Thaisteal Níos Cliste san Ionad Oibre a leathnú
244	Iníúchadh a dhéanamh ar an ról atá le bearta bainistithe éilimh i gcathracha na hÉireann, lena n-áirítear criosanna ísealastaíochtaí agus beartais táillí páirceála
245	Tionchar luais agus luasteorainneacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailléain a fhoilsiú.
246	Leanúint ar aghaidh ag rolladh amach luasteorainneacha athraitheacha/infreastruchtúr bainistíochta tráchta dinimiciúil ar Mhótarbhealach an M50 chun sábháilteacht a mhéadú agus brú tráchta a laghdú

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
247	Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim um Charranna Pobail.
248	A cheangal ar gach cathair ina bhfuil daonra de níos mó ná 75,000 le plean iompair inbhuanaithe a cheapadh tráth nach déanaí ná Meitheamh 2020 lena athbhreithniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair
249	Tosaíochtaí gluaiseachta níos fearr a chothromú laistigh de limistéir uirbeacha ionas go n-aistreofaí an timpeallacht thógtha agus an fearann poiblí ó cheann atá "dírithe ar fheithicil" go dtí "dírithe ar dhaoine" chun ailíniú leis an sprioc de ghlan-nialasach faoi 2050.
250	A chinntiú go léirítear i ngach straitéis iompair cathrach spriocanna laghdaithe astaíochtaí earnála sa Phlean Gnímh don Aeráid
251	Athbhreithniú agus, más gá, creat rialála a fhorbairt le haghaidh criosanna astaíochtaí ísle
252	Bearta bainistíochta réamhéilimh
253	Iníúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le bearta muirir ar úsáideoirí bóithre tríd an staidéar ar Mheasúnú Táille ar Úsáideoirí Bóthair Níos Fearr (BRUCE).
254	Soláthar páirceála agus taistil/roinnt a mhéadú ag acomhail iompair
255	Conairí iompair phoiblí a sheachadadh ag soláthar lánaí bus tosaíochta ar bhealaí gathacha náisiúnta ábhartha chuig an M50
256	Bearta tosaíochta bus inbhuanaithe a sheachadadh ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta
257	Creat nua infheistíochta a fhoilsiú d'iompar talún in Éirinn
258	Conradh a dhámhachtain chun tacú le 78,000 solas a athsholáthar i réigiún an iardheiscirt mar chuid den tionscadal náisiúnta um éifeachtúlacht fuinnimh soilsithe poiblí agus dul chun cinn a dhéanamh ar an 202,000 atá fágtha.
259	Treochlár a fhorbairt le haghaidh athbhreithnithe agus aistriú ó fhóirdheontais cánach breosla iontaise san earnáil iompair
260	Roghanna a scrúdú maidir leis na rátaí máil ar dhíosal agus ar pheitreal a chothromú thar thréimhse chúig ama
261	A chinntiú go n-éilítear lenár gcóras rialála d'fhoirgnimh bonneagar luchtaithe Feithicilí Leictreacha a shuiteáil.
262	Seirbhísí bus PSO Chathair Bhaile Átha Cliath a aistriú chuig flít busanna astaíochtaí ísle/nialasacha.
263	Seirbhísí bus PSO limistéar uirbeach Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge a aistriú chuig flít bus astaíochtaí ísle/nialasacha.
264	Seirbhísí bus baile PSO a aistriú chuig flít bus astaíochtaí ísle
265	Seirbhísí bus Nasc Áitiúil PSO a aistriú chuig flít bus astaíochtaí ísle/nialasacha
266	Conair beartais a fhorbairt chun méadú suntasach a thiomáint ar EVanna paisinéirí agus ar dhíolacháin veaineanna leictreacha agus/nó chun feithicilí agus veaineanna paisinéara breosla iontaise a dhídhreasú.
267	Roghanna a shainaithint chun glacadh le EV a mhéadú chun tacú leis an aistriú ó thacaíochtaí deontais

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
268	Oifig d'Fheithiclí a bhfuil Astaíochtaí Ísle acu a bhunú chun cur chun feidhme na mbeart agus an bhonneagair EV reatha agus amach anseo a chomhordú
269	Feachtas fairsing cumarsáide agus rannpháirtíochta a fhorbairt agus a sheoladh, clúdach uile-Rialtais, chun infhaighteacht agus tuiscint ar phríomhfhaisnéis maidir le EVanna a bhrú chun cinn, atá saincheaptha do thomhaltóirí teaghlaigh, gnó agus san earnáil phoiblí.
270	Rolladh amach bonneagair EV níos fearr do charranna agus veaineanna paisinéirí a éascú
271	Straitéis bonneagair náisiúnta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhonneagair ar an tsráid, ar shuíomh agus ar luchtú tapa chun fanacht chun tosaigh ar éileamh, ag féachaint go háirithe do riachtanais neamhuirbeacha
272	Seoladh Scéim um Luchtú Ceann Scríbe chun bonneagar luchtaithe EV atá inrochtana don phobal a shuiteáil
273	An Scéim Deontais Luchtú Tí a leasú chun árasáin a chur san áireamh
274	Tacú leis an aistriú go feithiclí leictreacha i bpobail Ghaeltachta trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar EV
275	Bearta a shainiú chun tacú leis an aistriú go 95,000 veain leictreacha
276	Treochlár a leagan amach le haghaidh tuilleadh LEVanna i bhFlít na hEarnála Poiblí
277	An leibhéal pleanáilte úsáide bithbhreosla a leagan amach don tréimhse 2021 go 2030.
278	Bonneagar athbhreoslaithe pleanáilte a rolladh amach
279	Athbheithniú Straitéiseach Iarnróid a chríochnú chun, inter alia, conair a aithint chuig dícharbónú cuí na seirbhíse iarnróid idiruirbí
280	Ráiteas beartais nuashonraithe a fhoilsiú ar bhreoslaí in-athnuaite le haghaidh iompair
281	Tacú le forbairt gás in-athnuaite, amhail bithmheatán, mar bhreosla iompair san earnáil iompair
282	An Straitéis Tarlaithe 10 mbliana d'Fheithiclí Earraí Troma a fhoilsiú
283	Tacú leis an aistriú go feithiclí a bhreoslaítear ar shlí eile agus atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de tríd an mbacainn mheáchain feithicle a bhaint.
284	Éiceachleachtais níos fearr a chur chun cinn laistigh den earnáil HGV
285	Na híoschaighdeáin agus na spriocanna éigeantacha a shainiú sa Rialachán um Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR) a chur chun feidhme
286	Measúnú ar roghanna chun a chinntiú go bhfuil calafoirt tráchtála Stáit suite chun forbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a éascú.
287	Tionchar comhshaoil chabhlach na hÉireann atá ag trádáil go hidirnáisiúnta a mheas.
288	Athbheithniú a dhéanamh ar sholáthar breoslaí iompair in-athnuaite in Éirinn, amhail bithbhreoslaí, ard-bhithbhreoslaí, r-bhreoslaí, breoslaí sintéiseacha, hidrigin ghlas agus bithghás.
289	Tríd an gCroí-Fhoireann um Oiriúnú Iompair, athbheithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí oiriúnaithe aeráide atá ar siúl faoi láthair agus deiseanna chun cur chun feidhme beartais ábhartha sa todhchaí a shainiú.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
290	Deiseanna a shainaithint le haghaidh taighde chomhoibrithigh i réimse an oiriúnú aeráide don earnáil iompair
291	Feabhas a chur ar athléimneacht aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide ar an Líonra Iarnróid Éadroim agus Bóithre Náisiúnta
292	Comhoibriú agus dea-chleachtas maidir le hoiriúnú san earnáil iompair a roinnt le páirtithe leasmhara ábhartha
293	Tacar méadrachta a shainmhíniú chun costas teagmhais aimsire foircneacha don Stát a chainníochtú go cruinn i dtéarmaí an ioncaim a chailtear agus an costas deisiúcháin.
294	Taighde a choimisiúnú ar oiriúnú san earnáil iompair chun bearnaí eolais atá ann cheana a líonadh
295	Cosán a cheapadh chun laghdú breise de 0.9MT CO ₂ a sheachadadh san earnáil iompair faoi 2030
296	Athbhreithniú a dhéanamh ar naisc bhreise idir inrochtaineacht agus gníomh aeráide.



16. Talmhaíocht

16.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair

Tá an earnáil agraibhia ar cheann de na tionscail is mó in Éirinn. In 2020, b'ionann é agus beagnach 7% den ollioncam náisiúnta modhnaithe; 10% d'onnmhairí i dtéarmaí luacha; thart ar 164,400 post, sin 7.1% den fhostaíocht iomlán; agus €14 billiún d'onnmhairí.

Ciallaíonn tábhacht stairiúil agus eacnamaíoch na talmhaíochta i gcomparáid le tionscail eile gurb í an earnáil is mó a chuireann le hastaíochtaí foriomlána, ag 35.2%, arb ionann é agus breis agus aon trian d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa iomlán na hÉireann (GHGanna). In 2018, bhí astuithe GHG ón talmhaíocht 14% os cionn leibhéil 1990, go príomha mar gheall ar mhéadú ar astaíochtaí meatáin ó choipeadh eintreach (an próiseas díleáite ainmhithe).

Ciallaíonn cion ard na n-astaíochtaí náisiúnta a léiríonn an talmhaíocht go gcaithfidh an earnáil talmhaíochta a cuid spriocanna foriomlána laghdaithe astuithe a bhaint amach, in éineacht le gach earnáil eile, rannchuidiú dearfach a dhéanamh chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus tacú leis an aistriú chuig geilleagar agus sochaí atá athléimneach ó thaobh aeráide de, saibhir i mbithéagsúlacht agus neodrach ó thaobh aeráide de tráth nach déanaí ná 2050. Ina theannta sin, de réir mar a dhéantar dícharbónú ar earnálacha eile, tiocfaidh méadú ar an sciar de rannchuidiú na talmhaíochta leis an bpróifíl astaíochtaí náisiúnta.

Tábla 16.1 – Astaíochtaí GHG Talmhaíochta, 2018

Astaíochtaí Talmhaíochta CO ₂ eq.	Sciar na nAstaíochtaí GHG Iomlána	Astaíochtaí Talmhaíochta CO ₂ eq. in aghaidh an duine
22.03 Mt ₄₆	35.2%	4.5 t

In 2018, tháirg an earnáil 22.03 MtCO₂eq. (8% níos mó ná mar a tháirgeadh in 2005) á thiomáint go príomha ag méadú ar líon na mbólacht agus ar aschur bainne, tar éis dheireadh chóras cuóta bainne an AE in 2015. Mar sin féin, tháinig laghdú de 4% ar astaíochtaí talmhaíochta in 2019 go príomha mar gheall ar laghdú ar úsáid leasacháin (-10.1%) agus aolú (-25.4%). Má leanann na treochtaí le déanaí ar aghaidh, agus tréada déiríochta ag dul i méid, tá an baol ann go dtiocfaidh méadú ar astaíochtaí de réir mar a laghdaítear iarrachtaí éifeachtúlachta mar gheall ar fhás tréada.

Tá talmhaíocht na hÉireann faoi cheannas beostoic ag innilt amuigh faoin aer, córas bia féarach-bhunaithe, atá níos fabhraí, i gcomparáid le córais ina gcoinnítear ainmhithe ar dhianchórais táirgthe atá bunaithe ar ghrán. Tá cáil ar an earnáil as bia ar ardchaighdeán agus a tháirgtear go hinbhuanaithe, agus tá sé tábhachtach go gcoimeádfaimid an cháil sin, i ndomhan ina bhfuil éileamh méadaitheach ó thomhaltóirí ar fhianaise inchreidte go dtáirgtear bia agus comhábhair go hinbhuanaithe.

⁴⁶ Bunaithe ar chuntasaíocht AR4

Mar sin féin, tá caidreamh na hearnála le príomhtháscairí comhshaoil ag dul sa treo mícheart. Tá cleachtais talmhaíochta aitheanta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar chleachtais a chuireann go mór leis an laghdú ar cháilíocht an uisce ar bhonn náisiúnta, agus cuireann earnálacha eile leis an treocht seo freisin. Tá earnáil na talmhaíochta freagrach freisin as breis agus 99% d’astaíochtaí amóinia náisiúnta. Ina theannta sin, tuairiscítear go mbíonn tionchar diúltach ag tionchair ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta ar raon leathan speiceas, lena n-áirítear iasc, moilisc, mamaigh talún agus plandaí soithíocha. Tá tús curtha le bearta a chur chun feidhme chun astaíochtaí talmhaíochta a mhaolú (cosúil le leasacháin úiré chobhsaithe a úsáid). Beidh tacaíocht agus glacadh leanúnach beart den sórt sin ríthábhachtach chun aisiompú i méadracht comhshaoil a chinntiú chun ár n-uaillmhianta aeráide a chomhlíonadh agus chun cáil láidir idirnáisiúnta na hearnála a chosaint.

Tábla 16.2 – Treochtaí in Astaíochtaí Talmhaíochta GHG

Tréimhse	Athrú Céatadán	Athrú Iomlán, CO ₂ eq.
2005-11	-9.3%	-1.9 Mt
2011-18	19.1%	3.5 Mt

Ar fud na hEorpa, tá sé deacair astaíochtaí GHG sa talmhaíocht a laghdú, gan ach laghdú 2.3% ar fud an AE ina iomláine ó 2005 i leith. Tá ár ndéine carbóin in aghaidh an duine san earnáil, ag 4.5 tCO₂eq., i bhfad níos airde ná meán an AE, rud a léiríonn an ról suntasach atá ag an earnáil talmhaíochta i gcomhdhéanamh eacnamaíoch na hÉireann.

Tábla 16.3 – Comparáidí Idirnáisiúnta Astaíochtaí GHG Talmhaíochta, 2018

	Éire	An Danmhairg	An Ostair	An Fhionlainn	EU 27
Sciar den GHG Iomlán	35.2%	25.8%	10.4%	13.9%	12.4%
Astaíochtaí Talmhaíochta, CO₂eq. in aghaidh an duine	4.5 t	2.1 t	0.9 t	1.4 t	1.0 t
Athrú ó 2005	8.0%	-8.4%	0.4%	-4.4%	-2.23%

Sa straitéis ‘Fís Bia 2030 – Ceannaire Domhanda i gCórais Bhia Inbhuanaithe’ a seoladh le déanaí, moltar cur chuige córais bia chun earnáil agraibhia a fhorbairt a chomhlíonann na caighdeáin is airde inbhuanaitheachta – eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta – agus a sholáthraíonn an bonn le haghaidh buntáiste iomaíoch na hearnála amach anseo, agus tá sé á fhorbairt chun ailíniú iomlán a dhéanamh lenár n-uaillmhian aeráide.

Tábla 16.4 – An Leibhéal Dícharbónaithe Riachtanach sa Talmhaíocht ⁴⁷

Astaíochtaí 2018	Astaíochtaí Riachtanacha 2030 bunaithe ar Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2021
22.03 Mt ⁴⁸	16 go 18 Mt

⁴⁷ <https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/irelands-greenhouse-gas-emissions-projections-2020-2040.php>

⁴⁸ Bunaithe ar chuntasáíocht AR4

Oiriúnú Aeráide sa Talmhaíocht

Ar deireadh, tá dúshlán roimh an earnáil freisin maidir le hoiriúnú do thionchair an athraithe aeráide agus beidh uirthi athléimneacht a thógáil i leith a éifeachtaí. Ní hamháin go bhfuil earnáil láidir agrairbhia tábhachtach don earnáil féin, ach freisin don gheilleagar náisiúnta agus do chomhpháirtithe trádála domhanda na hÉireann. Ba cheart go mbeadh earnáil talmhaíochta atá athléimneach ó thaobh na haeráide de in ann fás go hinbhuanaithe, cur i gcoinne turraingí aeráide agus deiseanna a bhaineann le hathrú aeráide a shaothrú.

Bosca 16.1 – Cuntasaíocht AR5

Tá an Cúigiú Tuarascáil Measúnaithe (AR5) ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide (IPCC) ar cheann de na measúnuithe is cuimsithí ar athrú aeráide a rinneadh riamh. Socraíonn sé caighdeán nua chuntasaíochta d’Acmhainn Téamh Domhanda (GWP) de GHGanna.

Soláthraíonn luachanna GWP scála coiteann chun éifeachtaí aeráide na ngás éagsúla a thomhas. Úsáidtear an tomhas seo mar thagarmharc chun GHGanna dé-ocsaíd charbóin a chur i gcomparáid le dé-ocsaíd charbóin (CO₂), leis an GWP de CO₂ ag 1.

Tá nuashonruithe curtha ar fáil ag an IPCC ar na luachanna seo arís agus arís eile le blianta beaga anuas, agus tá gach coigeartú mar thoradh ar dhul chun cinn suntasach sa tuiscint eolaíoch.

Rinne AR5 athbhreithniú ar an GWP le haghaidh meatáin, ó 25 in AR4, go 28. Laghdaigh sé an GWP d’ocsaíd nítriúil ó 298 go 265 freisin. Beidh tionchar suntasach ag na hathruithe cuntasaíochta seo ar an gcaoi a ndéanaimid cuntas ar astaíochtaí ar fud na n-earnálacha go léir, ach go háirithe san earnáil talmhaíochta ina bhfuil meatán agus ocsaíd nítriúil araon astaithe go mór. Trí athrú ó AR4 go AR5, méadaíonn astaíochtaí talmhaíochta in 2018 ó 22.03 MtCO₂eq. go dtí thart ar 23 MtCO₂eq.⁴⁹

Tábla 16.5 – Méadrachtaí Féideartha chun Laghdú sa Talmhaíocht a Sheachadadh

Príomhmhéadracht KPI 2030 Laghdú Breise		Tionchar, MtCO ₂ eq.
Croíbhearta		
Laghdú suntasach ar astaíochtaí ocsaíde nítriúla trí chleachtais bhainistíochta feirme a athrú maidir le húsáid chothaitheach	Ní mór úsáid nítrigine ceimiceach ar fheirmeacha na hÉireann a laghdú go <350,000 tonna faoi 2025 agus <325,000 tona faoi 2030 úiré cosanta (nó táirgí nítrigine eile faoi chosaint) a chur in ionad 65 % de Níotráit Amóniam Cailciam díreach Glacadh 90% de Scaipeadh Sciodair Astaíochta Íseal	1.5-2
Póru ainmhithe feabhsaithe	Líon na dtréad déiríochta a dhéanann taifeadadh bainne ó 50% go 90%, agus méadú ar thaifead meáchain an tréada mairteola diúil ó 30% go 70%	0.3

⁴⁹ Bunaithe ar chuntasaíocht AR4

Beathú ainmhithe feabhsaithe	Cion amhphróitéine in ábhair bheatha beostoic a laghdú chun ocsaíd nítriúil agus caillteanas amóinia a íoslaghdú, agus breiseáin bheatha á n-úsáid le linn na tréimhse tithíochta	0.7
Aois luath-chríochnaithe eallaigh	Meánaois maraithe príomhainmhithe a laghdú ó 27 go 24 mí faoi 2030	0.7
Feirmeoireacht orgánach a mhéadú	An limistéar a ndéantar feirmeoireacht orgánach air in Éirinn a mhéadú ó 74,000 heicteár go 350,000 heicteár faoi 2030	0.3
Stoic chothaithe talmhaíochta a rannchuidiú le táirgeadh 1.6 TWh in aghaidh na bliana de bhithmheatán dúchasach a tháirgtear go hinbhuanaithe lena instealladh isteach san eangach gáis faoi 2030	1.6 TWh bithmheatán a instealladh isteach san eangach gáis	0.1-0.2 (earnáil na talmhaíochta) 0.4 (earnáil fuinnimh)
Bearta Breise		
Deiseanna éagsúlaithe	Athbhreithniú ar dheiseanna éagsúlaithe maidir le hioncam agus úsáid talún d'fheirmeoirí, lena n-áirítear i réimsí amhail táirgeadh bithmheatáin agus fuinnimh, agrafhoraoiseacht agus foraoisiú	TBD
Feirmeoireacht charbóin	Forbairt samhail feirmeoireachta carbóin a fhiosrú	TBD
Breiseáin bheatha a laghdóidh meatán le haghaidh tuaslagáin bunaithe ar fhéarach	Iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal do bhreiseáin bheatha a laghdóidh meatán le haghaidh réitigh atá bunaithe ar fhéarach	TBD

16.2 Spriocanna

Chun an leibhéal riachtanach laghdaithe ar astaíochtaí talmhaíochta a bhaint amach, faoi 2030 déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Tiomantas do bhearta lárnacha agus do bhearta breise chun astaíochtaí a laghdú ó 23 go 16-18 MtCO₂eq. in 2030
- Oibriú leis an earnáil dramhaíola chun stoic chothaithe a sholáthar, chun rannchuidiú le táirgeadh 1.6 TWh in aghaidh na bliana de bhithmheatán a tháirgtear go hinbhuanaithe le hinstealladh isteach san eangach gáis faoi 2030.
- Tabhairt faoi chlár oibre chun an poitéinseal a bheachtú agus chun spriocanna/cosáin a leagan síos do bhearta chun tuilleadh laghdaithe astuithe a sheachadadh:
 - Athbhreithniú ar éagsúlú a dhéanamh bunaithe ar thorthaí an Athbhreithnithe ar Úsáid Talún
 - Creat feirmeoireachta carbóin a chumasú faoi dheireadh 2023 i gcomhréir le gníomhaíocht an AE
 - Iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal do bhreiseáin bheatha a laghdóidh meatán le haghaidh réitigh atá bunaithe ar fhéarach

16.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh

Tá níos mó ná 80% de na hastaíochtaí GHG a bhaineann le talmhaíocht nasctha go díreach le líon beostoic agus le bainistíocht an aoiligh a tháirgeann siad, le 12% curtha i leith leasacháin cheimiceacha, agus an chuid eile ag baint le dó breosla agus CO₂ ó úsáid aoil.

Ní mór do bheartais a fhéachann le hastaíochtaí a laghdú san earnáil talmhaíochta an comhghaol díreach idir líon na n-ainmhithe, táirgeadh agus astaíochtaí GHG a shainaithint. Is féidir éifeachtúlachtaí agus teicneolaíochtaí níos fearr a chur ar ceal go héifeachtach trí astaíochtaí ó mhéid agus/nó comhdhéanamh tréada a mhéadú. Beidh forbairt pleananna chun lorg inbhuanaithe comhshaoil na n-earnálacha mairteola agus déiríochta a bhainistiú ríthábhachtach chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach.

Mura gcuirtear athruithe suntasacha i bhfeidhm anois, beidh gá le gníomh ceartaitheach níos radacaí níos déanaí chun a chinntiú go gcuirfead ár ngealltanais i gcrích. Beidh taighde eolaíoch agus nuálaíocht, an luasghéarú ar ghilcadh le dea-chleachtais ar leibhéal na feirme, agus oibriú i gcomhpháirtíocht, ar fud na hearnála agraibhia ar fad, ríthábhachtach chun ár bhfís maidir le neodracht aeráide a bhaint amach.

Tá Athbhreithniú ar Úsáid Talún ar bun faoi cheannas na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (féach an rannán ar Athbhreithniú ar Úsáid Talún i gCaibidil 17). Déanfar athbhreithnithe um éagsúlú ar ioncam agus úsáid talún d'fheirmeoirí, lena n-áirítear réimsí amhail táirgeadh bithmheatán agus fuinnimh, agra-fhoraoiseacht agus cruthú coillearnaí, tar éis fhoilsiú an athbhreithnithe seo.

16.3.1 Astaíochtaí ar ár bhFeirmeacha a Laghdú

Déanfaimid astaíochtaí talmhaíochta na hÉireann a laghdú 22-30%, ó bhonn 23 MtCO₂eq., chun 16-18 MtCO₂eq. a bhaint amach faoi 2030, trí thacar de bhearta lárnacha agus de bhearta breise a ghealladh:

- Luas agus doimhneacht an athraithe a mhéadú i bplean oibre feabhsaithe Ag Climatise. Tógfaidh sé seo ar an Ag Climatise 2020 agus féachfar ar na spriocanna a chur chun cinn, agus na bearta a thabhairt ar aghaidh chun a bheith comhsheasmhach le huasteorainneacha astaíochtaí earnála.
- Tá úsáid nítrigine ceimicí freagrach as thart ar 40% de na hastaíochtaí ocsaíde nítriúla ar fheirmeacha na hÉireann. Laghdófar an méid nítrigine ceimicí a úsáidtear ar fheirmeacha na hÉireann de réir spriocanna Ag Climatise óna bhuaicúsáid de 408,000 tona in 2018, ag laghdú astaíochtaí ocsaíd nítriúla agus amóinia agus ag feabhsú cháilíocht an uisce. Beidh athrú suntasach ar an gcineál leasacháin a úsáidtear i gceist leis an mbeart seo, agus díreofar ar úsáid leasacháin nítrigine ina bhfuil coscairí a mhaolóidh scaoileadh ocsaíd nítriúil agus amóinia isteach san atmaisféar. Is féidir laghduithe breise ar leasacháin a bhaint amach trí pischineálaigh a áireamh i mbáinsí agus trí bhratáin ilspeicis a chur, chomh maith le PH ithreach barrmhaith a bhaint amach. Beidh gá le clár leasacháin náisiúnta a bhunú chun an t-aistriú sin a éascú, mar aon le clár níotrátí athbhreithnithe
- Cuirfimid dlús le gníomhaíocht i bpórú ainmhithe. Is táirgeoirí níos éifeachtaí iad ba a bhfuil Innéacs Pórúcháin Eacnamaíoch níos airde acu, agus leanfaidh siad ag feabhsú lorg carbóin ár dtáirgí próitéin ainmhithe. Éascóidh cistiú taighde agus comhshamlú sonraí pórú ainmhithe mairteola ar astaíonn méid níos lú meatáin.
- Is cuid thábhachtach d'aschur ár gcóras bia iad comhábhair aiste bia an ainmhí, agus bíonn tionchar díreach ag leibhéal na hamhphróitéine a chothaítear i gciondálacha déiríochta agus muc ar an leibhéal gaolmhar d'ocsaíd nítriúil agus astuithe amóinia. Leanfaimid le tástáil a dhéanamh ar bhreiseáin bheatha nua faoi choinníollacha na hÉireann chun na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a bhunú a sheachadann ar mhaolú meatáin, leas ainmhithe, agus sábháilteacht bia, le húsáid in Éirinn le linn tréimhse tithíochta an gheimhridh.
- Comhoibreoimid leis na páirtithe leasmhara go léir in earnáil na mairteola, agus díreofar go háirithe ar chleachtais ar leibhéal na feirme, lena chinntiú go mbainfidh ainmhithe mairteola na meáchain riachtanacha amach ag aois níos luaithe.

- Méadóimid go suntasach an limistéar a ndéantar feirmeoireacht orgánach air in Éirinn go 350,000 heicteár ar a laghad faoi 2030. Déanfar é seo a dhreasú trí dheontais chaipitil a sholáthar agus trí rochtain ar an Scéim Feirmeoireachta Orgánaí
- De bharr feabhsuithe ar stádas sláinte an tréada náisiúnta déiríochta agus mairteola, tagann méadú ar tháirgiúlacht, agus ar deireadh laghdaítear astuithe in aghaidh an aonaid táirge. Infheisteoimid na hacmhainní is gá chun sláinte an tréada náisiúnta a fheabhsú, rud a sholáthróidh éifeachtúlacht fheabhsaithe agus astaíochtaí laghdaithe. Tá dualgas ar an earnáil iomlán oibriú chun feabhsuithe spriocdhírthe a dhéanamh sna deich mbliana atá romhainn
- Méadóimid toirt agus cáilíocht an fhéir innilte a itheann ár dtréada dtréada náisiúnta, trí rolladh amach Chlár Comharthaí Theagasc – Feirmeoirí ar son Ghníomhú ar son na hAeráide, agus cláir chomhairleacha.
- Beidh Plean Straitéiseach an Chomhbheartais Talmhaíochta (CSP) ina shásra seachadta lárnach chun ár n-uailmhian aeráide a bhaint amach. Beidh an uailmhian comhshaoil agus aeráide laistigh den CSP alínithe le “hailtíreacht ghlas” nua an CAP. Oibreoidh sé seo ar fud an dá philéar um chaiteachas CBT chun cur chuige foriomlán comhleanúnach a bhaint amach. Tabharfaidh Éire isteach Éicea-Scéimeanna a bheidh oscailte do gach feirmeoir agus é mar chuspóir acu rannpháirtíocht feirmeoirí a uasmhéadú chun feabhsuithe aeráide agus comhshaoil a bhaint amach ar fud na dtailte feirmeoireachta go léir. Soláthróidh idirghabhálacha Colún II uailmhianacha atá dírithe ar an gcomhshaoil feabhas suntasach fadtéarmach comhshaoil trí rannpháirtíocht ag líon suntasach feirmeoirí, agus gach ceann acu ag déanamh feabhsú láidir aeráide ar a bhfeirm. Mar sin féin, beidh gá le cur chuige uile-rialtais, uile-thionscail chun ár gcuspóirí aeráide foriomlána a bhaint amach toisc nach mbeidh an CSP in ann na hathruithe go léir a theastaíonn a sheachadadh.

16.3.2 Bearta Breise chun Astaíochtaí a Laghdú agus Aistrithe a Mhéadú

Rachaimid i mbun clár oibre chun deiseanna a aithint chun astaíochtaí a laghdú tuilleadh agus aistrithe a mhéadú:

- Scrúdóimid na bearta go léir sa treochlár Ag Climatise chun a chinntiú gur féidir laghduithe GHG a uasmhéadú laistigh de uasteorainneacha astaíochtaí earnála nuair a fhoilseofar é.
- Déanfaimid iniúchadh ar mhúnla feirmeoireachta carbóin a fhorbairt, lena bhféadfaí trádáil a dhéanamh, agus a thugann luach saothair d’fheirmeoirí as laghduithe agus asbhaint astuithe, lena n-áirítear trí infheistíocht ionchasach ón earnáil phríobháideach. Tá sé seo ag teacht le treo beartais an AE. Éileoidh cur chuige den sórt sin sonraí bonnlíne a bhunú, iniúchadh a dhéanamh, cóid charbóin dheonacha a fhorbairt, maoiniú príobháideach a ghíaráil trí chomhpháirtíochtaí poiblí/príobháideacha, agus struchtúir rialachais a chur i bhfeidhm.
- Déanfaimid athbhreithniú tiomnaithe ar dheiseanna éagsúlaithe chun a aithint cár féidir tuilleadh coigiltis a bhaint amach trí éagsúlú
- Ag obair leis an earnáil dramhaíola trí stoic chothaithe a sholáthar, cuirfimid le táirgeadh 1.6 TWh in aghaidh na bliana de bhithmheatán a tháirgtear go hinbhuanaithe le hinstealladh isteach san eangach gáis faoi 2030, arb ionann é agus thart ar 3 % den soláthar gáis nádúrtha. D’fhéadfaí na stoic chothaithe talmhaíochta atá fágtha, sadhlas féir agus sciodar ainmhithe go príomha, chun 1.6 TWh a tháirgeadh, tar éis úsáid a bhaint as acmhainní dramhaíola, a sholáthar trí tháirgiúlacht fheabhsaithe agus cleachtas bhainistíochta féaraigh agus ag an am céanna cloí leis na critéir inbhuanaitheachta atá leagtha amach sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Laghdóidh sé seo 0.1-0.2 MtCO₂eq in aghaidh na bliana don earnáil talmhaíochta, agus déanfar 0.4 MtCO₂eq a dhíláithriú in aghaidh na bliana don earnáil fuinnimh
- Fiosróimid deiseanna chun leibhéal bhreise bithmheatán os cionn 1.6 TWh a tháirgeadh, ag tógáil ar aschur an Staidéir Náisiúnta Teasa agus an Athbhreithnithe ar Úsáid Talún atá le teacht.

- Déanfaimid an soláthar dúchasach bithmhais a dhúbailt mar ionadú breosla iontaise chun teas agus leictreachas a ghiniúint. Tá leagan crann á rialú ag an Acht Foraoiseachta 2014 ina gcinntítear go ndéantar limistéir bhuinte a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus go bhfuil feidhm ag ceanglais chomhshaoil. Tiocfaidh dúbailt an tsoláthair bithmhaise go príomha ó fhoraoisí tráchtála a cuireadh ó na 1980idí
- Déanfar infheistíocht i dtaighde chun réiteach breiseán beatha a fhorbairt do chóras táirgthe féarach-bhunaithe na hÉireann

16.3.3 Talmhaíocht agus Taighde

Is céim an-tábhachtach é bunú na Faireachlainne Náisiúnta Carbóin don Ithir Talmhaíochta maidir le ceapadh carbóin a chainníochtú. Tacóimid leis seo le cláir chuimsitheacha léarscáilithe agus samplála ithreacha na hÉireann.

Mar chuid de chlár feabhsaithe taighde, tá géarghá le teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí laghdaithe atá ann cheana a fhorbairt agus a thástáil chun astaíochtaí GHG talmhaíochta a laghdú go díreach, agus/nó níos mó ceapadh carbóin ar fheirmeacha, chun freastal ar riachtanais na neodrachtá aeráide tráth nach déanaí ná 2050.

Mar bhonn agus mar thaca ag na straitéisí seo beidh an gá le bearta a ionchorprú i bhfardail. Éileoidh sé seo taighde chun fachtóirí astaíochta nua agus/nó bealaí nua a shonrú chun sonraí gníomhaíochta a thiomsú, chomh maith lena chinntiú go gcuirfidh bearta le hathléimneacht aeráide níos fearr san earnáil Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Úsáide Talún Eile.

Tá bunú Lárionad Sármhaitheasa Talmhaíochta nua GHG riachtanach mar gheall ar scála an dúshláin.

16.4 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh		Gníomh
297		Athbhreithniú ar Chuar Costas Lacaithe Imeachach Teagasc a chur i gcrích.
298		Úsáid nítrigine ceimicí a laghdú go dtí 325,000 tona iomlán (go bliantúil) faoi 2030, le sprioc eatramhach de 350,000 tona faoi 2025.
299		Clár Gníomhaíochta Níotráití nua a chomhaontú
300		Clár Náisiúnta Úsáideoirí Leasacháin a bhunú chun úsáid níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de a cheadú
301		Úsáid Úiré chosanta a mhéadú
302		Úsáid mhéadaithe de bharr léagúmacha a chur chun cinn chun nítrigin a shocrú i gcórais táirgthe
303		Méadú ar líon na dtréad déiríochta a dhéanann taifeadadh bainne ón leibhéal reatha de 50% go 90%
304		Fócas méadaithe ar roghnú do thréithe as a dtagann táirgeadh meatáin níos ísle sa chlár póraithe mairteola
305		Bearta a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht fheabhsaithe i mbeostoc a chur chun cinn.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
306	An cion próitéine amh in ábhair bheatha beostoic a laghdú chun cailiteanas ocsaíd nítriúil agus amóinia a íoslaghdú
307	Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt bhreiseáin bheatha ar astaíochtaí meatáin le húsáid le linn na tréimhse tithíochta
308	Bearta a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht fheabhsaithe agus laghdú astaíochtaí beostoic a chur chun cinn trí shláinte agus leas ainmhithe feabhsaithe
309	Meánaois maraithe príomhainmhithe a laghdú ó 27 go 24 mí faoi 2030
310	An limistéar reatha faoi tháirgeadh orgánach a mhéadú ó 74,000 ha go 350,000 ha faoi 2030
311	Acmhainn Taighde Orgánach a Thógáil
312	Cur le Tógáil Acmhainne agus Cumais le haghaidh Díleá Anaeróbach
313	Tuilleadh taighde a dhéanamh ar stoic chothaithe bhithmhais agus aoiligh le haghaidh táirgeadh bithgháis trí AD
314	Ráta deontais níos airde de 50% a thabhairt isteach d’Fheirmeoirí le haghaidh Infheistíochtaí Caipitil a chuireann leis an mbeartas fuinnimh in-athnuaite níos leithne
315	An Soláthar Bithmhais a dhúbailt mar ionadú breosla iontaise chun cur le dícharbónú an chórais fuinnimh
316	Pleananna mionsonraithe a tháirgeadh faoi R2 2022 chun lorg inbhuanaithe comhshaoil na n-earnálacha déiríochta agus mairteola a bhainistiú
317	Creat cumasúcháin a fhorbairt chun rolladh amach an chláir feirmeoireachta carbóin náisiúnta a éascú
318	Leanúint ar aghaidh ag infheistiú i dtaighde chun breiseáin bheatha núíosacha a fhorbairt chun meatán bithghineach a laghdú le linn an tséasúir féaraigh
319	A chinntiú go ndéantar táirgeadh foráiste a bharrfheabhsú chun cáilíocht agus cainníocht an fhoráiste i réim bia ainmhithe a fheabhsú chun éifeachtúlacht choipeadh eintreach a fheabhsú (trína laghdaítear meatán), trí bhainistiú féarach agus seamair a chur san áireamh i mbánacha athshíolta
320	Idirghabhálacha cuí a fhorbairt agus a thabhairt chun críche faoi Phlean Straitéiseach CAP na hÉireann chun tacú leis an uailmhian comhshaoil, bithéagsúlacht agus aeráide is mó is féidir i CAP 2023-2027.
321	Tacú le Glaonna Taighde agus maoiniú Náisiúnta agus iad a leathnú ar aon dul le réimsí tosaíochta na Roinne Talmhaíochta agus Bia agus le spriocanna taighde um ghníomhú ar son na haeráide.
322	Tacú le deiseanna maoinithe taighde idirnáisiúnta agus iad a leathnú i réimsí tosaíochta lena n-áirítear réimsí a bhaineann leis an aeráid
323	Lárionad sármhaitheasa a bhunú le haghaidh nuálaíochta i dtalmhaíocht aeráid chliste agus úsáid talún don earnáil agraibhia

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
324	Uasoiliúint a chur ar fheirmeoirí agus ar chomhairleoirí lena chinntiú go bhfuil an t-eolas agus na huirlisí acu chun maolú aeráide, feabhsú na bithéagsúlachta agus cleachtais oiriúnaithe a chur i bhfeidhm.
325	Bearnaí eolais a aithint san earnáil ghairneoireachta maidir le gníomhartha maolaithe an athraithe aeráide agus aghaidh a thabhairt ar réimsí ina bhfuil gá le hathrú
326	Líonra eiseamláireach d'Fheirmeacha SignPost a bhunú chun an cleachtas aeráide is fearr a léiriú.
327	Fís Bia 2030 a chur chun feidhme, go háirithe an misean "Earnáil Agraibhia atá Cliste don Aeráide, atá Inbhuanaithe don Chomhshaoil"
328	Tacú le gnóthaí dícharbónú trí chláir thacaíochta caipitil a sholáthar chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi réir maoiniú státchiste a bheith ar fáil
329	Athchóiriú agus caomhnú éiceachórais a chur chun cinn trí Íocaíocht as Seirbhísí Éiceachórais agus infheistíocht i ngníomhartha a mhéadaíonn linnte carbóin agus ag an am céanna an bhithéagsúlacht a chur chun cinn m.sh. coillearnacha, portaigh, bainistíocht ithreach, fála scean.
330	Plean Uile-Éireann um Phailineoirí nua do 2021-2025 a chur chun feidhme.
331	Cumas oiriúnaitheach a neartú trí eolas agus feasacht a fheabhsú trí thógáil ar Bheartas Gníomhaíochta Aeráide sa Tionscal Bia agus Deochanna
332	Feabhas a chur ar athléimneacht aeráide i dtáirgeadh barr.
333	Athléimneacht Aeráide a mhéadú inár Eastát Foraoise
334	Grúpa Geallsealbhóirí um Oiriúnú Inmheánach (IASG) an DAFM a fhostú chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Roinne ar phríomhshruthú oiriúnú i mbeartas
335	Athbhreithniú Eatramhach a dhéanamh ar an bPlean Oiriúnaithe Earnála Talmhaíochta, Foraoise agus Bia Mara agus na chéad chéimeanna eile a mholadh
336	Céimeanna tosaíochta a shainaitheint i dtreo athléimneacht a thógáil ón gcuid bia mara den Phlean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide i dtaca le Talmhaíocht, Foraois agus Bia Mara atá le feidhmiú in 2021
337	Anailís ar Thionchar Oiriúnaithe Aeráide agus Leochaileacht a nuashonrú



Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid
Talún, Foraoiseacht agus Mara

17

17. Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún, Foraoiseacht agus na Mara

17.1 Cúrsaí mar atá faoi láthair

17.1.1 Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún, Foraoiseacht


Tá an chaoi a n-úsáidimid agus a mbainistimid an talamh ríthábhachtach don chaoi a mairimid in Éirinn. Táirgeann ár dtalamh go leor den bhia a ithimid, tacaíonn sé le cumhacht in-athnuaite dár dtithe agus dár dtionscal, agus soláthraíonn sé an t-adhmad a úsáidimid chun ár dtithe a thógáil. Tá sé mar bhunús leis na héiceachórais a mbíimid ag brath orthu le haghaidh aer agus uisce glan, agus tacaíonn sé leis na gnáthóga, flóra agus fána atá mar chuid de bhithéagsúlacht uathúil na hÉireann. Bíonn tionchar ag úsáid talún ar an mbealach a astaítear gáis cheaptha teasa (GHGanna) san atmaisféar ónár dtalamh nó a bhaintear as ár dtalamh.

Tábla 17.1 Astaíochtaí GHG Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseachta, 2018

Astaíochtaí LULUCF CO ₂ eq.	Sciar na nAstaíochtaí GHG Iomlána	Astaíochtaí LULUCF CO ₂ eq. in aghaidh an duine
4.8 Mt	7%	0.97 t

Ar fud an AE-27 ó 1990 i leith, tá an earnáil Talamhúsáide, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF) ina glandhoirteal d'astaíochtaí GHG, go príomha mar gheall ar an gclúdach fairsing foraoise. I gcodarsnacht leis sin, bhí earnáil LULUCF na hÉireann ina glanfhoirse d'astaíochtaí GHG i ngach bliain ó 1990 go 2019. Is é is cúis leis seo go príomha ná go bhfuil an doirteal carbóin ó chatagóirí úsáide talún Talún Foraoise, agus Táirgí Adhmaid Bainte, níos lú ná an fhoirse carbóin ó Fhéaraigh agus ó Bhogaigh. Is foinsí suntasacha astaíochtaí iad Féaraigh agus Bogaigh mar thoradh ar dhraenáil ithreacha orgánacha. Athraíonn an chatagóir úsáide talún talamh barra idir a bheith ina doirteal glan i roinnt blianta, agus ina fhoirse i mblianta eile. Tá an poitéinseal ag na catagóirí seo go léir a bhainistiú mar ghlandhoirtil do GHGanna.

Figiúr 17.1 Astaíochtaí agus Aistrithe LULUCF, 1990-2019⁵⁰



⁵⁰ Foinsé GCC

Tábla 17.2 – Treochtaí in Astaíochtaí GHG LULUCF

Tréimhse	Athrú Céatadáin	Athrú Iomlán, CO ₂ eq.
2005-11	-8.3%	-0.5 Mt
2011-18	-12.7%	-0.7 Mt

Tá glanastaíochtaí LULUCF ag titim le himeacht ama. In 2018, b'ionann iad agus 4.8 MtCO₂eq. Ciallaíonn laghdú 51% ar na hastaíochtaí sin sprioc 2030 de thart ar 2-3 MtCO₂eq. Mar sin féin, tá an glansprioc astaíochtaí seo do LULUCF níos dúshlánaí ná mar is léir. Léiríonn an 4.8 MtCO₂eq. i nglanastaíochtaí in 2018 talamh neamhfhoraoise mar fhoinsé astaíochtaí agus ár doirteal foraoise glanluacháilte. Tá an doirteal foraoise seo ag laghdú, agus tá réamh-mheastacháin reatha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ag tuar go sroichfidh glanastaíochtaí na hÉireann faoi 2030 7.1 MtCO₂eq. Ina theannta sin, meastar go méadóidh an glaniomlán réamh-mheasta seo a thuilleadh leis an eolaíocht atá ag teacht chun cinn go raon idir 7-11 MtCO₂eq. in 2030, le leibhéal na n-aistriú carbóin ó fhoraoisí ar ithreacha orgánacha níos lú ná mar a tuigeadh roimhe seo.

Tábla 17.3 – Comparáidí Idirnáisiúnta Astaíochtaí GHG LULUCF, 2018

	Éire	An Danmhairg	An Ostair	An Fhionlainn	EU 27
Astaíochtaí LULUCF, CO₂eq. in aghaidh an duine	0.97 t	1.13 t	-0.58 t	-1.86 t	-0.59 t
Athrú ó 2005	-19.9%	10.9%	51.5%	58%	16%

Cé gur glanfhoinsé astaíochta í earnáil LULUCF na hÉireann faoi láthair, tá sé tugtha faoi deara cheana féin go bhfuil treocht anuas sna hastaíochtaí seo, le laghdú 20% ó 2005 i leith. Mar sin féin, mar atá ráite, tá sé réamh-mheasta go n-aisiompóidh an treocht seo, de réir mar a thagann próifíl aoise an stoic foraoise in aibíocht agus de réir mar a mhéadaíonn leibhéal bainte de réir na réamhaisnéisí réamh-mheasta. Nuair a chuirtear san áireamh in éineacht le ballstáit inchoimparáide an AE, is féidir linn a fheiceáil go bhfuil dúshlán suntasach thar an meántearma agus an fadtearma maidir le hastaíochtaí LULUCF a bhainistiú agus a laghdú. Tá laghduithe comhchosúla tagtha ar go leor linnte carbóin ar fud an AE le blianta beaga anuas, rud a d'fhág gur laghdaigh linnte carbóin an AE le 16% idir 2005 agus 2018.

Tábla 17.4 – An Leibhéal Dícharbónaithe Riachtanach in LULUCF

Astaíochtaí 2018	Astaíochtaí Riachtanacha 2030 bunaithe ar Phlean Gnímh don Aeráid 2021
4.8 Mt	2-3 Mt

Bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha an GCC, atá faoi réir ag athbhreithniú breise aníos bunaithe ar an eolaíocht atá ag teacht chun cinn, sroichfidh glanastaíochtaí LULUCF na hÉireann 7.1 MtCO₂eq. Ciallaíonn sé seo go bhfuil gá le coigilteas de 4.6 MtCO₂eq. ar a laghad a bhaint amach. D'fhéadfadh an coigilteas a theastaíonn ardú go 6.6 MtCO₂eq. nó níos mó, le hathbhreithnithe ar na fardail.

17.1.2 Timpeallacht Mhuirí

Tá an t-athrú aeráide ina chúis le hathruithe bunúsacha agus do-aisiompaithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar ár dtimpeallacht mhuirí, le hiarmhairtí don tsochaí uile. Ní mór dúinn cur lenár dtuiscint ar chumas maolaithe agus oiriúnaithe ár bhfarraigí, agus ar na tionscail mhuirí a dtacaíonn sé leo, chun eolas a thabhairt dár mbeartais amach anseo.

Trí litearthacht aigéin a mhéadú, agus feasacht an phobail ar luach fharraigí na hÉireann, cinnteofar go dtabharfar tacaíocht do chur chuige inbhuanaithe chun ár n-acmhainní mara a bhainistiú.

Bosca 17.1 – Cad is Carbón Gorm ann

Tagraíonn Gorm Charbóin do charbón a stóráiltear, nó a fhorordaítear, san aigéan, ina dhriodar, agus i ngnáthóga fásra timpeall ár gcósta.

Choimisiúnaigh Foras na Mara tuarascáil speisialta dar teideal 'Gorm Carbóin agus Muirí a Ghabháil in Uiscí na hÉireann agus i nGnáthóga Cósta' chun athbhreithniú agus sintéis a dhéanamh ar an eolas atá ann faoi láthair maidir le gabháil charbóin ghorm agus mhuirí in uiscí na hÉireann, agus chun bearnaí eolais rithábhachtacha a aithint. Tar éis an staidéir seo, sheol Foras na Mara, i mí an Mheithimh 2021, glao taighde a chuirfidh lenár n-acmhainn náisiúnta agus a sholáthróidh comhairle agus fianaise chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais.

Tábla 17.5 Méadrachtaí Féideartha chun Astaíochtaí in Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht a Laghdú

Príomh-Mhéadrachtaí	KPI 2030	Coigiltis Dhíreacha MtCO ₂ eq. sa bhliain 2030
Talamh Foraoise	Foraoisiú nua go dtí 2030	0.8
	Cuntasaíocht le haghaidh foraoisithe le aistriú réadaithe tar éis 2030	2.1
Talamh barra	Úsáid barra cumhdaigh a mhéadú Tuí a ionchorprú	0.03
		0.04
Féarach	Bainistíocht feabhsaithe ar fhéarach ar ithreacha mianraí	0.26
	Déine bainistíochta laghdaithe (bainistíocht maoschlár) de 80,000 heicteár ar ithreacha orgánacha draenáilte faoi 2030	0.88
Bogaigh	Athshlánú Tailte Móna Bhord na Móna agus LIFE (45,000 heicteár)	0.30
	20,000 heicteár breise d'athshlánú	0.20
Iomlán		4.61

17.2 Spriocanna

Chun an leibhéal riachtanach laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, faoi 2030 déanfaimid an méid seo a leanas:

- Glanastaíochtaí LULUCF na hÉireann a laghdú faoi 4.6 MtCO₂eq. in 2030 i gcoinne astaíochtaí réamh-mheasta reatha agus comhsheasmhach le neodracht carbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050 trí:
- Ár ráta coillteoireachta bliantúil a mhéadú i gcomhréir leis an uaimhian seo a bhaint amach agus neodracht carbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, lena n-áirítear tionscnaimh bhainistíochta foraoise a chur chun cinn chun linnte agus stórais charbóin a mhéadú.
- 80,000 heicteár. laghdú ar dhéine bainistíochta (bainistíocht maoschlár) ar thailte féaraigh ar ithreacha orgánacha draenáilte
- Feabhas a chur ar ár mbainistíocht le haghaidh ceapadh carbóin de 450,000 heicteár de thalamh féaraigh ar a laghad ar ithreacha mianraí
- Cuimsiú na mbarr cumhdach sa churaíocht a mhéadú go 50,000 heicteár ar a laghad faoi 2030
- Ionchorprú tuí a mhéadú go 10% ar a laghad den limistéar curaíochta (gránach).
- 65,000 heicteár de thailte móna a athshlánú thar go leor úinéirí talún agus tionscadail
- 30% de limistéar muirí na hÉireann a ainmniú mar limistéar Muirí faoi Chosaint

Ní mór dúinn conair a bhunú ionas go mbeidh ár n-earnáil LULUCF ina glandoirteal inbhuanaithe fadtéarmach, ag cur go dearfach leis an athrú aeráide a chomhrac, agus ag tacú lenár n-aistriú chuig geilleagar agus sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de tráth nach déanaí ná 2050. Is é an cuspóir an earnáil seo a thabhairt ar aon dul leis an AE-27 foriomlán, ag íoslaghdú astaíochtaí agus ag barrfheabhsú deiseanna leithlisithe GHG, agus ag an am céanna ag cothromú cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíochta thar roinnt earnálacha. Bainfidh sé seo amach seirbhísí éiceachórais suntasacha agus buntáistí bithéagsúlachta.

17.3 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh

17.3.1 Foraoiseacht

Tá ról tábhachtach ag foraoisí agus táirgí foraoise maidir le hathrú aeráide a mhaolú. Is glan-ionsúire carbóin iad foraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe. Is ionad inbhuanaithe é adhmaid agus táirgí adhmaid-bhuanaithe a úsáid le haghaidh tógála do ghnáth-tháirgí tógála a astaíonn go leor carbóin, cosúil le coinceit, brící agus cruach. Is é an foraoisiú an beart maolaithe athrú aeráide ar an talamh is mó atá ar fáil d'Éirinn. Soláthraíonn bainistíocht ár bhforaoisí reatha deiseanna freisin chun stórais charbóin a mhéadú:

- Éascóidh Project Woodland ullmhúchán straitéise foraoise nua a aithníonn na tairbhí iolracha a sholáthraíonn foraoisí
- Leanfaimid le foraoisiú a chur chun cinn chun plandú a mhéadú go ráta atá comhsheasmhach lenár n-uaimhian do 2030 a bhaint amach, agus rannchuideoidimid le neodracht charbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050.
- Seolfar Clár Foraoiseachta nua in 2023 a dhíreoidh ar an tábhacht a bhaineann le foraoiseacht chliste na haeráide.
- Déanfaimid foraoisiú chun cuspóirí tráchtála, aeráide, uisce agus bithéagsúlachta a bhaint amach, trí phlandáil agus trí athghiniúint nádúrtha araon
- Éascóimid cruthú foraoisí beaga dúchasacha mar chuid dár scéimeanna agra-chomhshaoil, ag seachaint drochlua crann lena chinntiú go mbainfear amach spriocanna bithéagsúlachta agus carbóin.

- Leanfaimid ag tacú le slógadh adhmaid chruinn, trí thionscnaimh amhail infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar bainte, agus taighde i dtionscail adhmaid agus próiseála.
- Méadóimid monatóireacht ar an eastát foraoise chun dífhoraóisí mídhleathach a laghdú
- Cuirfear tacaíocht ar fáil chun úsáid mhéadaithe de chórais bhainistíochta mhalartacha a spreagadh mar gar d'fhoraoiseacht dúlra agus agrafhóraoiseacht
- Tacóimid le caomhnú agus le húsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha foraoise, rud atá riachtanach chun éagsúlacht ghéiniteach ár bhforaoisí a chosaint agus chun athléimneacht i leith athrú aeráide a fheabhsú.
- Forbróimid uirlisí tacaíochta cinntí le cur ar chumas úinéirí foraoisí cinntí a dhéanamh ar uainiú an bhuint (cosúil le uainíochtaí sínte) chun stóráil carbóin a bharrfheabhsú.

Bosca 17.2 – Cuntasáíocht don Fhóraoiseacht

Go domhanda is stór suntasach carbóin iad foraoisí i ndiaidh na n-aigéan. Is féidir leo carbón a ionsú agus a stóráil ina gcuid bithmhais, ithreacha agus táirgí, arb ionann é agus thart ar an deichiú cuid de na hastaíochtaí carbóin a réamh-mheastar don chéad leath den chéad seo. Ní mór dúinn, mar sin, ár rátaí reatha foraoisithe a mhéadú go suntasach agus raon beart bainistíochta foraoise a sholáthar chun stóráil carbóin a mhéadú sna foraoisí atá againn cheana féin. Mar sin féin, tógann foraoisí fiche nó tríocha bliain le fás. Bainfidh heicteár d'fhoraois a cuireadh inniu dé-ocsaíd charbóin as an atmaisféar de réir mar a fhásann na crainn, ach seachadfaidh sé an chuid is mó dá cheapadh sa tréimhse tar éis 2030. Ós rud é go mbeidh gach foraois a chuirfear sna blianta amach romhainn ríthábhachtach chun neodracht charbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, tá sé ríthábhachtach go dtarlóidh foraoisí substaintiúil sna deich mbliana seo.

Tugann an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (CCAC), ina comhairle don Aire maidir le cineálacha cur chuige i leith buiséid charbóin (CCAC an 3 Meán Fómhair 2021), dá haire gurb ionann é agus spriocanna a leagan síos agus cuntas a thabhairt orthu. *'...sa tréimhse go dtí 2030 ba cheart go gcuirfí san áireamh an mhoill dosheachanta idir gníomhaíochtaí agus torthaí i dtéarmaí laghdú iarbhir ar astaíochtaí nó aistriú feabhsaithe, agus an tuiscint go mbeidh toradh ar go leor de na gníomhaíochtaí a dhéanfar sa tréimhse tar éis 2030. D'fhonn gníomhaíocht a dhreasú, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh sa rialachán chun cuntas a thabhairt ar na coigiltis astaíochtaí geallta i dtréimhse ama níos giorra, agus comhaireamh dúbailte á sheachaint.'*

Le rialacháin arna gceadú ag an rialtas, déanfar foráil do na modhanna chun cuntas a thabhairt ar réadú níos luaithe ar bhaint den sórt sin, agus conas is féidir iad a úsáid chun an uasteorainn earnála a chomhlíonadh.

17.3.2 Tailte Talmhaíochta

Ní mór dúinn a chinntiú go mbainimid úsáid mhaith as ár gcuid talún, ar bhealach a chinntíonn ioncam feirme teaghlaigh agus pobail tuaithe bhríomhara amach anseo. Chomh maith le bia a tháirgeadh go hinbhuanaithe, is féidir luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí trí chuid dá gcuid talún a chaitheamh chun crainn a chur nó trí linnte a chruthú chun astaíochtaí carbóin a laghdú. Rachaidh an rialtas i gcomhpháirtíocht leis na heagraíochtaí feirmeoireachta san aistriú seo, a dtabharfar tacaíocht dóibh laistigh de struchtúr an chéad Chomhbheartais Talmhaíochta eile. Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Déine bainistíochta laghdaithe (bainistíocht maoschlár) de 80,000 heicteár ar a laghad d'ithreacha draenáilte, talmhaíochta, bainistithe, saibhir ó thaobh carbóin de. Chomh maith lenár n-astaíochtaí carbóin a laghdú, beidh comhbhuntaí ann freisin maidir le cáilíocht uisce fheabhsaithe, bithéagsúlacht mhéadaithe, agus athléimneacht fheabhsaithe i leith patrúin athraitheacha aimsire.⁵¹

⁵¹ Cuireann déine bainistíochta laghdaithe ar ithreacha draenáilte atá saibhre ó thaobh carbóin de atá bainistithe ó thalmhaíocht acmhainní shuntasach chun na hastaíochtaí CO₂ a laghdú ón earnáil um úsáid talún. Is deacair, áfach, toilteanas na bhfeirmeoirí a gcuid talún a athfhliuchadh dá dtairgí dreasachtaí toisc go bhfuil leibhéal na déine feirmeoireachta is féidir a choinneáil tar éis déine bainistíochta laghdaithe a bheith sainiúil don fheirm agus don súiomh. Ina theannta sin, beidh tionchar ag scála na déine bainistíochta laghdaithe sa tírdhreach agus sna córais hidreolaíochta casta iontu ar an gcumas astaíochtaí ó na héiceachórais seo a laghdú. Teastaíonn taighde le measúnú a dhéanamh ar roghanna bainistíochta dea-chleachtas le haghaidh na dtorthaí comhshaoil agus táirgthe is fearr.

- Feabhas a chur ar ár mbainistíocht ar 450,000 heicteár ar a laghad de thalamh féaraigh ar ithreacha mianraí le haghaidh ceapadh carbóin. Cuimsítear i gcleachtais fheabhsaithe níos mó ama chun athshíolú; pischineálaigh atá ag méadú sa bhánna féaraigh (lena n-áirítear seamair agus báinsí ilspeicis); balcadh a sheachaint; agus pleananna bainistíochta féaraigh fadtéarmacha
- Cuimsiú na mbarr cumhdach sa churaíocht a mhéadú go 50,000 heicteár ar a laghad faoi 2030
- Ionchorprú tuí a mhéadú go 10% ar a laghad den limistéar curaíochta (arbhar). Méadaítear carbón orgánach na hithreach nuair a ghearrtar agus nuair a dhéantar an tuí a ionchorprú san ithir, toisc go gcuirtear ábhar orgánach go díreach ar ais san ithir

17.3.3 Bogaigh

Clúdaíonn tailte móna 21% dár limistéar talún, agus 64% dár stoc iomlán carbóin orgánach ithreach. Tá siad ar an stór carbóin is mó i dtírdhreach na hÉireann. Mar sin féin, tá an stór carbóin seo an-leochaileach, mar shampla ó thaobh coinníollacha aimsire éagsúla agus imeachtaí adhaimsire. Tá poitéinseal suntasach ag athshlánú na dtailte móna díghrádaithe go dtí riocht ina n-aisghabhann siad a gcumas seirbhísí sainiúla éiceachórais a sheachadadh do ghnóthachain mhaolaithe tosaigh, agus do cheapadh carbóin amach anseo. I measc na mbuntáistí breise a bhaineann le hathchóiriú tailte móna tá torthaí dearfacha socheacnamaíocha don Lár Tíre, caipiteal nádúrtha méadaithe, bithéagsúlacht saibhrithe, cáilíocht uisce feabhsaithe, agus caolú tuilte. Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a athchóiriú/a fhliuchadh mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Limistéir Chaomhantais Speisialta Portaigh Ardaithe 2017-2022. Cuirfidh bearta athchóirithe den sórt sin, agus bainistiú hidreolaíoch ar ár dtailte móna faoi chosaint, stop le ocsaídiú móna agus cailteanas carbóin agus laghdóidh siad iad
- Tabhairt faoi thaighde breise chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht astaíochtaí carbóin a ghabháil, a stóráil agus a laghdú trí thailte móna a bhainistiú, a athchóiriú agus a athshlánú mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna.
- Uasghrádú a dhéanamh ar úsáid talún agus ar chórais léarscáilithe gnáthóige chun riocht bonnlíne na mbogach a bhunú, agus chun treoir a thabhairt d'fhorbairt treoirínite dea-chleachtais do bhainistiú bogach, lena n-áirítear bainistiú láithreán díghrádaithe agus tailte móna a shaothraítear faoi láthair le haghaidh baint móna fuinnimh.
- Bearta breise a fhorbairt chun cabhrú le tailte móna saothraithe agus díghrádaithe a athshlánú, lena n-áirítear mar chuid de phleanáil úsáid talún náisiúnta agus an Comhbheartas Talmhaíochta nua, agus a aithint go bhféadfadh go mbeadh gá le straitéisí a bheith difriúil idir réigiúin.

17.3.4 Athbhreithniú ar Úsáid Talún

Is beart ríthábhachtach maolaithe aeráide í úsáid talún atá ar fáil d'Éirinn, ach tá dúshlán shuntasacha le sárú chun an rannchuidiú féideartha ó úsáid talún a uasmhéadú⁵². Gealltar sa Chlár don Rialtas athbhreithniú ar úsáid talún chun a chinntiú go mbeidh na roghanna is fearr maidir le húsáid talún mar bhonn eolais do gach cinneadh ábhartha an rialtais.

⁵² Úsáidtear an chuid is mó d'fhéarach na hÉireann chun críocha talmhaíochta agus clúdaíonn siad achar iomlán talún de thart ar 4 mhilliún heicteár. Ríomhann Éire astuithe agus aistriú ó thalamh féaraigh agus tuairiscíonn sí na hastuithe agus aistrithe seo don AE sa Tuarascáil Fardail Náisiúnta bhliantúil a thiomsaíonn an GCC. Is glan-astuithe CO₂ iad féaraigh ar ithreacha orgánacha draenáilte (~300 míle heicteár) san atmaisféar de bharr ocsaídiúcháin an ábhair orgánaigh ithrigh agus an charbóin atá in uiscí draenála. Tá an CO₂ a scaoiltear mar gheall ar dhraenáil tailte féaraigh ar ithreacha orgánacha níos mó ná an CO₂ arna leithlisiú ag tailte féaraigh ar ithreacha mianraí agus, mar thoradh air sin, is glan-astaitheoir CO₂ isteach san atmaisféar iad féarthailte.

Bosca 17.3 – Athbhreithniú Náisiúnta ar Úsáid Talún

Agus úsáid talún na hÉireann á bhreithniú, déanfaidh an tAthbhreithniú Náisiúnta ar Úsáid Talún:

- Breithnithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a chothromú, agus próiseas meastóireachta ar thréithe éiceolaíochta na talún a bheith i gceist
- Sonraí agus fianaise a bhailiú chun tuairisc a thabhairt ar na tréithe comhshaoil, éiceolaíocha agus socheacnamaíocha a bhaineann le clúdach talún, úsáid talún agus gníomhaíochtaí talamhbhunaithe ar fud na hÉireann, agus chun iad a chinneadh, lena n-áirítear an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad lena chéile.
- A chur san áireamh astaíochtaí aeir agus uisce, leithlisiú carbóin, agus dúshláin maidir le hoiriúnú aeráide
- Infhaighteacht talún agus oiriúnacht don fhoraoiseacht mar athrú ar úsáid talún a scrúdú, ag cur san áireamh tionchair agus srianta bithéagsúlachta agus comhshaoil

Tá an t-athbhreithniú á dhéanamh in dhá chéim ar leith:

Céim 1 – Athbhreithniú Fianaise

Tá Céim 1 den Athbhreithniú ar Úsáid Talún ar siúl cheana féin, agus soláthróidh sé bonn fianaise chun tréithe comhshaoil, éiceolaíochta agus eacnamaíocha na gcineálacha talún ar fud na hÉireann a chinneadh.

Céim 2 – Beartais, Beartha agus Gníomhartha

Ag tógáil ar an mbonn fianaise ó Chéim 1, sainaitheoidh Céim 2 beartais, beartha agus gníomhartha cuí i gcomhthéacs cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus aeráide níos leithne de chuid an rialtais.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Tionscadal Léarscáile Clúdach Talún Náisiúnta ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus ón GCC a thabhairt chun críche in 2022, lena n-áirítear cuntasáocht LULUCF a chur ar an eolas.
- Tacú le cláir thaighde an GCC ar úsáid talún, bithéagsúlacht agus ithreacha.

17.3.5 An Timpeallacht Mhuirí

Beidh ról suntasach ag ár bpobail cois cósta agus ag ár n-earnálacha muirí maidir le cur lenár spriocanna aeráide, agus rachfar i gcomhairle leo agus tacófar leo mar chuid den aistriú.

Sa Chreat Náisiúnta Pleanála Mara reachtúil⁵³, a bunaíodh in 2021, leagtar amach cuspóirí agus beartais, lena n-áirítear i ndáil le hoiriúnú agus maolú ar an athrú aeráide, nach mór a bhreithniú i ndáil le gach clár, plan nó beartas; agus toiliú, formheas nó rialacháin, sa limistéar muirí. Ina theannta sin, tá bainistíocht limistéar muirí na hÉireann á athchóiriú tríd an mBille um Pleanáil Limistéar Muirí (MAP).⁵⁴ Tá an córas plan atá ag teacht chun cinn ag soláthar bonn do bhearta aeráide, amhail spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach trí shuiteáil fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, agus sainaitheann bealaí inar féidir le gach gníomhaíocht sa limistéar muirí rannchuidiú le laghdú carbóin agus bearta oiriúnaithe.

Méadóidh gníomhaíochtaí chun ár n-aigéan a chosaint, a chaomhnú agus a athchóiriú, amhail Limistéir Chosanta Mhuirí (MPAanna) a bhunú, cumas ár bhfarraigí chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú trí phróisis nádúrtha leithlisithe agus stórála carbóin, agus áiritheoidh sé go mbeidh éiceachórais mhuirí athléimneach i leith tionchair an athraithe aeráide.

- Tá an Bille MAP á bhreithniú ag an Oireachtas faoi láthair agus é mar aidhm é a bheith achtaithe faoi dheireadh 2021.
- Cuirfear tús le reachtaíocht maidir le sainaitheint, ainmniú agus bainistiú MPAanna ag deireadh 2021
- Breathnófar ar stóráil carbóin atá bunaithe ar an dúlra, agus ar athléimneacht fhéideartha na n-éiceachóras i leith athrú aeráide agus aigéadú aigéin, laistigh de na critéir chun MPAanna a ainmniú. Leathnóidh Éire a líonra MPAanna chun 10% ar a laghad dá limistéar muirí a chlúdach a luaithe is féidir, agus 30% faoi 2030.
- Tá an tionscal bia mara (iascaireacht, baint feamainne agus dobharshaothrú) ar cheann de na príomhpháirtithe leasmhara atá ag feidhmiú sa limistéar muirí agus tá ról ríthábhachtach aige in inbhuanaitheacht ár bpobail cois cósta timpeall na hÉireann. Tá os cionn 16,000 duine fostaithe timpeall ár gcósta go díreach agus go hindíreach. Leanfaidh an tionscal bia mara ar aghaidh ag tacú le tionscnaimh chun ár dtuiscint ar ár limistéar muirí a fheabhsú, ag cinntiú úsáid inbhuanaithe acmhainní, lena n-áirítear trí thionscnaimh bhithgheilleagair agus chiorclaigh. Léirigh measúnú na hÉireann a nuashonraíodh le déanaí faoin gCreat-Treoir um Straitéis Mhuirí (Straitéis Mhuirí na hÉireann Cuid 1, Meitheamh 2020) go bhfuil ar a laghad roinnt comhphárteanna de ghréasán bia mara ag athrú. Déanfar measúnú cuimsitheach ar thionchair an athraithe aeráide ar fheidhmiú éiceachórais
- Leanfaidh Foras na Mara le hinfheistíocht, faoin gClár Taighde Mara, i nglaonna taighde chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna athraithe aeráide amhail ardú ar leibhéal na farraige, aigéadú aigéin, dáileadh éisc agus athruithe flúirseacha, stóráil agus leithlisiú gormcharbóin, creimeadh cósta agus tuilte, agus imeachtaí stoirmeacha foircneacha.

⁵³ <https://www.gov.ie/en/publication/60e57-national-marine-planning-framework/>

⁵⁴ <https://www.gov.ie/en/publication/a1a65-maritime-area-planning-bill/>


17.4 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
338	Tionscadal Coillearnach chun cur chuige náisiúnta comhroinnte a fhorbairt do chrainn, coillte agus foraoise
339	An chéad chlár foraoiseachta eile tar éis 2014-2020 a ullmhú dá fhoilsiú in 2023.
340	An Clár Foraoiseachta 2014-2022 a chur chun feidhme (síneadh 2 bhliain san áireamh).
341	An leibhéal foraoisithe a mhéadú chun spriocanna a bhaint amach
342	Aschur ceadúnas foraoiseachta a mhéadú chun freastal ar an éileamh.
343	Ról an choillteoireachta mar réiteach aeráide a chur chun cinn
344	Uirlisí a fhorbairt chun táirgiúlacht agus tairbhí aeráide foraoisí a chur in iúl
345	Plandáil coillearnaí beaga a spreagadh mar chuid de scéimeanna agra-chomhshaoil agus coillteoireachta na Roinne.
346	Tionchar an dífhoraoisithe ar astaíochtaí GHG a íoslaghdú, agus tacú le beartais rialtais níos leithne
347	Foraoisí agus úinéirí foraoise a fhorbairt agus tacú leo i mbainistíocht inbhuanaithe coillearnach agus an tábhacht a bhaineann le maolú agus oiriúnú aeráide.
348	Taighde a dhéanamh ar roghnú speiceas chun athléimneacht i leith athrú aeráide a mhéadú
349	Tionchar stoic, linnte agus stór carbóin foraoise a mheas laistigh den earnáil Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseachta agus múnlaigh tionchair na gcásanna bainistíochta foraoiseachta agus foraoisithe éagsúla a mhúnlú.
350	Úsáid mhéadaithe de chórais mhalartacha bainistíochta foraoise a spreagadh
351	Tacú le slógadh adhmaid le húsáid san earnáil phróiseála agus bhithmhaise
352	Tacú le forbairt agus úsáid táirgí adhmaid bainte
353	Eastát na foraoise a chosaint agus monatóireacht a dhéanamh air maidir le lotnaidí agus galair d'fhonn stoic agus stórais charbóin a choinneáil agus athléimneacht a thógáil
354	Athléimneacht aeráide a mhéadú inár Eastát Foraoise
355	A chinntiú go gcuimsítear barra cumhdaigh sa churaíocht go 50,000 heicteár faoi 2030
356	Tacú le hinfheistíochtaí caipitil san Earnáil Curaíochta
357	Tacú leis an mbeart ionchorpraithe tuí chun 10% den limistéar Curaíochta (arbhar) a bhaint amach
358	Bearta breise talamh barra a fhorbairt chun carbón ithreach a chosaint agus a fheabhsú
359	450,000 ha de thalamh féaraigh a chur chun cinn ar ithreacha mianraí le haghaidh ceapadh carbóin
360	80,000 heicteár in 2030 de dhéine laghdaithe bainistíochta ar thailte féaraigh ar ithreacha orgánacha draenáilte
361	Athchóiriú agus caomhnú éiceachórais a chur chun cinn trí Íocaíocht as Seirbhísí Éiceachórais agus infheistíocht i ngníomhartha a mhéadaíonn linnte carbóin agus ag an am céanna an bhithéagsúlacht a chur chun cinn m.sh. coillearnacha, portaigh, bainistíocht ithreach, fáлта sreach.
362	Leanúint ar aghaidh le hinfheistíocht i léarscáiliú tailte móna

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
363	Bunshonraí ithreach a bhunú agus a scagadh chun an carbón cothaitheach agus ithreach inár n-ithreacha a thomhas
364	An Réadlann Náisiúnta Carbóin Ithreach Talmhaíochta a bhunú i gcomhar leis an gClár Feirme SignPost.
365	Líonra náisiúnta monatóireachta taise ithreach a bhunú
366	Líon na bhfálta sceach agus na gcrann ar fheirmeacha a chosaint, a fheabhsú agus a mhéadú
367	Ceapadh carbóin i bhfálta sceach a bheachtú tuilleadh
368	Deiseanna a aithint do thailte móna breise le haghaidh athshlánú feabhsaithe, chun tairbhí suntasacha a bhaint amach agus chun cur le sprioc na hÉireann maidir le bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.
369	Céim 1 den Athbhreithniú Fianaise ar an Athbhreithniú ar Úsáid Talún a chur i gcrích i gcomhréir leis an gClár don Rialtas 2020
370	Plean Uile-Éireann um Phailíneoirí nua do 2021-2025 a chur chun feidhme.
371	Gníomhaíocht foraoiseachta a chur chun cinn
372	Taighde agus forbairt san fhoraoiseacht.
373	An tsolúbthacht iomlán maidir le Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht atá ar fáil d'Éirinn a sheachadadh i gcomhthéacs spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa 2030.
374	Measúnú a dhéanamh ar na deiseanna agus an t-éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann chun ardforbairt bith-tháirgí (bithbhreoslaí agus ceimiceáin) a fhorbairt ó ligniceallalós in Éirinn.
375	Deiseanna a iniúchadh agus a shainaithint chun foraoisí a mhéadú.
376	Tacú le bailiú sonraí bithéagsúlachta.
377	Tógáil ar na gealltanais a tugadh faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021
378	Roghanna maolaithe ar shuíomhanna iartháirgthe bainte móna a mheasúnú agus a fheidhmiú.
379	Comhordú a dhéanamh ar na gníomhartha sa Chlár don Rialtas maidir le tailte móna chun na tairbhí don bhithéagsúlacht a uasmhéadú
380	Leanúint ar aghaidh ag ardú feasachta ar bhithéagsúlacht
381	Eastát na foraoise a chosaint agus monatóireacht a dhéanamh air maidir le lotnaidí agus galair d'fhonn stoic agus stórais charbóin a choinneáil.
382	Taighde & forbairt - Clár Samplála Ithir Tellus (Clár Náisiúnta Geolaíochta, Geoifisiceach & Geocheimiceach GSI)
383	Taighde & Forbairt - Tiús Móna - Clár Tellus (Clár Náisiúnta Geolaíochta, Geoifisiceach & Geocheimiceach GSI)
384	Taighde a dhéanamh agus dul i ngleic le conas tacú le haistriú aeráide ar bhonn ceartais sa talmhaíocht
385	Córais nádúrtha a athchóiriú agus a fheabhsú chun athléimneacht a mhéadú – ag tosú le próisis hidreolaíochta, próisis charbóin agus pailniú a bhainistiú
386	Athchóiriú agus caomhnú éiceachórais a chur chun cinn trí Íocaíocht as Seirbhísí Éiceachórais agus infheistíocht i ngníomhartha a mhéadaíonn linnte carbóin agus ag an am céanna an bhithéagsúlacht a chur chun cinn m.sh. coillearnacha, portaigh, bainistíocht ithreach, fálta sceach.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
387	Lónra Natura 2000 a neartú trí acmhainn mhéadaithe a sholáthar chun rialacháin ghnáthóg a fhorfheidhmiú
388	Monatóireacht a dhéanamh ar athrú feaneolaíoch lena n-áirítear gairdíní feaneolaíocha
389	Oideachas a chur ar leanaí scoile trí chláir reatha (Clár Scoileanna Oidhreacht, Scoileanna Glasa an Taisce, Cóstaí Glana) agus cláir oideachais bhreise chun feasacht a ardú ar na naisc idir bithéagsúlacht agus athrú aeráide
390	Páirt a ghlacadh le páirtithe leasmhara i ngach earnáil chun bithéagsúlacht a chosaint chun athléimneacht in aghaidh athrú aeráide a mhéadú
391	Straitéis airgeadais a fhorbairt chun an plean oiriúnaithe don Athrú Aeráide Bithéagsúlachta a chur chun feidhme lena n-áirítear sásraí airgeadais nuálacha cistí poiblí agus príobháideacha agus a chumasaíonn infheistiocht ón leibhéal náisiúnta go dtí an leibhéal áitiúil.
392	Cur le bonn eolais na hÉireann i dtéarmaí tionchair athrú aeráide muirí agus acmhainneacht charbóin ghoirm chun eolas a thabhairt d'fhorbairt gníomhaíochtaí maolaithe náisiúnta
393	Eolas farraige a mhéadú agus tacú le taighde agus nuálaíocht, ag infheistiú i dtaighde agus nuálaíocht
394	Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí nua a bhunú chun tacú le córas toilithe mara cuimsitheach, faoi stiúir an stáit a bheidh in ann an t-athrú céime ar scála agus ar chastacht na dtionscadal amach ón gcósta a bhainistiú ar bhealach níos fearr, agus forálacha do shásraí forfheidhmithe feabhsaithe.
395	Clár monatóireachta a fhorbairt faoin gCreat-Treoir um Straitéis Mhuirí lena ligtear dúinn éifeachtaí an athraithe aeráide a mheas
396	Reachtaíocht chuimsitheach a fhorbairt chun Limistéir faoi Chosaint Mara in uisce mara na hÉireann a shainaithint, a ainmniú agus a bhainistiú.
397	Méadú ar thuiscint an phobail ar éifeachtaí an athraithe aeráide ar an bhfarraige
398	Tógáil ar an rath de Bhithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath UNESCO agus tuilleadh ainmniúchán UNESCO a bhaint amach do shuíomhanna Éireannacha, lena n-áirítear réigiún Loch Rí.
399	Critéir a fhorbairt do limistéir mhuirí faoi chosaint lena n-áirítear stóráil carbóin nádúr-bhunaithe agus athléimneacht in aghaidh athrú aeráide agus aigéadú aigéin
400	Samhail Chuntas Caipitil Nádúrtha Taispeána a fhorbairt don Earnáil Bia Mara.
401	Réimsí gníomhaíochta aeráide a aithint atá oiriúnach don Chlár Forbartha Bia Mara 2021-27
402	An Plean Straitéiseach Náisiúnta um Dhobharshaothrú Inbhuanaithe a chríochnú, lena n-áirítear bearta aeráide
403	Staidéar ar Lorg Carbóin Bhia Mara a fhoilsiú, a sholáthraíonn anailís mhionsonraithe ar lorg carbóin na n-earnálacha gabhála agus do bharrshaothraithe
404	Staidéar pólótach a thabhairt chun críche maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht carbóin dearadh trealaimh iascaireachta
405	Ráta rannpháirtíochta 96% a choinneáil sa Tionscnamh Aigéin Ghlan agus na lárionaid chuain iascaigh a thabhairt i gcomhréir leis an Treoir um Áiseanna Glactha Calafoirt
406	Staidéar a fhorbairt chun teicníochtaí saothraithe feamainne éagsúla a thástáil lena gcuimsiú faoi dheireadh i mbia eallaigh chun táirgeadh meatáin a laghdú



18. An Geilleagar Ciorclach

18.1 An Dúshlán a bhaineann le hÚsáid Inbhuanaithe Acmhainní

Cuireann an geilleagar ciorclach rogha eile ar fáil do shamhail líneach an lae inniu maidir le táirgeadh agus tomhaltas, ina mbainimid amach cainníochtaí móra acmhainní nádúrtha chun rudaí a dhéanamh nach féidir linn a úsáid ach uair amháin sula gcaitear amach iad. Sa gheilleagar ciorclach, coinnítear acmhainní in úsáid chomh fada agus is féidir, baintear an t-uasluach astu agus iad á n-úsáid, sula ndéantar acmhainní iarmharacha a aisghabháil agus a athghiniúint ina dtáirgí agus ina n-ábhar nua ag deireadh gach saolré. Dá bhrí sin, is córas athghiniúnach bunúsach é an geilleagar ciorclach, a íoslaghdaíonn nó a sheachnaíonn na hastaíochtaí agus tionchair dhiúltacha eile ar an gcomhshaol, trí lúb dúnta d'ábhair a chur in ionad saolré líneach. D'fhonn an t-aistriú ciorclach seo a bhaint amach, beidh gá le leibhéil shuntasacha nuálaíochta maidir le dearadh samhlacha táirgeachta agus gnó araon.

Sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach cuirtear béim ar athchúrsáil a mhéadú, giniúint dramhaíola a íoslaghdu trí thosaíocht a thabhairt do chosc dramhaíola ag gach deis trí éicidhearthóireacht, athúsáid agus deisiú, agus deighilt a mhéadú. Tá an geilleagar ciorclach agus gníomhaíocht aeráide idirnasctha go bunúsach freisin. Fuarthas amach i staidéar a rinne an OECD ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa (GHG) ó cheithre thír gurbh ionann astaíochtaí a eascraíonn as bainistíocht ábhair agus idir 55% agus 65% de na hastaíochtaí náisiúnta. Tá tomhaltas ábhair na hÉireann i bhfad níos airde ná meán an AE, rud a thugann le fios go bhfuil scóip ann chun astaíochtaí GHG a shábháil trí éifeachtacht ár n-úsáide ábhair a uasmhéadú.

Tá ár samhail líneach tháirgthe agus thomhaltais reatha (bunaithe ar tháirgeadh, úsáid agus diúscairt) thar bheith dian ó thaobh carbóin agus acmhainní de. Ní mór dúinn bogadh chuig samhail táirgthe agus thomhaltais níos inbhuanaithe trí athrú a dhéanamh ar an gcaoi a n-ídímid ábhair agus acmhainní, agus ar an gcaoi a ndearaimid na táirgí a úsáideann teaghlaigh agus gnóthaí, agus ar an gcaoi a mhéadaimid saol táirgiúil gach earra agus táirge inár sochaí agus inár ngeilleagar. Meastar go mbíonn 1 tonna dramhaíola in aghaidh an tí in aghaidh na bliana mar thoradh ar astaíochtaí GHG trí dhramhaíl a mhúiríniú, a chur i líonadh talún nó a loscadh. Is gníomh aeráide is féidir linn a dhéanamh gach lá é dramhaíl a sheachaint ar an gcéad dul síos.

Ní chuirfear na coigiltí seo chun sochair go díreach d'earnáil ar bith, ach spreagfar iad ar fud na sochaí trí athrú radacach a dhéanamh ar an mbealach a smaoinimid ar an ngeilleagar ciorclach agus seachaint dramhaíola ar gach leibhéal, ón táirgeoir, ón bpróiseálaí agus ón miondíoltóir don tomhaltóir.

18.2 Cúrsaí mar atá faoi láthair

Ó thaobh na haeráide de, tá tábhacht ar leith ag baint leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ag céimeanna eastósctha acmhainní agus diúscairthe shaolré an táirge nó an ábhair. Mar shampla, tagann 50% d'astaíochtaí iomlána GHG ó eastóscadh agus próiseáil acmhainní, agus dá mba thír í an dramhaíl bia, bheadh sé ar an tríú astaitheoir GHG domhanda is mó, taobh thiar den tSín agus na Stáit Aontaithe. Dá bhrí sin, tá laghdú ar dhéine acmhainní ár ngeilleagair ina chuid riachtanach chun glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach.

Le ráta ciorclach⁵⁵ de 1.6%, tá Éire chun deiridh ar mheán an AE de 11.9%. Má fheabhsaítear an ráta seo, déanfar coigilteas ní hamháin sna tonnaí ábhar a chuirtear amú, ach freisin i gcarbón a astaítear. Soláthróidh an Straitéis Geilleagair Chiorclaigh Uile-Rialtais atá le teacht creat beartais náisiúnta foriomlán don aistriú ciorclach, agus áireofar léi bearta chun feidhmíocht ciorclachta na hÉireann a fheabhsú os cionn mheán an AE faoi 2030. Déanfaidh na bearta seo foráil do Threochláir Earnála Geilleagar Ciorclach a áireoidh, ina dhiaidh sin, spriocanna tosaíochta um chosc ar dhramhaíl in earnálacha ina mbeidh tionchar suntasach ag ciorclaíocht mhéadaitheach: tógáil, iompar, agraibhia agus earraí tomhaltóra, agus tacaíochtaí breise fiontraíochta chun samhlacha gnó nuálach a fhorbairt agus nuálaíocht táirgí inbhuanaithe.

⁵⁵ Léiríonn an ráta ciorclachta an sciar ábhair a aisghabhtar agus a thugtar ar ais i ngeilleagar

18.2.1 An Bithgheilleagar

Cuimsíonn an bithgheilleagar, atá ina ghné laistigh den gheilleagar ciorclach, raon gníomhaíochtaí thar go leor earnálacha, lena n-áirítear talmhaíocht, an mhuir, foraoiseacht, bainistíocht uisce agus dramhaíola, fuinneamh, chomh maith le bithchógaisíocht. Is é an chuid dár ngeilleagar í a úsáideann acmhainní in-athnuaite amhail barra, foraoiseacht agus iascach chun bia agus táirgí a tháirgeadh, chomh maith le fuinneamh, agus dramhaíl a laghdú ag an am céanna.

Má mhéadaítear scóip an bhithgheilleagair, laghdófar ár n-iontaoibh ar bhreoslaí iontaise-bhunaithe agus ar acmhainní atá dian ar charbón agus cuirfear leis an úsáid a bhainimid as acmhainní bitheolaíocha in-athnuaite.

Is í fíis an Rialtais don bhithgheilleagar, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Beartais Náisiúnta ar an mBithgheilleagar, uaillmhian na hÉireann a mhéadú le bheith ina ceannaire domhanda don bhithgheilleagar trí chur chuige comhordaithe a bhaineann leas iomlán as acmhainní nádúrtha na hÉireann agus a buntáiste iomaíoch agus trína bhaintear leas as na deiseanna atá ar fáil agus monatóireacht á déanamh aige agus iarmhairtí neamhbheartaithe á seachaint.

Ó foilsíodh an ráiteas náisiúnta beartais, tá Grúpa Ardleibhéil Forfheidhmithe Bithgheilleagair comhdhéanta de Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais bunaithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá roinnt mórghníomhaíochtaí tugtha chun cinn ag an ngrúpa lena n-áirítear Fóram Bithgheilleagair Náisiúnta a bhunú d'ionadaithe agus saineolaithe tionscail, a seoladh i mí Iúil 2021. Táthar ag súil go dtabharfaidh an Fóram Náisiúnta Bithgheilleagair agus an Grúpa Ardleibhéil Forfheidhmithe Bithgheilleagair treoir don treo beartais agus go ndéanfaidh siad moltaí beartais, lena n-áirítear gníomhartha mionsonraithe a léireofar in atriallta níos déanaí den Phlean Gnímh don Aeráid, agus doiciméid bheartais ábhartha eile.

Cuspóir tábhachtach den bhithgheilleagar is ea cabhrú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh carbóin de. Ionas go bhféadfadh an fhís seo a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go mbeadh cur chuige comhleanúnach, cothrománach againn maidir le ceapadh beartais trasna earnálacha.

18.2.2 Mianraí agus an Geilleagar Ciorclach

Tá ról ríthábhachtach ag mianraí chun an t-aistriú go geilleagar ciorclach atá tíosach ar acmhainní a bhaint amach. Molann coincheap an gheilleagair chiorclaigh laghdú suntasach a dhéanamh ar eastóscadh acmhainní príomhúla (i.e. mianadóireacht miotal agus mianraí príomhúla) i bhfabhar ábhar tánaisteach (miotail athchúrsáilte agus mianraí) a shreabhann trí lúba inmheánacha. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh amhábhair fós ag teastáil ó chóras ciorclach den sórt sin chun an geilleagar glas a éascú. Mar shampla, chun an sprioc náisiúnta de mhilliún feithicil leictreacha a bhaint amach faoi 2030, beidh gá le méadú suntasach ar infhaighteacht na mbonn-mhiotail chun cadhnaí agus comhpháirteanna eile a mhonarú. Measann an Gníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh go dtiocfaidh méadú beagnach dhá mhilliún tonna ar an méid copair a theastaíonn chun feithicil leictreacha a sholáthar faoi 2030, agus tá ardú éilimh réamh-mheasta ar nicil, cóbalt, litiam, alúmanam, mangainéis agus mianraí eile. Tá éilimh chomhchosúla réamh-mheasta ar mhiotail agus ar mhianraí eile chun freastal ar riachtanais earnáil na teicneolaíochta glas atá ag fás, agus ní féidir freastal ar na héilimh sin trí athchúrsáil amháin i gcóras ciorclach.

18.2.3 Dramhaíol

Nuair a bhaineann sé le fardal foirmiúil GHGanna, is iad na hastaíochtaí ó chóireáil dramhaíola a thuiriscítear faoin earnáil dramhaíola (astaíochtaí meatáin mar thoradh ar dhiúscairt chuig líonadh talún go príomha). Déanfar na gnóthachain maidir le húsáid ábhair a laghdú, agus ábhar athchúrsáilte a chur in ionad ábhair neamhshaothraithe, a chreidiúnú cúltaca sa slabhra soláthair. Beidh níos lú astaíochtaí a bhaineann le hiompar agus cóireáil dramhaíola mar thoradh ar ghiniúint dramhaíola a íoslaghdú, agus ar leithscaradh, athúsáid agus athchúrsáil a fheabhsú. Ar an mbealach seo, is ionann bainistíocht ábhair as a dtagann cóireáil dramhaíola agus 1.5% de GHGanna iomlána na hÉireann in 2018.

Tábla 18.1 – Astaíochtaí GHG Dramhaíola, 2018⁵⁶

Astaíochtaí Dramhaíola CO ₂ eq.	Sciar na nAstaíochtaí GHG Iomlána	Astaíochtaí Dramhaíola CO ₂ eq. in aghaidh an duine
0.91 Mt	1.5%	0.2 t

Tá astaíochtaí dramhaíola in aghaidh an duine níos ísle in Éirinn i gcomparáid le meán an AE. Tá laghdú tagtha ar astuithe ó 2005 i leith, ach ní raibh siad chomh mór agus a bhí i mBallstáit eile nó i gcomparáid le meán an AE. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn maidir le sruthanna dramhaíola a bhainistiú, go háirithe maidir le feabhas a chur ar rátaí athchúrsála agus ar atreorú ó líonadh talún. Glacadh le spriocanna uailmhianacha don bhliain 2030.

Tábla 18.2 – Comparáidí Idirnáisiúnta Astaíochtaí GHG Dramhaíola, 2018⁵⁷

	Éire	An Danmhairg	An Ostair	An Fhionlainn	EU 27
Sciar den GHG Iomlán	1.5%	2.4%	1.8%	3.2%	3.1%
Astaíochtaí, CO₂eq. an duine	0.2 t	0.2 t	0.2 t	0.3 t	0.3 t
Athrú ó 2005	-29.7%	-8.8%	-49.1%	-35.2%	-23.8 %

Is iad na príomhuirlisí beartais ar éirigh leo in Éirinn ná:

- Tobhach ar líonadh talún agus rialacháin atreoraithe
- Scaradh forleathan dramhaíola, gabháil le hábhair in-athchúrsáilte agus dramhaíl in-bhithmhillte
- Oibríochtaí athchúrsála a fhaigheann tacaíocht ón tionscal
- Pleanáil dramhaíola réigiúnach

Mar sin féin, d'fhoillíodh ár spriocanna a bhaint amach, tá gá le feabhas a chur ar na réimsí seo go léir, go háirithe chun straitéisí coiscithe níos fearr a fhorbairt, chun rátaí gabhála a fheabhsú, agus chun éilliú agus méid na n-ábhar neamh-athchúrsáilte a laghdú.

Beidh tionchar suntasach ag bearta beartais dramhaíola atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach ar rátaí íoslaghdaíthe, athúsáide agus athchúrsála dramhaíola thar na cúig bliana atá romhainn. Tuairiscíonn an t-eisiúint is déanaí ar dhramhaíl chathrach in-bhithmhillte (BMW) chuig líonadh talún, gur chomhlíon Éire spriocanna 2010, 2013 agus 2020 faoin Treoir um Líonadh Talún (1999/31/CE)⁵⁸. Tá dhá phríomhluamhán mar bhonn agus thaca ag rathúlacht na hÉireann maidir le dramhaíl a atreorú ó líonadh talún: méaduithe ar an tobhach do dhiúscairt dramhaíola go líonadh talún, agus ceanglais chun BMW a atreorú ó dhiúscairt go líonadh talún faoi spriocanna na Treorach um Líonadh Talún.⁵⁹

Tábla 18.3 – An Leibhéal Dícharbónaithe Riachtanach i nDramhaíl

Astaíochtaí 2018 ⁶⁰ CAP 2021	2030 Astaíochtaí Riachtanacha bunaithe ar
0.91 Mt	0.77 Mt

⁵⁶ <http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/ghgemissions2017/>

⁵⁷ EEA (2021), Fardal gás ceaptha teasa bliantúil an Aontais Eorpaigh 1990–2019 agus tuarascáil fardail 2021

⁵⁸ EEA (2021), Fardal gás ceaptha teasa bliantúil an Aontais Eorpaigh 1990–2019 agus tuarascáil fardail 2021.

⁵⁹ Coinnítear ráta an tobhaigh faoi athbhreithniú, faoi láthair ag €75 an tona do dhramhaíl dlite a dhiúscairt ag líonadh talún.

⁶⁰ <http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/ghgemissions20197/>

18.3 Spriocanna

Geilleagar Ciorclach

- Foilseofar Straitéis Geilleagair Chiorclach Uile-Rialtais faoi dheireadh 2021
- Reachtaíocht a dhéanamh ar an mBille um Gheilleagar Ciorclach 2021 chun an Straitéis um Gheilleagar Ciorclach a chur ar bhonn reachtúil

An Bithgheilleagar

- Tuarascáil don Rialtas le nuashonrú ar chur chun feidhme an Ráitis Náisiúnta um Bheartas Bithgheilleagair, lena n-áirítear plean gníomhaíochta mionsonraithe faoi 2022
- Scrúdófar deiseanna chun scileanna agus sásraí maoinithe a mhéadú don bithgheilleagar

Dramhaíol

Braith ar Líonadh Talún:

- Teorainn a chur le atreorú na dramhaíola cathrach in-bhithmhillte go líonadh talún go dtí an uasteorainn de 427,000 tona faoi 2020, agus gach bliain ina dhiaidh sin.
- An méid dramhaíola cathrach a chuirtear i líonadh talún a laghdú go 10% faoi 2035

Athchúrsáil:

- 65% den dramhaíl chathrach a athchúrsáil faoi 2035
- 70% de dhramhaíl pacáistithe a athchúrsáil faoi 2030
- 55% den dramhaíl pacáistithe plaisteacha a athchúrsáil faoi 2030
- Oibleagáidí bailithe ar leith leathnaithe chun dramhaíl ghuaiseach tí a áireamh (faoi dheireadh 2024), bithdhramhaíl (faoi dheireadh 2023), agus teicstílí (faoi dheireadh 2024)

Bia:

- Cur amú bia a laghdú le 50% faoi 2030

Míreanna Plaisteacha Aonúsáide:

- Soláthar a dhéanamh do bhailiú 90% de choimeádáin deochanna plaisteacha faoi 2029
- Spriocanna agus bearta laghdaithe a chinneadh agus a thabhairt isteach tráth nach déanaí ná 2022 atá le baint amach tráth nach déanaí ná 2026
- A chinntiú go bhfuil gach pacáistiú plaisteach in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030

18.4 Bearta chun Spriocanna a Sheachadadh

18.4.1 Geilleagar Ciorclach

- Tabharfaimid an chéad Straitéis de chuid na hÉireann um Gheilleagar Ciorclach Uile-Rialtais na hÉireann chun críche chun comhleanúnachas beartais a chinntiú ar fud na hearnála poiblí, agus chun cur síos a dhéanamh ar chur chuige foriomlán an Rialtais i leith an gheilleagair chiorclaigh do pháirtithe leasmhara agus don phobal. Tabharfar breac-chuntas sa chur chuige uile-Rialtais seo ar na bearta mionsonraithe a dhéanfaidh Éire chun ár ngeilleagar ciorclach a chur chun cinn
- Tabharfaimid an Bille um Gheilleagar Ciorclach 2021 tríd an Oireachtas, ar cheadaigh an Rialtas a scéim ghinearálta níos luaithe i mbliana. Rachaidh an reachtaíocht seo níos faide tríd an gcur chuige beartais seo a aistriú ina riachtanas reachtúil. Soláthróidh sé freisin an bonn reachtúil riachtanach do raon gníomhaíochtaí a neartóidh forfheidmiú dramhaíola maidir le dumpáil mhídhleathach agus bruscar

18.4.2 Bearta Bithgheilleagair

- Tabharfaidh an Grúpa Ardleibhéil Náisiúnta um Chur chun Feidhme Bithgheilleagair tuairisc don Rialtas ar chur chun feidhme an Ráitis Bheartais Náisiúnta um Bithgheilleagar faoi thús 2022.
- Leagfaidh an Grúpa Ardleibhéil Náisiúnta Forfheidhmithe Bithgheilleagair plean gníomhaíochta trí bliana amach don bhithgheilleagar in 2022.
- Soláthróidh an Fóram Náisiúnta Bithgheilleagair moltaí agus comhairle chun cabhrú le cur chun cinn an bhithgheilleagair. Táthar ag súil go mbeidh moltaí mar thoradh ar an bpróiseas seo le haghaidh atriallta amach anseo den Phlean Gnímh don Aeráid, príomhbheartais agus príomhstraitéisí Rialtais eile a bhaineann leis an mbithgheilleagar.
- Aithneoidh cá bhfuil bearnaí oideachais, oiliúna agus scileanna sa bhithgheilleagar in Éirinn faoi láthair
- Aithneoidh agus oibreoimid sásraí maoinithe féideartha le haghaidh gníomhartha taispeána laistigh den bhithgheilleagar

18.4.3 Bearta Taiscéalaíochta Mianraí

- Tabharfar dréacht-Ráiteas Beartais ar Thaiscéalaíocht agus Mianadóireacht Mianraí chun críche in 2021. Cuirfidh sé sin chun cinn taiscéaladh agus eastóscadh na mianraí riachtanacha atá riachtanach chun aistriú go geilleagar ciorclach agus neodrach ó thaobh na haeráide de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

18.4.4 Bearta Dramhaíola

Tá beartas dramhaíola na hÉireann agus réigiúnach bunaithe ar an ordlathas dramhaíola: cosc dramhaíola; ullmhú le haghaidh athúsáide; athchúrsáil; agus aisghabháil fuinnimh; agus diúscairt ar an rogha is lú inmhianaithe. Cuireann an Rialtas, Údarás Áitiúla agus an GCC chun feidhme é. Táimid ag déanamh bunathraithe ar ár gcur chuige i leith na dramhaíola de réir phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh nua-aimseartha⁶¹. Is éard atá i gceist leis seo ná athrú meoin chun an leibhéal is airde cosanta a éileamh dár n-acmhainní nádúrtha agus de dhéantús an duine agus don chomhshaoil. Tá scóip ag Éirinn chun dul chun cinn mór a dhéanamh i ngach ceann de na príomhréimsí den ordlathas dramhaíola.

⁶¹ Tá tábhacht an Gheilleagair Chiorclaigh maidir le fás inbhuanaithe a sheachadadh agus maolú ar athrú aeráide a chur chun cinn léirithe i gcreat beartais idirnáisiúnta. Leagtar amach i Sprioc 12 de SDGanna na NA (Táirgeadh agus Tomhaltas Inbhuanaithe) sraith spriocanna lena n-áirítear éifeachtúlacht acmhainní, bia imithe amú, bainistiú dramhaíola, athúsáid agus athchúrsáil, soláthar poiblí, oideachas, agus fáil réidh le fóirdheontais breosla iontaise. Áirítear i bPlean Gníomhaíochta an AE um Gheilleagar Ciorclach, An Lúb a Dhúnadh, a glacadh in 2015, creat uailmhianach nua reachtach maidir le bainistiú dramhaíola, chomh maith le tograí Éicidhearthóireachta chun marthanacht táirgí a fheabhsú; gníomhartha chun cur amú bia a laghdú; agus moltaí maidir le hathúsáid uisce agus bithchothaithe, féach https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:8a8ef5e8-99a0-11e5-b3b7-01aa75ed71a1.0012.02/DOC_1&format=PDF

Cosc

Is iad na réimsí tosaíochta maidir le pleanáil um chosc ná plaistigh, bia, tógáil agus dramhaíl tráchtála:

- Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach na bearta atá á ndéanamh ag Éirinn chun an méid earraí plaisteacha aonúsáide a úsáidimid a laghdú go suntasach, agus chun an dramhaíl a eascraíonn as na cinn a úsáideann muid a bhainistiú go hinbhuanaithe. Ón 3 Iúil 2021 ar aghaidh, ó dháta trasuíomh na Treorach um Plaistigh Aonúsáide, ní féidir sceanra plaisteach aonúsáide, plátaí, sopaí, balúin, agus maidí cadáis a chur ar mhargadh na hÉireann. Beidh feidhm ag an toirmeasc seo freisin maidir le cupáin polaitiréin leathnaithe agus coimeádáin bia, i.e. agus na táirgí go léir a bhfuil plaisteach oxo-indíghrádaithe iontu. Sonraíonn an plean freisin uailmhian na hÉireann chun ceannaireacht a thabhairt d'íarrachtaí an AE maidir le déileáil le cupáin caife indiúscartha, trí thobhach latte a thabhairt isteach agus toirmeasc faoi dheireadh ar chaife indiúscartha agus ar chupáin deochanna fuara.
- Leathnófar táillí modhnaithe chun úsáid comhpháirteanna in-athchúrsáilte i dtáirgí pacáistithe a spreagadh. Forbróimid treochlár um chosc ar dhramhaíl bia chun ár dtiomantas chun cur amú bia a laghdú le 50% faoi 2030 a bhaint amach.

Athchúrsáil agus Athúsáid

Tá scóip iontach ann le feabhas a chur ar fheidhmíocht in athchúrsáil. Ní raibh araid dhonn ach ag 43% de theaghlaigh na hÉireann in 2018. D'fhéadfaí breis is 30% den méid a théann isteach san araid dhubh a athchúrsáil. Ní mór rátaí éillithe a laghdú mar is minic a scriosann siad athchúrsáil ar ualach iomlán. Dúshlán suntasach a bheidh ann an sprioc athchúrsála plaisteach de 55% a bhaint amach faoi 2030, agus sprioc bailiúcháin 90% le haghaidh coimeádáin dí. Tabharfar isteach roinnt tionscnamh, áfach, chun cuidiú leis na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear:

- An Scéim Leathnaithe um Fhreagracht Táirgeoirí a leathnú chuig sruthanna dramhaíola nua
- Táillí modhnaithe a úsáid lena chinntiú go mbeidh gach pacáistiú a chuirtear ar mhargadh na hÉireann in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte ar bhealach atá inmharthana go heacnamaíoch faoi 2030.
- Scéim éarlais agus aischuir le haghaidh coimeádáin dí plaisteacha agus alúmanaim a thabhairt isteach faoi R3 2022
- Trialacha ar dheiseanna athchúrsála poiblí níos fearr a chur chun cinn ar an tsráid agus ag Ionaid Beir Leat
- Oibriú leis an tionscal chun tionscnaimh ar nós an Gealltanais Plaistigh a leathnú
- Oibriú leis an tionscal chun lipéadú a fheabhsú chun mearbhall nó débhríocht a sheachaint
- Díriú ar phríomhrátaí gabhála a fheabhsú trí bhailiú leithscartha a leathnú nuair nach bhfuil sé ar fáil anois, agus cleachtas níos fearr a chur chun cinn
- An sprioc maidir le 30% de phlaisteach athchúrsáilte in ionad plaisteach le cur chun feidhme
- Tobhaigh ar earraí indiúscartha a thabhairt isteach nuair atá roghanna eile inbhuanaithe ar fáil
- Feidhmíocht deighilte agus bailithe a fheabhsú chun athchúrsáil a mhéadú agus éilliú a laghdú
- Ár struchtúir agus ár mbearta forfheidhmithe neartaithe a úsáid chun a chinntiú go mbainimid an úsáid is fearr is féidir as bailiú ábhar leithscartha. Spreagfaimid trédhearcacht agus comhroinnt faisnéise i mbainistíocht ábhar. Tá eolas soiléir iontaofa ag teastáil ó shealbhóirí tí, ó ghnólachtaí agus ón earnáil phoiblí mar thomhaltóirí acmhainní faoina n-iompraíocht, agus faoina thionchar, sular féidir athrú iompair marthanach a dhéanamh. Chun é seo a bhaint amach scrúdóimid bealaí chun tuairisciú sonraí agus comhroinnt iomchuí faisnéise a neartú chun muinín na bpáirtithe leasmhara a chothú
- Glacadh na seirbhísí bailithe a fheabhsú, agus gealltanais sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach lena gcinntítear go mbeidh rochtain ag gach teaghlach ar sheirbhís bailiúcháin ar chóras trí bhosca bruscair (ábhar in-athchúrsáilte, bia/orgánach agus dramhaíl ghinearálta).
- Maoiniú taighde agus forbartha a úsáid chun forbairtí nuálacha a thiomáint
- Úsáid optamach sonraí a chur chun cinn chun deiseanna éifeachtúlachta agus sineirgí inár n-úsáid agus athúsáid acmhainní ábhartha a fhiosrú agus a aithint

18.5 Gníomhartha

Tá na léarscáileanna mionsonraithe cur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte agus eagraíochtaí freagracha, leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
407	Straitéis Geilleagair Chiorclach uile-Rialtais a fhoilsiú agus an Geilleagar Ciorclach a chur chun cinn lena n-áirítear béim ar ardú feasachta, Soláthar Poiblí Glas agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.
408	An Bille um Gheilleagar Ciorclach 2021 a achtú
409	Scéim Nuálaíochta don Gheilleagar Ciorclach a bhunú, ag díriú ar mhaoiniú a sholáthar do líon teoranta tionscadal geilleagar ciorclach ar scála réigiúnach agus/nó náisiúnta a bhfuil sé de chumas acu feasacht ar gheilleagar ciorclach a ardú go suntasach agus/nó patrúin tomhaltais a fheabhsú i ndáil le catagóirí sonracha táirgí nó laistigh de shonraí earnálacha.
410	Na creataí rialála agus forfheidhmithe don chóras bailithe agus bainistíochta dramhaíola a neartú, chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a uasmhéadú.
411	Éileamh ar amhábhair íona a laghdú agus tacú le hathúsáid, trí ábhar a choinneáil amach ó shruthanna dramhaíola trí phróisis cinnteoireachta um Críochnú Dramhaíola agus Fotháirgí sruthlínithe agus cinntí náisiúnta maidir le Deireadh Dramhaíola maidir le sruthanna sonracha dramhaíola Tógála agus Scartála.
412	An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl reatha a athchumrú mar Chlár Geilleagar Ciorclach d'Éirinn chun an t-aistriú a bhrú chun cinn do ghnóthaí, do shaoránaigh agus don earnáil phoiblí
413	Leanúint le feidhmiú céimneach CirculEire, ardán náisiúnta an gheilleagair chiorclaigh, a bhrú chun cinn
414	Tuairisceoidh an Grúpa Ardleibhéil Náisiúnta Forfheidhmithe Bithgheilleagair don Rialtas agus forbróidh sé Plean Gníomhaíochta Bithgheilleagair mionsonraithe in 2022.
415	Cabhróidh an Fóram Bithgheilleagair le forbairt gníomhaíochtaí in atriallta amach anseo ar phríomhbheartais agus straitéisí
416	Léireofar an Bithgheilleagar ar fud straitéisí agus beartais gheilleagair chiorclaigh nuair is cuí, agus scrúdófar bacainní rialála
417	Déanfar iniúchadh ar shásraí cistiúcháin le haghaidh nuálaíochta bithgheilleagair ar leibhéal taispeána, agus é mar aidhm acu comhleanúnachas a bhaint amach ar fud na gcistí náisiúnta
418	Scrúdófar deiseanna chun scileanna sa bhithgheilleagar a mhéadú
419	Ráiteas beartais a fhorbairt ar thaiscéalaíocht agus mianadóireacht mianraí a thacaíonn le soláthar inbhuanaithe mianraí atá riachtanach chun aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, go háirithe maidir leis na hábhair atá riachtanach d'fhuinneamh in-athnuaite, stóráil fuinnimh (cadhnaí), an t-aistriú go geilleagar digiteach agus an córas iompair a leictriú.
420	Treochlár um Chosc ar Dhramhaíl Bia a fhorbairt a leagann amach sraith beart chun na laghduithe is gá chun ár ndramhaíl bia a laghdú faoi 2030 agus chun ár n-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chur chun cinn.

Uimhir an Ghnímh Gníomh	
421	Feabhas a chur ar dheighilt, bailiú agus cóireáil dramhaíola bia (díleá anaeróbach agus múiríníú).
422	Pleananna Réigiúnacha um Bainistiú Dramhaíola a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a threoróidh ár n-aistriú chuig geilleagar ciorclach.
423	Tobhaigh chomhshaoil nua agus leathnaithe a fhorbairt chun ídiú acmhainní laghdaithe a spreagadh agus leibhéil níos airde athúsáid agus athchúrsála a spreagadh.
424	Deiseanna a aithint chun creataí agus struchtúir rialála agus forfheidhmithe a neartú don chóras bailithe agus bainistíochta dramhaíola, chun bailiú ábhar glan, leithscartha a uasmhéadú le haghaidh athúsáide agus/nó athchúrsála ó gach teaghlach agus gnó, agus chun tomhaltóirí a dhreasú chun laghdú, athúsáid agus athchúrsáil a dhéanamh.



Gníomh Idirnáisiúnta na
hÉireann maidir le Cliseadh
Aeráide

19

19. Gníomh Idirnáisiúnta na hÉireann maidir le Cliseadh Aeráide

19.1 Réamhrá

Is dúshlán domhanda é an t-athrú aeráide a éilíonn freagairt dhomhanda. Chun an sprioc a leagadh síos i gComhaontú Pháras a bhaint amach, chun téamh domhanda a theorannú go 1.5° go 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, ní mór do thíortha astaíochtaí a laghdú go glan-nialas a luaithe is féidir. Tá Éire tiomanta do spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, tacú le gníomhaíocht fhorásach, agus a chinntiú go bhfuil na daoine is leochailí i gcoirlár ár rannpháirtíochta uile.

Leanann athrú aeráide ar aghaidh ag athmhúnlú caidreamh idirnáisiúnta san aonú haois is fiche ar fud na dtíortha i mbéal forbartha agus na dtíortha forbartha. De réir mar a éiríonn tionchair an athraithe aeráide níos déine, méadaítear imeachtaí foircneacha aimsire, neamhshlándáil bia, díghrádú talún agus cailliúint acmhainní nádúrtha. Méadaíonn na hiarmhairtí seo tarlúintí géarchéimeanna daonnúla, imirce agus díláithriú, agus neamhshlándáil breosla agus an fhéidearthacht choibhleachta do na daoine is leochailí ó thaobh aeráide de. Ar na cúiseanna seo, tá tacaíocht agus cur chun cinn comhiarracht dhomhanda chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide ina thosaíocht d'Éirinn.

Tacaíonn gníomhú ar son na haeráide le tosaíochtaí taidhleoireachta níos leithne na hÉireann, lena n-áirítear cearta an duine a réadú, síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chothabháil, agus córais bia inbhuanaithe a fhorbairt. Inár ngníomhaíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha, tá ról le himirt ag Éirinn maidir le tacaíocht a thabhairt do thíortha eile agus iad a spreagadh lena gcuid spriocanna a bhaint amach, lena n-áirítear trí thaithí ár n-iarrachtaí gníomhaíochta aeráide féin a roinnt.

Soláthraíonn gníomhaíocht aeráide pointí iontrála freisin chun na haidhmeanna um *Dhomhan Níos Fearr*, ár mbeartas um fhorbairt idirnáisiúnta, a bhaint amach. Chuir sé ar chumas na hÉireann a láithreach láidir idirnáisiúnta a úsáid chun tacú le daoine sna Tíortha is Lú Forbarth (LDCanna) agus i Stáit ar Oileáin Bheaga i mbun Forbartha (SIDS). Chuir sé ar ár gcumas guthanna na dtíortha seo a mhéadú i gcinnteoireacht an athraithe aeráide. Leanfaidh Éire de bheith ag tacú le LDCanna agus SIDS agus í ag ullmhú do thodhchaí atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, agus í ag seasamh i ndlúthpháirtíocht le tíortha a bhfuil a laghad déanta acu chun cur le fadhb an athraithe aeráide, agus atá fós ag tabhairt aghaidh ar na hiarmhairtí is deacra.

Agus ár rannchuidiú á dhéanamh againn i dtreo comhspríocanna, amhail an tiomantas ó thíortha forbartha \$100 billiún in aghaidh na bliana a bhaint amach in airgeadas aeráide do thíortha i mbéal forbartha, leanaimid de bheith ag imirt tionchair ar ghníomhaíocht idirnáisiúnta aeráide.

Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, forbróidh an Rialtas Treochlár Airgeadais Aeráide agus Straitéis Taidhleoireachta Aeráide faoi dheireadh R1 2022. Déanfar an Straitéis agus an Treochlár seo a fhorbairt trí phróiseas idir-rannach agus mionléireofar agus leathnófar ar na tosaíochtaí atá leagtha amach sa chaibidil seo. Cabhróidh cur chun feidhme an treochláir agus na straitéise le heolas a thabhairt do nuashonruithe bliantúla ar an bPlean Gnímh don Aeráid.

19.2 Cúrsaí mar atá faoi láthair

19.2.1 Forbairtí Beartais

Ag tógáil ar bheartais forbartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear *Domhan Níos Ferr* agus *Straitéis na hÉireann um Chomhpháirtíocht le Stáit ar Oileáin Bheaga i mbun Forbartha*, forbraíodh straitéisí réigiúnacha nua don Afraic agus don Áis agus áirítear orthu tiomantais aeráide láidre idirnáisiúnta. I *Straitéis na hÉireann don Afraic go dtí 2025* gealltar go n-oibreoidh sé go dlúth le comhpháirtithe san Afraic chun tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, agus chun a áirithiú go gcuirfear acmhainní ar fáil chun dul i ngleic leis an athrú aeráide sna háiteanna is mó a bhfuil gá leo.

I Straitéis na hÉireann do Réigiún Áise an Aigéin Chiúin, *Seachadadh i Réigiún Áise an Aigéin Chiúin go dtí 2025*, admhaítear go bhfuil go leor dár gcomhpháirtithe i réigiún Áise an Aigéin Chiúin leochaileach go háirithe i leith athrú aeráide, le líon suntasach daoine ina gcónaí i limistéir chósta ina bhfuil daonra dlúth. Athdhearbhaíonn an straitéis seo ár dtiomantas ár dtacaíocht do SIDanna san Aigéan Ciúin a mhéadú, lena n-áirítear trí €12 milliún a sholáthar don 'Ireland Trust Fund', ciste atá saindeartha ag Banc Forbartha na hÁise chun cabhrú le SIDanna a n-athléimneacht i leith athrú aeráide agus tubaistí nádúrtha a fhorbairt.

Cosúil le Ranna Rialtais eile, tá Aonad Aeráide bunaithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha (DFA) chun tacú le hiarrachtaí na Roinne ar athrú aeráide agus chun iad a chomhordú agus chun cabhrú le tacú le taidhleoireacht aeráide agus maoiniú aeráide na hÉireann, iad a mhúnú agus a mhéadú ar leibhéal domhanda. Feidhmíonn an tAonad Aeráide mar mhol do líonra de phointí fócais aeráide ar fud Aonaid agus Misin na Roinne thar lear.

Tá feabhas curtha ag an Roinn Airgeadais freisin ar chumas eagraíochtúil na Rannóige Aeráide agus Airgeadais Idirnáisiúnta, agus déanfaidh sí rannpháirtíocht ar airgeadas aeráide inbhuanaithe agus idirnáisiúnta a dhoimhniú tuilleadh trí fhórais idirnáisiúnta lena n-áirítear an tAontas Eorpach (AE) agus Banc Forbartha Iltaobhacha (MDBanna).

19.2.2 Taidhleoireacht Aeráide

Tá fócas láidir ag taidhleoireacht aeráide na hÉireann ar oiriúnú agus athléimneacht, ar saincheisteanna tábhachtacha iad don cheartas aeráide. Díríonn sé go sainráite ar riachtanais na dtíortha agus na bpobal, a bhfuil an méid is lú freagrachta acu as an athrú aeráide, a bhfuil acmhainní teoranta acu chun freagairt agus oiriúnú dóibh, agus is mó atá le cailleadh. I gcroílár ár gcuid oibre tá tiomantas do phrionsabail forbartha, inscne, agus fócas orthu siúd is faide siar. Tá tosaíocht á tabhairt i gcónaí d'oiriúnú faoi stiúir áitiúil, a sheolann cistí chuig pobail atá ar thús cadhnaíochta an athraithe aeráide, ag tacú le haistriú cóir chuig athléimneacht aeráide.

Ina theannta sin, tá fócas méadaitheach ag Éirinn ar aigéin inbhuanaithe, agus ar éifeachtaí an athraithe aeráide ar shíocháin agus ar shlándáil idirnáisiúnta trínár taidhleoireacht aeráide mar a leagtar amach thíos.

Inár taidhleoireacht aeráide, go háirithe trínár líonra déthaobhach misin, is féidir le hÉirinn tacú le hiarrachtaí ar ghníomhaíocht aeráide trí thaithí ár n-iarrachtaí féin a roinnt le neodracht aeráide a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050.

Réimsí Nua Fócais

Tosaíocht bheartais atá ag forbairt is ea tábhacht na n-aigéan maidir le rialáil na haeráide domhanda a aithint agus a thábhachtaí atá siad maidir le tacú le hoiriúnú i bpobail chósta, aigéin inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide atá bunaithe ar aigéan. Tógann sé seo ar thiomantais náisiúnta maidir le Limistéir Chosanta Mhuirí agus rannpháirtíocht sa Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhian don Dúlra agus do Dhaoine, a bhfuil sé mar aidhm aige 30% ar a laghad de thalamh agus d'aigéin an domhain a chosaint faoi 2030.

